



Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV



Arna pháirtchistiú ag
Tionscnamh TEN-E an AE

Comhthuarascáil
Chomhshaoil

4

IMLEABHAR

Clár Ábhar

Achoimre Neamhtheicniúil.....	i
Réamhrá	i
An Chomhthuarascáil Chomhshaoil	ii
An Gá Atá leis an Tionscadal	iv
Cur Síos Foriomlán ar an Tionscadal	iv
Roghanna Eile	vii
Suíomh agus Roghanna Eile Treoraithe	viii
Breithmheas na Comhthuarascála Comhshaoil ar an Idirnascaire a Bheartaítear	x
1. Réamhrá.....	1
1.1 An tIdirnascaire a Bheartaítear	1
1.2 Treoir agus Reachtaíocht maidir le Tionscadail Trasteorann	2
1.3 An Tuarascáil seo	5
2. Cur Síos ar an Tionscadal agus Cuspóir an Tionscadail	10
2.1 An Gá Atá leis an Tionscadal	10
2.2 Cur Síos Foriomlán ar an Tionscadal	10
3. Roghanna Eile.....	15
3.1 Réamhrá	15
3.2 Roghanna Eile Teicneolaíochtaí	16
3.3 Suíomh agus Roghanna Eile Treoraithe	17
4. An Pobal – Socheacnamaíoch.....	20
4.1 Réamhrá	20
4.2 Modheolaíocht	20
4.3 An Comhshaol ina mBeidh an tIdirnascaire	21
4.4 Bearta Maolaithe	23
4.5 Tionchar Iarmharach	23
4.6 Tionchar Trasteorann	24
4.7 Conclúidí	24
5. An Pobal – Turasóireacht	26
5.1 Réamhrá	26
5.2 Modheolaíocht	26
5.3 An Comhshaol ina mBeidh an tIdirnascaire	27

5.4	Beartha Maolaithe	29
5.5	Tionchar Iarmharach	29
5.6	Tionchar Trasteorann	30
5.7	Conclúidí	31
6.	An Pobal – Úsáid Talún	32
6.1	Réamhrá	32
6.2	Modheolaíocht	32
6.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	36
6.4	Beartha Maolaithe	38
6.5	Tionchar Iarmharach	40
6.6	Tionchar Trasteorann	42
6.7	Conclúidí	42
7.	Sócmhainní Ábhartha	44
7.1	Réamhrá	44
7.2	Modheolaíocht	44
7.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	46
7.4	Beartha Maolaithe	47
7.5	Tionchar Iarmharach	49
7.6	Tionchar Trasteorann	50
7.7	Conclúidí	51
8.	EMF	52
8.1	Réamhrá	52
8.2	Modheolaíocht	61
8.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	67
8.4	Beartha Maolaithe	68
8.5	Tionchar Iarmharach	69
8.6	Tionchar Trasteorann	77
8.7	Conclúidí	77
9.	Trácht	80
9.1	Réamhrá	80
9.2	Modheolaíocht	80
9.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	84
9.4	Beartha Maolaithe	89
9.5	Tionchar Iarmharach le linn Chéim na Tógála	91

9.6	Tionchar Iarmharach le linn na Céime Oibríche	98
9.7	Tionchar Trasteorann	99
9.8	Conclúidí	99
10.	Torann.....	102
10.1	Réamhrá	102
10.2	Modheolaíocht	102
10.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	104
10.4	Bearta Maolaithe	104
10.5	Tionchar Iarmharach	106
10.6	Tionchar Trasteorann	108
10.7	Conclúidí	108
11.	Éiceolaíocht (Flóra agus Fána).....	110
11.1	Réamhrá	110
11.2	Modheolaíocht	110
11.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	118
11.4	Bearta Maolaithe	130
11.5	Tionchar Iarmharach	131
11.6	Tionchar Trasteorann	135
11.7	Conclúidí	135
12.	Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht	137
12.1	Réamhrá	137
12.2	Modheolaíocht	137
12.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	140
12.4	Bearta Maolaithe	148
12.5	Tionchar Iarmharach	153
12.6	Tionchar Trasteorann	154
12.7	Conclúidí	155
13.	Uisce	156
13.1	Réamhrá	156
13.2	Modheolaíocht	156
13.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	158
13.4	Bearta Maolaithe	164
13.5	Tionchar Iarmharach	169
13.6	Tionchar Trasteorann	170

13.7	Conclúidí	171
14.	Tosca Aeir agus Aeráide.....	172
14.1	Réamhrá	172
14.2	Modheolaíocht	172
14.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	173
14.4	Bearta Maolaithe	174
14.5	Tionchar Iarmharach	175
14.6	Tionchar Trasteorann	177
14.7	Conclúidí	178
15.	Oidhreacht Chultúrtha.....	179
15.1	Réamhrá	179
15.2	Modheolaíocht	179
15.3	An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire	182
15.4	Bearta Maolaithe	190
15.5	Tionchar Iarmharach	191
15.6	Tionchar Trasteorann	198
15.7	Conclúidí	198
16.	An Tírdhreach.....	199
16.1	Réamhrá	199
16.2	Modheolaíocht	199
16.3	Dálaí Bonnlíne	213
16.4	Maolú	228
16.5	Tionchar Iarmharach Tírdhreacha	232
16.6	Tionchar Trasteorann	253
16.7	Conclúidí	253
17.	Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí	255
17.1	Réamhrá	255
17.2	Tionchar Carnach	255
17.3	Idirghníomhaíochtaí Tionchair	261
17.4	Conclúidí	262
18.	Conclúidí.....	264
18.1	An Pobal – Socheacnamaíocht	264
18.2	An Pobal – Turasóireacht	264
18.3	An Pobal – Úsáid Talún	264

18.4 Sócmhainní Ábhartha	265
18.5 EMF	266
18.6 Trácht	268
18.7 Torann	270
18.8 Éiceolaíocht (Flóra agus Fána)	271
18.9 Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht	272
18.10 Uisce	272
18.11 Tosca Aeir agus Aeráide	273
18.12 Oidhreacht Chultúrtha	273
18.13 An Tírdhreach	274
18.14 Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí	275

Aguisín A: Comparáid idir Struchtúr JER agus ES Comhdhlúite agus EIS..... 277

Aguisín B: Iarratais Dheimhnithe Phleanála atá san áireamh sa Mheasúnú ar an Tionchar Carnach..... 279

Aguisín C: Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin (2013) 286

Aguisín D: An tAguisín le Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin (2015) 287

NB Mar fhreagra ar an Dréachtchomhad Iarratais a cuireadh isteach (Nollaig 2014), a raibh Dréacht-Chomhthuarascáil Chomhshaoil ag gabháil leis, d'iarr an Bord Pleanála (le litir dar dáta an 16 Nollaig 2014) *“go gcuirfí an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite arna thaisceadh i gcomhar le hiarratais phleanála don chuid sin den fhorbairt a bheartaítear i dTuaisceart Éireann ar fáil agus go mbeadh sé ag gabháil leis an gComhthuarascáil Chomhshaoil mar Aguisín”*. Dá bhrí sin, tá an ES Comhdhlúite curtha san áireamh ag EirGrid agus SONI mar Aguisín C den Chomhthuarascáil Chomhshaoil (JER) seo agus tá an tAguisín leis an ES Comhdhlúite curtha san áireamh acu mar Aguisín D den JER seo. Tá an Chomhthuarascáil Chomhshaoil á cur faoi bhráid na n-údarás pleanála in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon. In imthosca inar cuireadh an ES Comhdhlúite agus an tAguisín leis an ES Comhdhlúite isteach chuig Planning NI cheana féin, níor cuireadh an ES Comhdhlúite ná an tAguisín leis an ES Comhdhlúite leis an leagan den JER a leagadh faoi bhráid Planning NI toisc go mbeadh sé sin ina dhúbailt nach gá ar thuarascálacha a cuireadh isteach agus a ndearnadh comhairliúchán uirthi i dTuaisceart Éireann roimhe sin.

Fíoracha

Plean Iomlán le hAghaidh Láthair na Scéime	Uimhir Línióchta 60032220/JER/0
Plean le hAghaidh Láthair na Scéime (Na Bileoga 1-4)	Uimhir Línióchta 60032220/JER/1-4
Leagan Amach Fhostáisiún Turleenan	Uimhir Línióchta 60032220/JER/5
Leagan Amach Fhostáisiún Fhearann na Coille	Uimhir Línióchta 60032220/JER/6

Achoimre Neamhtheicniúil

Réamhrá

1. Tá planáil á déanamh ag EirGrid agus ag an Oibreoir Córais le haghaidh Thuaisceart Éireann (SONI) (na hiarratasóirí faoi seach) i gcomhar le chéile ar mhórfhorbairt trasteorann leictreachais idir na gréasáin tarchuir ardvoltais reatha in Éirinn¹ agus i dTuaisceart Éireann. Is é atá san idirnascaire a bheartaítear ná líne tharchuir 400 kV atá 138 km ar fad idir fostáisiún beartaithe² in Turleenan, Contae Thír Eoghain, agus an fostáisiún 400 kV atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí. Cuirtear síos air go mion in alt 22 den Chomhthuarascáil Chomhshaoil (“JER”) a ndéanann an Achoimre Neamhtheicniúil (NTS) seo achoimre air.
2. Beidh an t-idirnascaire a bheartaítear ar an dara hidirnascaire leictreachais idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Tá sé beartaithe go dtógtar é i gContae Thír Eoghain, i gContae Ard Mhacha, i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Tá an t-idirnascaire reatha ina líne lasnairde 275 kV agus nascann sé na fostáisiúin atá ann cheana i dTóin Re Gaoith agus i Lú le chéile.
3. Toisc go bhfuil an t-idirnascaire a bheartaítear á fhorbairt in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, cuireadh iarratais ar leith ar phleanáil isteach sa dá dhlínse i gcomhair chuid EirGrid den idirnascaire a bheartaítear (Togra EirGrid) agus Chuid SONI den idirnascaire a bheartaítear (Togra SONI). Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) agus Ráiteas Timpeallachta (ES) faoi seach³ ag gabháil leis na hiarratais, a ullmhaíodh de réir cheanglais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ceanglais náisiúnta le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA).
4. Rinne EirGrid agus SONI agus a gcomhairleoirí a ngníomhaíochtaí a chomhordú go dlúth lena chinntiú go ndearnadh cur chuige comhtháite maidir le dearadh an idirnascaire a bheartaítear agus leis an mbreithmheas ar a thionchar comhshaoil (EIA), lena n-áirítear tionchar trasteorann⁴ agus tionchar carnach⁵.
5. Is é seo an Achoimre Neamhtheicniúil ar an gComhthuarascáil Chomhshaoil le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear.

¹ Dá dtagraítear ‘Poblacht na hÉireann’ go minic.

² Gníomhaíonn fostáisiúin mar phointí nasctha le haghaidh línte lasnairde chun ligean dóibh nascadh leis an ngréasán leictreachais.

³ Ba é Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) (NIE) a chuir isteach an Ráiteas Timpeallachta a cuireadh isteach i dTuaisceart Éireann in 2013. Chun críocha na Comhthuarascála Comhshaoil seo, tabharfar an ‘Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (ES Comhdhlúite)’ air. Tabharfar an ‘EIS’ anseo istigh ar an Ráiteas Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach in Éirinn in 2015.

⁴ Trasteorann

⁵ Tionchar iomlán lena n-áirítear an tionchar a thiteann amach idir ábhair éagsúla chomhshaoil laistigh den idirnascaire a bheartaítear, agus an tionchar a thiteann amach mar thoradh ar thionchar dóchúil thionscadal an idirnascaire a bheartaítear a idirghníomhaíonn leis an tionchar atá ag tionscadail eile sna dúichí ábhartha.

An Chomhthuarascáil Chomhshaoil

6. Is buncheanglas i bpróiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta é a chinntiú, sula dtabharfar toiliú forbartha, go ndéanfar measúnú iomlán ar thionscadail ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaoil. Teastaíonn measúnú ar thionchar le haghaidh seo beag beann ar shuí nó ar theorainneacha náisiúnta.
7. Cuireadh comhaontuithe idirnáisiúnta amhail “Coinbhinsiún Espoo” ar an measúnú ar thionscadail trasteorann san áireamh i dTreoracha Eorpacha agus sa reachtaíocht um Measúnacht Tionchair Timpeallachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.
8. I mí na Bealtaine 2013, d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach (CE) Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (*Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórskála Trasteorann*) (“Treoir an Choimisiúin”). Sonraítear sa cháipéis sin, ina gcuirtear treoir ar fáil maidir le tionscadail trasteorann mhórskála (ar nós an idirnascaire a bheartaítear):

“Maidir le tionscadail trasteorann ar an mórchoír, ní mór don fhorbróir cloí leis na gceanglais náisiúnta EIA i ngach tír ina gcuirfean an tionscadal i bhfeidhm. Ba chóir don fhorbróir tuarascálacha aonair náisiúnta ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú agus comhthuarascáil chomhshaoil a ullmhú ina gcumhdófar an tionscadal go hiomlán agus ina ndéantar measúnú ar a thionchar iomlán, go háirithe an drochthionchar suntasach trasteorann (leathanach 10)”
9. Cé nach gcruthaíonn Treoir ón gCoimisiún aon oibleagáid ar Bhallstáit ná ar fhorbróirí tionscadail ar chor ar bith, chinn EirGrid agus SONI an Chomhthuarascáil Chomhshaoil a ullmhú le go gcuirtear Treoir ón gCoimisiún san áireamh.
10. Dá réir sin, leagtar amach sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil breithmheas ar an idirnascaire a bheartaítear ina iomláine i.e. ‘ó A go Z’. D’ullmhaigh EirGrid agus SONI an measúnú seo ar thionchar iomlán an idirnascaire a bheartaítear le gur féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar iomlán an idirnascaire a bheartaítear agus, go háirithe, ar dhrochthionchar trasteorann carnach agus suntasach.
11. Forbraíodh an t-idirnascaire a bheartaítear thar roinnt blianta. Rinneadh an-chuid den dearadh agus den bhreithmheas sular foilsíodh treoircháipéis Thrasteorann an CE i mí na Bealtaine 2013. Ina ainneoin sin, comhaontaíonn EirGrid agus SONI go mbainfeadh na próisis phleanála le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear tairbhe as Comhthuarascáil Chomhshaoil a ullmhú.
12. Cuireadh ceanglais na reachtaíochta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta san áireamh go hiomlán san ES Comhdhlúite agus san EIS maidir leis an idirnascaire a bheartaítear. De thoradh ar an reachtaíocht agus ar an ngnás náisiúnta éagsúil, ní fhéadfaí iarratas aonair ar

- fhormheas pleanála a chur isteach le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear ar fad, ós rud é go bhfuil a ghnéithe comhpháirte lonnaithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh ullmhú an ES Comhdhlúite agus an EIS a chomhordú go dlúth, áfach, agus rinneadh tionchar carnach agus tionchar trasteorann an idirnascaire a bheartaítear a bhreithniú go cuí, ionas go bhféadfaí tabhairt faoi phróiseas Measúnacht Tionchair Timpeallachta iomlán agus soiléir.
13. Ullmhaíodh an Chomhthuarascáil Chomhshaoil de bhreis ar an ES Comhdhlúite agus an EIS foilsithe a cuireadh faoi bhráid na n-údarás pleanála ábhartha, agus cur san áireamh á dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil cheana laistigh de na cáipéisí sin. Moltar gur cheart an Chomhthuarascáil Chomhshaoil a léamh i dteannta an ES Comhdhlúite agus an EIS maidir leis an idirnascaire a bheartaítear.
 14. Tá struchtúr na Comhthuarascála Comhshaoil cosúil le struchtúr an ES Comhdhlúite agus an EIS atá foilsithe, agus tá roinnt difríochtaí eatarthu mar thoradh ar threoir éagsúil. Mar sin féin, meastar go bhfuil na cineálacha bunúsacha cur chuige atá á nglacadh comhsheasmhach mar thoradh ar ard-chomhordú idir foirne an idirnascaire a bheartaítear.
 15. Tá an measúnú foriomlán ar an tionchar maidir leis an idirnascaire a bheartaítear curtha i láthair i gCaibidlí 4 – 17 den Chomhthuarascáil Chomhshaoil. Ullmhaíodh na caibidlí bunaithe ar thaithí ghairmiúil chomhairleoirí na dtionscadal agus ar aird a thabhairt ar na treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha um measúnú. Is iad seo ceanteidil na gcaibidlí: 4 – An Pobal – Socheacnamaíocht; 5 – An Pobal – Turasóireacht; 6 – An Pobal – Úsáid Talún; 7 – Sócmhainní Ábhartha; 8 – EMF; 9 – Trácht; 10 – Torann; 11 – Éiceolaíocht (Fána agus Flóra); 12 – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht; 13 – Uisce; 14 – Tosca Aeir agus Aeráide; 15 – Oidhreacht Chultúrtha; 16 – An Tírdhreach; agus, 17 – Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí.
 16. Is í seo a leanas an fhormaid ghinearálta ina bhfuil gach caibidil um measúnú.
 - **Réamhrá:** achoimre ghairid ar an méid ar a breathnaíodh sa chaibidil;
 - **Modheolaíocht:** cur síos ar an modheolaíocht a úsáideadh i measúnú an ábhair chomhshaoil;
 - **An Comhshaoil ina mbeidh an Fhorbairt:** cur síos ar na dálaí comhshaoil reatha ar measúnaíodh an tionchar comhshaoil tuartha ina gcoinne;
 - **Bearta Maolaithe:** bearta a cuireadh chun feidhme nó a chuirfead chun feidhme chun a chinntiú go ndéantar an tionchar a sheachaint, a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir;
 - **Tionchar Iarmharach:** measúnú ar shuntasacht an tionchair i ndiaidh na bearta maolaithe a chur chun feidhme le linn thógáil agus oibriú an idirnascaire a bheartaítear;

- **Tionchar Trasteorann:** measúnú ar shuntasach an tionchair trasteorann; agus
 - **Conclúidí:** achoimre ar an measúnú.
17. I gcaibidil ar leith (Caibidil 17), déantar breithniú ar thionchar suntasach dóchúil agus ar idirghníomhaíochtaí dóchúla an idirnascaire a bheartaítear san iomlán.
18. Cuireadh tús le roghnú bealaigh, dearadh agus breithmheas don idirnascaire a bheartaítear in 2005, rud a tharla, mar sin de, roimh fhoilsiú Threoircháipéis Trasteorann an CE (Bealtaine 2013). Ina ainneoin sin, meastar gur lean EirGrid agus SONI, a mhéad ab fhéidir, prionsabail na modheolaíochta a mhol an Coimisiún Eorpach mar dhea-chleachtas.

An Gá Atá leis an Tionscadal

19. Forbairt tarchur leictreachais lena mbaineann tábhacht straitéiseach fhadtéarmach d'oileán na hÉireann is ea an t-idirnascaire a bheartaítear agus rachaidh sé chun tairbhe tomhaltóirí leictreachais i dtrí phríomhréimse:
- Feabhas a chur ar iomaíocht agus laghdú a dhéanamh ar na srianta a theorannaíonn an margadh leictreachais faoi láthair, rud a chuireann isteach ar a éifeachtúlacht a fheidhmíonn sé agus, dá bharr sin, brú anuas a chur ar phraghsanna leictreachais;
 - Tacú le giniúint na cumhachta in-athnuaite a fhorbairt trí mhalairt sholúbtha na sreafaí cumhachta thar chuid mhór den oileán a fheabhsú. Leis sin, beifear in ann oibriú agus nascadh níos mó giniúint cumhachta in-athnuaite (go háirithe giniúint ghaoth-thiomáinte) a éascú ar fud an oileáin; agus
 - Daingneacht an tsoláthair a fheabhsú – trí nasc iontaofa ardchumais breise a chur ar fáil idir an dá chóras tarchuir ar oileán na hÉireann.
20. Tacaíonn Treoracha an Aontais Eorpaigh (AE) leis an idirnascaire a bheartaítear. Éilíonn na treoracha sin go gcuirfead leis an idirnascaire leictreachais idir ballstáit an AE agus go gcuirfead feabhas ar na coinníollacha a éascóidh an iomaíocht leictreachais ar fud na hEorpa. Tá forbairt an idirnascaire a bheartaítear arna páirtchistiú ag clár de chuid an AE dar teideal Gréasán Tras-Eorpach Fuinnimh (TEN-E), ina luaitear gur “tionscadal tosaíochta” nó “Tionscadal Leasa Choitinn” é.

Cur Síos Foriomlán ar an Tionscadal

21. Cuimseoidh an t-idirnascaire a bheartaítear líne lasnairde 138 km idir fostáisiúin in Turleenan, Contae Thír Eoghain, agus i bhFearann na Coille, Contae na Mí, agus is féidir é a achoimriú mar seo a leanas:

- **Fostáisiún Turleenan:** tógáil agus oibriú fostáisiúin (foinse) nua 275 kV / 400 kV ag baile fearainn Turleenan, soir ó thuaidh ón Maigh, Contae Thír Eoghain;
 - **Na Túir 275 kV:** túr crochta 275 kV atá ann cheana a bhaint agus dhá thúr críochfoirt nua 275 kV a thógáil agus a oibriú, mar aon leis an líne 275 kV a chur ar mhalairt slí go sealadach, chun Fostáisiún Turleenan a nascadh leis an ngréasán atá ann cheana;
 - **Na Túir 400 kV agus an Líne Lasnairde:** Tógáil agus oibriú líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil a dtacaíonn 401 túr nua leis ar feadh thart ar 135 km ón bhfostáisiún foinse (ag Turleenan) go dtí túr de chiorcad dúbailte atá ann cheana (Túr 402) i mbaile fearainn Bogganstown, Contae na Mí. Suífear an líne lasnairde (seoltóirí) 9.0 m ar a laghad os cionn leibhéal na talún. Beidh gá mionathruithe a dhéanamh ar 3 cinn de na línte tarchuir lasnairde 110 kV atá ann cheana de bharr na líne tarchuir nua;
 - **Úsáid a bhaint as Túir Chiorcaid Dhúbailte 400 kV atá ann cheana:** Tá ciorcad nua 400 kV i gceist léi freisin a shínfidh tuairim is 3 km feadh an taoibh (thuaidh) nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad dúbailte atá ann cheana féin (an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) soir ó Thúr 402 i mbaile fearainn Bogganstown i gContae na Mí a fhad le Túr 410 agus Fostáisiún Fhearann na Coille i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí;
 - **Oibreacha ar Fhostáisiún Fhearann na Coille:** Oibreacha gaolmhara laistigh de Fhostáisiún 400 kV Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana agus díreach in aice leis; agus
 - **Oibreacha Gaolmhara:** Áireofar le hoibreacha gaolmhara, más cuí, na nithe seo a leanas: leibhéaladh láithreáin, oibreacha chun láithreáin a réiteach, mionathrú ar phointí rochtana atá ann cheana, pointí rochtana nua a thógáil, lánaí rochtana nua a thógáil, limistéir oibre a thógáil, limistéir sreangaithe, cumhdach, fálú theorainn an láithreáin, oibreacha gaolmhara maolaithe, oibreacha rochtana agus oibreacha gaolmhara eile mar a bhfuil na fostáisiúin agus na túir.
22. Léirítear an t-idirnascaire a bheartaítear i sraith fíoracha – feic rannán na bh**Fíoracha** ag deireadh na tuarascála.
23. Laistigh de Chontae Thír Eoghain agus de Chontae Ard Mhacha, tógfar 102 (uimh.) túr 400 kV a tógadh chun tacú leis an líne lasnairde agus leis an líne, síneoidh siad ar feadh thart ar 34 km ó Turleenan go dtí an teorainn idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh i gContae Ard Mhacha agus baile fearainn na Léime Giorra i gContae Mhuineacháin. Beidh an líne

- lasnairde, chomh maith leis sin, ag dul thar chuid bhreise talún atá laistigh de bhaile fearainn na Croise Báine i dTuaisceart Éireann ar feadh thart ar 0.2 km (idir Túr 106 agus Túr 107, a bhfuil an dá cheann díobh lonnaithe i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin).
24. Laistigh de Chontae Mhuineacháin, de Chontae an Chabháin agus de Chontae na Mí, tógfar 299 (uimh.) túr 400 kV chun tacú leis an líne lasnairde. Chomh maith leis sin, bainfidh an t-idirnascaire a bheartaítear úsáid as 9 (uimh.) dtúr atá ann cheana le haghaidh na coda deiridh isteach i bhfostáisiún Fhearann na Coille. Tá na túir sin lonnaithe feadh coda atá thart ar 103.35 km ar fad ó Thúr 103 (atá lonnaithe pas beag ó dheas ón teorainn i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go dtí an túr is deisceartaí (Túr 410) ag fostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí.
 25. Cuimseoidh an líne lasnairde 138 km a bheartaítear túir agus struchtúir thacaíochta (struchtúir thacaíochta shealadacha san áireamh) atá idir 26 m agus 61 m ar airde os cionn leibhéal na talún (is túir atá ann cheana iad na túir 61 m). Beidh lorg na dtúr éagsúil ag brath ar staid na talún agus ar dhearadh na dtúr. Is é 6 m ar domhain agus 25 m ar fad x 25 m ar leithead an uasmhéid bhunsraithe (an túr 275 kV a bheartaítear ag Turleenan). Beidh formhór na dtúr níos lú ná an mhéid sin.
 26. Meastar go dtógfaidh sé trí bliana ó thús na n-oibreacha láithreán chun an t-idirnascaire a bheartaítear a thógáil, ach beifear i mbun tógála idir ceithre agus sé mhí ag aon pointe ar leith ar feadh bhealach na líne lasnairde. Tógfaidh sé suas go trí bliana Fostáisiún Turleenan a thógáil agus beidh an líne lasnairde á tógáil ag an am céanna leis. Tógfar Fostáisiún Turleenan i roinnt céimeanna, lena n-áirítear bealach isteach chuig an suíomh, bóithre rochtana, glanadh suímh, draenáil a shuiteáil, bóithre a thógáil, trealamh a shuiteáil/foirgneamh a thógáil agus bóithre rochtana a chur i gcrích.
 27. Cuirfear an mhodheolaíocht tógála chun feidhme de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus cloífidh sí go hiomlán le gach riachtanas sláinte agus sábháilteachta ábhartha. Is léir nach mar a chéile atá staid na talún ó áit go háit feadh bhealach an idirnascaire a bheartaítear. Dá bhrí sin, nach mar a chéile a bheidh na teicníochtaí tógála agus an t-innealra/trealamh a theastóidh chun éascaíocht a dhéanamh do na hathruithe sin ar staid na talún.
 28. Beidh dhá iosta tógála le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear: iosta NIE atá cheana ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigmavon, Contae Ard Mhacha; agus suíomh a bheartaítear soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin. Úsáidfear na hiostaí chun feithiclí agus trealamh tógála a stóráil. Déanfar ábhair uile chéim na tógála (línte lasnairde agus túir) a stóráil ag na hiostaí freisin.
 29. Is é Carn príomhiosta réigiúnach NIE sa chuid theas de Thuaisceart Éireann. Tá sé cóngarach do thimpeallán M12 Carn agus tá sé 15 mhíle (24 km) ón bhfostáisiún a

- bheartaítear in Turleenan. Tá an suíomh a bheartaítear i gCarraig Mhachaire Rois ar an taobh thiar den N2 agus tagtar air ó bhóthar áitiúil (an L4700). Tá an bealach isteach chuig an gclós stórála atá ann faoi láthair suite in aice le hacomhal ar an ngréasán bóithre poiblí agus tá an léargas uaidh srianta. Beartaítear mar sin bealach isteach nua chuig an suíomh ón L4700 a thógáil níos faide ó dheas ón gceann atá ann cheana.
30. I rith chéim na tógála, beidh gá le bealaí rochtana sealadacha agus le hoibreacha coimhdeacha eile ag suíomh fhostáisiún Turleenan agus ag gach ceann de na láithreacha túir. Tá gá le bealaí rochtana sealadacha ina mbeidh slí do ghléasra tógála, d'ábhar tógála agus do phearsanra chun an t-idirnascaire a bheartaítear a thógáil. Áirítear le bealaí rochtana sealadacha rianta rochtana (nuair is gá), rochtain ar láithreacha sreangaithe, rochtain ar láithreacha cumhdaigh agus rochtain ar láithreacha trasnaithe ísealvoltais.
31. Áirítear leis na hoibreacha a bheartaítear ag Fostáisiún Fhearann na Coille síneadh thiar leis an mbábhún atá ann cheana, mionathruithe ar an gcláí atá ann cheana agus trealamh/gaireas leictreach a chur leis.
32. Áirítear le hoibreacha gaolmhara le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear bearta maolaithe comhshaoil, sreangú na líne, láithreacha cumhdaigh thar bhóithre agus roinnt aibhneacha, seirbhísí a chur ar mhalairt slí agus bearta eile a mbeidh gá leo chun tionchar na tógála a laghdú oiread agus is féidir.
33. Ullmhaíodh srac-Phleananna um Bainistiú Comhshaoil Tógála (sracphlean den CEMP) le haghaidh chuid SONI agus chuid EirGrid den idirnascaire a bheartaítear. Cinnteoidh an sracphlean den CEMP go gcomhlíonfar gach beart maolaithe a mheastar a bheith riachtanach chun an comhshaoil a chosaint roimh an tógáil, le linn na tógála agus/nó le linn oibriú an idirnascaire a bheartaítear. (EIS, Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** agus **an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite**, Aguisín 9.1).

Roghanna Eile

Réamhrá

34. I gcomhthéacs na roghanna malartacha tá dhá phríomhathróg ar a ndearnadh measúnú – na roghanna eile teicneolaíochta agus na suíomhanna malartacha agus an treorú malartach (i.e. an bealach a bhféadfaí an líne a chur air).
35. Cuimsíodh measúnú sa phróiseas chomh maith ar an rogha “Déan Faic” nó “Gan Ghníomhaíocht” (i.e. an cás nach dtógtar an t-idirnascaire a bheartaítear). Faoin rogha ‘Déan Faic’, ní thabharfar aghaidh ar an riachtanas maidir le hidirnascaire breise idir an dá chóras tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann a phlé. Dá bhrí sin, dhiúltaigh EirGrid agus SONI araon an rogha sin.

Roghanna Eile Teicneolaíochtaí

36. Áiríodh sa scrúdú ar roghanna eile teicneolaíochta tagairt do staidéir agus do thuarascálacha a rinne comhairleoirí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta orthu, cuid díobh arna gcoimisiúnú ag na hiarratasóirí faoi seach agus cuid díobh arna gcoimisiúnú ag an Rialtas. Bhí na conclúidí ó na tuarascálacha sin ina mbonn eolais faoi mheasúnú na n-iarratasóirí faoi seach ar na roghanna malartacha, agus chuidigh siad lena dtuairim a dhearbhu gurb é an réiteach is praiticiúla chun an t-idirnascaire a bhaint amach ná líne tharchuir lasnairde le sruth malartach ardvoltais (HVAC nó AC).
37. Is iad seo a leanas na príomhchonclúidí lenar dearbhaíodh roghnúchán na líne lasnairde chun an t-idirnascaire a bheartaítear a sheachadadh:
- Diúltaíodh teicneolaíocht faoin bhfarraige mar thoradh ar an riosca, ar an tionchar ar an gcomhshaoil agus ar an gcostas a bhaineann léi;
 - Níl buntáistí suntasacha teicneolaíochta nó comhshaoil ar bith ag baint le sruth díreach ardvoltais (HVDC), ach tá castacht, costas agus baol teicniúil an-suntasach breise aige i gcomparáid le teicneolaíocht HVAC;
 - Ar fud an domhain, roghnaítear línte lasnairde HVAC i gcomhair feidhmeanna tarchuir mar rogha ar línte lasnairde HVDC. Ina theannta sin, níl aon samplaí ar fáil ar domhan de chábla HVAC faoin talamh arb ionann a fhad agus a voltas deartha agus fad agus voltas deartha an idirnascaire a bheartaítear;
 - Tá tionchar tógála méadaithe agus costas suntasach breise ar fud a saolré ag cáblaí ardvoltais faoin talamh; agus
 - Is fearr an iontaofacht agus an fheidhmíocht a bhaineann le teicneolaíocht líne lasnairde AC.
38. Is é an chonclúid fhoriomlán ar thángthas uirthi i ndáil le tograí EirGrid agus SONI araon ná go dtacaíonn an measúnú ar na roghanna malartacha tarchuir go hiomlán lena dtograí maidir leis an idirnascaire a bheartaítear a thógáil trí líne tharchuir lasnairde de chiorcad aonair AC 400 kV.

Suíomh agus Roghanna Eile Treoraithe

39. Thug tograí EirGrid agus SONI faoi phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar láithreacha malartacha i gcomhair idirnascaire córas tarchuir, conairí bealaigh inmharthana i gcomhair líne tharchuir lasnairde idir na pointí nasctha roghnaithe agus an dá chóras tarchuir ar oileán na hÉireann, mar aon le roghnúchán línebhealaigh lasnairde mionsonraithe. Tugadh faoin bpróiseas de réir an chuspóra chun tionchar an idirnascaire a bheartaítear ar an gcomhshaoil a íoslaghdú de réir Treoirlínte a foilsíodh agus an dea-chleachtais.

40. Breathnaíodh ar a lán roghanna eile maidir le nasc, dearadh, suíomh agus treorú an idirnascaire a bheartaítear:

- Roghanna eile idirnaisc leis na gcóras. Cúig réiteach fhéideartha atá indéanta ón taobh teicniúil de a shainnithint. As na cúig cinn sin, diúltaíodh dhá cheann (an Rogha Thiar agus Rogha Iolra 110kV) ag céim measartha luath toisc gur measadh go raibh a gcumais chun cumhacht a aistriú lag i gcomparáid le roghanna féideartha eile;
- Sainnithníodh limistéir staidéir mhalartacha maidir leis na trí rogha eile, dhá rogha naisc “Lár na Tíre” (lena n-áirítear an rogha a roghnaíodh ar deireadh um nasc idir Drumkee, Contae Thír Eoghain agus Dún an Rí, Contae an Chabháin) agus rogha naisc Thoir a dhéanfadh an nasc idirnascaire reatha idir Tóin re Gaoith agus Lú a dhúbailt;
- Ag féachaint don tionchar comhshaoil suntasach dóchúil, roghanna um chonairí bhealaigh malartacha a shainnithint agus a mheasúnú laistigh de limistéir staidéir Lár na Tíre agus Thoir, as ar roghnaíodh an rogha conair bhealaigh idir Drumkee agus Dún an Rí;
- Ar leithligh (ach go comhthráthach) ón bpróiseas chun ailíniú an dara hidirnascaire thuaidh-theas a aithint, thug Eangach Náisiúnta BSL faoi thionscadal agus é mar chuspóir aige slándáil agus iontaofacht níos fearr an tarchuir leictreachais in oirthuaisceart na hÉireann a chinntiú. Cé go bhfuil siad ag tosú mar thionscadail ar leith, d'éirigh sé soiléir go raibh méid áirithe forluí féideartha ag na roghanna malartacha don rogha limistéar staidéir leathan do thionscadal an dara hidirnascaire, agus acu siúd d'atreisiú bonneagar tarchuir sa limistéar thoir thuaidh agus gur chuir sé sin bonn iomchuí ar fáil chun na sineirgí idir an dá thionscadal a imscrúdú. Dá réir sin, cinneadh gur chóir an t-idirnascaire a bheartaítear idir Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana i gContae na Mí agus Fostáisiún Turleenan a bheartaítear i gContae Thír Eoghain, a chur i limistéar staidéir leathan Lár-Tíre ina mbeidh Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí in Éirinn agus a bheidh suite, go háirithe, siar ón Uaimh, Contae na Mí. Sainnithníodh trí rogha um ‘Chonair Bhealaigh Fhéideartha’ ina dhiaidh sin do Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA)⁶ agus do Limistéar Staidéir na Mí (MSA)⁷ ag seachaint nuair ab fhéidir na srianta ba shuntasá a sainnithníodh. Tar éis measúnú comparáideach ar

⁶Tagraíonn Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA) don chuid sin den limistéar staidéir foriomlán ó thuaidh de líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana, agus ó dheas den teorainn dhlinse le Tuaisceart Éireann.

⁷tagraíonn Limistéar Staidéir na Mí (MSA) don chuid sin den limistéar staidéir, ó dheas de líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana féin, agus ag síneadh chuig Fostáisiún Fhearann na Coille, agus á chuimsiú.

roghanna um chonair bhealaigh sainaitheanta inar cuireadh réimse leathan critéir theicniúla, chomhshaoil agus eile san áireamh, sainaitníodh conair bhealaigh Rogha A i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) agus conair bhealaigh Rogha 3B i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) a bheith ar an rogha conair bealaigh roghnaithe.

- Roghanna eile a shainaithint agus a mheasúnú maidir le treorú na líne lasnairde mionsonraithe laistigh den rogha conair bhealaigh agus prionsabail bhunaithe um threorú líne lasnairde a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear comhairliúchán le húinéirí talún agus comhcheangal de ghnéithe comhshaoil agus praiticiúla a bhreithniú) ar shainaithint bealaigh tugtha chun críche le haghaidh na líne lasnairde a bheartaítear;
- Measúnú ar dhearaí malartacha na dtúr chun an rogha is fearr agus is féidir a chinneadh;
- Trí shuíomh fostáisiúin mhalartacha a shainaithint agus a mheasúnú i gcóngarach an phointe nasctha tarchuir a roghnaíodh, as ar roghnaíodh Turleenan gar do Mhaigh, Contae Thír Eoghain (seachas an suíomh tosaigh gar do Drumkee); agus,
- Measúnú ar roghanna eile maidir le dearadh agus leagan amach fhostáisiún Turleenan, agus an rogha dheiridh teicneolaíochta a úsáideadh d'fhonn lorg iomlán agus tionchar comhshaoil an fhostáisiúin a bheartaítear a laghdú.

41. Bhí an t-idirnascaire a bheartaítear faoi réir scrúdú fairsing ar roghanna eile. Tá maolú tionchar comhshaoil trí dhearadh ina ghné bhunúsach de phróiseas forbartha EirGrid agus SONI. Bhí sé sin ina chur chuige chomh maith maidir le rogha shuíomh fhostáisiún Turleenan a bheartaítear. Meastar gurb é treorú agus rogha láthair an tsuímh na roghanna is fearr ar fad i measc an iliomad roghanna a breithníodh ar feadh an phróisis forbartha.

Breithmheas na Comhthuarascála Comhshaoil ar an Idirnascaire a Bheartaítear

An Pobal – Socheacnamaíocht

42. Rinneadh measúnú ar an tionchar dóchúil le linn chéim na tógála agus na céime oibríche araon. Tiocfaidh caiteachas suntasach caipitil as céim na tógála. Is dóchúil go ndéanfaidh sé tairbhe don limistéar a ndearnadh measúnú air agus don mhórlimistéar maidir leis an trealamh a cheannófar, leis an bhfostaíocht agus le tionchar indéireach (e.g. cóiríocht d'oibríthe tógála agus caiteachas sna tionscail fáilteachais).
43. Meastar gurb é treorú na líne lasnairde agus láthair an fhostáisiúin a bheartaítear an rogha iomlán is fearr ar fad i measc an iliomad roghanna a breithníodh ar feadh an phróisis

forbartha. Maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar thaitneamhachtaí an daonra reatha agus an daonra a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú, cuireadh an príomhbheart maolaithe isteach i gcéim an deartha tríd an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar diúltach suntasach socheacnamaíoch.

44. Tiofadh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúchán sin a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann.

An Pobal – Turasóireacht

45. Ní bheidh an tionchar ar thurasóireacht díreach toisc nach gcuirfidh an t-idirnascaire a bheartaítear isteach go fisiciúil ar láithreacha turasóirí ar bith. Táthar ag súil leis go mbeidh an tionchar diúltach teoranta do thionchar tógála ó thaobh torainn agus tráchta de, tionchar ar an timpeallacht ag suíomhanna oidhreachta cultúrtha, agus tionchar ar an tírdhreach agus tionchar amhairc. Ní bheidh tionchar mór turasóireachta le sonrú de bhrí tionchar amhairc agus tionchar cultúrtha ag suíomhanna tábhachtacha turasóireachta, lena n-áirítear Teach Argory, Eamhain Mhacha, an Bhinn Bhorb, Slí Mhuineacháin, Mainistir Bheighthí agus Slí Thiomána Ghleann na Bóinne.

An Pobal – Úsáid Talún

46. Beidh tionchar ag na gníomhaíochtaí tógála ar fheirmeacha aonair feadh an idirnascaire a bheartaítear ag amanna difriúla ar feadh tréimhse idir 4 mhí agus 6 mhí. Go ginearálta, is sealadach a bheidh an cur isteach ar fhiontair feirme de bharr gníomhaíochtaí tógála agus, dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha le sonrú. Beidh idir tionchar iarmharach gearrthéarmach agus meántéarmach ar thart ar 124 heicteár (ha) talún in áiteanna ina bhfuil damáiste don ithir réamh-mheasta agus damáiste don ithir ar an gclós stórála ábhar tógála 1.4 ha i gCarraig Mhachaire Rois mar gheall ar an ngníomhaíocht tógála. Beidh limistéar 22.2 heicteár ag teastáil le haghaidh fhostáisiún Turleenan agus na n-oibreacha gaolmhara. Is féidir úsáid talmhaíochta a bhaint as an gcuid is mó den 22.2 heicteár arís tar éis chéim na tógála. Beidh tionchar iarmharach ar an talamh sin, áfach. Beidh tionchar iarmharach le sonrú mar gheall ar an srian ar úsáid talún ag bun na dtúr (10.5 ha) agus beidh na túir ina gconstaic ar oibríochtaí innealra. Glanfar thart ar 14.8 ha d'fhoraíocht tráchtála faoin líne lasnairde a bheartaítear agus cóngarach di. Riosca sábháilteachta breise ar fheirmeacha a bheidh i láithreach na líne lasnairde agus d'fhéadfadh sí srian a chur le roinnt foirgnimh thalmhaíochta a thógáil.
47. Beidh an tionchar iarmharach Do-Airithe nó Beag ar 95% de na dáileachtaí talún feadh an idirnascaire a bheartaítear. Tá sé cinn is fiche de Dhrochthionchar Measartha (4.5%)

réamh-mheasta. Tá trí cinn de Dhrochthionchar Mór (0.5% den iomlán) réamh-mheasta agus tiocfaidh Drochthionchar Mór / Ollmhór (0.1% den iomlán) aníos ag suíomh an fhostáisiúin in Turleenan, Co. Thír Eoghain.

48. Ag féachaint don limistéar measartha beag mar a mbeidh tionchar díreach ar thógáil talún, tionchar teorannú talún (ag bun na dtúr) agus tionchar damáiste don ithir le sonrú, agus ag féachaint do chineál gearrthéarmach an tionchair tógála agus don réamh-mheas nach n-athróidh úsáid talún go suntasach faoi na línte lasnairde agus cóngarach dóibh, is Do-Airithe atá an tionchar san iomlán.

Sócmhainní Ábhartha

49. Cuireadh comhairliúchán fairsing ar siúl leis na húdaráis atá freagrach as tarchur a bhaineann le raidió (raidió baile agus raidió tráchtála), le teilifís, le heitlíocht agus leis na seirbhísí éigeandála a bhfuil sócmhainní teileachumarsáide acu.
50. Níor dhírigh comhairlithe teileachumarsáide nó eitlíochta aird ar aon agóidí ná ar aon tionchar féideartha. Is í an chonclúid nach mbeidh aon tionchar suntasach ar shócmhainní teileachumarsáide nó eitlíochta mar thoradh ar an idirnascaire a bheartaítear.
51. Comhlíonfaidh an t-idirnascaire a bheartaítear gach ceanglas um chomhoiriúnacht leictreamaighnéad mar a leagtar amach sa reachtaíocht.
52. Cuirfear bearta maolaithe chun feidhme ag céim na tógála agus ag an gcéim oibríoch chun tionchar ar shócmhainní ábhartha sa timpeallacht ghlactha a íoslaghdú nó a dhíbirt. Na bearta maolaithe a chuirtear san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP), déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den bhainistiú comhshaoil. Trí chloí leis na bearta maolaithe, cinnteofar nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an idirnascaire a bheartaítear.
53. Meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach ag oibriú an idirnascaire a bheartaítear ar shócmhainní ábhartha. Ní bheidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chonstaic maidir le haerárthaí, go háirithe iad sin ag obair in Aerpháirc Bhaile Átha Troim. Dheimhnigh an IAA go mbeadh an t-idirnascaire a bheartaítear faoi bhun an dromchla teorannaithe constaicí d'Aerpháirc Bhaile Átha Troim.

Réimsí Leictreacha agus Maignéadacha (EMF)

54. Táirgfidh na línte tarchuir a bheartaítear a oibríonn ag 400 kV, le haghaidh fhormhór a bhfaid, lena n-áirítear feadh an fhaid ar fad i dTuaisceart Éireann, uasrímse leictreach 50 Hz atá thart ar 7.9 kV/m agus uasrímse maighnéadach atá thart ar 47.9 μ T faoin líne tarchuir. Maidir leis an gcuid ghearr (idir Túr 118 agus Túr 121 in Éirinn) a iompraítear ar

thúir thrasuímh⁸, beidh na huasréimsí comhionann le thart ar 8.0 kV/m agus 48.5 μ T. Maidir leis an gcuid ghearr (idir Túr 402 agus Túr 410) a iompraítear ar na túir chiorcaid dhúbailte reatha⁹, beidh na huasréimsí comhionann le thart ar 7.1 kV/m agus 41.6 μ T.

55. I staidéir a rinneadh le breis agus 30 bliain anuas, rinne taighdeoirí i ndisciplíní eolaíocha éagsúla staidéir chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le nochtadh do EMF. Níl sé de chonclúid ag gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta gur guais sláinte é nochtadh do EMFanna ar Minicíocht Rí-Íseal (ELF) ag na leibhéil a fheicimid inár saol ó lá go lá.
56. I dtreoirínte a d'fhorbair an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche (ICNIRP) cruthaítear an bunús le haghaidh Mholadh an Aontais Eorpaigh (1999/519/CE) ina leagtar síos treoirínte do bhallstáit maidir le teorainn a chur ar nochtadh an phobail do EMFanna in áiteanna ina gcaitheann daoine go leor ama. Is é Moladh an AE an treoirínte infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon agus cuireadh san áireamh é don idirnascaire a bheartaítear.
57. Léirítear sna leibhéil ríofa de EMFanna a tugadh thuas gur faoi theorainneacha nochtadh (bunsrianta) an AE (1999) atá leibhéil uasta an réimse a tháirgeadh an líne 400 kV a bheartaítear, nach dtáirgí iad ach go neamh-mhinic, dá dtáirgí iad ar chor ar bith i ndáiríre.
58. Mar achoimre, fiú amháin na leibhéil uasta EMF ón líne 400 kV a bheartaítear, tá siad fós níos ísle ná treoirínte EMF na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus treoirínte EMF an AE freisin. Nuair a rinneadh athbhreithnithe údarásacha ar an taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMFanna agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMFanna.

Trácht

59. Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach, beidh níos mó tráchta ann mar gheall ar chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó.
60. A bhúil le cineál an idirnascaire a bheartaítear, beidh roinnt suíomhanna tógála ar leith ann i rith chéim na tógála. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Teastaíonn 362

⁸ Tá na cineálacha túr sin ag teastáil chun oibriú éifeachtúil an chiorcaid a chinntiú.

⁹ Maidir leis an 2.8 km deireanach go Fostáisiún Fhearann na Coille, iompraítear an t-idirnascaire a bheartaítear ar thúir chiorcaid dhúbailte reatha. Tá líne lasnairde na Seansráide-Fhearann na Coille atá ann cheana féin suiteáilte ó dheas ó na túir sin. Ní bhaintear úsáid as an taobh thuaidh faoi láthair agus, mar sin de, féadtar é a úsáid le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear.

bealach isteach sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an idirnascaire a bheartaítear a thógáil.

61. In ainneoin mhéid an idirnascaire a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí (an méid ama a thógfaidh sé chun túir aonair a thógáil). Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála; ina theannta sin, beidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse sách gearr.
62. Mar thoradh ar thógáil an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan, Contae Thír Eoghain, ar an síneadh leis an bhfostáisiún atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí agus ar na hoibríochtaí ag na clóis stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear, a bheidh suite ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigavon agus soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin chomh maith, beidh líon níos mó feithiclí ann thar thréimhsí níos faide ach ní bheidh brú ar an ngréasán bóithre de thoradh ar na sruthanna tráchta sin.
63. Bainfear úsáid as Feithiclí Earraí Troma (HGVanna) chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Mar thoradh ar na bearta maolaithe a mholtar, déanfar íoslaghdú nó díothú ar an tionchar iarmharach maidir leis an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil i dtaca leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus chaighdeán an aeir.
64. Ullmhófar Plean um Bainistiú Trácht Tógála sula dtosófar ar na hoibríochtaí tógála. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir.
65. Rinneadh measúnú ar iompar na dtrí chlaochladán chuig fostáisiún Turleenan a bheartaítear. Theastóidh ón iompar sin trí thuras ó iompróir 20 acastóir, agus é de dhíth chun gach ceann de na trí chlaochladán 222 tonna a iompar ó chalafort an Phointe go dtí an Mhaigh. Tógfaidh gach turas suas le seacht n-uaire agus beidh cur isteach áitiúil ar an trácht ann de bharr dúnadh bóithre sealadach agus de bharr an tráchta mhallghluaiste.
66. Mar gheall ar chasadh géar atá ann i sráidbhaile an Mhaí, beidh gá leis an gclaochladán a aistriú le craein ón iompróir 20 acastóir go leantóir féinghluaiste níos lú. Chun é sin a dhéanamh, dúnfar an B106 i lár chearnóg an Mhaí agus beidh córas atreoraithe i bhfeidhm sa chuid thuaidh agus sa chuid theas den chearnóg. Cruithóidh sé sin cur isteach áitiúil ar an trácht, chomh maith le cineálacha sealadacha tionchair amhairc agus thorainn. Cuirfidh sé isteach ar an ngnáthúsáid a bhaintear as sráidbhaile an Mhaí freisin. Teastóidh dhá lá in aghaidh an turais, agus sé lá san iomlán, ón aistriú sin. Déanfar na trí thuras riachtanacha ar leithligh ó chéile chun an cur isteach a laghdú an oiread agus is féidir.

67. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm agus poibleofar iompar an chlaochladáin chun eolas a thabhairt do dhaoine agus chun cabhrú leis an gcur isteach a laghdú an oiread agus is féidir. I measc na mbearta maolaithe, beidh tionlacain phóilíní ann, cuirfear comharthaí cuí ar fáil maidir le bealaí malartacha agus le malairtí slí, agus ní thabharfar faoi oibreacha ach amháin le linn solas lae. Is dóigh go mbeidh drochthionchar measartha gearrthéarmach ann ar úsáideoirí bóithre. Ní bheidh aon tionchar fadtéarmach ann ar chríochnú an iompair.

Torann

68. Rinneadh suirbhéanna fairsinge torainn thart ar limistéar an idirnascaire a bheartaítear chun na leibhéil torainn atá ann cheana a dhearbhu. Is limistéar tuaithe é an limistéar den chuid is mó agus is íseal den chuid is mó atá na leibhéil torainn a léiríonn é sin.
69. Rinneadh na leibhéil torainn fhéideartha ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch den idirnascaire a bheartaítear a mheasúnú.
70. Tá sé tuartha gurb é torann na tógála ón bhfostáisiún agus ón líne lasnairde na leibhéil torainn is airde ón idirnascaire a bheartaítear a bheidh ann. Tionchar gearrthréimhseach agus teoranta a bheidh sa tionchar seo, áfach. Soláthraítear bearta maolaithe chun an tionchar féideartha 'cáis is measa' ó thorann na tógála a laghdú agus ceanglófar ar an gconraitheoir idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil agus le cónaitheoirí le linn thréimhse na tógála. Ní suntasach a bheidh tionchar thorann agus chreathadh na tógála mar thoradh ar bhearta maolaithe.
71. Beidh an líne tharchuir faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Fógrófar iniúchtaí héileacaptair roimh ré i nuachtáin áitiúla agus trí chomhairliúcháin le húinéirí talún. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon tionchar suntasach torainn, ní mhairfidh sé rófhada agus tabharfar fógra d'úinéirí talún roimh ré.
72. Nuair a bheidh sé críochnaithe, ní bheidh ach torann corónach ócáideach agus torann gléasra leanúnach i gceist maidir le tionchar torainn línebhealach na líne lasnairde, na dtúr agus an fhostáisiúin a bheartaítear le linn na céime oibríche ag an bhfostáisiún.¹⁰ Ní bheidh aon tionchar creathaidh oibriúcháin ar ghabhdóirí íogaire maidir leis an idirnascaire a bheartaítear.
73. Beidh astaíochtaí torainn na líne lasnairde agus an fhostáisiúin faoi na leibhéil agus na spriocanna atá leagtha amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) agus beidh siad laistigh de theorainneacha inghlactha.

¹⁰ Tá dhá chomhpháirt fuaimne i gceist le torann corónach; fuaimne neamhrianta (fuaimne chnagarnach fhánach) agus fíorfuaimne an dordáin (fuaimne chrónáin chorónaigh).

74. Ní bheidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar suntasach torainn agus creathaidh.

Éiceolaíocht

75. Ní bheidh drochthionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar shuíomhanna Eorpacha agus/nó Náisiúnta atá faoi chosaint; mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar phobail áitiúla fána faoi chosaint.
76. Cuirfear na bearta maolaithe sin chun feidhme ag céim na tógála agus na hoibríochta chun tionchar sainaitheanta a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt.
77. Rinneadh measúnú ar an leibhéal tionchair ó thaobh an tionscadail ar fad de agus is é an tionchar is airde ná drochthionchar beag ar fhálta sceach / ar chrannteorainneacha, ar éin gheimhrithe (an Eala Ghlórach) agus ar éin ghoir (an Pilibín). Meastar gach tionchar eile a bheith diomaibhseach. Is éard is ciall le “beagán diúltach” nó “drochthionchar beag” sa chás seo ná athrú ar éiceolaíocht an láithreáin lena mbaineann ag a bhfuil iarmhairtí suntasacha lasmuigh de theorainn na forbartha, ach nach meastar go bhfuil tionchar suntasach ag na hiarmhairtí sin ar dháileadh ná ar líon na speiceas ná na ngnáthóg a mbaineann tábhacht chaomhantais leo.

Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

78. Cuirfear bearta maolaithe chun feidhme ag céim na tógála chun tionchar a íoslaghdú nó a dhíbirt.
79. Beidh tionchar ag céim na tógála den idirnascaire a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus as tochairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus as na tochairtí atá ag teastáil le haghaidh fhostáisiúin Turleenan.
80. Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina bhfuil móin shlán agus móin réitithe a sheachaint nuair is féidir. Níor sainithníodh móin shlán ag aon láthair thúir feadh an línebhealaigh. Dá réir sin, meastar nach mbeidh aon drochthionchar ag na tochairtí atá ag teastáil le haghaidh na forbartha a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
81. Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar chúrsaí geolaíochta agus screamhuisce. Dá bhrí sin, táthar den tuairim nach mbeadh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an idirnascaire a bheartaítear ar ithreacha, ar an ngeolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an screamhuisce. Táthar ag tuar gur Do-Airithe a bheidh aon tionchar ar ithreacha agus ar gheolaíocht.

Uisce

82. Beidh tionchar ag céim na tógála den idirnascaire a bheartaítear ar an uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr.
83. Le linn na tógála, cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun tionchar ar an gcomhshaoil uisce a chosc.
84. Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina n-aithnítear go bhfuil tuilemhánna agus bruacha abhann iontu a sheachaint nuair is féidir. Níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaoil uisce mar gheall ar chéim na tógála den líne lasnairde a bheartaítear.
85. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaoil uisce áitiúil leis na bearta maolaithe a bheartaítear. Táthar ag tuar gur fadtéarmach agus Do-Airithe a bheidh an tionchar ar an gcomhshaoil uisce.

Tosca Aeir agus Aeráide

86. Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma ag an idirnascaire a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin.
87. Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála a chur i bhfeidhm agus tar éis bearta maolaithe iomchuí a chur chun feidhme.
88. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar chaighdeán an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin.
89. Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar chaighdeán an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.

Oidhreacht Chultúrtha

90. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ag céim na tógála chun an tionchar ar ghnéithe a taifeadadh roimhe seo a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt agus chun aon ghnéithe nach eol ar thángthas orthu le linn na tógála a réiteach.
91. Cé nach mbeidh tionchar fisiceach díreach ag an idirnascaire a bheartaítear ar iarsmaí seasta aon suíomhanna seandálaíochta nó gnéithe ailtireachta atá ar eolas, beidh an

tionchar sin aige ar roinnt tírdhreacha diméine¹¹. Fuarthas amach go mbeadh tionchar suntasach aige ar cheann de na tírdhreacha diméine, Brittas (Contae na Mí). Beidh tionchar measartha agus diúltach ag an tionscadal ar cheithre shuíomh diméine eile ó thaobh suímh de.

92. Gach seans go mbeidh tionchar suntasach ar shuíomh roinnt gnéithe. Mar achoimre beidh 24 thionchar measartha diúltach, seacht dtionchar idir measartha agus diúltach mór agus sé thionchar diúltach shuntasacha ar shuíomhanna seandálaíochta. Chomh maith leis sin, beidh trí thionchar measartha diúltach agus tionchar amháin idir mheasartha agus diúltach mór ar shuíomhanna ailtireachta.
93. Ní bheidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar na suíomhanna eile go léir sa timpeallacht ina mbeidh siad nó is tionchar beag diúltach a bheidh i gceist.

An Tírdhreach

94. Rinneadh tréaniarracht sa phróisis teoraithe agus deartha chun tionchar tírdhreacha agus tionchar amhairc a sheachaint nó a laghdú an oiread agus is féidir. D'fhéach teorú mionsonraithe na líne leis an oiriúint is fearr don tírdhreach a bhaint amach ach úsáid a bhaint as tírghné agus fásra agus aithint a dhéanamh ag an am céanna ar na srianta teicniúla a bhaineann le líne lasnairde a thógáil agus a oibriú.
95. Beidh an líne lasnairde agus an fostáisiún a bheartaítear lonnaithe laistigh de cheantar ar ceantar talmhaíochta é go príomha agus a chuimsíonn cnoic réchnocacha ísle, gleannta éadroma agus páirceanna struchtúracha, a bhfuil fála sceanach mothracha agus roinnt mhaith crann fásta acu go minic.
96. Tar éis na tógála, fanfaidh na túir agus na línte lasnairde mar ghnéithe suntasacha amhairc sa tírdhreach.
97. Le himeacht ama, fásfaidh aon fhásra a gearradh siar le linn na tógála arís agus éireoidh aon chur ionaid nua bunaithe. Is gníomhaíochtaí a dhéanfar uaireanta iad glanadh fásra a d'fhéadfadh titim ar an líne lasnairde, cigireachtaí agus athchóirithe. Mar sin féin, laghdófar an leibhéal gníomhaíochta sa tírdhreach go mór.
98. Laghdóidh bearta maolaithe an tionchar amhairc a bhainfidh le fostáisiún Turleenan a bheartaítear agus athchuirfear coillearnach go trom ar na hoibreacha agus ar an mbóthar isteach mar thoradh orthu. Le himeacht ama, de réir mar a fhásann an tírdhreach maolaithe, laghdófar radhairc ar an bhfostáisiún.
99. Beidh tionchar suntasach ar an tírdhreach i roinnt codanna den limistéar a ndearnadh measúnú air. Bheadh tionchar suntasach amhairc freisin ó roinnt mhaith láithreacha ó

¹¹ Limistéir atá bainteach le heastáit mhainéir.

limistéar láithreach bhealach na líne lasnairde. Meastar, áfach, nach mbeadh tionchar suntasach ar tírdhreach ná ar acmhainn amhairc an limistéir leathain a ndearnadh measúnú air feadh an idirnascaire a bheartaítear agus go mbeidh an tionchar iomlán ar an tírdhreach agus an tionchar amhairc i gcoitinne teoranta do na gabhdóirí/limistéir sin atá an-ghar do na túir agus don líne lasnairde.

Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí

100. Rinneadh comhordú idir speisialtóirí measúnaithe i rith an phróisis measúnaithe le cinntiú go ndearnadh an tionchar idirghníomhach ag éirí as an idirnascaire a bheartaítear a shainnithint agus a mheasúnú agus, nuair ba chúí, a mhaolú.
101. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú ar thionchar carnach idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus forbairtí eile sainnithint a dhéanamh ar fhorbairtí beartaithe eile nár tógadh go fóill. Bhí sé sin ina chúis le tionscadail eile líne lasnairde a bheith á sainnithint. Áirítear le forbairtí eile freisin seideanna sicíní agus tuirbíní gaoithe a bheartaítear.
102. Den chuid is mó, tuartar gur Neamhshuntasach a bheidh an tionchar carnach. Mar sin féin, beidh tionchar carnach suntasach tírdhreacha agus amhairc ar leith ag gabháil leis an idirnascaire a bheartaítear agus leis na tuirbíní gaoithe a bheartaítear ag Taobh Urchair, Raragh, Feirm Ghaoithe an tSean-Mhuilinn (an Lios Dubh), Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin agus leis an bhfostáisiún a bheidh ann sa todhchaí i nDún an Rí.

1. Réamhrá

1.1 An tIdirnascaire a Bheartaítear

1. Tá pleanáil á déanamh ag EirGrid cpt (EirGrid) agus ag an Oibreoir Córais le haghaidh Thuaisceart Éireann (SONI)¹² i gcomhar a chéile ar mhórfhorbairt trasteorann um tharchur leictreachais idir na gréasáin tarchuir ardvoltais reatha in Éirinn agus i ¹³dTuaisceart Éireann. Is é atá sa tionscadal idirnascaire iomlán (ar a dtugtar ‘an t-idirnascaire a bheartaítear¹⁴’) chun críche na Comhthuarascála Comhshaoil (JER) seo) ná líne lasnairde 400 kV idir an fostáisiún 400 kV atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí agus fostáisiún beartaithe in Turleenan, Contae Thír Eoghain. Beidh an t-idirnascaire a bheartaítear ar an dara hidirnascaire leictreachais ardhchumais idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Tá sé beartaithe go dtógfar é i gContae Thír Eoghain, i gContae Ard Mhacha, i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Nascann an t-idirnascaire reatha, i.e. líne lasnairde lena mbaineann ciorcad dúbailte 275 kV, na fostáisiúin atá ann cheana i dTóin Re Gaoith agus i Lú le chéile.
2. Toisc go bhfuil an t-idirnascaire a bheartaítear á fhorbairt in dhá dhlínse, tá EirGrid agus SONI faoi seach ag cur iarratais ar leith ar phleanáil isteach maidir leis na gnéithe sin den idirnascaire a bheartaítear in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann i ngach dlínse. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) agus Ráiteas Timpeallachta (ES) faoi seach ag gabháil leis an iarratas i ngach dlínse¹⁵, a ullmhaíodh de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta agus na dtreoirínte náisiúnta infheidhmithe faoi seach. Cuireadh Aguisín leis an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite faoi bhráid an údaráis inniúil i dTuaisceart Éireann freisin.

12 Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) (NIE) a thug faoi phleanáil na coda sin den idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann a chéaduair. Bhí NIE faoi oibleagáid ag an gCoimisiún Eorpach, áfach, an fheidhm pleanála infheistíochta a bhí acu (an ‘Fheidhm Pleanála’) a aistriú chuig SONI. Leasaíodh ceadúnas oibreora córas tarchuir SONI (an ‘Ceadúnas’) an 28 Márta 2014 le go mbeadh aistriú na Feidhme Pleanála sin san áireamh ann tar éis d’Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas (NIAUR) próiseas comhairliúcháin a dhéanamh. Tháinig na leasuithe Ceadúnais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2014. Dá réir sin, tá an fhreagracht maidir le hiarratas pleanála i leith an idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann aistriithe ó NIE go SONI.

13 Dá dtagraítear ‘Poblacht na hÉireann’ go minic.

14 Leathnaíonn an téarma ‘idirnascaire a bheartaítear’ sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil an tuairisc ar an idirnascaire a bheartaítear i Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin le go gcuimsíonn sí an limistéar idir an fostáisiún (a beartaíodh roimhe) cóngarach do Dhún an Rí, Contae an Chabháin, agus an fostáisiún atá ann cheana ag Fearann na Coille, Contae na Mí, mar a dhéantar cur síos sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo.

15 Ba é Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) (NIE) a chuir isteach an Ráiteas Timpeallachta a cuireadh isteach i dTuaisceart Éireann in 2013. Chun críocha na Comhthuarascála Comhshaoil seo, tabharfar an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite air. Tabharfar an EIS anseo istigh ar an Ráiteas Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach in Éirinn in 2014.

3. Toisc gur forbraíodh an tionscadal thar roinnt blianta, forbraíodh freisin an téarmaíocht a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an idirnascaire a bheartaítear. Ar mhaithe le soiléire, baineadh leas as na téarmaí seo a leanas:
- **An t-idirnascaire a bheartaítear:** An tionscadal foriomlán ó Turleenan go Fearann na Coille (i.e. a chuimsíonn cuid SONI agus cuid EirGrid araon), lena n-áirítear na hoibreacha uile a bheartaítear;
 - **Idirnascaire Thír Eoghain – an Chabháin:** An chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite i dTuaisceart Éireann agus atá á beartú ag SONI; agus,
 - **Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV:** An chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite in Éirinn agus atá á beartú ag EirGrid.
4. Rinne na hiarratasóirí faoi seach agus a gcomhairleoirí a ngníomhaíochtaí a chomhordú go dlúth lena chinntiú go ndearnadh cur chuige comhtháite maidir le dearadh an idirnascaire a bheartaítear agus leis an mbreithmheas ar a thionchar comhshaoil, lena n-áirítear tionchar trasteorann agus tionchar carnach.

1.2 Treoir agus Reachtaíocht maidir le Tionscadail Trasteorann

1.2.1 Comhdháil Espoo maidir leis an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

5. Is buncheanglas i bpróiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta é a chinntiú, sular dtabharfar toiliú forbartha, go gcuirfeadh tionscadail ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaoil faoi mheasúnú i dtaca lena dtionchar. Teastaíonn measúnú ar thionchar le haghaidh seo beag beann ar shuí nó ar theorainneacha náisiúnta.
6. Chomh luath le 1972, ag Comhdháil Stócólm maidir leis an Timpeallacht Dhaonna, d'aithin an comhphobal idirnáisiúnta go bhfuil na Stáit freagrach as a chinntiú nach ndéantar dochar do chomhshaoil Stát eile nó limistéar nach bhfuil faoina rialú leis na gníomhaíochtaí laistigh dá ndlínse nó dá rialú. Tar éis na comhdhála sin, bunaíodh grúpa saineolaithe agus dréachtaíodh Coinbhinsiún ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, ar glacadh leis ag Espoo san Fhionlainn in 1991 (agus a leasaíodh in 2001 agus 2004). Tháinig Coinbhinsiún Espoo i bhfeidhm an 10 Meán Fómhair 1997 agus dhaingnigh an tAontas Eorpach, Éire agus an Ríocht Aontaithe é. Leagtar amach oibleagáidí ar pháirtithe i gCoinbhinsiún Espoo maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil gníomhaíochtaí áirithe ag luathchéim phleanála. Leagtar síos oibleagáid ghinearálta na Stát ann fosta maidir le gach mórthionscadal a bheidh á mbreithniú ar dócha go mbeadh

drochthionchar suntasach comhshaoil acu ar fud teorainneacha a chur in iúl do chéile agus dul i gcomhairle lena chéile fúthu.

7. Dírítear i gCoinbhinsiún Espoo ar dhamáiste ar an gcomhshaoil a chosc, a mhaolú agus a mhaoirsiú trína chinntiú go ndéanfar breithniú follasach ar thosca comhshaoil trasteorann sula ndéanfar cinneadh náisiúnta deiridh maidir le tionscadal a cheadú.
8. Tá forálacha Choinbhinsiún Espoo léirithe i leasuithe a rinneadh ar Threoir an EIA agus ar reachtaíocht náisiúnta.

1.2.2 Treoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Tionscadail Trasteorann

9. I mí na Bealtaine 2013, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects* (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann) ('Treoircháipéis Thrasteorann an CE' anseo feasta), lena gcuirtear treoir ar fáil maidir leis na forálacha dlí a bhaineann le EIA a dhéanamh ar thionscadail mhórscála a chur i bhfeidhm. Mar a shonraítear sa cháipéis, áfach, ní chruthaítear aon oibleagáid ar Bhallstáit ná ar fhorbróirí tionscadail leis an treoir sin. Mar sin féin, mar a mhínítear sa treoir, cuirtear "faisnéis sholáimhsithe" ar fáil d'údaráis inniúla, d'fhorbróirí, do chleachtóirí EIA agus do pháirtithe leasmhara eile. Is é aidhm shubstainteach Threoircháipéis Thrasteorann an CE ná achoimre a chur ar fáil ar conas "nós imeachta EIA trasteorann" a chur i bhfeidhm maidir le "tionscadail trasteorann mhórscála", a shainítear i dTreoircháipéis Thrasteorann an CE mar thionscadail atá "*suite go fisiceach i níos mó ná tír amháin*" (amhail an t-idirnascaire a bheartaítear).
10. Sa treoircháipéis Trasteorann ón gCoimisiún Eorpach, sainmhínítear "tionscadail trasteorann ar an mórchoir" mar thionscadail a chuirtear i bhfeidhm in dhá Bhallstát ar a laghad nó ina bhfuil dhá Pháirtí Tionscnaimh ar a laghad, agus ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaoil nó ar dhócha go mbeadh tionchar trasteorann díobhálach suntasach ag baint leo. Cuirtear síos i dtreoircháipéis Thrasteorann an CE ansin ar na seacht bpríomhbheart i Measúnacht Tionchair Timpeallachta Trasteorann maidir le tionscadail den chineál sin:

"1. Fógra agus páirtiú faisnéise;

2. Ábhar agus méid ábhair fhaisnéis – scópáil na Measúnachta Tionchair Timpeallachta a chinneadh;

3. Ullmhú fhaisnéis/thuarascáil na Measúnachta Tionchair Timpeallachta ag an forbróir;

4. *Rannpháirtíocht an phobail, scaipeadh faisnéise agus comhairliúchán;*
5. *Comhairliúchán idir na bPáirtithe lena mbaineann;*
6. *Scrúdú ar an bhfaisnéis a bailíodh agus an cinneadh deiridh; agus,*
7. *Scaipeadh faisnéise maidir leis an gcinneadh deiridh.” (Leathanach 4)*

11. I gcomhthéacs raon thuarascáil Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar bith a ullmhaítear, sonraítear i dTreoircháipéis Thrasteorann an CE gur cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- *cur síos ar an bhforbairt a bheartaítear agus ar an gcuspóir léi;*
- *a cur síos, nuair is cuí, ar roghanna réasúnta eile (e.g. i gcomhthéacs suímh, teicneolaíocht a úsáidfear, etc.) agus an rogha eile gan gníomh ar bith a dhéanamh;*
- *cur síos ar an gcomhshaoil ar dócha go n-imreodh an fhorbairt a bheartaítear agus a roghanna eile tionchar suntasach orthu;*
- *cur síos ar an tionchar féideartha comhshaoil a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear agus ag a roghanna eile agus meastachán ar a shuntasacht;*
- *cur síos ar na bearta maolaithe ar a breathnaíodh agus tásc de na modhanna, boinn tuisceana agus sonraí réamhaithriseacha ar a bhfuil siad bunaithe; agus*
- *breac-chuntas ar chláir fhaireacháin agus bhainistíochta agus ar pleananna ar bith maidir le hanailís iarthionscadail.*

Lena chois sin, agus raon thuarascáil na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus leibhéal na sonraí inti á gcinneadh, ba chóir a chuimhneamh go bhfuil raon leathan agus cuspóir leathan ag baint leis an Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ba chóir í a dhéanamh ar dhóigh ina gcuirtear nádúr agus tionchar sainiúil gach tionscadail san áireamh.” (leathanach 9)

12. Sonraítear é seo a leanas i dtreoircháipéis Thrasteorann an CE chomh maith:

*“Maidir le tionscadail trasteorann ar an mórchoir, ní mór don fhorbróir cloí leis na gceanglais náisiúnta EIA i ngach tír ina gcuirfear an tionscadal i bhfeidhm. Ba chóir don fhorbróir tuarascálacha aonair náisiúnta ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú agus **comhthuarascáil chomhshaoil a ullmhú ina gcumhdófar an tionscadal go hiomlán agus ina ndéantar measúnú ar a thionchar iomlán, go háirithe an drochthionchar suntasach trasteorann.” (Béim curtha leis)***

(leathanach 10)

13. Meastar go soláthraítear comhdhlúthú úsáideach i dTreoircháipéis Thrasteorann an CE ar an dea-chleachtas reatha maidir le tionscadail amhail an idirnascaire a bheartaítear.
14. Ar deireadh, sa chomhthéacs sin, ba chóir a thabhairt faoi deara gur cheart treoircháipéis Thrasteorann an CE a léamh i gcomhar le Rialachán AE/347/2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh ('an Rialachán TEN-E nua'), ina leagtar amach roinnt forálacha atá deartha chun athchóiriú a dhéanamh lena gceadaítear tionscadail leasa choitinn (PCI) an bhonneagair fuinnimh atá ar liosta de chuid an AE arna bhunú de bhun an Rialacháin. De bhun fhorálacha Rialachán 347/2013 ón AE agus Rialachán Tarmlichte 1391/2013 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2013, liostaítear "*an t-idirnascaidh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe idir Fearann na Coille (IE) agus Turleenan (UK – Tuaisceart Éireann)*" go sonrach faoin gceannteideal "*Conair thosaíochta – idirnáisc leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ("ITT Leictreachais an Iarthair")*"¹⁶.

1.3 An Tuarascáil seo

1.3.1 Comhthéacs na Tuarascála

15. Cuireadh ceanglais na reachtaíochta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta sa dá dhlínse agus, de réir mar is cuí, Treoir Thrasteorann an CE, san áireamh go hiomlán sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi seach i leith an idirnascaire a bheartaítear.
16. Bhí gnéithe áirithe de phróiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta i leith an idirnascaire a bheartaítear ann sular foilsíodh treoircháipéis Trasteorann an CE. Ina ainneoin sin, tá EirGrid agus SONI den tuairim go mbainfeadh na próisis phleanála le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear tairbhe as Comhthuarascáil Chomhshaoil a ullmhú, agus moltar an cur chuige i dtreoircháipéis Thrasteorann an CE. Dá réir sin, ullmhaíodh an tuarascáil de bhreis ar an ES agus an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil ábhartha, agus cur san áireamh á dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil cheana laistigh de na cáipéisí sin.
17. Cuimsítear san fhaisnéis ar an gcomhshaoil a leagtar amach istigh anseo breithmheas ar an idirnascaire a bheartaítear ina iomláine i.e., 'ó A go Z' (mar a mholtar i dTreoircháipéis Thrasteorann an AE). Dá bhrí sin, d'ullmhaigh EirGrid

¹⁶ Chuige sin, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Treoircháipéis dar teideal *Streamlining Environmental Assessment Procedures for Energy Infrastructure 'Projects of Common Interest' (PCIs) (Nósanna Imeachta um Measúnú Comhshaoil a Chuíchóiriú le haghaidh 'Tionscadail Leasa Choitinn' [PCInna] a Bhaineann le Bonneagar Fuinnimh)* (an 24 Iúil 2013).

agus SONI, mar fhorbróirí ar an tionscadal, breithmheas ar thionchar iomlán an idirnascaire a bheartaítear, ar bhealach iomlánaíoch, le gur féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar iomlán an idirnascaire a bheartaítear agus, go háirithe, ar dhrochthionchar trasteorann carnach agus suntasach.

18. De thoradh ar an reachtaíocht agus ar an ngnás náisiúnta éagsúil, ba shoiléir nach bhféadfaí iarratas aonair ar thoilíú forbartha a chur isteach le haghaidh an tionscadail ar fad sa dá dhlínse. Rinneadh ullmhú an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (lena n-áirítear an tAguisín gaolmhar leis an ES Comhdhlúite) agus an EIS a chomhordú go dlúth, áfach, agus rinneadh tionchar carnach agus tionchar trasteorann an idirnascaire a bheartaítear a bhreithniú go cuí, ionas gur éascaíodh próiseas Measúnacht Tionchair Timpeallachta soiléir arna dhéanamh ag gach údarás inniúil.

1.3.2 Struchtúr na Tuarascála

19. Tá an Comhthuarascáil Chomhshaoil deartha cosúil leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus an EIS a foilsíodh i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear ach amháin go bpléann an Comhthuarascáil Chomhshaoil an t-idirnascaire a bheartaítear ina iomláine agus go ndéanann sí measúnú ar a thionchar foriomlán inti, go háirithe an tionchar carnach agus aon drochthionchar suntasach trasteorann féideartha.
20. Go pointe suntasach, is ionann struchtúr caibidle na tuarascála seo agus teidil chaibidlí an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus an EIS a foilsíodh, agus tá roinnt difríochtaí eatarthu mar thoradh ar threoir éagsúil idir an dá dhlínse. Mar sin féin, meastar go bhfuil na saincheistanna bunúsacha agus cur chuige na Measúnachta Tionchair Timpeallachta comhsheasmhach mar thoradh ar an leibhéal ard comhordaithe idir foirne an tionscadail. Tá tagairt ar fáil in **Aguisín A** maidir le caibidlí ábhartha an ES Comhdhlúite agus an EIS.
21. Tá struchtúr na Comhthuarascála ar an gComhshaoil mar a léirítear i **dTábla 1.1**.

Tábla 1.1: Struchtúr Caibidlí na Comhthuarascála Comhshaoil

Caibidil na Comhthuarascála Comhshaoil	Forbhreathnú
Achoimre Neamhtheicniúil	Achoimre ar an gComhthuarascáil Chomhshaoil
1 – Réamhrá	Forbhreathnú ginearálta ar an tuarascáil.
2 – Cur Síos agus Cuspóir an Tionscadail	Cur síos ar Riachtanas an Tionscadail agus Cur Síos ar an Tionscadal.
3 – Roghanna Eile	Cur síos ar an Suíomh agus na Roghanna Eile Teicneolaíocha measúnaithe i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear.

Caibidil na Comhthuarascála Comhshaoil	Forbhreathnú
4 – An Pobal – Socheacnamaíocht	Measúnú foriomlán ar an tionchar maidir leis an idirnascaire a bheartaítear.
5 – An Pobal – Turasóireacht	
6 – An Pobal – Úsáid Talún	
7 – Sócmhainní Ábhartha	
8 – EMF	
9 – Trácht	
10 – Torann	
11 – Éiceolaíocht (Fána agus Flóra)	
12 – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht	
13 – Uisce	
14 – Tosca Aeir agus Aeráide	
15 – Oidhreacht Chultúrtha	
16 – An Tírdhreach	
17 – Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí	
18 – Conclúidí	Achoimre thorthaí na Comhthuarascála Comhshaoil.

1.3.3 Struchtúr Caibidlí na Comhthuarascála Comhshaoil

22. Tá an measúnú foriomlán ar an tionchar maidir leis an idirnascaire a bheartaítear curtha i láthair i gCaibidlí 4 – 17 den Comhthuarascáil Chomhshaoil seo. Ullmhaíodh na caibidlí bunaithe ar thaithí ghairmiúil chomhairleoirí na dtionscadal agus ar aird a thabhairt ar na treoirínte náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha um measúnú. Cuireadh sonraí maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh i measúnú gach ábhar comhshaoil san áireamh sna caibidlí aonair.
23. Is í seo a leanas an fhormaid ghinearálta ina bhfuil gach caibidil um measúnú.
- **Réamhrá:** achoimre ghairid ar an méid ar a breathnaíodh sa chaibidil;

- **Modheolaíocht:** cur síos ar an modheolaíocht a úsáideadh i measúnú an ábhair chomhshaoil;
 - **An Comhshaoil ina mbeidh an Fhorbairt:** cur síos ar na dálaí comhshaoil reatha ar measúnaíodh an tionchar comhshaoil tuartha ina gcoinne;
 - **Bearta Maolaithe:** bearta a chuirfear chun feidhme chun a chinntiú go ndéantar an tionchar a laghdú an oiread agus is féidir nó a dhíothú;
 - **Tionchar Iarmharach:** measúnú ar shuntasacht an tionchair le linn na tógála agus an oibríthe i ndiaidh na bearta maolaithe a chur chun feidhme;
 - **Tionchar Trasteorann:** measúnú ar shuntasach an tionchair trasteorann; agus
 - **Conclúidí:** achoimre ar an measúnú.
24. Rinneadh tionchar carnach agus idirghníomhaíochtaí i leith gach ábhair a thiomnú agus a mheas i gCaibidil 17.
25. Ní thugtar tuairisc ar an idirnascaire a bheartaítear i gcaibidlí um measúnú na Comhthuarascála Comhshaoil seo. Tá an tionchar féideartha sainaitheanta sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS maidir leis an idirnascaire a bheartaítear. Chun críche na Comhthuarascála Comhshaoil seo, meastar go bhfuil an tionchar féideartha ar an tionchar féideartha a shaináithnítear sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS agus go bhfuil na bearta maolaithe a gcuirtear síos orthu sna cáipéisí sin ina gcuid dhílis de nádúr an idirnascaire a bheartaítear agus meastar freisin go léiríonn an tionchar iarmharach a thuairiscítear istigh anseo (i.e. i ndiaidh na bearta maolaithe a bhreithníú) tionchar suntasach dóchúil an idirnascaire a bheartaítear. Baintear úsáid as an téarma “limistéar a ndearnadh measúnú air” sa tuarascáil seo chun cur síos a dhéanamh ar an limistéar a measúnaíodh sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta araon i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear. Tagraíonn an limistéar a ndearnadh measúnú air do láthair an fhostáisiúin a bheartaítear ag Turleenan, Contae Thír Eoghain, agus do láthair na líne lasnairde a shíneann go Fearann na Coille, Contae na Mí, agus don chóngaracht leathan. Beidh an limistéar a ndearnadh measúnú air éagsúil maidir le gach ábhar comhshaoil ar leith.

1.3.4 Athrú Iarratasóra i dTuaisceart Éireann

26. Tá pleanáil á déanamh ag EirGrid agus ag an Oibreoir Córais le haghaidh Thuaisceart Éireann (SONI) i gcomhar a chéile ar mhórfhorbairt trasteorann um tharchur leictreachais idir na gréasáin tarchuir reatha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) (NIE) a thug faoi phleanáil na coda sin den idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann a chéadair. Bhí NIE faoi oibleagáid ag an gCoimisiún Eorpach¹⁷, áfach, an fheidhm pleanála infheistíochta a bhí acu (an ‘Fheidhm Pleanála’) a aistriú chuig SONI. Leasaíodh ceadúnas oibreora córas tarchuir SONI (an “Ceadúnas”) an 28 Márta 2014 le go mbeadh aistriú na Feidhme Pleanála sin san áireamh ann tar éis d’Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas (NIAUR) próiseas comhairliúcháin a dhéanamh. Tháinig na leasuithe Ceadúnais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2014. Dá réir sin, tá an fhreagracht maidir le hiarratas pleanála i leith an idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann aistriú ó NIE go SONI.
27. Tar éis aistriú a Fheidhme Pleanála go SONI, beidh freagracht ar NIE fós as tógáil, úinéireacht agus cothabháil an chórais tarchuir i dTuaisceart Éireann. Faoi réir toilithe pleanála a fháil don idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann, beidh NIE freagrach as a thógáil, de réir na dtoilithe luaite.
28. Chun amhras a sheachaint chuige sin, ba cheart aon tagairt do NIE i bpleananna agus i sonraí an iarratais seo ar cheadú maidir le pleanáil agus toiliú an idirnascaire a bheartaítear go sonrach, agus cibé acu de thaisme nó d’aon ghnó, a thuiscint mar thagairt anois do SONI i gcomhthéacs a fhreagrachta reachtúla nua a leagadh air i ndáil leis an iarratas pleanála i leith an idirnascaire a bheartaítear. Mar sin féin, déantar tagairt i dtagairtí áirithe do NIE i sonraí an iarratais do ghnóthaí a rinne NIE de réir a fheidhmeanna reachtúla roimh aistriú na feidhme pleanála go SONI. Áirítear leis sin cáipéisí áirithe a d’ullmhaigh NIE, agus go deimhin, an t-iarratas atá ann faoi láthair ar thoiliú reachtúil don chuid sin den idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann.

¹⁷De réir Chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 12 Aibreán 2013 a rinneadh de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Airteagal 10(6) de Threoir 2009/72/CE – an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) – SONI/NIE.

2. Cur Síos ar an Tionscadal agus Cuspóir an Tionscadail

2.1 An Gá Atá leis an Tionscadal

1. Forbairt tarchur leictreachais lena mbaineann tábhacht straitéiseach fhadtéarmach d'oileán na hÉireann is ea an t-idirnascaire a bheartaítear agus rachaidh sé chun tairbhe tomhaltóirí leictreachais i dtrí phríomhréimse:

- Feabhas a chur ar iomaíocht agus laghdú a dhéanamh ar na srianta a theorannaíonn an margadh leictreachais faoi láthair, rud a chuireann isteach ar a éifeachtúlacht a fheidhmíonn sé agus, dá bharr sin, brú anuas a chur ar phraghsanna leictreachais;
- Tacú le giniúint na cumhachta in-athnuaite a fhorbairt trí mhalairt sholúbtha na sreafaí cumhachta thar chuid mhór den oileán a fheabhsú. Leis sin, beifear in ann oibriú agus nascadh níos mó giniúint cumhachta in-athnuaite (go háirithe giniúint ghaoth-thiomáinte) a éascú ar fud an oileáin; agus,
- Daingneacht an tsoláthair a fheabhsú – trí nasc iontaofa ardchumais breise a chur ar fáil idir an dá chóras tarchuir ar oileán na hÉireann.

2. Tacaíonn Treoracha an Aontais Eorpaigh leis an idirnascaire a bheartaítear. Éilíonn na treoracha sin go gcuirfead leis an idirnascaire leictreachais idir ballstáit an AE agus go gcuirfead feabhas ar na coinníollacha a éascóidh an iomaíocht leictreachais ar fud na hEorpa. Go deimhin, tá forbairt an idirnascaire a bheartaítear arna páirtchistiú ag clár de chuid an AE dar teideal Gréasán Tras-Eorpach Fuinnimh (TEN-E), ina luaitear gur “tionscadal tosaíochta” nó “Tionscadal Leasa Choitinn” é. Tugann Rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe comhthacaíocht don togra seo atá i gcomhlíonadh iomlán leis an mbeartas fuinnimh sa dá dháil agus a bhfuil tacaíocht faighte aige ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR – Éire) agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta (DETI – Tuaisceart Éireann). Faigheann an t-idirnascaire a bheartaítear tacaíocht freisin ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus ó Rialálaí Fónas Thuaisceart Éireann.

2.2 Cur Síos Foriomlán ar an Tionscadal

3. Cuimsíonn an t-idirnascaire a bheartaítear líne lasnairde 138 km idir fostáisiúin in Turleenan, Contae Thír Eoghain, agus i bhFearann na Coille, Contae na Mí, agus is féidir é a achoimriú mar seo a leanas:

- **Fostáisiún Turleenan:** tógáil agus oibriú fostáisiúin (foinse) nua 275 kV / 400 kV ag baile fearainn Turleenan, soir ó thuaidh ón Maigh, Contae Thír Eoghain;
 - **Na Túir 275 kV ag Fostáisiún Turleenan:** túr crochta 275 kV atá ann cheana a bhaint agus dhá thúr críochfoirt nua 275 kV a thógáil agus a oibriú, mar aon leis an líne 275 kV a chur ar mhalairt slí go sealadach, chun Fostáisiún Turleenan a nascadh leis an ngréasán atá ann cheana;
 - **Na Túir 400 kV agus an Líne Lasnairde:** Tógáil agus oibriú líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil a dtacaíonn 401 túr nua leis ar feadh thart ar 135 km ón bhfostáisiún foinse (ag Turleenan) go dtí túr de chiorcad dúbailte atá ann cheana (Túr 402) i mbaile fearainn Bogganstown, an Mhí. Beidh an líne lasnairde 9.0 m ar a laghad os cionn leibhéal na talún. Beidh gá le mionathruithe a dhéanamh ar 3 cinn de na línte tarchuir lasnairde 110 kV atá ann cheana de bharr na líne tarchuir nua;
 - **Úsáid a bhaint as Túir Chiorcaid Dhúbailte 400 kV atá ann cheana:** Tá ciorcad nua 400 kV i gceist léi freisin a shínfidh tuairim is 3 km feadh an taoibh (thuaidh) nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad dúbailte atá ann cheana féin (an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) soir ó Thúr 402 i mbaile fearainn Bogganstown i gContae na Mí a fhad le Túr 410 agus Fostáisiún Fhearann na Coille i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí;
 - **Oibreacha ar Fhostáisiún Fhearann na Coille:** Oibreacha gaolmhara laistigh de Fhostáisiún 400 kV Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana agus díreach in aice leis; agus
 - **Oibreacha Gaolmhara:** Áireofar le hoibreacha gaolmhara, nuair is iomchuí, na nithe seo a leanas: leibhéaladh láithreáin, oibreacha chun láithreáin a réiteach, mionathrú ar phointí rochtana atá ann cheana, pointí rochtana nua a thógáil, lánaí rochtana nua a thógáil, tógáil i limistéir oibre, limistéir sreangaithe, cumhdach, fálú theorainn an láithreáin, oibreacha gaolmhara maolaithe, oibreacha rochtana agus oibreacha gaolmhara eile mar a bhfuil na fostáisiúin agus na túir.
4. Léirítear an t-idirnascaire a bheartaítear i sraith fíoracha – feic rannán na bh**Fíoracha** ag deireadh na tuarascála.

5. Laistigh de Chontae Thír Eoghain agus de Chontae Ard Mhacha, tógfar 102 (uimh.) túr 400 kV a tógadh chun tacú leis an líne lasnairde agus leis an líne, síneoidh siad ar feadh thart ar 34 km ó Turleenan go dtí an teorainn idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh i gContae Ard Mhacha agus baile fearainn na Léime Giorra i gContae Mhuineacháin. Mar gheall ar rianú na teorann dlínsiúla san áit, beidh an líne lasnairde, chomh maith leis sin, ag dul thar chuid bhreise talún atá laistigh de bhaile fearainn na Croise Báine i dTuaisceart Éireann ar feadh fad gearr de 0.2 km (idir Túr 106 agus Túr 107, a bhfuil an dá cheann díobh lonnaithe i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin).
6. Laistigh de Chontae Mhuineacháin, de Chontae an Chabháin agus de Chontae na Mí, tógfar 299 (uimh.) túr 400 kV chun tacú leis an líne lasnairde. Chomh maith leis sin, bainfidh an t-idirnascaire a bheartaítear úsáid as 9 dtúr atá ann cheana le haghaidh na coda deiridh isteach i bhFostáisiún Fhearann na Coille. Tá na 308 túr sin lonnaithe feadh coda atá thart ar 103.35 km ar fad ó Thúr 103 (atá lonnaithe pas beag ó dheas ón teorainn i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go dtí an túr is deisceartaí (Túr 410) ag Fostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí.
7. Cuimseoidh an líne tharchuir 138 km a bheartaítear túir agus struchtúir thacaíochta (struchtúir thacaíochta shealadacha san áireamh) atá idir 26 m agus 61 m ar airde os cionn leibhéal na talún (is túir atá ann cheana iad na túir 61 m) a ionchorpróidh an dá dhlínse. Is é 6 m ar domhain agus 25 m ar fad x 25 m ar leithead an uasmhéid bhunsraithe (an túr 275 kV a bheartaítear ag Turleenan). Beidh formhór na dtúr níos lú ná an mhéid sin.
8. Meastar go dtógfaidh sé trí bliana ó thús na n-oibreacha láithreán chun an t-idirnascaire iomlán a bheartaítear a thógáil, ach beifear i mbun tógála idir ceithre agus sé mhí ag aon pointe ar leith ar feadh bhealach na líne lasnairde. Tógfaidh sé suas go trí bliana fostáisiún Turleenan a thógáil agus beidh an líne lasnairde á tógáil ag an am céanna leis. Tógfar Fostáisiún Turleenan i roinnt céimeanna, lena n-áirítear bealach isteach chuig an suíomh, bóithre rochtana, glanadh suímh, draenáil a shuiteáil, bóithre a thógáil, trealamh a shuiteáil/foirgneamh a thógáil agus bóithre rochtana a chur i gcrích.
9. Tógfar gach túr sa líne lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, dé réir clár rollach d'fhaid ama mheasta: Ní gá go dtiocfaidh na céimeanna sin as a chéile mar gheall ar an obair atá ag teastáil ag bunanna túir cóngaracha agus mar gheall ar phróiseas na tógála. Mar shampla, beidh tréimhse leasaithe 21 lá ag teastáil idir céim 2 agus céim 3. Mar an gcéanna, rachaidh tréimhsí ama thart idir céim 3 agus céim 4 chun tógáil na dtúr crochta idir gach túr uillinne a éascú. D'fhéadfadh sé sin bheith 2-4 mhí ar fad go tipiciúil. Féadann athchóiriú deiridh na talún bheith ar siúl

suas go dtí bliain tar éis na hoibreacha go léir a chur i gcrích, agus foráil á déanamh do chomhdhlúthú talún agus do dhamáiste talún a athshíoladh.

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Láithreáin (1 – 7 lá oibre);
 - Céim 2 – Bunsraitheanna Túir (3 - 6 lá oibre);
 - Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde (3 - 4 lá oibre);
 - Céim 4 – Suiteáil Seoltóra/ Inslitheora (7 lá oibre); agus
 - Céim 5 – Athchóiriú Talún (1 - 5 lá oibre).
10. Cuirfear an mhodheolaíocht tógála chun feidhme de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus cloífidh sí go hiomlán le gach riachtanas sláinte agus sábháilteachta ábhartha. Is léir nach mar a chéile atá staid na talún ó áit go háit feadh an idirnascaire a bheartaítear. Dá bhrí sin, nach mar a chéile a bheidh na teicnící tógála agus an t-innealra/trealamh a theastóidh chun éascaíocht a dhéanamh do na hathruithe sin ar staid na talún.
11. Beidh dhá iosta tógála le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear: Iosta NIE atá cheana ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigavon, Contae Ard Mhacha; agus suíomh a bheartaítear soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin. Úsáidfear na hiostaí chun feithiclí agus trealamh tógála a stóráil. Déanfar ábhair uile chéim na tógála (línte lasnairde agus túir) a stóráil ansin chomh maith.
12. Is é Carn príomhiosta réigiúnach NIE sa chuid theas de Thuaisceart Éireann. Tá sé cóngarach do thimpeallán M12 Carn agus tá sé 15 mhíle (24 km) ón bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan. Tá an suíomh a bheartaítear i gCarraig Mhachaire Rois ar an taobh thiar den N2 agus tagtar air ó bhóthar áitiúil (an L4700). Tá an bealach isteach chuig an gclós stórála atá ann faoi láthair suite in aice le hacomhal ar an ngréasán bóithre poiblí agus tá an léargas uaidh srianta. Beartaítear mar sin bealach isteach nua chuig an suíomh ón L4700 a thógáil níos faide ó dheas ón gceann atá ann cheana.
13. I rith chéim na tógála, beidh gá le bealaí rochtana sealadacha agus le hoibreacha coimhdeacha eile ag suíomh fhostáisiún Turleenan agus ag gach ceann de na láithreacha túir. Tá gá le bealaí isteach sealadacha ina mbeidh slí do ghléasra tógála, d'ábhar tógála agus do phearsanra chun an t-idirnascaire a bheartaítear a thógáil. Áirítear le bealaí rochtana sealadacha rianta rochtana (nuair is gá), rochtain ar láithreacha sreangaithe, rochtain ar láithreacha cumhdaigh agus rochtain ar láithreacha trasnaithe ísealvoltais.

14. Áirítear leis na hoibreacha a bheartaítear ag Fostáisiún Fhearann na Coille síneadh thiar leis an mbábhún atá ann cheana, mionathruithe ar an sonnach atá ann cheana agus trealamh/gaireas leictreach a chur leis. Áirítear le mionathruithe eile suiteáil a dhéanamh ar chlaochladáin reatha, ar chlaochladáin phoitéinsil ionductacha, ar dhínascáirí, ar lasca dícheangail phantagraif, ar choscairí borrrtha, ar inslitheoirí tacaíochta agus ar bharrá inslitheora tacaíochta; ar struchtúir ghluaisteacha; agus ar aeróg aonpholach thintrí; agus na hoibreacha coimhdeacha gaolmhara tógála agus forbairt láithreáin go léir.
15. Áirítear le hoibreacha cúntacha bearta maolaithe comhshaoil, sreangú na líne, láithreacha cumhdaigh thar bhóithre, línte lasnairde agus roinnt aibhneacha, seirbhísí a chur ar mhalairt slí agus bearta eile a mbeidh gá leo chun tionchar na tógála a laghdú oiread agus is féidir.
16. Ullmhaíodh srac-Phleananna um Bainistiú Comhshaoil Tógála (sracphlean den CEMP) le haghaidh Thograí SONI agus EirGrid. Cinntíonn na sracphleananna sin den CEMP go gcomhlíontar gach beart maolaithe a mheastar a bheith riachtanach chun an comhshaoil a chosaint roimh an tógáil, le linn na tógála agus/nó le linn oibriú an idirnascaire a bheartaítear. Ullmhaíodh na sracphleananna den CEMP tar éis comhordú dlúth agus tá siad comhsheasmhach ó thaobh cur chuige de. Tá difríochtaí beaga iontu chun an reachtaíocht agus an treoir náisiúnta faoi seach a chur san áireamh.

3. Roghanna Eile

3.1 Réamhrá

1. Feidhmíodh an scrúdú agus an measúnú ar roghanna malartacha a rinneadh i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear de réir reachtaíocht an AE agus na Measúnachta Tionchair Timpeallachta don dhá dhlínse, ina gceanglaítear gur cheart an méid seo a leanas a bheith in ES agus in EIS “*Breac-chuntas ar na príomhroghanna malartacha a ndearna an forbróir staidéar orthu agus léiriú ar na príomhchúiseanna lena chinneadh, ag cur tionchar ar an gcomhshaoil san áireamh*” (Treoir Chódaithe an EIA 2011/92/AE Pointe 2).
2. I gcomhthéacs na roghanna malartacha tá dhá phríomhathróg ar a ndearnadh measúnú – na roghanna eile teicneolaíochta (i.e. an cineál córais a d’fhéadfaí a úsáid, e.g. HVAC nó HVDC) agus na suíomhanna malartacha agus an treorú malartach (i.e. an bealach a bhféadfaí an líne a chur air).
3. Cuimsíodh measúnú sa phróiseas chomh maith ar an rogha “Déan Faic” nó “Gan Ghníomhaíocht” (i.e. an cás nach dtiteann forbairt ar bith amach). Sa chás seo, faoin rogha Déan Faic, ní dhéanfaí athruithe nó mionathruithe ar bith ar an mbonneagar tarchuir straitéiseach atá ann cheana. Faoin rogha Déan Faic, ní dhéanfaí na riachtanais straitéiseacha idirghaolmhara maidir le hidirnasc breise idir an dá chóras tarchuir leictreachais ar oileán na hÉireann a phlé. Mura ndéanfaí faic ní phléifí an gá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh leictreachais, mar a cheanglaítear faoin “Tríú Pacáiste Fuinnimh” i dTreoracha agus Rialacháin atá ann cheana ón Aontas Eorpach, agus chuirfí bac ar réadú beartais rialtais uile-oileáin chun giniúint fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Chomh maith leis sin, ní sheachadfaí an cumas aistrithe leictreachais breise lena bhfuil gá chun feabhsuithe a sholáthar i slándáil an tsoláthair leictreachais laistigh d’oileán na hÉireann go ginearálta. Ag cur san áireamh go bhfuil an t-idirnasc leictreachais reatha idir córais tarchuir Thuaisceart Éireann agus Éireann neamhleor chun na príomhchuspóirí sin a bhaint amach, níl an rogha Déan Faic inghlactha, agus mar sin tá sí diúltaithe ag na hiarratasóirí faoi seach araon.
4. Chomhordaigh na hiarratasóirí faoi seach go dlúth le chéile chun measúnú beacht a dhéanamh ar na roghanna malartacha ar fad. Rinne an dá pháirtí roghanna malartacha a scrúdú agus a shainaithint maidir leis idirnasc córas tarchuir feabhsaithe a bhaint amach idir Thuaisceart Éireann agus Éire ag comhlíonadh na saincheanglas feidhmíochta agus ag tabhairt airde ar phríomhcheisteanna comhshaoil. Bhí roinnt gnéithe ar leith i gceist sa phróiseas lena n-áirítear breithniú ar na roghanna maidir leis an gcumas dearaidh tosaigh, measúnú a dhéanamh ar

na modhanna tarchuir atá ar fáil, agus na gnéithe criticiúla feidhmíochta a theastaíonn i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear a shainaithint.

3.2 Roghanna Eile Teicneolaíochtaí

5. Áiríodh sa scrúdú ar roghanna eile teicneolaíochta tagairt do staidéir agus do thuarascálacha a rinne comhairleoirí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta orthu, cuid díobh arna gcoimisiúnú ag na hiarratasóirí faoi seach agus cuid díobh arna gcoimisiúnú ag an Rialtas. Bhí na conclúidí ó na tuarascálacha sin ina mbonn eolais faoi mheasúnú na n-iarratasóirí faoi seach ar na roghanna malartacha, agus chuidigh siad lena dtuairim a dhearbhu gurb é an réiteach is praiticiúla chun an t-idirnasc a bhaint amach ná líne tharchuir lasnairde le sruth malartach ardvoltais (HVAC nó AC).
6. Is iad seo a leanas na príomhchonclúidí lenar dearbhaíodh roghnúchán na líne lasnairde mar an modh roghnaithe chun an t-idirnascaire a bheartaítear a sheachadadh:
 - Diúltú na teicneolaíochta faoin bhfarráige mar ghnéithe riosca neamhriachtanacha, tionchar comhshaoil agus costas breise suntasach a chur i láthair sa chás go bhfuil roghanna eile praiticiúla thar tír ann i gcomhair idirnasc córas tarchuir;
 - Aitheantas nach mbeadh buntáistí suntasacha teicneolaíochta nó comhshaoil ar bith ag baint le sruth díreach ardvoltais (HVDC), ach go gcuirfeadh sé castacht, costas agus baol an-suntasach breise i láthair i gcomparáid le teicneolaíocht HVAC;
 - An ardcheannasacht ar fud an domhain atá ag línte lasnairde HVAC i gcomhair feidhmeanna tarchuir, agus easpa feidhm tarchuir ar fud an domhain de chiorcad cábla HVAC ag teannadh le fad an idirnascaire a bheartaítear ag an voltas deartha;
 - An costas suntasach breise saoil agus an chastacht teicneolaíochta a bhaineann le glacadh le teicneolaíocht chábala faoi thalamh i gcomhair feidhmeanna ciorcad tarchuir ardvoltais, mar aon leis an tionchar méadaithe le linn chéim na tógála; agus,
 - Iontaofacht agus feidhmíocht ardchéimiúil teicneolaíocht líne lasnairde AC nuair chuirtear i bhfeidhm í ar chórais tarchuir chomhtháite.

7. Is é an chonclúid fhoriomlán ar tháinig na hiarratasóirí faoi seach uirthi ná go dtacaíonn an measúnú ar na roghanna malartacha tarchuir go hiomlán lena dtogra maidir leis an idirnascaire a bheartaítear a thógáil trí líne tharchuir lasnairde de chiorcad aonair AC 400 kV.

3.3 Suíomh agus Roghanna Eile Treoraithe

8. Thug na hiarratasóirí faoi seach faoi phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar áiteanna malartacha i gcomhair idirnascaire córas tarchuir, conairí bealaigh inmharthana i gcomhair líne tharchuir lasnairde idir na pointí nasctha roghnaithe agus an dá chóras tarchuir ar oileán na hÉireann, mar aon le roghnúchán línebhealach lasnairde mionsonraithe. Tugadh faoin bpróiseas de réir chuspóir na n-iarratasóirí faoi seach chun tionchar an idirnascaire a bheartaítear ar an gcomhshaoil a íoslaghdú de réir Treoirínte foilsithe agus an dea-chleachtais.

9. Breathnaíodh ar a lán roghanna eile maidir le nasc, dearadh, suíomh agus treorú an idirnascaire a bheartaítear:

- Roghanna eile idirnascaire leis na gcóras. Cúig réiteach fhéideartha atá indéanta ón taobh teicniúil de a shainiú. As na cúig cinn sin, diúltaíodh dhá cheann (an Rogha Thiar agus Rogha Iolra 110kV) ag céim measartha luath toisc gur measadh go raibh a gcumais chun cumhacht a aistriú lag i gcomparáid le roghanna féideartha eile;
- Sainiú limistéir staidéir mhalartacha maidir leis na trí rogha eile, dhá rogha naisc “Lár na Tíre” (lena n-áirítear an rogha a roghnaíodh ar deireadh um nasc idir Drumkee, Contae Thír Eoghain agus Dún an Rí, Contae an Chabháin) agus rogha naisc Thoir a dhéanfadh an nasc idirnascaire reatha idir Tóin re Gaoith agus Lú a dhúbailt;
- Ag féachaint don tionchar comhshaoil suntasach dóchúil, roghanna um chonairí bealaigh malartacha a shainiú agus a mheasúnú laistigh de limistéir staidéir Lár na Tíre agus Thoir, as ar roghnaíodh an rogha conair bealaigh idir Drumkee agus Dún an Rí;
- Ar leithligh (ach go comhthráthach) ón bpróiseas chun ailíniú an dara hidirnascaire thuaidh-theas a aithint, thug Eangach Náisiúnta BSL faoi thionscadal agus é mar chuspóir aige slándáil agus iontaofacht níos fearr an tarchuir leictreachais in oirthuaisceart na hÉireann a chinntiú. Cé go bhfuil siad ag tosú mar thionscadail ar leith, d'éirigh sé soiléir go raibh méid áirithe forluí féideartha ag na roghanna malartacha don rogha limistéar staidéir leathan do

thionscadal an dara hidirnascaire, agus acu siúd d'atreisiú bonneagar tarchuir sa limistéar thoir thuaidh agus gur chuir sé sin bonn iomchuí ar fáil chun na sineirgí idir an dá thionscadal a imscrúdú. Dá réir sin, cinneadh gur chóir an t-idirnascaire a bheartaítear idir Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana i gContae na Mí agus Fostáisiún Turleenan a bheartaítear i gContae Thír Eoghain, a chur i limistéar staidéir leathan Lár-Tíre ina mbeidh Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí in Éirinn agus a bheidh suite, go háirithe, siar ón Uaimh, Contae na Mí. Sainaitníodh trí rogha um 'Chonair Bhealaigh Fhéideartha' ina dhiaidh sin do Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA)¹⁸ agus do Limistéar Staidéir na Mí (MSA)¹⁹ ag seachaint nuair ab fhéidir na srianta ba shuntasáí a sainaitníodh. Tar éis measúnú comparáideach ar roghanna um chonair bhealaigh sainaitheanta inar cuireadh réimse leathan critéir theicniúla, chomhshaoil agus eile san áireamh, sainaitníodh conair bhealaigh Rogha A i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) agus conair bhealaigh Rogha 3B i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) a bheith ar an rogha conair bealaigh roghnaithe.

- Roghanna eile a shainaithint agus a mheasúnú maidir le treorú na líne lasnairde mionsonraithe laistigh den rogha conair bhealaigh agus prionsabail bhunaithe um threorú líne lasnairde a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear comhairliúchán le húinéirí talún agus comhcheangal de ghnéithe comhshaoil agus praiticiúla a bhreithniú) ar shainaithint bealaigh tugtha chun críche le haghaidh na líne lasnairde a bheartaítear;
- Measúnú ar dhearadh na dtúr chun an rogha is fearr agus is féidir a chinneadh;
- Trí shuíomh fostáisiúin mhalartacha a shainaithint agus a mheasúnú i gcóngracht an phointe nasctha tarchuir a roghnaíodh, as ar roghnaíodh Turleenan gar do Mhaigh, Contae Thír Eoghain (seachas an suíomh tosaigh gar do Drumkee); agus

¹⁸Tagraíonn Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA) don chuid sin den limistéar staidéir foriomlán ó thuaidh de líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana, agus ó dheas den teorainn dhlínse le Tuaisceart Éireann.

¹⁹tagraíonn Limistéar Staidéir na Mí (MSA) don chuid sin den limistéar staidéir, ó dheas de líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana féin, agus ag síneadh chuig Fostáisiún Fhearann na Coille, agus á chuimsiú.

- Measúnú ar roghanna eile maidir le dearadh agus leagan amach an fhostáisiúin, agus an rogha dheiridh teicneolaíochta a úsáideadh d'fhonn lorg iomlán agus tionchar comhshaoil an fhostáisiúin a bheartaítear a laghdú.
10. Bhí an t-idirnascaire a bheartaítear faoi réir scrúdú fairsing ar roghanna eile. Tá maolú tionchar comhshaoil trí dhearadh ina ghné bhunúsach de phróiseas forbartha na n-iarratasóirí faoi seach. Bhí sé sin ina chur chuige chomh maith maidir le rogha shuíomh fhostáisiún Turleenan a bheartaítear. Meastar gurb é treorú agus rogha láthair an tsuímh na roghanna is fearr ar fad i measc an iliomad roghanna a breithníodh ar feadh an phróisis forbartha.

4. An Pobal – Socheacnamaíoch

4.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar na gnéithe socheacnamaíocha sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is iad na caibidlí ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún) agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht). Is í an chaibidil ábhartha den EIS ná Caibidil 2 (Daoine – Pobal agus Eacnamaíoch) d’Imleabhar 3C agus d’Imleabhar 3D.

4.2 Modheolaíocht

3. Cinneadh na tosca bonnlíne i ndáil le déimeagrafaic ó athbhreithniú ar shonraí ábhartha daonra agus déimeagrafacha, ar fhoilsigh Príomh-Oifig Staidrimh (CSO) na hÉireann agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA) iad, chomh maith le pleananna forbartha reachtúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Déantar sonraí déimeagrafacha agus próifílí ar lonnaíochtaí sa limistéar a ndearnadh measúnú air a chur ar fáil sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS. Is é cuspóir an mheasúnaithe seo sainnithint a dhéanamh ar gach lonnaíocht sa limistéar a ndearnadh measúnú air agus forbheathnú a chur ar fáil ar ghréasáin éagsúla lonnaíochta ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air agus ar conas a d’fhéadfadh an t-idirnascaire a bheartaítear dul i bhfeidhm ar dhéimeagrafaic agus ar ghréasáin lonnaíochta. Déantar breithniú freisin ar an bhféidearthacht go dtiocfadh tionchar geilleagrach agus fostaíochta aníos mar thoradh ar an idirnascaire a bheartaítear.
4. Tá an measúnú a rinneadh ar thionchar don idirnascaire a bheartaítear bunaithe ar shaineolas gairmiúil chomhairleoirí an tionscadail agus cuirtear treoir ábhartha san áireamh amhail:
 - EPA Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (*Treoirlínte an EPA maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta*) (2002); agus,
 - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013), Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (*Treoirlínte d’Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh*)

5. Is ionann na modheolaíochtaí um measúnacht tionchair a úsáideadh sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta araon den chuid is mó.
6. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún), Rannán 14.2 agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.2 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 2 (Daoine – An Pobal agus Eacnamaíocht), Rannán 2.2 san EIS.

4.3 An Comhshaol ina mBeidh an tIdirnascaire

4.3.1 Déimeagrafaic

7. I staitisticí daonra ar fhoilsigh an CSO agus NISRA iad, léirítear méadú os cionn 14% ar an daonra ar oileán na hÉireann idir 2002 agus 2011. Mhéadaigh sé ó thart ar 5.6 milliún duine go 6.4 milliún duine le linn na tréimhse sin. Tuartar i réamh-mheastacháin daonra d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann go mbeadh tuilleadh fás fadtéarmach faoin daonra. Réamh-mheastar go sáróidh daonra oileán na hÉireann 7 milliún duine faoi 2034.
8. Tá roinnt bailte móra lonnaithe sa limistéar a ndearnadh measúnú air, lena n-áirítear Ard Mhacha, Dún Geanainn, Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan, Béal Átha Beithe, Searcóg, Dún an Rí, an Uaimh, Dún Seachlainn agus Baile Átha Troim. Áirítear leis na bailte beaga sa limistéar a ndearnadh measúnú air an Maigh, an Bhinn Bhorb, an Port Mór, Tulaigh Sháráin, Artasooly, Coillidh Léith, Drumsallen, Aghavilly, na Madain, Doire Núis, an Obair, Cnoc an Línsigh, Cill Mhaighneann agus Cill Mheasáin. Faoin leibhéal lonnaíochta sin, tá lonnaíochtaí níos lú eile atá lonnaithe ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air. Tá áiteanna cónaithe tuaithe aonair ina gné de ghréasáin lonnaíochta ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air.
9. Seachnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaíochtaí móra agus bailte beaga. Mar thoradh ar a fhorleithne is atá áiteanna cónaithe tuaithe aonair ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air, áfach, tá tionchar ag an gcineál sin lonnaíochta ar ionadú an bhonneagair a bheartaítear. Agus breithniú á dhéanamh ar áiteanna cónaithe tuaithe aonair, tá fágáil an oiread spáis agus is féidir idir an líne lasnairde agus na háiteanna cónaithe sin ar cheann de na critéir deartha le haghaidh threorú an bhonneagair tarchuir a mhéid is infheidhmithe.
10. Is minic a fhaightear áiseanna pobail taobh amuigh de na lonnaíochtaí dá dtagraítear roimhe seo, áiseanna ar a dtugann scata mór daoine cuairt go rialta, ar nós scoileanna, séipéal agus clubanna spóirt. Ar an gcuma chéanna le háiteanna

cónaithe, tá fágáil an oiread spáis agus is féidir idir an líne lasnairde agus na háiseanna pobail seo i gceist le critéar deartha breise.

4.3.2 Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach

11. Díríonn an bonn geilleagrach sa limistéar a ndearnadh measúnú air ar na hearnálacha seo a leanas go traidisiúnta: déantúsaíocht, talmhaíocht agus táirgeadh bia, an tionscal seirbhíse (lena n-áirítear oideachas, sláinte, seirbhísí gairmiúla agus miondíol), forbairt tuaithe agus turasóireacht. Cé go bhfuil roinnt seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta lonnaithe sa limistéar a ndearnadh measúnú air, go háirithe sna lárionaid uirbeacha níos mó, is measartha íseal go dtí seo atá leibhéal infheistíochta isteach i gcomparáid le cathracha móra amhail Baile Átha Cliath agus Béal Feirste.
12. Cé go bhfuil an fhostaíocht agus gníomhaíochtaí geilleagracha scaipthe ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air, faightear bunús an fhuadair sna bailte príomha, gan fostaíocht feirm-bhunaithe, rud atá scaipthe, a áireamh. Ós rud é go bhfuil an fhostaíocht comhchruinnithe sna ceantair uirbeacha mhóra amhail Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) agus Mórcheantar Uirbeach Bhéal Feirste (BMA), taistealaíonn cuid mhór den phobal chuig áiteanna taobh amuigh de na limistéir a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh na hoibre.
13. Cé gur tháinig méadú ar an dífhostaíocht as an gcor chun donais eacnamaíoch le blianta beaga anuas, is mó a d'fhulaing contaetha na teorann ná na mórcheantair uirbeacha a bhfuil bonn geilleagrach níos éagsúla acu. De réir na dtreochtaí fostaíochta, tiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar eárnálacha traidisiúnta an gheilleagair. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm ag údaráis forbartha geilleagraí i gcontaetha na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon an fhostaíocht agus an ghníomhaíocht gheilleagrach a éagsúlú agus a mhéadú thar an dúrud eárnálacha, lena n-áirítear agraibhia, seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, fuinneamh in-athnuaite, eolaíochtaí beatha agus an turasóireacht.
14. Ina leith sin, is gá go bhfuil bonneagar agus seirbhísí iomchuí ar fáil chun tacú le forbairt gheilleagrach.
15. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún), Rannán 14.3 agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.3 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 2 (Daoine – An Pobal agus Eacnamaíocht), Rannán 2.4 san EIS.

4.4 Bearta Maolaithe

16. Imríonn tosca leathana sóisialta agus geilleagracha tionchar ar dhéimeagrafaic daonra agus leanfaidh sí ar aghaidh ag athrú sna blianta amach romhainn is cuma cé acu seo an leanann nó nach leanann an t-idirnascaire a bheartaítear seo ar aghaidh. Dá bhrí sin, níl aon bearta maolaithe ag teastáil.
17. Maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar thaitneamhachtaí an daonra reatha agus an daonra a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú, cuireadh an príomhbheart maolaithe isteach i gcéim an deartha tríd an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail.
18. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún), Rannán 14.5 agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.5 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 2 (Daoine – An Pobal agus Eacnamaíocht), Rannán 2.6 san EIS.

4.5 Tionchar Iarmharach

4.5.1 Céim na Tógála

19. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag céim thógála an idirnascaire a bheartaítear ar dhéimeagrafaic daonra.
20. Ó thaobh an gheilleagair de, meastar gurb ionann luach caipitiúil an idirnascaire a bheartaítear agus timpeall €286 milliún. Soláthrófar poist dhíreacha agus indíreacha ar an suíomh agus lasmuigh den suíomh de bharr chéim na tógála i rith na tréimhse tógála. Geall le mórthionscadail eile tógála, tabharfar cuireadh chun tairiscint iomaíoch. Ar an ábhar sin, ní fhéadfaí a lua an méid ábhair tógála, seirbhísí, etc., a cheannófar sa limistéar a ndearnadh measúnú air. D'fhéadfaí ábhair ar nós coincréite agus ábhar eile caighdeánach a fháil go háitiúil más féidir. Is dóchúil go bhfaighfear ábhair leictreacha eile níos speisialaithe, amhail túir chruach, seoltóirí, inslitheoirí agus cruá-earraí eile líne, lasmuigh den limistéar a ndearnadh measúnú air. Is dóchúil go gcothófar fostaíocht indíreach agus gníomhaíocht gheilleagrach i siopaí áitiúla, i mbialanna agus in óstáin de bharr an tionscadail tógála agus de bharr go mbeadh fostaithe an tionscadail suite sa limistéar a ndearnadh measúnú air.
21. Dá bharr sin, is dóchúil go mbeidh dea-thionchar áitiúil ar gheilleagar an limistéir a ndearnadh measúnú air le linn chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear.

22. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún), Rannán 14.6 agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 2 (Daoine – An Pobal agus Eacnamaíoch), Rannán 2.7 san EIS.

4.5.2 An Chéim Oibríoch

23. Nuair a bheidh sé i mbun feidhme, déanfaidh an t-idirnascaire a bheartaítear a chuid lena chinntiú nach bhfuil an eangach leictreachais ina bac ar thuilleadh mórinfheistíochta i ngníomhaíochtaí giniúna fostaíochta ar oileán na hÉireann. Beidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le sochair leathana gheilleagracha mar a mheasúnaítear i Rannán 5.7 (Tionchar Trasteorann).
24. Tríd an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail le linn chéim an Treoraithe, seachnaíodh tionchar diúltach suntasach.
25. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún), Rannán 14.6 agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 2 (Daoine – An Pobal agus Eacnamaíoch), Rannán 2.7 san EIS.

4.6 Tionchar Trasteorann

26. Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúchán a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann, agus beidh na buntáistí sin le sonrú sa dá dhlíne. Thug staidéar a rinne Oibreoirí na gCóras Tarchuir le fios go mbeadh tairbhí bliantúlaithe le baint ag an margadh as seachadadh an idirnascaire a bheartaítear; bheadh timpeall €20 milliún in aghaidh na bliana i gceist in 2020 agus idir €40 milliún agus €60 milliún faoi 2030. Is tionchar trasteorann eacnamaíoch dearfach suntasach é sin.
27. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 20 (Tionchar Trasteorann) sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 2 (Daoine – An Pobal agus Eacnamaíoch), Rannán 2.9 san EIS.

4.7 Conclúidí

28. Rinneadh measúnú ar an tionchar dóchúil le linn chéim na tógála agus na céime oibríche araon. Tiocfaidh caiteachas suntasach caipitil as céim na tógála. Is dóchúil go ndéanfaidh sé tairbhe don limistéar a ndearnadh measúnú air agus don

mhórlimistéar maidir leis an trealamh a cheannófar, leis an bhfostaíocht agus le tionchar indéreach (e.g. cóiríocht d'oibríthe tógála agus caiteachas sna tionscail fáilteachais).

29. Meastar gurb é treorú na líne lasnairde a bheartaítear an rogha iomlán is fearr ar fad i measc an iliomad roghanna a breithníodh ar feadh an phróisis forbartha. Maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar thaitneamhachtaí an daonra reatha agus an daonra a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú, cuireadh an príomhbheart maolaithe isteach i gcéim an deartha tríd an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar diúltach suntasach socheacnamaíoch.
30. Tíocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúchán a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann, agus beidh na buntáistí sin le sonrú sa dá dhlínse.

5. An Pobal – Turasóireacht

5.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar na gnéithe turasóireachta agus taitneamhachta sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is iad na caibidlí ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún) agus Caibidil 15 (Socheacnamaíocht). Is í an chaibidil ábhartha den EIS ná Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht) d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D.

5.2 Modheolaíocht

3. Socraíodh na dálaí bonnlíne i dtaca le turasóireacht agus taitneamhacht go príomha ó athbhreithniú ar na sonraí ábhartha a d'fhoilsigh Fáilte Éireann agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann. Cuireadh leis sin trí shonraí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí turasóireachta áitiúla, trí ábhair agus trí shonraí um chur chun cinn na turasóireachta a bhí ar fáil agus trí chuartheanna chuig limistéar an mheasúnaithe. Baineadh leas as an bhfaisnéis bhonnlíne chun láthair agus úsáidí na suíomhanna turasóireachta in aice leis an idirnascaire a bheartaítear a dhéanamh amach. Rinneadh an measúnú ar an bhféidearthacht go mbeadh tionchar le sonrú, a bhreithniú. Measadh suntasacht an tionchair sin sna measúnuithe mionsonraithe atá in áiteanna eile sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS. Baineadh sochar as treoirlínte maidir lena ndéileáiltear leis an turasóireacht in EIS, arna gcur ar fáil ag Fáilte Éireann, chun cúnamh a thabhairt leis an measúnú san EIS.
4. Is é cuspóir an mheasúnaithe seo aghaidh a thabhairt go sonrath ar thionchar an idirnascaire a bheartaítear ar thurasóireacht agus taitneamhacht sa limistéar a ndearnadh measúnú air, agus aon tionchar ar an ngeilleagar mar thoradh air sin.
5. Tá an measúnú a rinneadh ar thionchar féideartha don idirnascaire a bheartaítear bunaithe ar shaineolas gairmiúil chomhairleoirí an tionscadail agus cuirtear treoir ábhartha san áireamh amhail:
 - Scottish Government (2008), Economic impacts of Wind Farms on Scottish Tourism;

- Treoirínte maidir lena nDéileáiltear le Turasóireacht in EIS (2011), arna gcur ar fáil ag Fáilte Éireann; agus,
 - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013): Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (*Treoirínte d'Údaráis Pleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh*).
6. Cé go raibh treoirínte ar leith ar fáil ó Fháilte Éireann i dtaca leis an EIS, is ionann na modheolaíochtaí um measúnacht tionchair a úsáideadh sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS den chuid is mó.
7. Gné choiteann den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus den EIS araon ná i gcás go bhfuil baint ag an ní is díol spéise do thurasóirí leis an tírdhreach nó leis an oidhreacht chultúrtha mar shampla, go ndéantar measúnú sna caibidlí sonracha sin ar an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ar an ábhar comhshaoil ar leith sin. Ina dhiaidh sin, úsáidtear torthaí an mheasúnaithe chun cabhrú leis an measúnú turasóireachta. Tagann sé seo leis an gcur chuige a mholann Fáilte Éireann ina chuid treoirínte (Fáilte Éireann [2011]) ina dtugtar an chomhairle gur cheart cur síos a dhéanamh ar thréithe na turasóireachta, nó na hacmhainní a choinníonn an turasóireacht sa cheantar ar dócha go mbeadh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear air faoi na ceannteidil: comhthéacs, tréith, tábhacht agus íogaireacht. Cuimseofar an anailís agus an cur síos mionsonraithe sa rannán ina ndéileáiltear leis an ábhar comhshaoil ábhartha de ghnáth – amhail 'Tírdhreach'. Ní gá ach na torthaí ábhartha maidir le tábhacht dhóchúil don turasóireacht, nó an tionchar dóchúil ar thurasóireacht a achoimriú sa rannán maidir leis an turasóireacht. [Aistriúchán Neamhoifigiúil].
8. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.2 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht), Rannán 4.2 san EIS.

5.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

5.3.1 Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí

9. Sainithnítear nithe is díol spéise do thurasóirí sa limistéar a ndearnadh measúnú air agus tugtar cuntas gairid orthu freisin. Tá siad seo a leanas ar na príomhnithe spéise a sainithníodh sa limistéar a ndearnadh measúnú air:
- Eamhain Mhacha i gContae Ard Mhacha (suite timpeall 2.4 km soir ón líne lasnairde);

- Prióireacht na Binne Boirbe i gContae Thír Eoghain (suite timpeall 1.4 km soir ón líne lasnairde);
 - Teach Argory i gContae Ard Mhacha (suite timpeall 1.5 km soir ón líne lasnairde);
 - Slí Mhuineacháin (trasnaíonn an líne lasnairde í);
 - Lochán Leagha i gContae an Chabháin (suite timpeall 1.5 km siar ón líne lasnairde);
 - Páirc Foraoise Dhún an Rí i gContae an Chabháin (suite timpeall 2.5 km soir ón líne lasnairde);
 - Caisleán Bhaile Átha Troim i gContae na Mí (timpeall 6 km siar ón líne lasnairde);
 - Cnoc na Teamhrach i gContae na Mí (timpeall 6 km soir ón líne lasnairde);
 - Mainistir Bheighthí i gContae na Mí (timpeall 800 m soir ó thuaidh ón líne lasnairde); agus
 - Tiomáint Ghleann na Bóinne agus na taitneamhachtaí mórtimpeall (trasnaithe ag an OHL).
10. Áirítear le príomhnithe spéise eile do thurasóirí: Loch Mucnú i gContae Mhuineacháin, an Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid UNESCO ag Brú na Bóinne i gContae na Mí agus suíomh Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid i gContae na Mí, tá siad seo le fáil lasmuigh den limistéar a ndearnadh measúnú air ach rinneadh breithniú orthu le linn an phróisis um roghnú bealaigh. Critéar deartha ba ea seachaint na suíomhanna seo ag céim roghnúcháin an bhealaigh.

5.3.2 Lóistín do Thurasóirí

11. Sainaithnítear lóistín do thurasóirí sa limistéar a ndearnadh measúnú air agus tugtar cuntas gairid air freisin sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS. Aimsíodh go bhfuil trí sholáthróir lóistín le fáil laistigh de 2 km den idirnascaire a bheartaítear. Go ginearálta, is teachíní saoire iad seo atá lonnaithe i gceantair thuaithe.

5.3.3 Gníomhaíochtaí Turasóireachta agus Taitneamhachta

12. Siocair gur forbairt líneach é an t-idirnascaire a bheartaítear atá thart ar 138 km ar fad, tugtar faoi mhórán gníomhaíochtaí turasóireachta feadh na forbartha laistigh de

na limistéir a ndearnadh measúnú orthu. I measc na gníomhaíochtaí móra tá ócáid bhliantúil Aonach an Mhaí i gContae an Chabháin agus Aonach Dhún Doire i gContae na Mí. Ar na gníomhaíochtaí eile turasóireachta agus taitneamhachta a bhíonn ar siúl sa limistéar a ndearnadh measúnú air tá babhláil bóthair, slatiascaireacht, scaoileadh, eachaíocht, rothaíocht, curachóireacht agus siúl. Gníomhaíochtaí coitianta iad seo a bhíonn ar siúl i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

5.3.4 Ioncam Turasóireachta agus Gníomhaíocht Gheilleagrach

13. Níl faisnéis ar fáil i ndáil le hioncam turasóireachta ná le gníomhaíochtaí lena mbaineann le haghaidh an limistéir a ndearnadh measúnú air toisc nach mbailítear an cineál sin faisnéise ach le haghaidh limistéir níos mó macasamhail réigiún nó contaetha. Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil, is féidir a dhéanamh amach gurb íseal é líon na gcuariteoirí a thagann chuig an limistéar a ndearnadh measúnú air i gcomparáid le réigiúin eile in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Aithnítear, áfach, gur foinse thábhachtach ioncaim agus fostaíochta é ioncam turasóireachta sna ceantair áitiúla ina dtuilltear é, agus is cosúil go n-éireoidh sé níos tábhachtaí de réir mar a fhorbrófar táirgí turasóireachta amach anseo.
14. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.3 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht), Rannán 4.4 san EIS.

5.4 Bearta Maolaithe

15. Ba é roghnú bealaigh an príomhbheart maolaithe a úsáideadh leis an bhféidearthacht go mbeadh drochthionchar ar thurasóireacht agus ar thaitneamhacht a laghdú.
16. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.5 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht), Rannán 4.6 san EIS.

5.5 Tionchar Iarmharach

5.5.1 Céim na Tógála

17. Táthar ag súil leis go mbeidh an tionchar diúltach teoranta do thionchar tógála ó thaobh torainn agus tráchta de, tionchar ar an timpeallacht ag suíomhanna oidhreachta cultúrtha, agus tionchar ar an tírdhreach agus tionchar amhairc.

D'fhéadfadh tionchar indéach a bheith ag an tionchar sealadach sin ar an turasóireacht áitiúil, ach ní bheidh sé seo rómhór.

18. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht), Rannán 4.7 san EIS.

5.5.2 An Chéim Oibríoch

19. Ní bheidh aon tionchar díreach ar an turasóireacht toisc nach gcuirfidh an t-idirnascaire a bheartaítear isteach go fisiciúil ar aon láithreacha turasóirí. Ní bheidh tionchar mór turasóireachta le sonrú de bhrí tionchar amhairc agus tionchar cultúrtha ag suíomhanna tábhachtacha turasóireachta, lena n-áirítear Teach Argory, Eamhain Mhacha, Prióireacht na Binne Boirbe, Slí Mhuineacháin, Mainistir Bheighthí agus Slí Thiomána Ghleann na Bóinne.
20. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 15 (Socheacnamaíocht), Rannán 15.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht), Rannán 4.7 san EIS.

5.6 Tionchar Trasteorann

21. Tá na nithe is díol spéise do thurasóirí is tábhachtaí i dTuaisceart Éireann lonnaithe i gcontaetha atá i bhfad ón idirnascaire a bheartaítear. Tá príomhnithe spéise i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, lena n-áirítear an Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid UNESCO ag Brú na Bóinne i gContae na Mí agus suíomh Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid i gContae na Mí, suite timpeall 20 km ón idirnascaire a bheartaítear. Dá bhrí sin, ní gá na nithe spéise sin a bhreithniú a thuilleadh mar gheall ar a fhad atá siad ón idirnascaire a bheartaítear.
22. Níl limistéar na teorann idir Ard Mhacha agus Muineachán ar cheann de réigiúin bhunaithe Fháilte Éireann ná Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, agus ní shaináithnítear ní is díol spéise do thurasóirí ná taitneamhacht shonrach ar bith sa limistéar sin.
23. Mar gheall ar an spás idir príomhnithe spéise do thurasóirí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ní mheastar go mbeidh aon drochthionchar suntasach trasteorann ag an idirnascaire a bheartaítear.
24. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 20 (Tionchar Trasteorann) sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 4 (Daoine – Turasóireacht agus Taitneamhacht), Rannán 4.7 san EIS.

5.7 Conclúidí

25. Ní bheidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar díreach ar an turasóireacht. Táthar ag súil leis go mbeidh an tionchar diúltach teoranta do thionchar tógála ó thaobh torainn agus tráchta de, tionchar ar an timpeallacht ag suíomhanna oidhreachta cultúrtha, agus tionchar ar an tírdhreach agus tionchar amhairc. Ní bheidh tionchar mór turasóireachta le sonrú de bhrí tionchar amhairc agus tionchar cultúrtha ag suíomhanna tábhachtacha turasóireachta, lena n-áirítear Teach Argory, Eamhain Mhacha, an Bhinn Bhorb, Slí Mhuineacháin, Mainistir Bheighthí agus Slí Thiomána Ghleann na Bóinne.

6. An Pobal – Úsáid Talún

6.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar Úsáid Talún sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 14 (Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún) agus is iad na caibidilí ábhartha den EIS ná Caibidil 3 (Daoine – Úsáid Talún) d'Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

6.2 Modheolaíocht

3. Seo a leanas an mhodheolaíocht i gcomhair measúnú sa bhreithmheas seo:
 - Tugtar faoi bhreithmheas bonnlíne;
 - Déantar breithmheas ar mhéid an tionchair le linn chéim na tógála, na céime oibríche agus chéim an díchoimisiúnaithe; agus
 - Cinntear suntasacht an tionchair trí mheasúnú a dhéanamh ar an timpeallacht bhonnlíne agus ar mhéid an tionchair.
4. Déantar tagairt sa mheasúnú faoi leith seo do na foinsí sonraí seo a leanas:
 - Sonraí teorann Chlárlann na Talún²⁰ le haghaidh gabháltas feadh an idirnascaire a bheartaítear sa chomhshaoil ina mbeidh an t-idirnascaire;
 - Suirbhéanna cois bóthair;
 - Grianghrafadóireacht ón aer feadh na forbartha go léir;
 - Staitisticí talmhaíochta agus gairneoireachta;
 - Éire – Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ó Áireamh Talmhaíochta 2010; agus

²⁰ An tÚdarás Clárúcháin Maoine (Éire) agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra – Seirbhísí Talún agus Maoine (Tuaisceart Éireann)

- Tuaisceart Éireann – The Agricultural Census in Northern Ireland: Results for June 2012 (*Áireamh Talmhaíochta Thuaisceart Éireann: Torthaí le haghaidh Mhí an Mheithimh, 2012*);
 - Grianghrafadóireacht ón aer agus LiDAR feadh an idirnascaire a bheartaítear.

6.2.2 Measúnú Bonnline

5. Déantar cur síos sa mheasúnú bonnlíne ar an timpeallacht i leith Úsáid Talún (talmhaíocht, gairneoireacht agus foraoiseacht [lena n-áirítear fáschoillte sailí]) sa limistéar a ndearnadh measúnú air a chuimsigh Contae Thír Eoghain, Contae Ard Mhacha, Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí. Tugtar faisnéis faoi na cineálacha gabháltais sna cúig chontae sna staitisticí foilsithe. Tugadh faoi shuirbhéanna cois bóthair idir 2011 agus 2013. Ó thaobh na híogaireachta de a léirítear nádúr na timpeallachta i leith Úsáid Talún feadh an idirnascaire a bheartaítear. Tomhas ar a dhóichí atá sé go n-athrófaí fiontar talún mar thoradh ar an idirnascaire a bheartaítear is ciall le híogaireacht sa mheasúnú seo. Ina theannta sin, léiríonn sí an thábhacht, an uathúlacht agus an deacracht a ghabhann le fiontar talún a ionadú. Treoir é Tábla 6.1, ina saináithnítear na critéir chun íogaireacht a aicmiú, atá bunaithe ar threoirínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ón mbliain 2002 agus ar an tsraith Design Manual for Roads and Bridges (*An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid*) (DMRB na Ríochta Aontaithe) ón mbliain 2008. I dtreoirínte an EPA ón mbliain 2002, tugtar sainmhíniú ar íogaireacht mar “*an fhéidearthacht go ndéanfaí athrú suntasach ar ghabhdóir*”. Tugtar na coincheapa a bhaineann le Tábhacht, Rud Annamh agus an Fhéidearthacht atá ann d’Ionadú isteach i dTábla 2.1 Imleabhar 2, Rannán 2, Cuid 5 den DMRB, 2008. Is í sin an mhodheolaíocht chéanna atá in úsáid sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Caibidil 14: Taitneamhacht Pobail agus Úsáid Talún) agus san EIS (Caibidil 3: Daoine – Úsáid Talún, d’Imleabhar 3C agus d’Imleabhar 3D).

Tábla 6.1: Critéir maidir le hAicmiú na híogaireachta²¹

Aicme Íogaireachta	Cineál na Fiontraíochta	Saintréithe
An-mhór	Feirmeacha Fearachais Trialach. Graífheirmeacha (eachaí mórsála, ina ndéantar capaill thábhachtacha a phóru ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta). Fiontair Traenála	Annamh agus tábhachtach ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta. Tá féidearthacht theoranta ann i gcomhair ionadaíochta i ngeall ar shaoráidí sainiúla agus leagan amach inmheánach na feirme.

²¹Tá measúnú ar íogaireacht faoi réir breithiúnas gairmiúil

Aicme Íogaireachta	Cineál na Fiontraíochta	Saintréithe
	<p>Capaill Rása.</p> <p>Dianfhiontair Bheostoic (muca agus éanlaith chlóis), Dianfhiontair Ghairneoireachta.</p> <p>Foraoiseacht Tráchtála agus fáschoillte crann Tráchtála (Saileach san áireamh)</p>	<p>Tá seans an-mhór ann go dtarlóidh athrú má bhíonn túr nó líne lasnairde suite ar na fiontair sin. I gcás feirmeacha muc agus éanlaith chlóis ina bhfuil féidearthacht theoranta i gcomhair ionadaíochta i ngeall ar an deacracht suíomhanna eile a bheadh oiriúnach a fháil.</p> <p>Tá seans an-mhór go dtarlóidh athrú mar a ndéantar conair chead slí a chothabháil faoin líne lasnairde.</p>
Mór	Feirmeacha déiríochta. Fiontair eachaí (Fiontar tábhachtach ar an bhfeirm ach gan dian-Ghraifheirmeacha san áireamh).	Tá seans an-mhór ann go mbeidh athrú i gceist le tionchar ar bith a theorannóidh gluaiseacht beostoic chuig an mol feirme agus ón mol feirme. Bíonn leagan amach innilt banraí shainiúil ar na feirmeacha go ginearálta ionas go mbeidh rochtain ar an gclós feirme – agus is deacair é sin a ionadú.
Meánach	<p>Feirmeacha Eallaigh Mhairteola, feirmeacha Caorach.</p> <p>Fiontair Eachaí (i gcás nach fiontar tábhachtach ar an bhfeirm é).</p> <p>Feirmeacha curaíochta agus curaíochta páirce, curaíochta féir (féar tirim nó sadhlas)</p>	<p>Tá an fhéidearthacht atá ann go ndéanfaí athrú níos lú ná a dhéanfaí ar fheirmeacha déiríochta toisc nach gcaithfear beostoc a bhogadh thart ar bhonn laethúil go ginearálta agus níl ceanglas leagan amach na banraí chomh dian is atá sé ar fheirmeacha déiríochta. Níl barra nó cláir churaíochta chomh íogair d'athrú san fhadtéarma.</p> <p>Níl an oiread sriana ar an talamh a ionadú sna fiontair sin.</p>
Beag	Féarach Garbh agus Coimíneacht, ráta Íseal Stócála.	Tá an fhéidearthacht ann go ndéanfaí athrú beag toisc go bhfuil scála nó dianas an fhiontair chomh beag sin is go mbeadh an fhreagairt do thionchar beag.
An-bheag	Beagán gníomhaíocht talmhaíochta nó gan gníomhaíocht talmhaíochta ar bith e.g. Coillearnach, Portach.	Tá an fhéidearthacht go ndéanfaí athrú an-bheag toisc go bhfuil scála nó dianas an fhiontair chomh beag sin is go mbeadh freagairt an-bheag do thionchar.

6.2.3 Measúnú ar Mhéid an Tionchair

- Tá na critéir chun measúnú a dhéanamh ar méid an tionchair leagtha amach i dTábla 6.2. Déantar macasamhlú sa tábla seo ar an modheolaíocht atá in úsáid sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Caibidil 14: Taitneamhacht Pobail agus Úsáid Talún) agus san EIS (Caibidil 3: Daoine – Úsáid Talún, d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D).

Tábla 6.2: Na Critéir agus an Mhodheolaíocht chun Measúnú a dhéanamh ar Mhéid an Tionchair

Méid	Critéir Chinntitheacha
An-mhór	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh, mar shampla, athrú buan ar thalamh nó ar achar curtha de thart ar 15% (nó níos mó ná sin). Dá bhfaighfí réidh le foirgnimh ríthábhachtacha nó dá gcuirfí srian leis an rochtain ar dhianfhiontair (e.g. muca, éanlaith chlóis, gairneoireacht), bheadh tionchar an-mhór ina thoradh air.
Mór	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh, mar shampla, athrú buan ar thalamh nó ar achar curtha de thart ar 10-15%. Dá bhfaighfí réidh le gnáthfhoirgnimh eallai nó caorach ar chlós feirme traidisiúnta, bheadh tionchar mór ina thoradh air. I gcásanna annamha, d'fhéadfadh tionchar mór (e.g. damáiste suntasach do dhraenáil talún, beostoc in ann dul ar na bóithre poiblí) a bheith ina thoradh ar thionchar nach maolaítear i rith chéim na tógála.
Meánach	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh, mar shampla, athrú buan ar thalamh nó ar achar curtha de thart ar 5-10%. Sa chás go bhfuil rochtain teoranta ar thalamh nó ar chlós feirme ach gurb ann do rochtain eile. Sa chás go bhfuil srian ar fhorbairt nó ar leathnú clós feirme ach go bhfuil talamh eile ar fáil i gcomhair na forbartha sin. De ghnáth, beidh tionchar meánach (mar shampla, claíocha talún á n-athchóiriú ar chaighdeán íseal, gan sclagadh feadh bealaí rochtana a athchóiriú nó a leibhéaladh) ina thoradh ar thionchar nach maolaítear i rith chéim na tógála.
Beag	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh sa chás, mar shampla, go dtagann athrú buan ar thalamh nó ar achar curtha de thart ar 1-5%. Toisc go mbeidh a lán láithreán túir ann agus gur cuid lárnach a bheidh ar an líne lasnairde, is dócha gur beag a bheidh an tionchar.
An-bheag	Srian buan ar oibriú dáileacht talún nó suímh, mar shampla, athrú buan ar thalamh nó ar achar curtha. Sa chás nach ann do thúr ar bith agus go bhfuil an líne lasnairde ag trasnú na dáileachta talún, bíonn an tionchar an-bheag de ghnáth, agus is amhlaidh a bhíonn freisin sa chás gurb ann do thúr amháin nó dhá thúr agus go bhfuil cuid na líne lasnairde ar imeall na dáileachta talún.

6.2.4 Measúnú ar Shuntasacht an Tionchair

- Tá treoirínte maidir le cur síos a dhéanamh ar shuntasacht tionchar sa cháipéis Advice Notes on Current Practice (in Preparation of Environmental Impact Statements) (*Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú]*) (Meán Fómhair 2003) de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus sa cháipéis Design Manual for Roads and Bridges (*An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid*) (an Ríocht Aontaithe (Iml. 11 Rannán 2 – Cuid 5). Cinntear suntasacht an tionchair trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid an tionchair agus ar íogaireacht na dáileachta talún lena mbaineann, ach breithiúnas gairmiúil a úsáid.
- Déantar cur síos ar shuntasacht an tionchair mar seo a leanas:

- Is éard is ‘Tionchar Do-airithe’ ann tionchar atá chomh beag sin is nach féidir é a thomhais nó ar féidir é a thomhas ach nach bhfuil iarmhairtí feiceálacha aige;
- Bíonn ‘Drochthionchar Beag’ ina chúis le mionathruithe feiceálacha nó athruithe feiceálacha beaga ar oibriú fiontair ar dháileacht talún;
- Athraíonn ‘Drochthionchar Measartha’ dáileacht talún agus bíonn sé ina chúis le deacrachtaí oibriúcháin ar gá athruithe measartha a dhéanamh ar na hacmhainní bainistíochta agus oibriúcháin mar thoradh orthu;
- Athraíonn ‘Drochthionchar Mór’ dáileacht talún ionas nach féidir leanúint ar aghaidh leis an bhfiontar, nó má leantar ar aghaidh leis beidh gá le mórathruithe a dhéanamh ar na hacmhainní bainistíochta agus oibriúcháin; agus
- Athraíonn ‘Drochthionchar Mór / Ollmhór’ an dáileacht talún ar dhóigh ina ndéantar an fiontar dáileacht talún a dhíobhadh.

6.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

6.3.1 Úsáid Talún laistigh den Limistéar a ndearnadh Measúnú air

9. Cuirtear in iúl in anailís ar na sonraí staitisticí faoi choinne an limistéir a ndearnadh measúnú air go mbeidh na fiontair feirme seo a leanas le sonrú feadh an idirnascaire a bheartaítear:

- Meascán d’fheirmeacha mairteola, caorach agus curaíochta féir atá i gceist le 76% de na feirmeacha uile;
- Feirmeacha déiríochta atá i gceist le 11.2% de na feirmeacha uile;
- Arbhar agus barra curaíochta páirce eile atá i gceist le 9.2% de na feirmeacha uile;
- Barra measctha agus feirmeacha beostoic atá i gceist le 1.9% de na feirmeacha uile; agus
- Gníomhaíochtaí eile (lena n-áirítear eachaí, muca agus éanlaith chlóis agus gairneoireacht) atá i gceist le 1.7% de na feirmeacha.

10. Is é timpeall 34 ha²² meánmhéid na bhfeirmeacha feadh an idirnascaire a bheartaítear.

6.3.2 Úsáid Talún i nGabháltas

11. Cuirtear in iúl i mbreithmheas²³ ar 583 gabháltas aonair feadh an idirnascaire a bheartaítear:

- Féarach – Eallach agus Caoirigh agus Curaíocht Féir atá i gceist le 80.5% de na dáileachtaí talún;
- Féarach – Déiríocht atá i gceist le 7.5% de na dáileachtaí talún;
- Curaíocht agus Curaíocht Mheasctha (Barra agus Beostoc) atá i gceist le 7% de na dáileachtaí talún;
- Fiontair Eile (lena n-áirítear Eachaí, Muca agus Éanlaith Chlóis agus Gairneoireacht) atá i gceist le 3% de na dáileachtaí talún;
- Ceapa Foraoiseachta nó Fáschoillte Crann Tráchtála (Saileach san áireamh) atá i gceist le 2% de na dáileachtaí talún.

12. Chomh maith leis sin, sonraíonn an breithmheas seo íogaireacht na ndáileachtaí talún seo a leanas feadh an idirnascaire a bheartaítear²⁴:

- Dáileachtaí talún lena mbaineann Íogaireacht An-Ard atá i gceist le 2.5% de na dáileachtaí talún (15 dháileacht). Áirítear orthu sin:
 - Graifheirm amháin i gContae Mhuineacháin (Uimh. Thag. LCT-091);
 - Fiontar eachaí amháin i gContae Ard Mhacha (Uimh. Thag. 091);
 - Úllord amháin i gContae Thír Eoghain (Uimh. Thag. 040);
 - Fiontar dianghairneoireachta amháin i gContae na Mí (Uimh. Thag. LMC-029);
 - Feirm Shaothraíochta Trialach amháin de chuid Teagasc i gContae na Mí (Uimh. Thag. LMC-022);
 - Seacht bhfáschoill foraoiseachta (Uimhreacha Tagartha 1028, LMC-067, LMC-110, LMC-157, LMC-170, LMC-171 agus LMC-196);

²²Foinse: Áireamh ar Thalmhaíocht 2010 (Éire) agus Staidreamh Talmhaíochta na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe (DARD) 2012 (TÉ).

²³ Úsáid á baint as na sonraí san EIS – **Aguisín 3.1 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D**; agus **Aguisín 14A** den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite.

²⁴ Feic Fíor 3.2 – Fíor 3.9 d'Fhíoracha Imleabhar 3C agus Fíor 3.2 – Fíor 3.12 d'Fhíoracha Imleabhar 3D den EIS agus Fíor 14.10, Bileog 1 – Bileog 10 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite. Cuirtear Imleabhar 3C den EIS in iúl leis an réimír LCT, cuirtear Imleabhar 3D den EIS in iúl leis an réimír LMC agus cuirtear an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite in iúl nuair nach bhfuil réimír ann.

- Fáschoill sailí bhithleigheasacháin i gContae Ard Mhacha (Uimh. Thag. 100);
- Fiontar foraoiseachta agus eachaí amháin i gContae na Mí (Uimh. Thag. LMC-135); agus
- Fiontar diantalmhaíochta i gContae Mhuineacháin (muca nó éanlaith chlóis) (Uimhreacha Tagartha LCT-011&012&013).
 - Dáileachtaí talún lena mbaineann Íogaireacht Ard atá i gceist le 10.5% de na dáileachtaí talún (60 dáileacht). Áirítear orthu sin:
- Dhá fheirm dhéiríochta dhéag i dTuaisceart Éireann agus naoi bhfeirm dhéiríochta is fiche in Éirinn;
- Fiontar úlloird agus féaraigh amháin i gContae Thír Eoghain (Uimh. Thag. 021);
- Ocht bhfiontar eachaí (Uimhreacha Tagartha LCT-107, LCT-149, LCT-223A, LCT232, LMC-023, LMC-046, LMC-059, & LMC-132);
- Cúig fhiontar féaraigh neamhdheimhnihte (Uimhreacha Tagartha LCT-089, LCT-147A, LMC-065&079, LMC-120 & LMC137);
- Dhá fhiontar éanlaith chlóis agus beostoic (Uimhreacha Tagartha LMC-111 agus LMC-116);
- Dhá fheirm eallaigh mhairteola agus foraoiseachta (Uimhreacha Tagartha LMC-105 agus LMC-158)
 - Dáileachtaí talún lena mbaineann Íogaireacht Mheánach atá i gceist le 86% de na dáileachtaí talún (501 dáileacht). Feirmeacha eallaigh mhairteola, caorach agus curaíochta atá iontu sin den chuid is mó; agus
 - Dáileachtaí talún lena mbaineann Íogaireacht Íseal nó An-Íseal atá i gceist le 1% díobh (7 ndáileacht). Áirítear orthu sin ceapa féaraigh ghairbh, scrobarnach agus dáileachtaí an-bheag talún (Uimhreacha Tagartha LCT-025, LCT-109, LCT-122, LCT-177, LCT-235A, LCT-242 agus LMC-096).

6.4 Bearta Maolaithe

13. Rinneadh tréaniarracht i dtreorú cúramach an idirnascaire a bheartaítear tionchar a sheachaint nó a laghdú trí chlóis feirme a sheachaint. Laghdófar an tionchar ar Úsáid Talún freisin ach líon na dtúr a laghdú an oiread agus is féidir ag féachaint do cheanglais arna bhforchur ag srianta teicniúla agus comhshaoil agus do bhonneagar líne lasnairde a thógáil a bhfuil a struchtúr slán agus sábháilte.

Coinneofar íos-ghlanspás talún 9.0 m le haghaidh na líne lasnairde agus laghdóidh sé an riosca sábháilteachta an oiread agus is féidir.

14. Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha, ullmhóidh na conraitheoirí tógála ráitis mhodheolaíochta agus cláir oibre ina léireofar céimniú mionsonraithe na hoibre ar aon dul le ceanglais na Srac-Phleananna um Bainistiú Comhshaoil Tógála (EIS, Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B agus san Aguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Aguisín 9.1). Ceapfaidh an conraitheoir gníomhaire chead slí chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na húinéirí talún feadh an idirnascaire a bheartaítear agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar a gcuid ceanglas maidir le rochtain a mhéad is féidir agus go bhfuil úinéirí talún ar an eolas faoi sceideal na n-oibreacha atá le déanamh ar a dtalamh.
15. Cuirfear oiliúint chuí ar an bpearsanra uile a mbeidh baint acu le céim na tógála, go háirithe i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht an bheostoic agus le bithshláindáil ar fheirmeacha.
16. Cinnteoidh an conraitheoir go dtabharfar eolas d'úinéirí talún sula dtosófar oibreacha agus go mbeidh rochtain réasúnta acu ar gach cuid dá bhfeirm le linn chéim na tógála.
17. Cloífead le prótacail ghalair agus comhlíonfaidh an conraitheoir tógála agus Oibreoir Córais an Ghréasáin rialacháin ar bith de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) nó de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe (DARD) a bhaineann le barra agus galair bheostoic.
18. Cuirfear fálú in airde chun beostoc a choinneáil amach as suíomhanna tógála, más gá.
19. I bhformhór na gcásanna ní bheidh gá le bearta maolaithe le haghaidh tionchar torainn ar bheostoc le linn chéim na tógála mar go n-oiriúnóidh ainmhithe feirme go mear d'athruithe ar a dtimpeallacht torainn. I gcásanna annamha má bhíonn gá le carraigeacha a bhriseadh nó a charnadh, cuirfear é sin in iúl d'úinéirí beostoic i bpáirceanna cóngaracha roimh ré.
20. Íoslaghadófar tochairtí agus déanfar an t-ábhar a thochlófar go háitiúil a athshuíomh mórthimpeall an bhuin i ndiaidh na tógála. Tógfar líonadh tochairte neamhúsáidte as an suíomh agus déanfar é a dhiúscairt ag saoráid dramhaíola cheadúnaithe. Déanfar na draenacha talún a bhuaillfead a atreorú ar dhóigh ina gcoinneofar an draenáil talún atá ann cheana. Sa chás go bhfuil barrithir lomtha cuirfear ar ais é agus déanfar gach dromchla páirce a gcuirfear isteach orthu a athchóiriú.

21. Leagtar amach i gCaibidil 12 agus i gCaibidil 13 an maolú maidir leis an tionchar féideartha ar cháilíocht an uisce agus ar éilliú ithreach de bharr rith chun srutha nó de bharr doirteadh breosla nó coincréite.
22. Íocfar cúiteamh reachtúil nuair is cuí.
23. Déanfar bonneagar na línte lasnairde a iniúchadh agus a chothabháil lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte. Cloífead le prótacail ghalair le linn oibreacha cothabhála ar bith óna dteastaíonn rochtain ar fheirmeacha. Comhlíonfaidh Oibreoir Córais an Ghréasáin rialacháin ar bith de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara nó de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a bhaineann le barra agus galair bheostoic. Cuirfead úinéirí talún ar an eolas roimh ré faoi aon oibreacha gnáthchothabhála.
24. Fógrófar cigireachtaí ar héileacaptair sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta roimh ré.

6.5 Tionchar Iarmharach

25. Sonraítear an tionchar i leith cailteanas talún ag suíomh fhostáisiún Turleenan le linn chéim na tógála agus is tionchar iarmharach buan é atá thart ar 22 ha ar fad.
26. Beidh tionchar fadtéarmach ar cháilíocht na talún ag an gclós stórála um ábhair thógála i gCarraig Mhachaire Rois – 1.4 ha.
27. Tá úsáid talún ag bun na dtúr (i.e. go díreach faoin túr) srianta ar bhonn buan. Is ionann an t-achar iomlán atá srianta ag bunanna túir feadh an idirnascaire a bheartaítear agus thart ar 10.5 ha.
28. Meastar go mbeidh idir éifeacht ghearrthéarmach agus éifeacht mheántéarmach i gceist leis an damáiste a dhéanfar d'ithir feadh bealaí rochtana sealadacha agus ag suíomhanna tógála. Dá bhrí sin, beidh éifeacht iarmharach ar cháilíocht na talún. D'fhéadfaí an talamh a chur ar ais go dtí an bhail a bhí uirthi roimh an bhforbairt a bhuíochas le maolú, lena mbainfeadh treabhadh agus athshíoladh (agus treabhadh fo-ithreach i gcásanna áirithe). Glactar leis go sonrúfar an éifeacht iarmharach feadh na mbealaí rochtana sealadacha uile agus ag suíomhanna tógála sealadacha – 124 ha san iomlán feadh an idirnascaire a bheartaítear.
29. Go ginearálta, is gearrthéarmach é an tionchar maidir le cur isteach ar bheostoc, ar bharra agus ar fhiontair feirme le linn chéim na tógála agus ní bhíonn sé ina bhunús le héifeachtaí iarmharacha fadtéarmacha.
30. Ní bheidh an líne lasnairde ar fheirmeacha ina bunús le hathrú suntasach ar úsáid talún feadh an idirnascaire a bheartaítear. Beidh sí ina riosca sábháilteachta breise agus ina míchaoithiúlacht a chaithear a chur san áireamh i gcomhréir le treoirlínte

sábháilteachta a foilsíodh ó Thograí EirGrid agus SONI d'úinéirí talún. Is iondúil gur féidir formhór na ngníomhaíochtaí innealra a dhéanamh go sábháilte faoi na línte lasnairde sin (e.g. leasú, cothú talún, leathadh sciodair ísealruthaig, spraeáil (úlloird san áireamh), baint barr) ach d'fhéadfadh baol inghlactha a bheith i gceist agus lóid arda á n-iompar (e.g. burlaí), barraí á n-uisciú le gunnaí fearthainne, leathadh ardruthaig sciodair á dhéanamh agus innealra á úsáid a bhfuil feistis lódaire air. Tugtar faoi deara go bhfuil cúpla míle ciliméadar de línte ardvoltas lasnairde atá ann cheana ar fud oileán na hÉireann agus go dtugtar faoin bhfeirmeoireacht go sábháilte faoi bhun na línte lasnairde sin. Cuirfidh na hoibreacha cothabhála a theastaíonn chun an chothabháil riachtanach a dhéanamh ar an mbonneagair isteach ar fhiontair feirme. Mar sin féin, tuigtear freisin go n-oibríonn lucht oibre cothabhála ar fud oileán na hÉireann chun na mílte ciliméadar den ghréasán atá ann cheana féin a chothabháil gan aon dochar mór a dhéanamh.

31. Ní gá go gcuirfeadh an líne lasnairde teorainn le foirgnimh thalmhaíochta agus ghairneoireachta a thógáil; mar sin féin, níor mhór ceadanna sábháilteachta a chomhlíonadh le linn iad a thógáil agus a oibriú. Bheadh ceangal ar úinéirí talún dul i gcomhairle le húinéirí an ghréasáin sula bhforbraíonn siad aon togra tógála a d'fhéadfadh cur isteach ar an líne lasnairde.
32. Tiocfaidh laghdú buan ar an achar talún faoi fhoraois agus faoi fháschoillte mar gheall ar an líne lasnairde a bheith ann – thart ar 14.8 ha.
33. Rinneadh 583 dáileacht talún feadh an idirnascaire a bheartaítear a mheas le haghaidh cineálacha tionchair. Seo a leanas achoimre ar na cineálacha tionchair ar na dáileachtaí talún sin:
 - Beidh Tionchar Iarmharach Do-Airithe ar 59.5% (347 dáileacht);
 - Beidh Drochthionchar Iarmharach Beag ar 35.3% (206 dáileacht);
 - Beidh Drochthionchar Iarmharach Measartha ar 4.5% (26 dáileacht);
 - Teorannú féideartha forbairt chlós feirme (18 Uimh. – Uimhreacha Tagartha²⁵ NI 005, NI165, NI068, LCT-051, LCT-064, LCT-076, LCT-089, LCT-118, LCT-141, LCT-129, LCT-136, LCT-150, LCT-174&174A, LCT-214, LMC (132 &214 &215), LMC-088 agus LMC-(065 & 079)
 - Damáiste iarmharach ithreach ag an gclós stórála ábhar tógála (1 Uimh.);

²⁵ Feic Fíor 3.2 - Fíor 3.9 d'Fhíoracha Imleabhar 3C agus Fíor 3.2 - Fíor 3.12 d'Fhíoracha Imleabhar 3D den EIS agus Fíor 14.10, Bileog 1 - Bileog 10 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite. Cuirtear Imleabhar 3C den EIS in iúl leis an réimír LCT, cuirtear Imleabhar 3D den EIS in iúl leis an réimír LMC agus cuirtear an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite in iúl nuair nach bhfuil réimír ann.

- Tógáil talún ag suíomh an fhostáisiúin in Turleenan (1 Uimh. – Uimh. Thag. 1036 i dTuaisceart Éireann);
- Tionchar measartha ar an mbainistiú ar úllord amháin (1 Uimh. – Uimh Thag. 040 i dTuaisceart Éireann)
- Tionchar measartha ar bhfáschoill sailí bhithleigheasacháin (1 Uimh. – Uimh. Thag. 100 i dTuaisceart Éireann)
- Glanadh foraois tráchtála (4 Uimh. – Uimhreacha Tagartha LMC-105, LMC-110, LMC157 agus LMC171).
 - Beidh Drochthionchar Iarmharach Mór ar 0.5% (3 dháileacht);
- Glanadh foraois tráchtála (LMC-170 agus LMC067)
- Dul thar fhiontar dianghairneoireachta amháin (LMC 029); agus
 - Beidh Drochthionchar Mór / Tionchar Iarmharach Ollmhór ar 0.2% (Uimh. Thag. NI 001) i.e. dáileacht talún ag suíomh an fhostáisiúin in Turleenan, Contae Thír Eoghain.

6.6 Tionchar Trasteorann

34. Faoi mar a thrasnaíonn an líne lasnairde Ard Mhacha Theas agus a dhruideann sí leis an bpointe trasnaithe teorann ag Doohat nó Crossreagh, tá dáileacht talún LCT-001 lonnaithe ó dheas ón teorainn i gContae Mhuineacháin. Ar an gcuma chéanna, faoi mar a théann an líne lasnairde thar thalamh ó thuaidh ón teorainn ag an gCrais Bhán, Ard Mhacha, tá dáileachtaí talún LCT-(006 agus 007) agus LCT-008A agus 008A lonnaithe ó dheas ón teorainn i gContae Mhuineacháin. Tá clós feirme ar dháileacht talún LCT-008&008A 25 méadar ó dheas ó lár na Líne Lasnairde. Tionchar Do-airithe a bheidh ar dháileachtaí talún LCT-001 agus LCT-(006 agus 007) agus drochthionchar beag a bheidh ar LCT-008A mar thoradh ar an líne lasnairde i dTuaisceart Éireann.
35. Idir an túsphointe trasnaithe teorann (idir Túr 102 agus Túr 103) ag an Léim Ghearr, Contae Mhuineacháin, agus Túr 106, tá sé dháileacht talún lonnaithe ó thuaidh ón teorainn i gContae Ard Mhacha (uimhreacha tagartha 165, 173, 174, 176, 177 agus 045 agus 166 i dteannta a chéile – feic an EIS, Imleabhar 3C, Fíor 3.2). Is Do-airithe atá an tionchar ar na dáileachtaí talún sin ar fad atá i gContae Ard Mhacha mar gheall ar an líne lasnairde atá lonnaithe i gContae Mhuineacháin.

6.7 Conclúidí

36. Beidh tionchar ag tógáil agus sreangú na dtúr agus ag na hoibreacha athchóirithe ar ghabháiltais aonair ag amanna difriúla ar feadh tréimhse thart ar 4-6 mhí ar fad. Go

ginearálta, is sealadach a bheidh an cur isteach ar fhiontair feirme de bharr gníomhaíochtaí tógála agus ní bheidh tionchar iarmharach le sonrú. Beidh idir tionchar iarmharach gearrthéarmach agus meántéarmach ar thart ar 124 ha talún in áiteanna ina bhfuil damáiste don ithir réamh-mheasta agus damáiste don talamh ar an gclos stórála ábhar tógála 1.4 ha i gCarraig Mhachaire Rois mar gheall ar an ngníomhaíocht tógála. Beidh limistéar 22.2 heicteár ag teastáil le haghaidh fhostáisiún Turleenan agus na n-oibreacha gaolmhara. D'fhéadfaí úsáid talmhaíochta a bhaint as an gcuid is mó den 22.2 heicteár arís tar éis chéim na tógála. Measadh, áfach, nach bhféadfaí úsáid talmhaíochta a bhaint as an limistéar 22.2 heicteár agus bheadh sé sin ina thionchar mór/ina thionchar ollmhór. Beidh tionchar iarmharach le sonrú mar gheall ar an srian ar úsáid talún ag bun na dtúr (10.5 ha) agus beidh na túir ina gconstaic ar oibríochtaí innealra. Glanfar thart ar 14.8 ha d'fhoraoiseacht tráchtála faoin idirnascaire a bheartaítear agus cóngarach dó. Riosca sábháilteachta teoranta breise ar fheirmeacha a bheidh i láithreach na líne lasnairde agus d'fhéadfadh sí srian a chur le roinnt foirgnimh thalmhaíochta a thógáil.

37. Beidh an tionchar iarmharach Do-Airithe nó Beag ar 95% de na dáileachtaí talún feadh an idirnascaire a bheartaítear. Tá sé cinn is fiche de Dhrochthionchar Measartha (4.5%) réamh-mheasta. Tá trí cinn de Dhrochthionchar Mór (0.5% den iomlán) réamh-mheasta agus tiocfaidh Drochthionchar Mór / Ollmhór (0.1% den iomlán) aníos ag suíomh an fhostáisiúin in Turleenan, Co. Thír Eoghain.
38. Ag féachaint don limistéar measartha²⁶ beag mar a mbeidh tionchar díreach ar thógáil talún, tionchar teorannú talún (ag bun na dtúr) agus tionchar damáiste le sonrú, agus ag féachaint do chineál gearrthéarmach an tionchair tógála agus don réamh-mheas nach n-athróidh úsáid talún go suntasach faoi na línte lasnairde agus cóngarach dóibh, is do-airithe atá an tionchar san iomlán.

²⁶ Is ionann achar na 583 dáileacht talún feadh an idirnascaire a bheartaítear agus thart ar 8,870 ha. Is ionann an t-achar ar a dtiteann tionchar díreach amach (10.5ha + 22.2ha + 124ha + 1.4ha + 14.8ha) agus 2% den achar iomlán.

7. Sócmhainní Ábhartha

7.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (i.e. idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar shócmhainní ábhartha, amhail fóntais, teileachumarsáid, eitlíocht agus dramhaíl, sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is iad na caibidlí ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 5 (Cur Síos ar an Tionscadal) agus Caibidil 16 (Sócmhainní Teileachumarsáide agus Eitlíochta) agus is iad na caibidlí ábhartha den EIS ná Caibidil 12 (Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta) d’Imleabhar 3C agus d’Imleabhar 3D.

7.2 Modheolaíocht

3. Tá an measúnú a rinneadh ar shócmhainní ábhartha don idirnascaire a bheartaítear bunaithe ar shaineolas gairmiúil chomhairleoirí an tionscadail agus cuirtear reachtaíocht ábhartha agus (nuair is iomchuí) treoir fhoilsithe san áireamh amhail:
 - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2002). Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta);
 - An EPA (2003). Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (*Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú]*);
 - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013), Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (*Treoirlínte d’Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh*);
 - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) (Meán Fómhair 2003). Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (*Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú]*);

- Comhairle Contae na Mí. Waste Management Plan for the North East Region 2005-2010 (*Plean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir Thuaidh 2005-2010*);
 - An Roinn Comhshaoil. 2012. Development Control Advice Note 10 (Revised): Environmental Impact Assessment (*Nóta Faisnéise maidir le Rialú Forbartha 10 [Athbhreithnithe]*): Measúnacht Tionchair Timpeallachta; agus
 - An Roinn Comhshaoil. 2002. Planning Policy Statement 10 (PPS 10): Telecommunications (*Ráiteas maidir le Pleanáil Beartais 10 [PPS 10]*): Teileachumarsáid).
4. Ceanglaítear ar na hiarratasóirí faoi seach iarratais ar leithligh a chur isteach i gcomhair toiliú forbartha i ngach dlínse ina mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe. Bhí éagsúlacht bheag idir scóip na measúnachta tionchair ach b'ionann na modheolaíochtaí a úsáideadh den chuid ba mhó.
5. Cuireadh comhairliúchán fairsing ar siúl le comhlachtaí forordaithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann d'fhonn faisnéis chúlra agus tuairimí a fháil faoin idirnascaire a bheartaítear sa dá dhlínse. Chuathas i gcomhairle leis na comhlachtaí forordaithe seo a leanas mar chuid den bhreithmheas ar Shócmhainní Ábhartha: Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA); Comhairle Chontae na Mí; Comhairle Contae Mhuineacháin; Comhairle Chontae an Chabháin; Bord Gáis; BSL; NIE; NIEA; Phoenix Gas agus Firmus Gas; Civil Aviation Authority (CAA); údaráis chraolacháin agus teileachumarsáide; agus an Aireacht Cosanta.
6. Bunaithe ar na freagraí ó chomhlachtaí forordaithe agus ar imscrúdú ar fhoinsí sonraí ábhartha amhail suíomhanna gréasáin (www.trimflyingclub.ie agus www.balloon.ie) agus ar chomhairliúchán le grúpaí eile (e.g. Belfast Flying Club Ltd), sainithníodh méid agus cineál na sócmhainní ábhartha i gcóngar an idirnascaire a bheartaítear, sula ndearnadh measúnú ar an tionchar ar na sócmhainní sin.
7. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 5 (Cur Síos ar an Tionscadal), Caibidil 16 (Sócmhainní Teileachumarsáide agus Eitlíochta), Rannán 16.2 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 12 (Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta), Rannán 12.2 san EIS.

7.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

7.3.1 Píblínte Gáis

8. Tá roinnt píblínte gáis sa limistéar a ndearnadh measúnú air; lena n-áirítear píblínte a théann idir Droichead Átha agus Coill an Chollaigh, Dún an Rí, Carraig Mhachaire Rois agus Loch Éigis agus thart faoi na príomhlonnaíochtaí – an Uaimh, Baile Átha Troim, Dún Seachlainn, Ceanannas agus Dún an Rí. Tá na píblínte sin go léir lonnaithe lasmuigh den limistéar tógála le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear agus ní bheidh tionchar ag na hoibreacha orthu.

7.3.2 Línte Leictreachais agus Naisc Theileachumarsáide

9. Mar thoradh ar an ngréasán lonnaíochta sa limistéar a ndearnadh measúnú air agus sa mhórlimistéar, tá líonra línte leictreachais atá ann cheana, idir línte ísealvoltais 10 kV a fhreastalaíonn ar réadmhaoine aonair agus línte ardvoltais 400 kV. Is iad na línte leictreachais is tábhachtaí líne 275 kV ag Tóin re Gaoith, an líne 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille, an líne lasnairde 220 kV idir Coillín an Triain agus Lú. Chomh maith leis sin, tá líonra dlúth línte lasnairde teleafóin ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air. Níl aon línte adhlactha cábla snáthoptaice a mbeadh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear orthu. Níl aon naisc theileachumarsáide ná naisc raidió atá ar eolas sa limistéar a ndearnadh measúnú air a mbeadh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear orthu.

7.3.3 Eitlíocht

10. Níl aon ruthaig eitilte atá ar eolas laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air a mbeadh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear orthu. Mar sin féin, is féidir le haon phíolóta aerárthaigh ruthag eitilte a eitilt (faoi réir shrianta an IAA agus an CAA) trasna aon choda den limistéar a ndearnadh measúnú air.
11. D'fhéadfadh aerárthach oibriú as aon aerfort lasmuigh den limistéar a ndearnadh measúnú air. Mar sin féin, tá trí aerpháirc cheadúnaithe sa limistéar a ndearnadh measúnú air: Aerpháirc Bhaile Átha Troim, Aerpháirc Trevet agus Aerpháirc Bhaile Átha Buí. Shonraigh an IAA gur féidir go bhfuil roinnt aerpháirceanna agus stráicí tuirlingthe gan cheadúnas i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí.
12. Oibríonn cuideachta ar a dtugtar Irish Balloon Flights Ltd. i gceantar Bhaile Átha Troim i gContae na Mí. Cuireann siad eitiltí ar fáil ó roinnt suíomhanna imeachta, lena n-áirítear Caisleán Bhaile Átha Troim, Baile Átha Buí, Baile Shláine, Cnoc na Teamhrach agus áiteanna eile ag brath ar threo na gaoithe lá na heitilte. Chun

tuilleadh sonraí a fháil, feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Caibidil 16 agus Rannán 12.4.2 den EIS.

7.3.4 Dramhaíl

13. Is í an tsaoráid dramhaíola cheadúnaithe is cóngaraí don limistéar a ndearnadh measúnú air ná Líonadh Talún Choirnéal na nAlbanach i gContae Mhuineacháin. Tá suíomhanna eile líonadh talún agus saoráidí dramhaíola eile atá ann cheana agus atá ceadúnaithe i bhfeidhm sa mhórlimistéar agus d'fhéadfaí rochtain orthu tríd an ngréasán bóithre atá ann cheana a úsáid. Tá liosta na saoráidí Dramhaíola le feiceáil in Aguisín 7.2, Aguisíní Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D san EIS agus in Aguisín 18A sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite.
14. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 5 (Cur Síos ar an Tionscadal), Caibidil 16 (Sócmhainní Teileachumarsáide agus Eitlíochta), Rannán 16.3 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 12 (Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta), Rannán 12.4 san EIS.

7.4 Bearta Maolaithe

7.4.1 Forbhreathnú

15. Rinneadh tréaniarracht i dTreorú cúramach an idirnascaire a bheartaítear tionchar a sheachaint nó a laghdú ar shrianta sócmhainní ábhartha atá ar eolas. Sainithníodh na limistéir sin trí dhul i gcomhairle leis na hoibreoírí agus trí chuariteanna suímh.

7.4.2 Píblínte Gáis

16. Déanfar suirbhé réamhthógála le linn chéim na tógála le deimhniú a dhéanamh ar na tosca agus na fónais ar tuaradh sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, san EIS agus sa JER seo go dtiocfaí orthu. Ceanglas caighdeánach é sin faoi choinne na dtionscadal tógála uile agus comhlíonann sé riachtanais sláinte agus sábháilteachta.

7.4.3 Línte Leictreachais agus Naisc Teileachumarsáide

17. Ní mór measúnú riosca a bhaineann le suíomh ar leith a chomhlánú i gcomhair línte leictreachais agus teleafóin. Cuirfear comhairliúchán breise ar siúl, de réir mar is gá, leis na soláthraithe seirbhísí roimh aon oibreacha tógála i gcóngar seirbhísí Teileachumarsáide atá ann cheana féin agus ar dócha go mbeidh tionchar orthu. Más rud é gur gá línte leictreachais OHL agus teleafóin atá ann cheana a thrasnú i

rith na tógála, déanfar aon chur isteach ar an tseirbhís a laghdú a mhéid agus is féidir. Beifear coimheadach nuair a shreangófar cáblaí. Déanfar cuailí cosanta sealadacha a úsáid chun bacainní feadh dronlíne a chosaint (crosairí bóthair nó iarnróid agus línte eile tarchuir nó dáileacháin).

18. I limistéir áirithe, caithfear roinnt de na línte leictreachais agus teileafóin atá ann cheana a leagan faoi thalamh mar a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear iad. Tugtar faoi sin d'fhonn aon tionchar suntasach dóchúil a sheachaint. Tá línte teileafóin le fáil ag láithreacha cois bóthair agus leagfar iad faoi bhóithre poiblí sula gcuirfear tógáil an idirnascaire a bheartaítear ar siúl. Is dócha go mbeidh na hoibreacha sin ina gcúis le dúnadh sealadach lánaí nó bóithre agus sceidealófar iad lena ndéanamh roimh chéim na tógála den idirnascaire a bheartaítear.
19. An trealamh a mbainfear úsáid as i ndáil leis an idirnascaire a bheartaítear, baineadh úsáid as cheana féin ar thionscadail chomhchosúla ar fud na hEorpa agus tástáladh go dian é le haghaidh Comhoiriúnacht Leictreamaighnéad. Comhlíonfaidh an t-idirnascaire a bheartaítear na ceanglais um chomhoiriúnacht leictreamaighnéad go hiomlán.

7.4.4 Dramhaíl

20. Ceanglófar ar an gconraitheoir a cheapfar chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an srac-chuntas ar an CEMP, mar a dhéantar soláthar sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála na forbartha a laghdú a mhéid agus is féidir. Beidh Plean Bainistíochta ar Dhramhaíl Tógála (CWMP) mar chuid den CEMP agus cuirfear i bhfeidhm é chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart de réir treoirlínte dea-chleachtais. Is iad na príomhphrionsabail is bun leis an CWMP giniúint dramhaíola a laghdú an oiread agus is féidir agus dramhaíl a leithscaradh ag an bhfoinse. Cuirfear áiseanna um leithscaradh dramhaíola ar fáil chun dramhaíl tógála a athúsáid agus a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus chun dramhaíl tí a dhiúscairt i gceart.

7.4.5 Eitlíocht

21. Dheimhnigh an IAA agus an CAA nach mbeadh líne lasnairde agus struchtúir thacaíochta ina gconstaicí faoi bhealach le heitlíocht chun críocha eitlíocht shibhialta. Déanfar athruithe chun dáta ar cháipéisí agus ar léarscáiliú eitlíochta a thionscnamh, áfach, le go mbeidh gach píolóta eolach go bhfuil an t-idirnascaire a bheartaítear ann.

22. Roghnaíodh an línebhealach a bheartaítear agus láithreach Aerpháirc Bhaile Átha Troim i gContae na Mí agus na Dromchlaí Teorannaithe Constaicí ábhartha le haghaidh na haerpháirce á gcur san áireamh. Maidir le tuirlingt aerárthaí, ba cheart go mbeadh píolótaí ar an eolas faoin áit ina bhfuil na píolóin suite agus ba chóir cur chuige foirmiúil i leith *'radharc ar phiolóin/cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh'* a thabhairt isteach cé go bhfuil ciumhais shoiléir ann idir barr na bpiolón agus an dromchla teorannaithe constaicí. Cé go mbeidh na línte lasnairde faoi bhun na ndromchlaí teorannaithe constaicí le haghaidh Aeradróm Bhaile Átha Troim, déanfar níos feiceálaí iad trí sféir mharcála a chur isteach idir Túr 355 agus Túr 357.
23. Tar éis dul i gcomhairle le IAA, léiríodh nár chóir go mbeadh gníomhaíochtaí eitlete balún ina gcúis le cosc a chur ar athruithe ar an tírdhreach atá ann cheana féin, lena n-áirítear tógáil línte tarchuir cumhachta. Ní mór do na píolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eitlete go bhféadfadh línte cumhachta a bheith sa cheantar.
24. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 5 (Cur Síos ar an Tionscadal), Caibidil 16 (Sócmhainní Teileachumarsáide agus Eitlíochta), Rannán 16.5 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 12 (Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta), Rannán 12.6 san EIS.

7.5 Tionchar Iarmharach

25. Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe le haghaidh fóntas agus fiontair eitlíochta nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an idirnascaire a bheartaítear. Sa chás nach mór línte leictreachais agus teileafóin atá ann cheana a leagan faoi thalamh i limistéir áirithe, ní bheidh na hoibreacha sin ina gcúis le tionchar suntasach.
26. Má chloítear le dea-chleachtais i leith bainistíocht dramhaíola, ní mheastar go mbeidh dramhaíl a chruthófar san idirnascaire a bheartaítear ina bunús le haon tionchar suntasach. Ní bheidh aon tionchar suntasach ar shaoráidí dramhaíola atá ann cheana agus táthar ag súil go mbeidh slí ann d'aon dramhaíl a ghinfidh an t-idirnascaire a bheartaítear laistigh de shaoráidí atá ann cheana (feic Caibidil 12 – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht den Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo chun tuilleadh sonraí a fháil faoi fharasbarr ábhair a thioctaidh as céim na tógála).
27. Roghnaíodh láthair an idirnascaire a bheartaítear chun príomhnaisc theileachumarsáide (agus srianta eile) a sheachaint. Deimhníodh nach raibh aon agóid ag duine ar bith de chomhairlithe na hoibríochta craolacháin i gcoinne an

Idirnascaire a bheartaítear agus níor ardaigh siad aon tionchar féideartha ar na seirbhísí a bhfuil freagracht orthu astu.

28. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 5 (Cur Síos ar an Tionscadal), Caibidil 16 (Sócmhainní Teileachumarsáide agus Eitlíochta), Rannán 16.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 12 (Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta), Rannán 12.7 san EIS.

7.6 Tionchar Trasteorann

29. Beidh tionchar trasteorann dearfach ag baint le líne tharchuir leictreachais ardchumais a sholáthar idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Mar thoradh air sin, tiocfaidh feabhas ar éifeachtúlacht an mhargaidh leictreachais uile-oileáin, áiritheofar soláthar slán leictreachais, agus cuirfear ar chumas fuinneamh in-athnuaite breise a nascadh leis an líonra.
30. Ní bheidh aon tionchar trasteorann ag an idirnascaire a bheartaítear ar fhóntais ná ar sheirbhísí Teileachumarsáide. Sa chás ina dtrasnaíonn seirbhísí Teileachumarsáide an teorainn, rachfar i gcomhairle, de réir mar is gá, leis na soláthraithe seirbhísí roimh aon oibreacha tógála i gcóngar seirbhísí Teileachumarsáide atá ann cheana féin.
31. Ní bheidh aon lastais dramhaíola trasteorann le linn chéim na tógála i gceist san idirnascaire a bheartaítear mar go bhfuil saoráidí iomchuí bainistíochta dramhaíola suite sa dá dhlínse.
32. Maidir le heitiltí aerárthaí ag teacht isteach go hAerpháirc Bhaile Átha Troim ó Thuaisceart Éireann, ba cheart go mbeadh píolótaí ar an eolas faoin áit a bhfuil na túir suite agus ba chóir nós imeachta foirmiúil ascnaimh de *'radharc ar phiolóin/cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh'* a thabhairt isteach cé go bhfuil ciumhais shoiléir ann idir barr na dtúr agus an dromchla teorannaithe constaicí in Aerpháirc Bhaile Átha Troim. Déanfaidh an CAA agus an IAA athruithe chun dáta ar cháipéisí agus ar léarscáiliú eitlíochta i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn a thionscnamh, áfach, le go mbeidh gach píolóta eolach go bhfuil an t-idirnascaire a bheartaítear ann.
33. Le haghaidh sonraí breise, feic Caibidil 20 (Tionchar Trasteorann) sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D, Caibidil 12 (Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta), Rannán 12.9 san EIS.

7.7 Conclúidí

34. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.
35. Mar chuid den phróiseas EIA, cuireadh comhairliúchán fairsing ar siúl leis na húdaráis atá freagrach as tarchur a bhaineann le raidió (raidió baile agus raidió tráchtála), le teilifís, le heitlíocht agus leis na seirbhísí éigeandála a bhfuil sócmhainní teileachumarsáide acu.
36. Níor dhírigh comhairlithe teileachumarsáide nó eitlíochta aird ar aon agóidí ná ar aon tionchar féideartha. Is í an chonclúid nach mbeidh aon tionchar suntasach ar shócmhainní teileachumarsáide nó eitlíochta mar thoradh ar an idirnascaire a bheartaítear.
37. Comhlíonfaidh an t-idirnascaire a bheartaítear gach ceanglas um chomhoiriúnacht leictreamaighnéad mar a leagtar amach sa reachtaíocht.
38. Cuirfear bearta maolaithe chun feidhme ag céim na tógála agus ag an gcéim oibríoch chun tionchar ar shócmhainní ábhartha sa timpeallacht ghlacla a íoslaghdú nó a dhíbirt. Na bearta maolaithe a chuirtear san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP), déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den bhainistiú comhshaoil. Trí chloí leis na bearta maolaithe, cinnteofar nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an idirnascaire a bheartaítear.
39. Meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach ag oibriú an idirnascaire a bheartaítear ar shócmhainní ábhartha. Ní bheidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chonstaic maidir le haerárthaí, go háirithe iad sin ag obair in Aerpháirc Bhaile Átha Troim. Dheimhnigh an IAA go mbeadh na línte lasnairde faoi bhun an dromchla teorannaithe constaicí d'Aerpháirc Bhaile Átha Troim.

8. EMF

8.1 Réamhrá

8.1.1 Scóip

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) maidir le réimsí leictreacha agus maighnéadacha (EMFanna).
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 7 (EMF) agus is iad na caibidlí ábhartha den EIS ná Caibidil 8 (EMF) d'Imleabhar 3B agus Caibidil 5 in Imleabhar 3C agus in Imleabhar 3D.

8.1.2 Réamheolas ar Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha

3. Gné ríthábhachtach den domhan fisiceach is ea iad EMFanna (ar a dtugtar réimsí leictreamaighnéadacha uaireanta freisin) agus na fórsaí leictreamaighnéadacha atá mar chúis leo. Bíonn réimsí leictreacha agus maighnéadacha le fáil go nádúrtha sa chorp agus baineann siad le gníomhaíochtaí na néaróg agus na matán. Téann réimse maighnéadach nádúrtha an Domhain (a bhfreagraíonn compás maighnéadach dó) agus réimsí leictreacha nádúrtha san atmaisféar i gcion ar dhaoine freisin.
4. Is iad an voltas agus an sruth na gnéithe bunúsacha a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar gach cineál gníomhaíochta leictrí. Tomhas ar an déine is ea an voltas. Cuirtear síos air go minic mar ghné atá cosúil leis an mbrú a bhíonn i ngáis nó i leachtanna. Tomhaistear an voltas de réir voltanna, agus léirítear é leis an gcomhartha "V". Maidir le tomhais an-bheag nó an-mhór, is féidir úsáid a bhaint as mV lena léirítear an míliú cuid de volta agus as kV lena léirítear míle volta. Baineann an 'sruth' leictreach leis an méid nó an ráta leictreachais ag sreabhadh trí sheoltóir leictreach. Tomhaistear an sruth de réir aimpéar (comhartha 'A').
5. Cruthaítear 'réimse leictreach' i spás ar bith idir pointí nach ionann a leibhéal voltais. Braitheann déine an réimse ar an difríocht sa voltas, agus ar mhéid agus ar nádúr an spáis. Cruthaítear "réimsí maighnéadacha" nuair a bhíonn sruthanna leictreacha ag sreabhadh trí sheoltóirí. Braitheann déine an réimse mhaighnéadaigh ar mhéid an tsrutha ag sreabhadh sa seoltóir agus ar an bhfad ón seoltóir. Laghdaítear déine réimsí leictreacha agus maighnéadacha de réir mar a mhéadaítear an fad ón bhfoinse.

6. Tomhaistear neart réimse leictreach de réir voltanna sa mhéadar (V/m nó Vm^{-1}) nó de réir cileavoltanna sa mhéadar (kV/m nó kVm^{-1}). Is ionann an réimse leictreach atmaisféarach ar leibhéal na talún agus $100 V/m$ le linn aimsir bhreá, agus d'fhéadfadh ardú suas le cúpla míle volta sa mhéadar teacht air le linn stoirmeacha toirní.
7. Tomhaistear réimsí maighnéadacha de réir micritheislí (μT) go hiondúil. Tá réimse maighnéadach nádúrtha dá chuid féin ag an Domhan, agus tá sé thart ar $50 \mu T$ ar oileán na hÉireann.
8. Is ionann an treo do réimsí an Domhain go hiondúil agus tagann athrú ar a méid go mall le himeacht aimsire. Tugtar réimsí statacha nó réimsí 'DC' orthu. Bíonn réimsí eile ag ailtéarnú ó thaobh méid agus treo de, agus tugtar réimsí ailtéarnacha nó réimsí "AC" orthu. Mar thoradh ar an athrú sin, is minic a thuairiscítear réimsí AC le ríomh meánaithe ar a dtugtar "fréamh mheán na gcearnóg" nó tomhas RMS. Is é a bheidh i gceist le tagairt do neart na réimsí AC as seo amach sa chaibidil seo ná aimplitiúid RMS an mhodhnaithe minicíochta príomhlínte den réimse iomlán. Is é sin an gnáthbhealach eolaíoch a úsáidtear chun na cainníochtaí sin a léiriú.
9. Tá athruithe dosheachanta tar éis teacht ar na patrúin EMF a bhíonn ann go nádúrtha le teacht chun cinn na teicneolaíochta nua-aimseartha agus le húsáid níos leithne an leictreachais agus gléasanna leictreacha. Tá trealamh tarchurtha cumhachta ardvoltais fuinnmhithe ina foinse réimsí leictreacha agus maighnéadacha ailtéarnacha ar minicíocht príomhlínte nó ar minicíocht rí-iseal (ELF), agus cuireann na réimsí sin le réimsí foisteanacha nádúrtha an Domhain (nó modhnaíonn siad na réimsí nádúrtha sin). Braitheann neart (nó aimplitiúid) an réimse leictreach AC ar voltas an trealaimh, rud a bhíonn seasmhach go maith a fhad is a bhíonn an trealamh fuinnmhithe. Braitheann neart an réimse maighnéadaigh AC ar an sruth (ar a dtugtar an lód go minic) a bhíonn á iompar ag an trealamh, agus tagann athrú air sin de réir an éilimh ar chumhacht ag am ar leith.

8.1.3 An Speictream Leictreamaighnéadach

10. Is é 50 hertz (Hz) minicíocht na réimsí leictreacha agus maighnéadacha (EMFanna) a bhíonn á dtáirgeadh ag an gcóras cumhachta ar oileán na hÉireann, agus tá an mhinicíocht sin san aicme ELF.
11. Cuimsítear leis an speictream leictreamaighnéadach ó ELF (lena n-áirítear minicíochtaí príomhlínte), radathonnta agus micreathonnta, solas infridhearg, infheicthe agus ultraivialait, go dtí X-ghathanna agus gáma-ghathanna.
12. Is féidir le gléasanna eile (e.g. craoltaí raidió agus teilifíse, agus micreathonnáin) EMFanna a ghiniúint ar mhinicíochtaí i bhfad níos airde ná 50 Hz. Bíonn na

minicíochtaí níos airde sin ag idirghníomhú le rudaí agus le daoine ar bhealach atá éagsúil le minicíochtaí cumhachta leictrí, mar shampla tríd an gcorp a théamh. Tá sé tábhachtach an t-idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

13. Ag na minicíochtaí is airde, tá sé de chumas ag X-ghathanna agus ag gáma-ghathanna ianú, is é sin leictreoin a chur amach as móilíní nó as adaimh ar leith. Is féidir leis an gcur isteach sin díobháil a dhéanamh d'ábhar beo i gcásanna áirithe.
14. Ní féidir leis an bpróiseas ianaithe le fótóin aonair tarlú i gcás solas infheicthe ná i gcás na minicíochtaí níos ísle ar fad. Ní tháirgeann línte lasnairde réimsí ach ar mhinicíochtaí atá i bhfad níos ísle ná minicíochtaí an tsolais infheicthe. Is minic a úsáidtear an téarma radaíocht 'neamh-ianúcháin' i ndáil leis na minicíochtaí sin.

8.1.4 Éifeachtaí Bunaithe nó “Géara” EMFanna

15. Déanann réimse maighnéadach ar minicíocht príomhlínte sruth beag a spreagadh nó a ionduchtú i nduine a nochtar é don réimse. I réimse maighnéadach a bhfuil neart 100 μT ag baint leis, d'fhéadfadh an sruth ionduchtaithe iomlán 30 miocraimpéar (μA) a bhaint amach. I gcomparáid leis sin, bíonn 100,000 μA de dhíth chun gnáthbholgán beag i dtóirse a chur ar lasadh, agus is é thart ar 500 μA an sruth is lú is féidir le formhór na ndaoine a bhrath. Níl aon éifeachtaí ag réimsí maighnéadacha ag leibhéil chomhshaoil ar féidir leis an gcorp iad a bhrath go díreach.
16. I gcás duine ina sheasamh sa réimse leictreach faoi bhun líne lasnairde 400 kV, bheadh lucht dromchla ailtéarnach á ionduchtú ar an gcorp aige agus bheadh sruth ailtéarnach gaolmhar á ionduchtú ina chorp aige. D'fhéadfadh an lucht dromchla ionduchtaithe idirghníomhú leis an réimse leictreach chun an clúmh a chur ag creathadh, ach ní bheadh an creathadh sin sách láidir lena bhrath go hiondúil. I réimse leictreach ar minicíocht príomhlínte thart ar 9 kV/m, d'fhéadfadh an sruth ionduchtaithe sa chorp a bheith chomh láidir le tuairim is 150 μA .
17. I gcásanna áirithe, is féidir le duine a nochtar do réimse leictreach ard spréach-dhíluchtuithe beaga (micreathurraingí) a bhrath nuair a theagmhaíonn sé le rudaí eile. Tá na micreathurraingí sin cosúil le “turraingí cairpéid” a bhfuil leictreachas statach ina chúis leo a bhraitear i gcoitinne. Go hiondúil, ní bhaineann an mothú ach leis an spréach-dhíluchtú móimintíúil a tharlaíonn ar dhéanamh nó ar bhriseadh na teagmhála. Ní mheastar gur rudaí díobhálacha iad na micreathurraingí.

8.1.5 Achoimre ar an bhFianaise ar Éifeachtaí EMFanna i réimsí níos ísle

18. Tá taighde ar an tionchar sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag EMFanna ar minicíocht rí-íseal (ELF) ar bun le cúpla scór bliain anois. Díríodh go príomha i staidéir roimh na 1970idí ar an tionchar díreach atá ag nochtadh gearrthéarmach. Cuireadh iarracht chomhbheartaithe taighde ar bun ar an tionchar sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag nochtadh fadtéarmach ar leibhéal íseal do EMFanna ar minicíocht rí-íseal tar éis foilsíú staidéar eipidéimeolaíochta inar tugadh le fios go raibh comhcheangal staitistiúil idir ailse in aois an pháiste agus saintréithe línte cumhachta dáilte in aice le tithe cónaithe na leanaí (Wertheimer agus Leeper, 1979). Tar éis an staidéir sin, tháinig líon mór staidéir taighde, lena n-áirítear staidéir ar eipidéimeolaíocht i ndaoine agus staidéir thurgnamhacha ar dhaoine agus ar ainmhithe saotharlainne (staidéir in vivo) agus staidéir ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chealla agus ar fhíocháin (staidéir in vitro). Le dhá scór bliain anuas, tugadh roinnt éifeachtaí féideartha de EMFanna ar minicíocht rí-íseal maidir le roinnt críochphointí sláinte le fios, ach go dtí seo níor deimhníodh aon nasc teagmhasach le haontoradh sláinte.
19. D'fhorbair gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eolaíochta modhanna caighdeánacha eolaíochta d'fhonn measúnuithe eolaíochta córasacha ar thaighde a threorú agus d'fhonn measúnuithe neamhchlaonta a chur chun cinn den bhaol féideartha chun teorainneacha maidir le nochtadh a fhorbairt chun cosaint a thabhairt do shláinte an duine. Nuair a chloítear le modhanna caighdeánacha eolaíochta cuidíonn sé chun suibiachtúlacht a íoslaghdú nó fáil réidh leis sa mheastóireacht agus sa léirmhíniú ar shonraí eolaíochta. Leis na modhanna sin ní mór litríocht phiarmheasúnaithe ábhartha a aithint ar bhonn córasach lena n-áirítear trí chineál staidéir: staidéir eipidéimeolaíochta i ndaoine, staidéir ar ainmhithe saotharlainne (in vivo), agus staidéir maidir le cealla agus fíocháin (in vitro). Déantar athbhreithniú ar gach staidéar ansin d'fhonn measúnú a dhéanamh ar cháilíocht dhearadh an staidéir agus ar na modhanna anailíse agus meastóireachta. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag lochtanna i ndearadh nó i gcur i gcrích staidéir ar a iontaofacht. Toisc nach bhfuil aon staidéar gan locht éigin, tugtar níos mó airde ar staidéir atá ar cháilíocht níos airde, agus ar staidéir a ndeimhníonn eolaithe eile iad, agus úsáidtear an téarma athbhreithniú thromachar na fianaise dá leithéid.
20. D'fhonn measúnuithe riosca sláinte a dhéanamh i gceart, cuireann gníomhaireachtaí eolaíochta agus sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta painéil ildisciplíneacha saineolaithe le chéile a bhfuil an saineolas ábhartha acu (e.g. eipidéimeolaíocht, néaraifiseolaíocht, measúnú ar nochtadh, agus tocsaineolaíocht) d'fhonn athbhreithnithe thromachar na fianaise a dhéanamh. Tá láidreachtaí agus teorainneacha comhlántacha ag gach ceann de na trí chineál staidéar taighde, dá

bhrí sin tá comhtháthú thorthaí na gcur chuige difriúil tábhachtach ó thaobh fianaise a thugann na painéil saineolaithe a mheas.

21. Baineann painéil athbhreithnithe ildisciplíneacha tátal as breithniú a dhéanamh ar an gcorpas taighde iomlán, rud a chruthaíonn meas níos mó do staidéir ar cháilíocht níos airde. Léirítear i gconclúidí na n-athbhreithnithe sin de ghnáth comhdhearcadh na saineolaithe atá rannpháirteach sa phainéal.
22. Ceann de na fadhbanna a bhíonn le sárú ag eolaithe i mbun athbhreithnithe ar EMFanna le blianta anuas is ea go bhfuil líon mór staidéar ann ina dtuairiscítear freagairtí do EMFanna, ach ar theip ar eolaithe neamhspleácha iad a mhacasamhlú go neamhspleách. Sin é an fáth a ndéanann painéil athbhreithniúcháin a chuireann gníomhaíochtaí eolaíochta agus sláinte le chéile breithniú ar an gcorp fianaise ar fad agus riosca féideartha nochtta do EMFanna á mheasúnú acu.

8.1.6 Athbhreithnithe arna ndéanamh ag Comhlachtaí Údarásacha

8.1.6.1 Forbhreathnú

23. Tá athbhreithniú críochnúil déanta ag roinnt comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta le blianta beaga anuas ar na héifeachtaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag réimsí minicíochta príomhlínte sa chomhshaoil. Is iad na príomhchomhlachtaí a bhfuil ábharthacht údarásach acu ná, sa Ríocht Aontaithe, an Bord Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch / an Ghníomhaireacht um Chosaint na Sláinte / Public Health England, agus sa dá dhlíne, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus SCENIHR (an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte Nua-Aitheanta atá ag teacht chun cinn) atá ar an gcoiste comhairleach eolaíochta oifigiúil don Aontas Eorpach. Déanann an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ó Radaíocht Neamhianaithe (ICNIRP) a athbhreithnithe féin ar an eolaíocht nuair a bhíonn treoirlínte á leagan amach.
24. Nuair a bhíonn beartas EMF á leagan amach, déanann an Rialtas sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn athbhreithnithe ábhartha ar an eolaíocht arna ndéanamh ag comhlachtaí údarásacha a chur san áireamh.

8.1.6.2 An NRPB agus an HPA

25. Bhain an radaíocht neamh-ianúcháin sa Ríocht Aontaithe le sainchúram an Bhoird Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (NRPB) ó thús. Tá an NRPB ina chuid den Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte (HPA) ón 1 Aibreán 2005 i leith, agus bhí sé ina Rannóg um Chosaint ar Radaíocht (HPA-RPD) sa Ghníomhaireacht. Ina dhiaidh sin, rinneadh Public Health England (PHE) den HPA in 2013. Sa

chomhthuarascáil chomhshaoil seo, tagraítear do cibé comhlacht a bhí ábhartha tráth a rinneadh an ráiteas i gceist.

26. D'fhoilsigh an NRPB leagan nua de 'Advice on Limiting Exposure to Electromagnetic Fields (0-300GHz)' (*Comhairle maidir le Nochtadh do Réimsí Leictreamaighnéadacha (0-300 Ghz) a Theorannú*) (NRPB 2004a) in 2004, agus foilsíodh 'Review of the Scientific Evidence for Limiting Exposure to Electromagnetic Fields (0-300GHz)' (*Athbhreithniú ar an bhFianaise Eolaíoch chun Nochtadh do Réimsí Leictreamaighnéadacha (0-300 Ghz) a Theorannú*) (NRPB 2004b) in éineacht leis. Sa chéad fhoilseachán díobh sin, déantar achoimre ar an bhfianaise eipidéimeolaíochta mar seo a leanas (lch 15):

“Dar leis an NRPB, is tuairim atá i gceist faoi láthair leis an bhfianaise eipidéimeolaíochta go bhfuil dearbhriosca méadaithe beag leicicéime i leanaí ag baint le meán-nochtadh ualaithe de réir ama do réimsí maighnéadacha minicíochta príomhlínte os cionn 0.4 μ T, agus níl míniú fóna eolaíoch leis an tuairim sin. Níl aon fhianaise shoiléir le fáil ar éifeacht charcanaigineach EMFanna ar minicíocht rí-íseal i ndaoine fásta, agus níl aon mhíniú sochreidte bitheolaíoch ar an ngaolmhaireacht is féidir a fháil ó thurgnaimh ar ainmhithe ná ó staidéir cheallacha ná mhóilíneacha. D’fhéadfadh mínithe malartacha ar an ngaolmhaireacht eipidéimeolaíochta sin a bheith ann: mar shampla, laofacht fhéideartha i roghnú na leanaí cóimheasa ar a raibh leicicéime i roinnt staidéar agus comhathruithe trí sheans mar gheall ar líon beag na ndaoine a raibh tionchar orthu. Dá bhrí sin, bheadh leibhéal an-ard éiginnteachta ag baint le haon tuairimí a d’fhorbrófaí ina nglacfaí leis an ngaolmhaireacht mar ghaolmhaireacht chúisíoch.

27. Maidir le torthaí eile sláinte, lena n-áirítear ailse aosach, galair néarmheathlúcháin, féinmharú agus tinneas dúlagair, galar cardashoithíoch, nó drochthorthaí toirchis, mheas an NRPB gur lag nó neamh-chomhsheasmhach atá an fhianaise eipidéimeolaíochta ar fáil, agus tháinig sé ar an gconclúid seo:

“ní féidir torthaí staidéar eipidéimeolaíochta, ina n-aonar nó athbhreithnithe lena chéile ag grúpaí saineolaithe, a úsáid faoi láthair mar bhonn chun srian a chur ar nochtadh do EMFanna.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

8.1.6.3 IARC

28. Gníomhaireacht de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte is ea an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC). Tá monagraif á bhfoilsiú go tréimhsiúil ag Aonad Sainaitheanta agus Measúnaithe Carcanaiginí na Gníomhaireachta ó 1972 i leith ina ndéantar measúnú ar an bhfianaise gurb ábhair charcanaigineacha atá i gceist le hoibreáin éagsúla agus ina ndéantar na hoibreáin a aicmiú dá réir sin. I mí an Mheithimh 2001, tháinig meitheal le chéile chun féachaint ar réimsí leictreacha agus maighnéadacha ar minicíocht rí-íseal (IARC 2002). Aicmíodh réimsí maighnéadacha ar minicíocht príomhlínte mar ‘nithe a d’fhéadfadh a bheith carcanaigineach’ bunaithe ar fhianaise ‘theoranta’ a fuarthas ó

dhaoine maidir le leaicéime in aois an pháiste, fianaise ‘neamhleor’ a fuarthas ó dhaoine maidir le gach cineál ailse eile, agus fianaise ‘neamhleor’ a fuarthas ó ainmhithe. Measadh nárbh fhéidir réimsí leictreacha ar minicíocht príomhlínte a aicmiú bunaithe ar fhianaise ‘neamhleor’ a fuarthas ó dhaoine agus ó ainmhithe araon.

8.1.6.4 WHO

29. D’fhoilsigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) Monagraf ar na Critéir um Shláinte Comhshaoil in 2007 maidir le EMFanna ar minicíocht rí-íseal (WHO 2007). Meitheal Tasc a tháinig le chéile in 2005 a d’ullmhaigh an monagraf sin. Is iad seo a leanas cuid de na conclúidí a bhí ann:

‘Éifeachtaí ainsealacha’

Tá fianaise eolaíoch ina dtugtar le fios go mbeadh riosca don tsláinte ag baint le nochtadh ainsealach ísealdéine (os cionn 0.3-0.4 μ T) do réimse maighnéadach ar minicíocht príomhlínte bunaithe ar staidéir eipidéimeolaíochta ina léirítear patrún comhsheasmhach maidir le riosca méadaithe leaicéime in aois an pháiste. I measc na n-éiginnteachtaí sa mheasúnú ar ghuaiseacha, áirítear an ról a d’fhéadfadh a bheith ag laofacht sa roghnú cóimheastóirí agus mí-aicmiú an nochtadh ar an ngaolmhaireacht bhreathnaithe idir réimsí maighnéadacha agus leaicéime in aois an pháiste. Ina theannta sin, ní thacaíonn formhór mór na fianaise saotharlainne ná na fianaise meicníche le gaolmhaireacht idir réimsí maighnéadacha ELF ar leibhéal íseal agus athruithe i bhfeidhm bhith-eolaíoch nó i stádas galair. Dá bhrí sin, níl an fhianaise sách láidir ar an iomlán go measfaí mar fhianaise chúisíoch í, ach tá sí sách láidir le bheith ina hábhar imní.

Rinneadh iniúchadh ar roinnt galair eile féachaint an bhféadfadh gaolmhaireacht a bheith idir iad agus nochtadh do réimse maighnéadach ar minicíocht rí-íseal. Airítear leo ailsí i leanaí agus i ndaoine fásta araon, dúlagar, féinmharú, mífheidhmiú atáirgthe, neamhoird fhorbarthacha, modhnuithe imdhíonachta, agus galar néareolaíoch.

Is laige i bhfad an fhianaise eolaíoch a thacófaí le nasc idir réimsí maighnéadacha ar minicíocht íseal agus ceann ar bith de na galair sin ná mar atá i gcás leaicéime in aois an pháiste. I gcásanna áirithe (mar shampla i gcás galar cardashoithíoch nó ailse chíché), is leor an fhianaise le bheith muiníneach nach mbíonn réimsí maighnéadacha ina gcúis leis an ngalar.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

8.1.6.5 SCENIHR

30. D’fhoilsigh SCENIHR tuarascáil maidir le EMFanna “Health Effects of Exposure to EMF” (*Éifeachtaí Sláinte an Nochtadh do EMF*) (SCENIHR 2009) an 19 Eanáir 2009. Sa chuid den choimriú is mó a bhaineann le réimsí ELF, sonraítear an méid seo a leanas:

‘Le líon beag na staidéar nua eipidéimeolaíochta agus na staidéar nua a rinneadh ar ainmhithe inar féachadh ar nochtadh do ELF agus ar ailse, ní

athraítear an mheasúnacht a bhí ann cheana go bhféadfadh réimsí maighnéadacha ELF a bheith ina gcaranaigin agus go bhféadfaidís cur le méadú i líon na gcásanna leicéime in aois an pháiste. Faoi láthair, níl míniú meicníoch ar an toradh eipidéimeolaíochta sin curtha ar fáil le staidéir in vitro.

Ní thacaíonn staidéar nua ar bith le gaol cúisíoch idir réimsí ELF agus comharthaí sóirt féintuairiscithe.

I staidéir nua eipidéimeolaíochta, léirítear méadú féideartha ar ghalair Alzheimer de bharr nochtadh do ELF. Ní mór iniúchtaí breise eipidéimeolaíochta agus saotharlainne ar an mbreathnú sin a dhéanamh.

I staidéir ar ainmhithe a rinneadh le déanaí, léiríodh tásca maidir le héifeachtaí ar an néarchóras ag floscdhlúis idir 0.10-1.0 mT. Mar sin féin, tá neamhréireachtaí sna sonraí i gcónaí, agus ní féidir teacht ar chonclúidí cinnte maidir le héifeachtaí sláinte ar an duine.

Níor féachadh ach i líon beag staidéir in vitro le déanaí ar éifeachtaí réimsí ELF ar ghalair seachas ailse, agus níl mórán ábharthachta ag baint le staidéir dá leithéid atá ar fáil. Tá gá le staidéir in vitro bunaithe ar hipitéisí chun féachaint ar ghalair ar leith.

Tá sé suntasach go léirítear éifeachtaí i staidéir in vivo agus in vitro ar leibhéil nochtadh (ó 0.10 mT agus os a chionn) do réimsí ELF atá cuid mhaith níos airde ná na leibhéil a bhíonn i gceist leis na staidéir eipidéimeolaíochta (leibhéil μ T) inar léiríodh go raibh gaolmhaireacht idir an nochtadh agus galair amhail leicéime in aois an pháiste agus galair Alzheimer. Ní mór iniúchadh breise a dhéanamh air sin.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

31. Scaoil an SCENIHR réamhthuirim²⁷ athraithe chun dáta le haghaidh comhairliúcháin an 4 Feabhra 2014 agus tá na conclúidí ar tháinig sé orthu inti comhsheasmhach san iomlán leis na conclúidí ar tháinig sé orthu in 2009, cé gur breithníodh staidéir thaighde nua. Thuairiscigh an Coiste go sonrathach nach dtugann staidéir eipidéimeolaíochta léargas ar an mbaint le leicéime in aois an pháiste a tuairiscíodh roimhe seo agus go gcuireann na heasnamh sna staidéir sin agus easpa thacaíochta trialach ó staidéir ar ainmhithe nó fianaise cheallach ar mheicníochtaí cosc ar léirmhíniú teagmhasach ar an mbaint staitistiúil sin. Chomh maith leis sin, thuairiscigh an Coiste nach soláthraíonn torthaí le déanaí fianaise dhiongbháilte ar ghalair néarmheathlúcháin nó ar néaltrú ná nach léiríonn siad fianaise ar dhrochthorthaí toirchis a bhaineann le EMF. Measadh go raibh laig ag staidéir eipidéimeolaíochta ar shiomptóim a thuairiscigh daoine a shonraigh go bhfuil siad íogair i leith nochtadh do EMF agus ní sholáthraíonn na staidéir sin fianaise dhiongbháilte ar thionchar EMF ar shiomptóim sa phobal i gcoitinne. Is conclúid í sin a dtacaíonn an chuid is mó den fhianaise thrialach léi. Níor thug an fhianaise ar fáil le fios don Choiste go raibh nochtadh comhcheangailte do réimsí éagsúla nó do chomharthaí éagsúla ina chúis le tionchar suntasach le haghaidh nochtadh iomlán faoi luachanna treoirlíne idirnáisiúnta. Níor chuimsigh tuairim an

²⁷ http://ec.europa.eu/health/scientific_committees/emerging/docs/scenihr_o_041.pdf

SCENIHR aon mholtaí le haghaidh bearta réamhchúramacha chun nochtadh do EMF a theorannú.

8.1.7 Éifeachtaí EMFanna ar an bhFeirmeoireacht, agus ar Fhlóra agus ar Fhána

32. Cé gur leis na héifeachtaí ar dhaoine a bhain tromlach na staidéar eolaíoch ar éifeachtaí féideartha EMFanna, rinneadh líon suntasach staidéar freisin ar éifeachtaí féideartha ar ainmhithe (ainmhithe feirme go príomha) agus ar phlandaí (barra talmhaíochta go príomha).
33. Bíodh is go dtuairiscítear mionathruithe a d'fhéadfadh a bheith inchurtha i leith EMFanna, is cosúil nach bhfuil aon éifeacht ar leith ar féidir féachaint uirthi mar éifeacht chruthaithe. Níor aimsíodh éifeacht ar bith i dtromlach na fianaise. Léirítear sin i gconclúidí na gcomhlachtaí údarásacha a rinne an cheist sin a iniúchadh e.g. SCENIHR (2009).
34. D'fhéadfaí go mbeadh éifeacht ar bheacha dá mbeadh an choirceog lonnaithe i réimse leictreach láidir. Is é an sásra a tharlaíonn ná téamh na coirceoige de bharr sruthanna ionductaithe nó turraingí beaga de bharr luchtanna beaga ionductaithe. Is féidir na héifeachtaí sin a dhíorthú go héasca ach cumhdach miotal talmhaithe a leagan os cionn na coirceoige chun í a chosaint. Níor léiríodh go dtéann nochtadh do réimsí maighnéadacha ELF nó éifeachtaí díreacha réimsí leictreacha ELF i bhfeidhm ar bheacha.
35. Tá corpas mór litríochta ar fáil ar an gcaoi a mbaineann ainmhithe, éin nó éisc éagsúla leas as réimse maighnéadach an Domhain chun críche loingseoireachta, agus áirítear leo tuairimí go bhféadfadh línte lasnairde cur isteach ar chumas roinnt ainmhithe réimse an Domhain a bhrath. Is léir go raibh na comhlachtaí athbhreithnithe údarásacha ar an eolas maidir leis an gcorpas sin, ach níor chinn siad go raibh sé ábhartha le haghaidh a measúnachta ar EMFanna ar minicíocht príomhlínte. Is dócha gurb é an chúis atá leis sin ná go mbaineann speicis dá leithéid sin leas as réimsí statacha seachas as na réimsí ailtéarnacha a bhíonn á dtáirgeadh ag córais chumhachta.
36. Níl na hiarratasóirí faoi seach ná a sainchomhairleoirí ar an eolas i leith aon fhianaise ina dtugtar le fios go mbeadh tionchar ag EMFanna ar bhia do dhaoine a dtáirgeann ainmhithe nocht do EMFanna é nó a dtáirgtear é ó ainmhithe dá leithéid.

8.2 Modheolaíocht

8.2.1 Achoimre ar Rialúcháin ar EMFanna

37. Is iad treoirlínte cainníochtúla um nochtadh arna dtáirgeadh ag comhlachtaí údarásacha idirnáisiúnta ábhartha a úsáidtear mar bhonn chun EMFanna a rialú agus, dá bhrí sin, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an idirnascaire a bheartaítear nó nach bhfuil.
38. D'eisigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche (ICNIRP) treoirlínte idirnáisiúnta maidir le nochtadh poiblí agus ceirde araon do EMFanna ar minicíocht rí-íseal in 1998 agus nuashonraíodh iad in 2010 (ICNIRP 1998, 2010). I Moladh 12 Iúil 1999 ó Chomhairle an AE maidir leis an teorannú ar nochtadh an phobail i gcoitinne do réimsí leictreamaighnéadacha (0 Hz go 300 GHz), úsáideadh treoirlínte 1998 mar bhunús do threoirlínte maidir le nochtadh daonna do EMFanna ar minicíocht rí-íseal ó fhoinsí cumhachta a d'ionchorpraigh siad isteach ina moltaí le haghaidh suíomhanna ina gcaitheann daoine go leor ama (AE, 1999). Ghlac go leor tíortha ar fud an domhain le treoirlínte an ICNIRP nó leanann siad iad.
39. Rith an AE treoir nua maidir le nochtadh ceirde do EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF), Treoir 2013/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 bunaithe ar threoirlínte an ICNIRP 2010 (AE, 2013). Tá na teorainneacha nochtadha deartha chun cosaint ar thionchar díreach agus indíreach ar eolas a bhaineann le EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF).
40. Agus na treoirlínte á gcinneadh, ba é príomhchuspóir an ICNIRP 'treoirlínte a leagan síos chun an nochtadh do réimse leictreach agus maighnéadach (EMF) a theorannú, rud a thabharfaidh cosaint i gcoinne gach tionchar thromchúiseach bunaithe ar an tsláinte.' [aistriúchán neamhoifigiúil] Rinne an ICNIRP athbhreithniú críochnúil thromachar na fianaise ar an taighde carnach ag an am (in 1998 agus in 2010 araon) agus bhain siad de tháil as go raibh na sonraí eipidéimeolaíochta ró-lag agus nárbh leor iad chun aon treoirlínte a leagan síos. Níor tugadh le fios go cinnte san fhianaise maidir leis an tionchar ainsealach de nochtadh fadtéarmach gur chuir an nochtadh EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF) le haon tionchar sláinte, lena n-áirítear ailse. Chinn siad, áfach, go bhféadfadh tionchar gearrthéarmach, néara-spreagthach tarlú ag leibhéal réimse an-ard agus leag siad síos treoirlínte chun cosaint a thabhairt i gcoinne na dtionchar sin, ina measc aireachtáil, briogadh, díluchtú beag leictreach (micreathurraingí), agus spreagadh néaróg agus matán. Is freagraí neamhbhuana iad sin ar nochtadh agus níl siad bagrach don bheatha. Chun foráil a dhéanamh i gcomhair éiginnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith i sonraí

eolaíochta, cuireadh lagduithe breise ar theorainneacha trí thosca sábháilteachta i bhfeidhm nuair a leagadh síos treoirlínte um nochtadh.

8.2.2 Beartas Náisiúnta Infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe

8.2.2.1 Treoirlínte um Nochtadh do EMF sa Ríocht Aontaithe

41. Níl rialachán reachtúil ar bith sa Ríocht Aontaithe lena gcuirtear teorainn ar nochtadh daoine do réimsí leictreacha nó maighnéadacha ar minicíocht príomhlínte. Mar sin féin, is ar an Rialtas atá an fhreagracht maidir le bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun EMFanna a rialú, agus tá sraith beartas curtha i bhfeidhm chuige sin ag an Rialtas bunaithe ar threoirlínte cainníochtúla um nochtadh.
42. Déantar cur síos mionsonraithe i rannán 8.2.2.1 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite ar na beartais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe chun EMFanna a rialú.
43. Go hachóimre, in 2004, rinne an Bord Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (NRPB) ar a raibh an fhreagracht reachtúil comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le cosaint ar an radaíocht neamh-ianúcháin lena n-áirítear réimsí ar minicíocht príomhlínte, moladh don Rialtas (NRPB 2004a) go nglacfaidh an Ríocht Aontaithe le treoirlínte a d'fhoilsigh an ICNIRP in 1998 (ICNIRP 1998). Ghlac an Rialtas leis an moladh sin, agus shonraigh in 2004 (DH 2004) gur cheart go mbeadh nochtadh an phobail á theorannú le Treoirlínte 1998 ICNIRP i dtéarmaí Molta a rinne an tAontas Eorpach in 1999 (AE 1999). Athshonraíodh an beartas sin ar bhealach níos follasaí i Ráiteas Scríofa ón Aire in 2009 (DH 2009), agus leagadh amach na sonraí riachtanacha maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an bheartais sin i gCód Cleachtais um Chomhlíonadh (DECC 2012a) a eisíodh den chéad uair in 2011. Ghlac Feidhmeannas Thuaisceart Éireann an Cód Cleachtais sin go sainráite in 2012 agus eisíodh leagan leasaithe an tráth sin chun Tuaisceart Éireann a chuimsiú. Níl aon bheartas ar leith i dTuaisceart Éireann maidir le EMFanna ó línte lasnaide.

8.2.2.2 Beartas maidir le Treoirlínte um Nochtadh a Chomhlíonadh (Tuaisceart Éireann)

44. Is é beartas SONI nach mór don idirnascaire a bheartaítear beartais an Rialtais ar EMFanna, agus go háirithe treoirlínte an Rialtais um nochtadh do EMF, a chomhlíonadh. Trí bheartas an Rialtais maidir le leibhéil nochtá EMF a chomhlíonadh, creideann SONI go n-áirithítear an leibhéal iomchuí cosanta don phobal ó na réimsí sin.
45. Agus an t-idirnascaire a bheartaítear á fhorbairt, rinne togra SONI an líne lasnaide 400 kV nua a bheartaítear a dhearadh chun Moladh 1999 ón AE a chomhlíonadh

ina iomláine, agus chun an t-aon bheartas ábhartha eile de chuid an Rialtais (a bhaineann le coincheap ar a dtugtar “pasáil”) a chomhlíonadh freisin (feic rannán 8.2.5 below). Comhlíonann an gníomh sin beartais an Rialtais agus sainchomhairle PHE, a bhíonn ag gníomhú mar shainchomhairleoir eolaíoch neamhspleách an Rialtais i ndáil le EMFanna.

46. Tá SONI tiomanta d’fhorálacha na gCód Cleachtais trína bhallaíocht de Chumann na nGréasán Fuinnimh agus, tar éis leasú 2012, tá feidhm shainiúil ag na Cóid Chleachtais sin i dTuaisceart Éireann agus don idirnascaire a bheartaítear dá bhrí sin. Cruthaíodh Ráiteas Beartais Náisiúnta (NPS) EN-5 i gcomhthéacs an chórais pleanála mar atá i Sasana agus sa Bhreatain Bheag amháin, ach baineann na prionsabail atá leagtha amach ann leis an Ríocht Aontaithe ar fad. In éagmais aon bheartais pleanála i dTuaisceart Éireann ina bhféachtar ar shaincheistanna EMF, tugann SONI aird ar na beartais in NPS EN-5. Tacaíonn NPS EN-5 leis na beartais atá mínithe anseo, lena n-áirítear an Cód Cleachtais um Chomhlíonadh.

8.2.3 Beartas Náisiúnta Infheidhmithe in Éirinn

8.2.3.1 Treoirínte um Nochtadh do EMF in Éirinn

47. Fuair an Grúpa Saineolaithe um Éifeachtaí Sláinte na Réimsí Leictreamaighnéadacha ar cheap an Rialtas é an méid seo a leanas amach: “baineann rialtais agus údaráis chomhairleacha sláinte ar fud an domhain úsáid as treoirínte ICNIRP chun a chinntiú go gcosnaítear saoránaigh ar aon drochéifeachtaí sláinte a d’fhéadfadh teacht as nochtadh do EMF”. Mhol an Grúpa Saineolaithe “comhlíonadh docht threoirínte an ICNIRP” [aistriúchán neamhoifigiúil] agus tháinig sé ar an gconclúid go soláthródh an comhlíonadh sin “dóthain cosanta don phobal ó aon fhoinsí EMF” [aistriúchán neamhoifigiúil] (DCMNR, 2007).

8.2.3.2 Beartas EirGrid maidir le Treoirínte um Nochtadh a Chomhlíonadh

48. Féachann EirGrid ar chosaint sláinte, sábháilteachta agus leasa na foirne agus an phobail i gcoitinne mar bhunluach tábhachtach de chuid na cuideachta i ngach ceann de na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun aige. Cuid de bheartas EirGrid is ea an gréasán a dhearadh agus a fheidmiú de réir na gcaighdeán sábháilteachta is airde agus le hathbhreithniú agus le nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar a chaighdeán i bhfianaise nuafhorbairtí agus torthaí nua taighde. Leanfaidh EirGrid ag cur na mbeart maolaithe seo a leanas i bhfeidhm:

- An córas tarchuir a dhearadh agus a fheidmiú de réir na moltaí agus na dtreoirínte AE is cothroime le dáta de chuid na sainchomhlachtaí údarásacha neamhspleácha idirnáisiúnta éagsúla;

- Dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar thaighde eolaíoch agus innealtóireachta sa réimse seo agus tacú leis;
 - Faisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne agus don phobal i gcoitinne ar an gceist maidir le EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF).
49. Ina theannta sin, féachann na gnáthchritéir um pleanáil teoraithe de chuid EirGrid go ginearálta le limistéir faoi líon mór daoine a sheachaint agus líne an idirnascaire a bheartaítear a threorú chomh fada ar shiúl ó thithe atá ann cheana agus is féidir go réasúnach. Is é an toradh atá air sin ná nochtadh féideartha do EMF ar minicíocht rí-íseal a íoslaghdú.
50. Tá seasamh EirGrid i ndáil le EMF ar minicíocht rí-íseal agus le sláinte bunaithe go hiomlán ar chonclúidí agus ar mholtaí gníomhaireachtaí bunaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta sláinte agus eolaíochta a rinne athbhreithniú ar an litríocht ar ann di ina thaobh sin. Bhí sé ina chonclúid, arís agus arís eile, ag na painéil seo nach dtugtar le fios sa taighde go mbíonn EMFanna ar minicíocht rí-íseal (ELF) ina gcúis le haon drochthionchar ar an tsláinte ag an méid de a bhíonn timpeall orainn gach lá agus gur leor cloí leis na caighdeáin reatha de chuid an ICNIRP le cosaint leordhóthanach na sláinte poiblí a chur ar fáil.

8.2.4 Luachanna Uimhriúla na dTreoirlínte um Nochtadh

51. Baineann an rannán seo le luachanna 50 Hz na dteorainneacha nochtá, an mhinicíocht ábhartha don idirnascaire a bheartaítear.
52. I dtreoirlínte ICNIRP, moltar nach nochtar an pobal i gcoitinne do leibhéil EMFanna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dlús srutha ar mó é ná dhá mhíliú aimpéar sa mhéadar cearnach (2 mA/m^2) i lárchóras na néaróg i ndaoine. Cuirtear síos ar an moladh sin mar an 'bunsrian'. Maidir leis na réimsí seachtracha nach mór iad a chur i bhfeidhm ar an gcorp chun an dlús srutha sin a chruthú, ní mór iad a ríomh de réir dáileogmhéadracht uimhriúil.
53. Tá luachanna na réimsí seachtracha ar a dtugtar 'leibhéil tagartha' le fáil i dtreoirlínte ICNIRP freisin. Is é 5 kV/m an leibhéal tagartha do réimse leictreach, agus is é 100 μT an leibhéal tagartha do réimse maighnéadach.
54. Úsáidtear na luachanna céanna i Moladh an AE ó 1999 is atá in úsáid ag an ICNIRP (1998) ach sonraítear go mbaineann na luachanna le láithreacha ina gcaitheann daoine cuid mhór ama.
55. Is é an teorainn iarbhír an bunsrian i dtreoirlínte ICNIRP agus i Moladh an AE. Ní teorainneacha iad na leibhéil tagartha, ach tugtar treoir leo ar chásanna ina bhfuil gá le hiniúchadh mionsonraithe a dhéanamh ar chomhlíonadh na teorann iarbhír (an

bunsrian). Mura bhfuil an leibhéal tagartha á shárú, ní féidir leis an mbunsrian a bheith á shárú agus níl iniúchadh sa bhreis de dhíth. Má tá an leibhéal tagartha á shárú, ní mór comhlíonadh an bhunsriain a mheasúnú de réir dáileogmhéadracht uimhriúil.

56. Is í an dáileogmhéadracht uimhriúil a dhéanann Dimbylow an dáileogmhéadracht uimhriúil is mó a bhfuil glacadh léi. Sa Ríocht Aontaithe, tá na luachanna arna ríomh ag Dimbylow curtha isteach sa Chód Cleachtais um Chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, tá stádas foirmiúil acu:

‘Sna treoirlínte um nochtadh a d’fhoilsigh an ICNIRP in 1998, sonraíodh bunsríon don phobal. Faoin mbunsríon sin, níor cheart don dlús srutha ionduchtaithe i lárchóras na néaróg a bheith os cionn 2 mA m-2. Sonraíonn an Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte go bhfuil an dlús srutha ionduchtaithe sin cothrom le réimsí neamhchorraithe aonfhoirmeacha 360 μ T do réimsí maighnéadacha agus 9.0 kV m⁻¹ do réimsí leictreacha. Tá iniúchadh níos mionsonraithe de dhíth i gcásanna nach bhfuil an réimse aonfhoirmeach. Dá réir sin, is iad sin na leibhéil réimsí a bheidh á gcomhlíonadh i gcás línte cumhachta lasnairde (lena dtáirgtear réimsí aonfhoirmeacha gar do leibhéal na talún go bunúsach) nuair is gá. Maidir le trealamh eile lena gcruthaítear réimsí neamh-aonfhoirmeacha, amhail cáblaí faoin talamh, ní bheidh na figiúirí coibhéseacha níos ísle ach d’fhéadfaidís a bheith níos airde, agus níor mhór na figiúirí sin a chinneadh ar bhonn cáis ar chás de réir na nósanna imeachta atá sonraithe ag an nGníomhaireacht. Tugann an Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte míniú breise ar bhunsrianta, ar leibhéil tagartha etc.’ [aistriúchán neamhoifigiúil]

57. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil na réimsí arna dtáirgeadh ag líne lasnairde in áiteanna ina gcaitheann daoine tréimhse shuntasach ama (AE, 1999) níos ísle ná 9 kV/m agus 360 μ T, na réimsí atá de dhíth chun bunsríon ICNIRP a tháirgeadh, glactar leis an líne mar a bheith ag comhlíonadh threoirlínte ICNIRP agus bheartas an Rialtais sa dá thír dá thoradh sin.

8.2.5 Bearta Réamhchúramacha Breise

8.2.5.1 Forbhreathnú

58. Nuair a bhíonn tuairimí á léiriú i leith éifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith ann ach nach bhfuil na héifeachtaí sin cruthaithe, mar atá i gcás EMFanna, is iomchuí féachaint ar chuir chuige réamhchúramacha.
59. Rinne Meitheal Tasc EMF an WHO, a d’fhoilsigh monagraf ar Chritéir Sláinte Comhshaoil (EHC) i mí an Mheithimh 2007 (WHO 2007), tuairim a nochtadh ar chostas na gcur chuige réamhchúramach chun nochtadh do EMF ar minicíocht rí-íseal a theorannú. Luaigh an Mheitheal Tasc an méid seo a leanas:

'tá buntáistí sláinte, sóisialta agus geilleagracha ag baint leis an gcumhacht leictreach, agus níor cheart do chuir chuige réamhchúramacha cur isteach ar na buntáistí sin. Anuas air sin, nuair a chuirtear san áireamh laige na fianaise ar nasc idir nochtadh do réimsí maighnéadacha EMF agus leicéime in aois an pháiste, agus an tionchar teoranta ar shláinte an phobail dá mbeadh nasc ann, níl sé soiléir cé na buntáistí sláinte a bhainfeadh leis an nochtadh a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart do chostas beart réamhchúramach a bheith an-íseal.'
[aistriúchán neamhoifigiúil]

8.2.5.2 Bearta Réamhchúramacha sa Ríocht Aontaithe

60. Faoi mar atá mínithe thuas, tá beartas EMF sa Ríocht Aontaithe bunaithe ar chomhlíonadh treoirlínte cainníochtúla um nochtadh. Mar sin féin, cuirtear san áireamh le beartas EMF freisin an gá atá ann féachaint ar bhearta réamhchúramacha féideartha sa bhreis ar na treoirlínte um nochtadh.
61. Bhí Grúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara maidir le EMFanna ar minicíocht rí-íseal (SAGE) i mbun feidhme sa Ríocht Aontaithe sna 2000idí. D'fhoilsigh SAGE an Chéad Mheasúnú Eatramhach uaidh i mí Aibreáin 2007 (SAGE 2007). (Foilsíodh an Dara Measúnú Eatramhach, SAGE 2010, ina dhiaidh sin ach ní bhaineann an measúnú sin go díreach le línte lasnairde). Rinneadh roinnt moltaí ann i leith bearta réamhchúramacha ar chostas réasúnta íseal a bhí chun leas na sochaí ina hiomláine dar leis an ngrúpa. D'fhéach an grúpa ar chonairí timpeall ar línte lasnairde a thabhairt isteach ach níor mhol sé go nglacfaí an rogha sin. Faoin rogha sin, ní cheadófaí aon línte lasnairde laistigh d'fhad sainithe ó thithe atá ann cheana, agus ní cheadófaí tithe nua a thógáil laistigh den fhad céanna ó línte lasnairde a bhí ann cheana.
62. An 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an Rialtas a fhreagra ar mholtaí SAGE i Ráiteas Scríofa ón Aire (DH 2009). Go hachóimre, chinn an Rialtas go gcuirfí aon bheart réamhchúramach amháin i bhfeidhm maidir le línte lasnairde ardvoltais, beart a bhaineann le gné dearthóireachta línte áirithe ar a dtugtar 'pasáil bharrmhaith.' Chinn an Rialtas freisin nárbh íomchuí bearta réamhchúramacha eile, go háirithe 'conairí' nó fad íosta idir línte lasnairde agus tithe cónaithe, agus nach gcuirfí chun feidhme iad dá bhrí sin.
63. Lean togra SONI dea-chleachtas, mar a chuimsítear i Rialacha Holford, le haghaidh Treorú agus tionchar amhairc agus tírdhreacha na líne a bheartaítear a laghdú an oiread agus is féidir. Bhí sé sin ina chúis leis an líne a bheith á treorú ar shiúl ó limistéir faoi líon mór daoine agus chomh fada ar shiúl ó áiteanna cónaithe aonair agus is féidir. Mar thoradh air sin, laghdaítear nochtadh do EMF i dtithe atá ann cheana an oiread agus is féidir freisin.

8.2.5.3 Bearta Réamhchúramacha in Éirinn

64. San athbhreithniú a rinne an painéal saineolaithe don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha, rinneadh moltaí réamhchúramacha sonracha maidir le socrú línte cumhachta agus ionchur an phobail:

‘Nuair is féidir ba cheart línte cumhachta nua a lonnú amach as limistéir ina bhfuil daonra mór d’fhonn nochtadh réimse 50 Hz a íoslaghdú. In áit ar bith ina bhfuil línte móra cumhachta nua le tógáil, ba cheart go mbeadh ionchur ag páirtithe leasmhara maidir le Socrú an Bhealaigh. D’fhéadfadh éisteachtaí poiblí nó cruinnithe le páirtithe leasmhara a bheith i gceist leis seo’ [aistriúchán neamhoifigiúil] (RCMAN, 2007, lch 5).

65. Cuireadh na bearta réamhchúramacha thuas chun feidhme trí na réimsí ó na línte 400 kV atá cóngarach a laghdú trí phasáil líne a mholadh (don phíosa ciorcaid dhúbailte atá ann cheana) trína laghdaítear an réimse maighnéadach as bealach na línte, agus an líne tharchuir a thógáil ar thúir reatha nuair is féidir. Mar thoradh ar ghníomhartha eile a ghlac EirGrid le linn lonnú, treoraíodh línte nua an idirnascaire a bheartaítear ar shiúl ó limistéir faoi líon mór daoine chomh fada ar shiúl ó áiteanna cónaithe reatha agus is féidir go réasúnta é agus ionchorpraíodh páirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a bhfuil tuairisc air sa *Tuarascáil Phleanála*, Imleabhar 2A de na cáipéisí iarratais. (Cuirtear sonraí faoin gcomhairliúchán i dTuaisceart Éireann ar fáil i gCaibidil 6 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite).

8.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

66. Bíonn réimsí leictreacha agus maighnéadacha araon ar fáil go nádúrtha. Is iad sruthanna ag gluaiseacht sa tsraith sheachtrach de chroí an Domhain atá ina gcúis le réimse maighnéadach an Domhain, agus tá difríocht idir luach an réimse sin ag an meánchiorcal (thart ar 30 μ T) agus ag na poil (thart ar 60 μ T).
67. Tá réimse leictreach nádúrtha ar dhromchla an Domhain freisin a bhfuil déine tuairim is 100 V/m ag baint leis in aimsir bhreá, agus is iad luchtanna leictreacha go hard san ianaisféar is cúis leis. Faoi bhun scamall stoirme ina bhfuil lucht leictreach mór, d’fhéadfadh déine suas le 20 kV/m a bheith i gceist leis an réimse os cionn dromchlaí réidhe. D’fhéadfadh an neart réimse a bheith i bhfad níos airde fós os cionn cnocán nó éagothróimí eile nó gar do barr nithe arda amhail crainn.
68. Tugtar réimsí statacha nó réimsí DC ar réimsí nádúrtha leictreacha agus maighnéadacha dá leithéid sin de ghnáth. Maidir leis na réimsí leictreacha agus maighnéadacha a bhíonn á dtáirgeadh ag cumhacht leictreach, is réimsí AC (nó minicíocht chumhachta) 50 Hz iad ar oileán na hÉireann.

69. Tá leictreachas in úsáid níos mó agus níos mó sa saol laethúil le 100 bliain anuas agus ní fhéadfá an saol nua-aimseartha a shamhlú dá uireasa. I measc samplaí de ghnáthnochtadh tá an sreangú i dtithe agus i bhfoirgnimh, fearais agus trealamh leictreach a úsáidtear sa bhaile nó i dtimpeallachtaí oibre, na línte tarchuir a iompraíonn leictreachas ó stáisiúin giniúna chuig fostáisiúin, agus na línte dáihte a dhéanann an chumhacht a sholáthar go háitiúil.
70. I mórán cásanna, is féidir le fearais agus le huirlisí leictreacha tí réimsí maighnéadacha agus leictreacha a ghiniúint ina gcóngar atá níos airde ná réimsí ó línte tarchuir. Mar sin féin, ní bhíonn na réimsí sin ann ach ar feadh na tréimhse gairide a bhíonn an fearas nó an uirlis in úsáid go hiondúil, agus bíonn siad gar don chorp.
71. Tá voltas níos ísle ag línte dáileacháin agus níos lú srutha á iompar acu, ach tá siad níos coitianta agus féadfaidh siad a bheith ina bhfoinse níos mó EMF ar minicíocht rí-íseal toisc iad a bheith níos gaire do thithe cónaithe ná mar atá línte tarchuir. Ní foinse choitianta nochtta é an trealamh laistigh d'fhostáisiúin toisc go dtosaíonn leibhéil EMF ag titim go tapa dá fhaide is atá siad ón bhfoinse, mar sin bíonn na leibhéil nochtta ag na línte fáлта timpeall ar fhostáisiúin gar do leibhéil chúlra go hiondúil, (i.e. na leibhéil a thomhaistear de ghnáth ag achair atá i bhfad ó gach foinse i dtimpeallacht an duine). Is iad na foinsí is láidre in aice le fostáisiúin na línte cumhachta a nascann leo.
72. Níl aon suirbhéanna ar fáil de leibhéil chúlra réimsí maighnéadacha a rinneadh in Éirinn, ach rinneadh roinnt suirbhéanna sa Ríocht Aontaithe. Toisc go bhfuil an eangach chumhachta agus na saintréithe teaghlaigh cosúil leo sin in Éirinn, tá an fhaisnéis áisiúil chun measúnú a dhéanamh ar ghnáthleibhéil chúlra. Measann an Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte (HPA) go bhfuil leibhéil réimse mhaighnéadaigh sa Ríocht Aontaithe idir 0.01 μT agus 0.2 μT . Ríomhadh i meastóireacht ar thrí staidéar inar taifeadadh toisí ar an láthair i 684 teach cónaithe sa Ríocht Aontaithe, leibhéil réimse mhaighnéadaigh ar mheán geoiméadrach de 0.038 μT (Swanson agus Kaune, 1999). Bunaithe ar shonraí teoranta, ríomh siad go bhfuil an nochtadh pearsanta i bhformhór na ndaoine thart ar 40% níos airde ná na toisí sin ar an láthair, rud atá comhsheasmhach leis an méid a dúirt an HPA.

8.4 Bearta Maolaithe

73. Rinneadh an líne lasnairde a bheartaítear a dhearadh le struchtúir thúir lena n-áiríthítear go gcomhlíonfaidh na réimsí a tháirgfear na treoilínte ábhartha um nochtadh.

74. Sa chás ina bhfuil an líne ina cuid de struchtúr ciorcaid dhúbailte, roghnaíodh pasáil an dá chiorcad d'fhonn na réimsí a tháirgfear a laghdú a mhéid is féidir.
75. Ina theannta sin, leis na gnáthnósanna imeachta dea-chleachtais a leantar i dTograí EirGrid agus SONI araon chun línte a threorú, áirithítear go ndéantar an líne a threorú ar shiúl ó thithe cónaitheacha atá ann faoi láthair, nuair is féidir déanamh amhlaidh go réasúnach, rud a laghdaíonn na réimsí arís eile.

8.5 Tionchar Iarmharach

8.5.1 Céim na Tógála

76. Ní tháirgfídh tógáil an idirnascaire a bheartaítear aon EMFanna suntasacha. Dá bhrí sin, baineann an breithmheas seo leis an gcéim oibríoch go príomha.

8.5.2 An Chéim Oibríoch

8.5.2.1 Méideanna Réimsí

77. Laghdaíonn na EMFanna arna dtáirgeadh ag voltas agus ag sruth i seoltóir go tapa de réir mar a mhéadaítear an fad ón seoltóir. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon seoltóir amháin ina chuid d'aon chiorcad leictreach amháin nó níos mó, tarlaíonn cealú i bpáirt idir na EMFanna a bhíonn á dtáirgeadh ag na seoltóirí aonair. San iomlán, is airde na EMFanna ag leibhéal na talún go díreach faoi bhun na seoltóirí den chuid is mó agus laghdaíonn siad go measartha tapa de réir mar a théitear uathu.
78. Cinntear na EMFanna ón idirnascaire a bheartaítear tríd an gcumraíocht agus an cineál struchtúir faoi leith a úsáidtear i bpíosaí difriúla den bhealach seachas trí thagairt do réimse staidéir faoi leith. Dá bhrí sin, tá an plé a dhéantar ar na EMFanna ón líne tharchuir a bheartaítear roinnte sna cásanna ar leithligh sin maidir le túr línte tarchuir, agus féachtar ar thrí chás ar leith:

- Thar fhoirmhór mór de bhealach an idirnascaire a bheartaítear, lena n-áirítear an bealach ar fad atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann, tacófar leis an líne tharchuir atá beartaithe ar thúir chaighdeánacha chruach laitíse ciorcaid shingil;
- Fad gearr de thúir thrasuímh ciorcaid shingil, nach gcuimsíonn ach dhá thúr (Túr 119 agus Túr 120) i mbaile fearainn an Chaisil, Contae Mhuineacháin.
- Fad de thúir laitíse ciorcaid dhúbailte in Éirinn.

79. Cuirtear ríomhanna i láthair anseo le haghaidh na ndearaí seo a bheartaítear don líne lasnairde i dtaca le réimsí leictreacha agus réimsí maighnéadacha araon. Is trí ríomhanna is fearr is féidir measúnú a dhéanamh ar réimsí sna dálaí seo, agus tá cruinneas na ríomhanna inghlactha.
80. Leantar gnásanna tionscalchaighdeánacha sna ríomhanna ar réimsí a léirítear anseo agus, i gcás na Ríochta Aontaithe, tá na gnásanna sin leagtha amach sa Chód Cleachtais um Chomhlíonadh. Go háirithe, déantar neamhaird de shruthanna seicheamh nialais sna ríomhanna ar réimsí maighnéadacha (is é sin, glactar leis go bhfuil na sruthanna i ngach ciorcad cothromaithe go hiomlán). Ní dhéanann an neastachán sin aon difríocht do chruinneas na ríomhanna maidir leis na réimsí is mó ag fad níos gaire don líne lasnairde. Ciallaíonn sé, áfach, go ndéantar na réimsí níos lú ag fad níos mó a mheas faoina luach.
81. Rinneadh na ríomhanna le bogearraí ríomhaire speisialaithe. Fuarthas freagraí cosúla de réir an chruinnis a raibh súil leis ó na bogearraí faoi seach a bhí in úsáid ag tograí EirGrid agus SONI. Ina theannta sin, rinneadh an dá phacáiste bogearraí a bhailíochtú i gcoinne tomhas díreach (Swanson 1995; Chartier agus Dickson, 1990²⁸).
82. Baineann na ríomhanna a chuirtear i láthair anseo, ar an mórchoír, leis na réimsí uasta ar féidir leis an líne iad a tháirgeadh faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin (is é sin, nuair atá an réiteach íosta deartha ag an líne agus nuair atá an sruth leanúnach is mó agus is féidir á iompar). Léiríonn sin na réimsí uasta teoriciúla, agus úsáidtear iad sin chun comhlíonadh na dtreoirlínte um nochtadh a mheasúnú. Tá sé riachtanach an réimse uasta sin a úsáid chun comhlíonadh a mheasúnú i dTuaisceart Éireann faoi mar atá sainithe sa Chód Cleachtas um Chomhlíonadh.
83. Is iad na tosca ar leith a úsáideadh le haghaidh an ríomha sin ná voltas 400 kV (an voltas ainmniúil), lódáil 1500 MVA (an “rátáil is airde is féidir a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach i gcóras slán”) atá sainithe i dtogra SONI, de réir an Chóid Cleachtais, agus arb ionann é agus 2166A), agus glanspás talún 9.0 m (an glanspás is lú ar dearadh an líne ina leith).
84. Mar sin féin, is rí-annamh ar fad a tharlódh réimsí chomh hard sin go praiticiúil mar, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, bíonn sruthanna níos ísle á n-iompar ag an líne agus bíonn an réiteach níos airde ná an réiteach íosta. Dá bhrí sin, cuirtear ríomhanna i láthair freisin sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (i gcomhair Thuaisceart Éireann) agus san EIS (i gcomhair na hÉireann) le haghaidh gnáthdhálaí táscacha nó meándálaí táscacha, ina n-úsáidtear sruth atá comhionann le haon trian amháin

²⁸ Chartier VL agus Dickson LD. Results of Magnetic Field Measurements Conducted on Ross-Lexington 230-kV Line. Uimh. Thuarascála ELE-90-98. Bonneville Power Administration, 1990

den lódáil uasta agus, dá bhrí sin, ina gcruthaítear réimsí maighnéadacha atá comhionann le thart ar thrían amháin de na luachanna uasta a chuirtear i láthair anseo.

85. Tá achoimre ar na huasréimsí arna dtáirgeadh ag gach ceann de na trí dhearadh túir ar fáil i dTábla 8.1. Maidir leis na túir chaighdeánacha chruach laitíse chiorcaid shingil, a chuimsíonn formhór mór an bhealaigh, cuirtear ar fáil i dTábla 8.1 na luachanna ag faid éagsúla go taobhanna na líne. Tugtar mionsonraí faoi na torthaí sin sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta.

Tábla 8.1 Luachanna tuartha EMF ón líne 400 kV a bheartaítear.

Saintréithe an Nochta	Nearc Réimse Leictrigh kV/m	Nearc Réimse Mhaighnéadaigh μT
Luachanna uasta go díreach faoin líne		
Túr caighdeánach chiorcaid shingil	7.9	47.9
Túr trasuímh chiorcaid shingil	8.0	48.5
Túr chiorcaid dhúbailte	7.1	41.6
Luachanna go taobhanna an bhealaigh (le haghaidh túir chruach laitíse chiorcaid shingil)		
25 m ón lárlíne	1.7	12.1
50 m ón lárlíne	0.2	3.1
100 m ón lárlíne	0.03	0.8
Teorainnluach i gcomhair cóimheas		
díorthaithe ó ICNIRP 1998	9.0	360

8.5.2.2 Measúnú ar Chomhlíonadh na Líne Lasnairde i dtaca le Treoirlínte

86. Taispeántar na teorainneacha nochta ó ICNIRP, 1998, i dTábla 8.1 freisin. Tá sé le feiceáil gurb é 47.9 μT luach an réimse mhaighnéadaigh theoiriciúil uasta faoin líne 400 kV le haghaidh mhórchuid fhad na líne, nó 48.5 μT don chuid ghearr ina bhfuil na túir thrasuímh. Is ísle an luach sin ná leibhéal tagartha ICNIRP agus is ísle é ná 15% den réimse a chomhfhreagraíonn don bhunsrian. Dá bhrí sin, comhlíonann an réimse maighnéadach treoirlínte ICNIRP. Is lú é freisin ná na réimsí maighnéadacha a bhraitear gar d'fhearais leictreacha tí choitianta.
87. Maidir le túir chaighdeánacha chruach laitíse de chiorcad singil, is é 3.1 μT luach an réimse mhaighnéadaigh ag an lód is mó ag 50 m ón líne láir. Is ionann é sin agus tuairim is 1% den réimse a chomhfhreagraíonn do bhunsrian ICNIRP 360 μT nó 3% de leibhéal tagartha 100 μT, agus tá sé incomparáide leis na leibhéil a bhíonn á

dtáirgeadh ag gnáthfhearais leictreacha oifige agus tí. Ag lódálacha meánacha nó tipiciúla, is ísle fós an réimse ag 50 m ó lár na líne – is ionann é agus thart ar 1 μ T.

88. Is é 7.9 kV/m an réimse leictreach buaice i gcás fhoirmhór mór na líne, nó 8.0 kV/m i gcás chuid ghearr na dtúr trasuímh. Cé gur mó an luach sin ná leibhéal tagartha ICNIRP, is é sin, 5 kV/m, is lú é ná an réimse a chomhfhreagraíonn don bhunsrian, 9 kV/m. Dá bhrí sin, comhlíonann na réimsí leictreacha a bhíonn á dtáirgeadh ag an líne seo treoirlínte ICNIRP.
89. Maidir le túir chaighdeánacha chruach laitíse, is é 0.20 kV/m luach an réimse leictirigh ag 50 m ón líne láir. Is ionann é sin agus tuairim is 2% den réimse a chomhfhreagraíonn do bhunsrian ICNIRP 9 kV/m nó 4% de leibhéal tagartha 5 kV/m.
90. Faoi mar a mhínítear i Rannán 8.2.1 above, ní bhíonn feidhm le teorainneacha nochta an phobail, mar atá ionchorpraithe i Moladh AE, ach amháin nuair a bhíonn aga nochta suntasach i gceist. Dá bhrí sin, ní bhíonn feidhm leo ach le húsáidí talún áirithe. Déanta na fírinne, comhlíonann na réimsí arna dtáirgeadh ag an líne lasnairde 400 kV na treoirlínte, beag beann ar an úsáid talún.

8.5.2.3 Réimsí arna dtáirgeadh ag an bhFostáisiún a Bheartaítear

91. Mar gheall ar shocrú casta fisiceach an trealaimh leictirigh, ní féidir na EMFanna arna dtáirgeadh ag fostáisiún leictreach a ríomh go héasca. Mar sin féin, de ghnáth is iad na leibhéil réimse is airde ag imlíne an fhostáisiúin agus lasmuigh den imlíne na leibhéil sin a bhíonn á dtáirgeadh ag na línte lasnairde ag dul isteach san fhostáisiún. Maidir leis na réimsí a bhíonn á dtáirgeadh ag trealamh san fhostáisiún, is lú iad go hiondúil ag an imlíne nó lastall den imlíne ná na réimsí a bhíonn á nginiúint ag línte lasnairde, agus laghdaíonn siad níos tapa de réir achair.

8.5.2.4 Comhlíonadh an Fhostáisiúin

92. De réir chonclúid Rannán 8.5.2.3 above, is dócha go mba lú na réimsí ón bhfostáisiún a bheartaítear ag a imlíne agus lastall de ná na réimsí ón líne lasnairde. Dá bhrí sin, toisc go bhfuil an líne lasnairde comhlíontach, comhlíonfaidh an fostáisiún leibhéal na dtreoirlínte freisin.
93. Dearbhaíonn an Cód Cleachtais um Chomhlíonadh (DECC 2012a) é sin sa Ríocht Aontaithe. Mínítear go sainráite ann go bhfuil aicmí áirithe trealaimh ann a tháirgeann réimsí faoi na leibhéil treoirlínte ó nádúr agus, dá bhrí sin, is féidir glacadh leis go bhfuil an trealamh sin comhlíontach gan measúnuithe sainiúla ar bhonn cáis ar chás ar an réimse a tháirgeadh. Tá fostáisiún ar an gcineál trealaimh sin.

8.5.2.5 Ionaid Réadmhaoine in Aice Láimhe

94. I Rannán 8.5.2.2 above, léirítear go bhfuil an líne a bheartaítear comhlíontach leis na treoirlínte ábhartha um nochtadh, fiú díreach faoi bhun na líne. Níl fad cliathánach íosta ón líne ar bith de dhíth d'fhonn comhlíonadh a bhaint amach.
95. Ní bhíonn an measúnú comhlíontachta ag brath ar láthair chruinn na réadmhaoine cónaithe is gaire don líne atá ann cheana, ná ar an teach cónaithe a bheartaítear is gaire a bhfuil cead pleanála faighte ina leith nó ar an réadmhaoine is gaire a bhféadfaí cead pleanála a thabhairt ina leith amach anseo, ós rud é go bhfuil an réimse ón líne comhlíontach i ngach áit, seachas a bheith comhlíontach lasmuigh d'achar sainithe áirithe.

8.5.2.6 Comhlíonadh na Pasála

96. Faoi mar a luaitear i rannán 8.2.5 above, tá pasáil optamach línte tarchuir ciorcaid dhúbailte ina bheartas foirmiúil sa Ríocht Aontaithe, agus glactar é mar dheachleachtas in Éirinn. Níl ach aon chuid amháin den líne a bheartaítear ar cuid ciorcaid dhúbailte í, agus tá an chuid sin lonnaithe i bhFearann na Coille, Contae na Mí. Dearadh an chuid sin le pasáil optamach, faoi mar a phléitear go mionsonrach i Rannán 8.7.4, Imleabhar 3B den EIS. Níl aon cheangaltas, faoi bheartas na Ríochta Aontaithe ná faoin deachleachtas, an dearadh ciorcaid shingil a athrú ina dhearadh ciorcaid dhúbailte don chuid eile den bhealach díreach ar mhaithe le leas a bhaint as pasáil optamach.

8.5.2.7 Nochtadh Ceirde

97. Tá treoirlínte ICNIRP maidir le nochtadh ceirde níos airde ná na treoirlínte maidir le nochtadh an phobail, cúig huaire níos airde ar an mórchóir. Dá bhrí sin, beidh gach gníomhaíocht cheirde comhlíontach leis na treoirlínte ábhartha freisin.

8.5.2.8 Treoirlínte nua ICNIRP

98. Faoi mar a pléadh, tá an beartas reatha sa dá dhlínse bunaithe ar na teorainneacha i dTreoirlínte 1998 ó ICNIRP, mar atá leagtha amach i Moladh AE 1999. D'fhoilsigh ICNIRP treoirlínte nua maidir le nochtadh (ICNIRP 2010) in 2010 maidir leis an raon minicíochtaí faoina gcuimsítear minicíochtaí príomhlínite. Ní bheidh feidhm leis na treoirlínte nua sin mura gcinneann an Rialtas ábhartha iad a ghlacadh ná roimh an nglacadh sin, rud a tharlóidh is dócha tar éis don Aontas Eorpach iad a ghlacadh.
99. Déanta na fírinne, ní cosúil gurb é is cuspóir do ICNIRP sna treoirlínte nua na treoirlínte a dhéanamh níos troime nó níos éadroime. Dar leis na hiarratasóirí faoi seach, chomhlíonfadh an líne lasnairde na Treoirlínte sin dá nglacfaí iad.

8.5.2.9 Measúnú EMF ar Cháblaí faoin Talamh

100. Ní tháirgeann cáblaí faoin talamh réimse leictreach seachtrach ar bith, ach táirgeann siad réimsí maighnéadacha mar sin féin. Tá na seoltóirí níos gaire dá chéile i gcás cábla faoin talamh ná mar atá i gcás líne lasnairde, rud a dhéanann cealú níos mó ar na réimsí a tháirgeann gach seoltóir agus a chruthaíonn réimse comhthoraidh níos ísle ag an achar céanna. Mar sin féin, déantar cáblaí a chur 1 m faoin talamh go hiondúil, ach tá seoltóirí is ísle na líne lasnairde a bheartaítear 9 m os cionn na talún ar a laghad. Ciallaíonn sin gur féidir dul níos gaire do sheoltóirí an chábla faoin talamh, agus bíonn réimse maighnéadach níos mó mar thoradh air sin. Mar thoradh foriomlán ar an dá thoisic sin, is féidir gur mó an réimse maighnéadach ó chábla faoin talamh díreach os cionn an bhealaigh ag airde 1 m os cionn leibhéal na talún ná an réimse ó líne lasnairde choibhéiseach in go leor cásanna. Comhlíonfaidh an réimse ón gcábla faoin talamh na treoirlínte ábhartha um nochtadh, ach laghdaíonn an réimse níos tapa de réir achair, agus is ísle é ar an dá thaobh den bhealach.
101. Tá sin fíor i gcás gnáthshuiteálacha. Mar sin féin, dá gcuirfí an cábla níos doimhne sa talamh nó dá gcuirfí na seoltóirí níos gaire dá chéile ná mar is gnáth, nó dá roinnfí an lód idir níos mó ná grúpa amháin cáblaí atá scartha go cothrománach, d'fhéadfaí nach mbeadh luach an réimse díreach os cionn an chábla faoin talamh chomh hard le réimse ón líne lasnairde. I gcomparáid leis sin, dá mba rud é nach raibh an cábla curtha chomh domhain céanna sa talamh, nó dá ndéanfaí an measúnú ar airde níos ísle ná 1 m os cionn na talún (rud a thagann salach ar an dea-chleachtas), bheadh réimse an chábla faoin talamh i bhfad níos airde ná réimse na líne lasnairde. I gcás ar bith, bíonn réimsí maighnéadacha níos ísle á dtáirgeadh i gcónaí ag an gcábla faoin talamh píosa maith ar thaobh an bhealaigh ná mar a bhíonn á dtáirgeadh ag an líne lasnairde choibhéiseach.
102. Níl tábhacht ar leith ag baint le cibé acu is airde, an réimse uasta ón gcábla faoin talamh nó ón líne lasnairde, toisc go mbeadh an dá cheann díobh ag teastáil chun na treoirlínte um nochtadh a chomhlíonadh.
103. I gcás cábla faoi thalamh, faoi mar atá i gcás líne lasnairde, braitheann an réimse maighnéadach iarbhír a bhíonn á tháirgeadh ar gheoiméadracht mhionsonraithe na seoltóirí, ar dhoimhneacht an chábla (atá coibhéiseach leis an airde os cionn na talún i gcás líne lasnairde), etc. Ní féidir an réimse maighnéadach iarbhír ó chábla faoin talamh a ríomh go dtí go mbeidh na sonraí sin socraithe.
104. Ar aon dul le línte lasnairde, d'áiríteofaí le moladh ar bith maidir le cáblaí faoin talamh a shuiteáil go mbeadh na réimsí arna dtáirgeadh ó na cáblaí sin go hiomlán comhlíontach leis na treoirlínte ábhartha um nochtadh. Dá bhrí sin, níl aon bhunús

ó thaobh EMFanna de cáblaí faoin talamh a roghnú de rogha ar línte lasnairde. Níl údar le cáblaí a chur faoi talamh ar bhonn EMFanna.

8.5.2.10 Roghanna Maolaithe Eile

105. Faoi mar a phléitear i rannán 8.2.5 above, níl tuilleadh bearta réamhchúramacha ar leith de dhíth le haghaidh línte lasnairde i dTuaisceart Éireann ná in Éirinn.
106. Cloíonn na critéir chaighdeánacha um pleanáil bealaigh, a bhíonn in úsáid i dtograí SONI agus EirGrid araon, leis an uile threoirlíne údarásach idirnáisiúnta agus náisiúnta um nochtadh do EMF ar minicíocht rí-íseal, agus féachann siad le ceantair ina bhfuil daonraí móra a sheachaint de ghnáth. Ina theannta sin, déantar an líne a bheartaítear a leagan chomh fada amach agus is féidir go réasúnta ó thithe cónaithe atá ann cheana, mar a phléitear go mionsonraithe sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS a cuireadh faoi bhráid na n-údarás iniúil faoi seach.
107. Toisc go gcomhlíonann an t-idirnascaire a bheartaítear gach beartas ábhartha maidir le rialú EMFanna, go háirithe na treoirlínte cainníochtúla ábhartha um nochtadh, ní gá bearta maolaithe breise a ghlacadh.

8.5.2.11 Ionchlannáin Mhíochaine Ghníomhacha

108. Is iad na hionchlannáin Mhíochaine Ghníomhacha (AIMDanna) is coitianta ná séadairí agus dífhibrileoirí cairdia-bhéartóir ionchlannaithe (ICD). Déantar séadairí a dhearadh d'fhonn ráta croí rialta a choinneáil, agus déanann siad é sin trí ríoga leictreacha a sheoladh chuig matán an chroí chun buillí rialta an chroí a spreagadh. Tá ICDanna deartha chun ríog leictreach nó suaithheadh a chur ar fáil chun ráta croí neamhrialta atá bagrach don bheatha a smachtú.
109. Bíonn cásáil mhíotalach thart timpeall ar na feistí sin go minic, le ceallra ionsuite, ciorcadra leictreonach agus seoláin leictreacha a théann chomh fada le fíochán an chroí. Is cuid dhílis de shéadairí agus ICDanna araon é gníomhaíocht leictreach intreach an chroí a bhrath agus a bhraistint lena chinntiú go dtugtar ríoga leictreacha ag an am ceart, ach is féidir le comharthaí leictreacha ón taobh amuigh cur isteach ar ghnáthfheidhmiú agus oibriú séadairí agus ICDanna nó iad a shuaithheadh, rud ar a dtugtar trasnaíocht leictreamaighnéadach (EMI). Cé go mbíonn formhór na bhfoinsí seachtracha EMF ró-lag, d'fhéadfadh cur isteach tarlú ó fhearais leictreacha éagsúla, trealamh leighis agus tionsclaíoch (e.g. íomháú athshondais mhaighnéadaigh), teicneolaíochtaí cumarsáide raidió (e.g. fóin phóca), agus maignéid. Moltar d'othair na foinsí sin a choinneáil amach óna gcuid ionchlannán.

110. Braitheann an dóchúlacht trasnaíochta agus an modh freagartha ar neart an chomhartha lena ndéantar an trasnaíocht, an t-achar ón gcomhartha, fad an chomhartha, a mhinicíocht agus treo an othair sa réimse leictreamaighnéadach, an cineál fearais agus a dhearadh, agus paraiméadair inathraitheacha agus socruithe an fhearais. Ionchorpraítear i bhfeistí nua-aimseartha cosaintí teicneolaíochta éagsúla (e.g. cumhdach ó chásáil tíotáiniam agus scagadh leictreach) d'fhonn an baol trasnaíochta leictreamaighnéadaí (EMI) a íoslaghdú.
111. Shonraigh an comhlacht rialála ábhartha sa Ríocht Aontaithe, is é sin an Ghníomhaireacht Rialála Leigheasanna agus Earraí Sláinte (MHRA) de chuid na Roinne Sláinte, *“nach measann sé go bhfuil na EMFanna ó línte tarchuir ina nguais mhór le haghaidh feidhmiú séadairí”* [aistriúchán neamhoifigiúil] agus nach bhfuil sé ar an eolas maidir le cás ar bith inar chuir líne lasnairde ardvoltais isteach ar ionchlannán leictreach othair, mar shampla séadaire nó ICD.
112. Ina theannta sin, cuireann National Grid (oibreoir an ghréasáin leictreachais ardvoltais i Sasana agus sa Bhreatain Bheag) líne chabhrach ar fáil chun gur féidir leis an bpobal ábhair imní maidir le línte lasnairde a thuairisciú, agus níltear ar an eolas maidir le cás ar bith inar cuireadh isteach ar fheistí atá ionchlannaithe i gceart. Anuas air sin, tá daoine ag a bhfuil feistí croí ionchlannaithe ag obair le National Grid agus le cuideachtaí leictreachais eile. Bíonn cuid de na daoine sin á nochtadh le linn a gcuid oibre do réimsí atá níos airde fós ná na réimsí a nochtar an pobal dóibh faoi línte lasnairde, agus níor tharla aon chás trasnaíochta.
113. Dá bhrí sin, bunaithe ar an easpa cásanna tuairiscithe, is cosúil nach gcuireann línte lasnairde isteach ar fheistí ionchlannaithe croí.
114. Is gá AIMDanna a dhearadh le nach dtéann formhór na leibhéil EMI ar dóchúil go dtiocfar orthu sa chomhshaoil i bhfeidhm orthu. Is féidir le roinnt línte lasnairde ardvoltais réimsí leictreacha a tháirgeadh uaireanta atá ard go leor chun trasnaíocht a chruthú go teoiriciúil. Go praiticiúil, ní fhacthas an trasnaíocht sin, agus is cosúil go bhfuil meascán de dhá chúis leis. Ar an gcéad dul síos, cé nár dheimhnigh roinnt monóirí imdhíonacht ach go dtí 6 kV/m ar a mhéad, is airde go pointe áirithe na leibhéil imdhíonachta atá ag lear mór AIMDanna i ndáiríre, ag brath ar a ndearadh agus ar a socruithe oibriúcháin. Anuas air sin, cé gur féidir le línte lasnairde 6 kV/m a shárú, agus léiríonn na ríomhanna i Rannán 8.5.2.1 above go bhfuil sé sin fíor i bprionsabal maidir leis an línte lasnairde seo a bheartaítear, ní tharlaíonn na dálaí ina sáraítear 6 kV/m go minic ó thaobh spáis nó ama de.
115. Go minic, cuireann monaróirí feistí ionchlannaithe faisnéis ar fáil faoi thrasnaíocht leictreamaighnéadach. Áirítear go minic leis an gcomhairle gan an fheiste ionchlannaithe a ligean róghar d'fhoinsí áirithe réimsí amhail roinnt fearais tí, roinnt

siúlscéalaithe agus gléasanna tarchuir cosúla, etc. Ní luaitear línte lasnairde ardvoltais sa litríocht ó roinnt monaróirí, agus ní thugtar ach rabhadh beag ina leith sa litríocht ó mhonaróirí eile. I measc na monaróirí atá ar eolas ag na hiarratasóirí faoi seach nó ag na sainchomhairleoirí atá acu, is cosúil nach bhfuil monaróir ar bith a mheasann go bhfuil guais sách tábhachtach ann le gur cheart cosc a chur ar an othar dul in aice le línte lasnairde ardvoltais.

116. Go praiticiúil, is cosúil nach gcuireann línte lasnairde isteach ar ionchlannáin chroí ó thaobh trasnaíochta. Ní mheasann MHRA gur riosca suntasach iad línte lasnairde d'fheidhmiú ionchlannáin chroí toisc nach bhfuil ann d'aon tuairiscí ar thrasnaíocht go dtí seo. Mar sin féin, i bprionsabal, d'fhéadfadh trasnaíocht teacht chun cinn i gcúinsí áirithe. Dá dtarlódh an trasnaíocht, d'fhéadfadh roinnt de na hiarmhairtí féideartha a bheith ina nguaiseacha tromchúiseacha. Toisc go n-athraíonn dealraitheacht na trasnaíochta ó dhuine go duine (mar shampla ag brath ar shuiteáil na seolán braite agus ar shocruithe íogaireachta na feiste), agus toisc go n-athródh iarmhairtí cliniciúla aon trasnaíochta ó dhuine go duine freisin, molann MHRA, SONI agus EirGrid d'othair ar bith a bhfuil imní orthu labhairt lena gcairdeolaí féin, faoi mar a dhéanfaid siad i gcomhair ceann ar bith den iliomad foinsí féideartha eile trasnaíochta sa ghnáthshaol.

8.6 Tionchar Trasteorann

117. Toisc go bhfuil an líne ar fad a bheartaítear comhlíontach leis na treoirlínte ábhartha um nochtadh, níl ann do thionchar trasteorann ar bith.

8.7 Conclúidí

118. Tugtar faisnéis sa chaibidil seo ar leibhéal ríofa de EMF ar minicíocht rí-íseal ar féidir a bheith ag súil leo gar don líne tarchuir 400 kV a bheartaítear agus tugtar achoimre ar thorthaí taighde eolaíoch a rinneadh chun an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le EMF ar minicíocht rí-íseal a imscrúdú. Tugtar achoimre inti ar chonclúidí athbhreithnithe agus treoirlínte um nochtadh arna bhforbairt ag gníomhaireachtaí eolaíochta agus sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint agus léirítear ann trí ríomhanna go gcloífadh an t-idirnascaire a bheartaítear leis na treoirlínte ábhartha um nochtadh. Tugtar aghaidh san fhaisnéis sin ar cheanglais rialála agus tugtar freagraí ar shaincheisteanna a d'ardaigh páirtithe leasmhara le linn an chomhairliúcháin phoiblí.
119. Táirgfidh na línte tarchuir a bheartaítear a oibríonn ag 400 kV, le haghaidh fhormhór a bhfaid, lena n-áirítear feadh an fhaid ar fad i dTuaisceart Éireann, uasréimse leictreach 50 Hz atá thart ar 7.9 kV/m agus uasréimse maignéadach atá thart ar

47.9 μT faoin líne tharchuir. Maidir leis an gcuid ghearr trasuímh (idir Túr 118 agus Túr 121), beidh na huasréimsí comhionann le thart ar 8.0 kV/m agus 48.5 μT . Maidir leis an gcuid ghearr (idir Túr 402 agus Túr 410) a iompraítear ar na túir chiorcaid dhúbailte reatha²⁹, beidh na huasréimsí comhionann le thart ar 7.1 kV/m agus 41.6 μT .

120. Le breis agus 30 bliain anuas, rinne taighdeoirí i ndisciplíní eolaíochta éagsúla staidéir chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar féideartha sláinte do nochtadh EMF. Áirítear sna staidéir sin staidéir eipidéimeolaíochta agus staidéir saotharlainne ar dhaoine, ainmhithe, fíocháin, agus cealla. Níl sé de chonclúid ag gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta gur guais sláinte é nochtadh do EMFanna ar minicíocht rí-íseal ag na leibhéil atá le sonrú inár saol ó lá go lá. Cé gur tuairiscíodh i gcuid de na staidéir eipidéimeolaíochta go bhfuil baint staitistiúil idir nochtadh fadtéarmach níos airde ar an meán do réimsí maighnéadacha agus leicéime in aois an pháiste, go háirithe, ní féidir teagmhas, earráid chórasach, agus maolú faoi fhachtóirí eile a chur as an áireamh mar mhínithe. Ina theannta sin, ní thacaítear le bunús bitheolaíoch don bhaint staitistiúil sin le staidéir a bhain le nochtadh saoil ainmhithe saotharlainne do réimsí maighnéadacha. Ar an gcaoi chéanna, níor deimhníodh i staidéir ar chealla agus fíocháin sásra ina bhféadfadh tionchar dochrach a bheith ag réimsí maighnéadacha laga ELF a fheicimid go minic inár dtimpeallacht trí ailse a thosú nó a chur chun cinn.
121. Rinne go leor eagraíochtaí eolaíochta agus sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta, cosúil leis an WHO, IARC, ICNIRP, SCENIHR, agus PHE sa Ríocht Aontaithe athbhreithniú ar an litríocht eolaíoch atá ann chun na rioscaí féideartha sláinte a eascraíonn as an nochtadh forleathan seo do EMF a mheasúnú. Tar éis an t-athbhreithniú grinn is cuimsithí ar an litríocht eolaíoch maidir leis an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le EMF, rinne an WHO an ráiteas seo a leanas *'Bunaithe ar athbhreithniú grinn le déanaí ar an litríocht eolaíoch, bhí sé de chonclúid ag an WHO nach ndeimhnítear le fianaise reatha go bhfuil aon iarmhairtí sláinte ó nochtadh do leibhéal íseal de réimsí leictreamaighnéadacha'* [aistriúchán neamhoifigiúil] (WHO, 2014).
122. Mhol an ICNIRP treoirlínte um nochtadh atá bunaithe ar an eolaíocht chun an pobal agus oibrithe a chosaint ón tionchar is eol atá ag EMFanna a tharlaíonn ag ardleibhéil nochtadh, cosúil le spreagadh néaróg agus matán agus briogadh de bharr micreathurraingí. Ionchorpraítear sna treoirlínte tosca móra sábháilteachta lena chinntiú go mbeidh nochtadh ceadaithe i bhfad níos ísle ná an tairseach is ísle le

²⁹ Maidir leis an 2.8 km deireanach go Fostáisiún Fhearann na Coille, iompraítear an t-idirnascaire a bheartaítear ar thúir chiorcaid dhúbailte reatha. Tá líne lasnairde na Seansráide-Fhearann na Coille atá ann cheana féin suiteáilte ó dheas ó na túir sin. Ní bhaintear úsáid as an taobh thuaidh faoi láthair agus, mar sin de, féadtar é a úsáid le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear.

haghaidh tionchar bitheolaíoch deimhnithe a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach. Chinn an ICNIRP freisin go bhfuil an fhianaise ó staidéir ina raibh nochtadh faoi na treoirlínte sin agus ó staidéir de thorthaí sláinte fadtéarmacha “*ró-lag chun an bunús a chruthú le haghaidh treoirlínte um nochtadh.*” [aistriúchán neamhoifigiúil] Sna treoirlínte a d'fhorbair an ICNIRP cruthaítear an bunús le haghaidh Mholadh an AE (1999/519/CE) ina leagtar síos treoirlínte do bhallstáit maidir le teorainn a chur ar nochtadh an phobail do EMFanna in áiteanna ina gcaitheann daoine go leor ama. Is é Moladh an AE an treoirlíne infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn araon.

123. Léirítear sna ríomhanna de EMFanna a tugadh thuas gur faoi teorainneacha noхта (bunsrianta) an AE (1999) atá leibhéil uasta an réimse a tháirgfeadh an líne 400 kV a bheartaítear, nach dtáirgfí iad ach go neamh-mhinic, dá dtáirgfí iad ar chor ar bith i ndáiríre.
124. In Éirinn, moladh bearta réamhchúramacha ar chostas íseal a chur san áireamh d'fhonn nochtadh do EMFanna i ndearadh suímh nó líneach a íoslaghdú (DCMNR, 2007; WHO, 2007b) agus a leanadh i gcás an idirnascaire seo a bheartaítear (i.e. tithe cónaithe a sheachaint an oiread agus is féidir agus EMFanna a íoslaghdú trí phasáil optamach na líne tarchuir nuair a thacaítear léi ar struchtúir ciorcaid dhúbailte). I dTuaisceart Éireann, sonraítear i mbeartas na bearta réamhchúramacha ar leith le leanúint agus ní mór iad a leanúint.
125. Mar achoimre, fiú amháin na leibhéil uasta EMF ón líne 400 kV a bheartaítear, tá siad fós níos ísle ná treoirlínte EMF na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus an AE. Nuair a rinneadh athbhreithnithe údarásacha ar an taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMFanna agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMFanna.

9. Trácht

9.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa chaibidil seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear, (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar an trácht agus iompar laistigh den chomhshaoil ina mbeidh an t-idirnascaire.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráitis Timpeallachta Chomhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 18 (Iompar) agus is í an chaibidil ábhartha den EIS ná Caibidil 13 (Sócmhainní Ábhartha – Trácht) d'Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

9.2 Modheolaíocht

3. Tá scóip an mheasúnaithe seo bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar thuarascálacha comhshaoil eile, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ó chomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, ó chomhairliúchán réamhiarratais leis an mBord Pleanála in Éirinn agus Seirbhísí Bóithre i dTuaisceart Éireann, agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim an idirnascaire a bheartaítear. Rinneadh athbhreithniú ar na treoircháipéisí agus ar na cáipéisí beartais seo a leanas le linn ullmhú na caibidle seo:

- An Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil (1993), Guidelines for the Environmental Assessment of Road Traffic (*Treoirlínte maidir le Measúnú Comhshaoil ar Thrácht ar Bhóithre*);
- Seirbhís Pleanála na Roinne Comhshaoil (1993, leasaithe 2005), Planning Policy Statement 3 (PPS 3): Access, Movement and Parking (*Ráiteas maidir le Pleanáil Beartais 3 [PPS 3]: Rochtain, Gluaiseacht agus Páirceáil*);
- Seirbhís Pleanála na Roinne Comhshaoil (1993, leasaithe 2005), Planning Policy Statement 3 (PPS 3): Access, Movement and Parking (*Ráiteas maidir le Pleanáil Beartais 3 [PPS 3]: Rochtain, Gluaiseacht agus Páirceáil*). Soiléiriú ar Bheartas AMP3: Rochtain ar Bhealaí faoi Chosaint, Meán Fómhair 2006;
- Roinn Forbartha Réigiúnaí DRD TÉ, Tuaisceart Éireann (2005), Planning Policy Statement 13 (PPS 13): Transportation and Landuse

(Ráiteas maidir le Pleanáil Beartais 13 [PPS 13]: Iompar agus Úsáid Talún;)

- Rialú Forbartha Sheirbhís Pleanála agus Sheirbhís Bóithre na Roinne Comhshaoil (1999), Development Control Advice Note 15 (DCAN 15): Vehicular Access Standards (*Nóta Faisnéise um Rialú Forbartha [DCAN 15]: Caighdeáin um Rochtain Feithiclí*);
- An Roinn Forbartha Réigiúnaí agus an Roinn Comhshaoil (2006), Transport Assessment Guidelines for Development Proposals in Northern Ireland (*Treoirlínte Measúnaithe Iompair maidir le Tograí Forbartha i dTuaisceart Éireann*);
- Design Manual for Roads and Bridges (*An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid*) (1995), Iml. 6 Road Geometry (*Geoiméadracht Bóithre*), Rannán 2, Junctions (*Acomhail*), Cuid 6 – TD42/95 Geometric Design of Major/Minor Priority Junctions (*Dearadh Geoiméadrach ar Mhóracomhail/Acomhail Bheaga Tosaíochta*);
- Design Manual for Roads and Bridges (*An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid*) (1995), Iml. 6 Road Geometry (*Geoiméadracht Bóithre*), Rannán 2, Junctions (*Acomhail*), Cuid 6 – TD41/95 Vehicular Access to All-Purpose Trunk Roads (*Rochtain Feithiclí ar Mhórbhóithre Uilefhóinteacha*);
- Roinn Iompar DfT (2009), ISBN 978-0-11.553051-7, Traffic Signs Manual (*Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá*), 2ú hEagrán, Caibidil 8 – Traffic Safety measures and Signs for Road Works and Temporary Situation (*Bearta Sábháilteachta Tráchtá i gcomhair Oibreacha Bóthair agus Cás Sealadach*), Cuid 1 Design HMSO (*Dearadh HMSO*);
- Roinn Iompar DfT (2009), ISBN 978-0-11.553051-7, Traffic Signs Manual (*Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá*), 2ú hEagrán, Caibidil 8 – Traffic Safety measures and Signs for Road Works and Temporary Situation (*Bearta Sábháilteachta Tráchtá i gcomhair Oibreacha Bóthair agus Cás Sealadach*), Cuid 2 Operations HMSO (*Oibríochtaí HMSO*);
- Roinn Iompair DfT (1997), NRTF National Road Traffic Forecast (*Réamhaisnéis um Thrácht Bóithre Náisiúnta NRTF*) (an Bhreatain Mhór);

- Traffic and Transport Assessment Guidelines (*Treoirlínte ar Mheasúnú Tráchta agus Iompair*) leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (Meán Fómhair 2007);
 - Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2013-2019;
 - Cavan County Development Plan (Plean Forbartha Contae an Chabháin) 2014 – 2020;
 - Plean Forbartha Contae na Mí 2013 – 2019;
 - National Roads Authority Design Manual for Roads and Bridges TD 27 (November 2011) Cross Sections and Headroom (*Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, TD 27 (Samhain 2011) Trasghearrthacha agus Spás Cloiginn*);
 - National Roads Authority Design Manual for Roads and Bridges: TD 41-42 (November 2011) Geometric Design of Major/Minor Priority junctions and Vehicular Access to National Roads (*Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta: TD 41-42 (Samhain 2011) Dearadh Geoiméadrach ar Acomhail Bheaga/Mhóra Tosaíochta agus Rochtain Feithiclí ar Bhóithre Náisiúnta*); agus
 - Project Appraisal Guidelines (*Treoirlínte maidir le Meastóireacht ar Thionscadal*), An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (Eanáir 2011).
4. Ní chruthófar ach sruthanna beaga tráchta i gcéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear toisc nach mbeidh foireann lonnaithe ag na túir ná ag na fostáisiúin (an fostáisiún a bheartaítear ag Turleenan agus an fostáisiún atá ann cheana ag Fearann na Coille). Cruthófar roinnt tráchta le linn cothabháil a dhéanamh ar an idirnascaire a bheartaítear, ach is annamh agus is beag a bheadh sé. Measadh, dá bhrí sin, nach mbeadh aon tionchar suntasach ag an gcéim oibríoch den idirnascaire a bheartaítear.
5. Cruthófar níos mó tráchta i gcéim thógála an idirnascaire a bheartaítear, ná mar a chruthófar sa chéim oibríoch, lena n-áirítear feithiclí fada/troma, le linn tréimhse níos lú. Má chuirtear sé seo san áireamh leis an ngréasán bóithre máguaird, atá faoin tuath den chuid is mó, tá gá tionchar an tráchta tógála a bhreithniú. Mar sin féin, mar a phléitear ar ball sa rannán seo, ní hé sin le rá go gcruthófar cuid mhór trácht tógála de thoradh thógáil an idirnascaire a bheartaítear.
6. Beidh mórmhíreanna gléasra, amhail droichid fostáisiúin, busbarraí alúmanaim cruach galbhánaithe, scoradáin chiorcaid agus claochladáin, ag teastáil ag an

bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan agus beidh an obair a bheidh i gceist leis sin níos suntasaí ann ó thaobh tarlaithe de. Iomprófar an claochladán ar mhóiriompróir mallghluaiste ón bPointe go suíomh fostáisiúin Turleenan, agus é ag dul tríd an Maigh idir an dá áit. Tar éis dul i gcomhairle le hlompar Thuaisceart Éireann, cinneadh nach raibh an M1 ó Bhéal Feirste oiriúnach don obair sin agus cuireadh Calafort Bhéal Feirste as an áireamh dá bharr.

7. Sainaitníodh áiteanna inar féidir rochtain a fháil ar láithreacha túir agus ar limistéir sreangaithe (áiteanna a úsáidtear chun seoltóirí a chur ar na túir) agus na bealaí tarlaithe ar dhócha go mbainfear úsáid astu le haghaidh an trácht tógála le dul chuig na láithreacha sin. Rinneadh measúnú chomh maith ar chumas na mbóithre a úsáidfear le linn na tógála chun an trácht a chruthófar leis an tógáil a chur san áireamh.
8. Bailíodh sonraí trí 'Uatháirimh Thrácht' chun an gnáthlíon trácht reatha atá ar na bóithre faoi láthair a mbeidh tionchar ag tógáil an idirnascaire a bheartaítear air, a fháil amach.
9. Baineadh leas as modheolaíocht tógála a bheartaítear chun meastachán a dhéanamh ar líon agus ar shaghas na bhfeithiclí (idir éadrom agus trom) a chruthófar de bharr thógáil na dtúr agus leagan na rianta rochtana gaolmhara chun láithreacha túir a rochtain, tógáil Fhostáisiún Turleenan i gContae Thír Eoghain agus an síneadh ar an bhfostáisiún atá ann cheana féin i bhFearann na Coille, Contae na Mí. Úsáideadh an fhaisnéis sin ina dhiaidh sin chun meastachán eile a dhéanamh ar an méid trácht a chruthófar ag clós stórála an ábhair tógála láimh le Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin agus ag iosta NIE ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigavon, Contae Ard Mhacha.
10. Rinneadh measúnú ar iompar an mhórtrealaimh a theastaíonn chun an fostáisiún a bheartaítear in Turleenan a thógáil. Leagtar amach sa mheasúnú sin an dóigh a n-iomprófar an trealamh chuig an suíomh, an tionchar suntasach ar dóigh dó a bheith aige agus na bearta maolaithe a bheartaítear chun an tionchar sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir.
11. Trí bhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht tógála agus ar an gcéimniú a bheartaítear, ar an áit ina bhfuil na láithreacha rochtana tógála a aithníodh agus ar na bealaí tarlaithe a úsáidfear chun na láithreacha sin a rochtain, d'fhéadfaí meastacháin a dhéanamh ar an méid trácht tógála a bheidh ar bhóithre aonair sa limistéar a ndearnadh measúnú air. Baineadh leas as na meastacháin seo ansin chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar bhóithre aonair sa ghréasán bóithre de réir uimhreacha (i.e. líon na bhfeithiclí) trí iad a chur i gcomparáid leis na leibhéil trácht cúlra atá ar na bóithre faoi láthair.

9.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

9.3.1 An Gréasán Bóithre atá Ann Cheana Féin

12. Sa ghréasán bóithre sa limistéar staidéir a ndearnadh measúnú air, cuimsítear bóithre Náisiúnta / bóithre Ghrád A agus bóithre Réigiúnacha / bóithre Ghrád B, a fheidhmíonn mar phríomhbhealaí iompair forlonta ag bóithre áitiúla / neamhrangaithe. De ghnáth bíonn caighdeán na mbóithre Náisiúnta / bhóithre Ghrád A agus Réigiúnacha / bhóithre Ghrád B níos airde i gcomhthéacs ailíniúcháin chothrománaigh, ailíniúcháin ingearaigh agus riocht na gcosán. Mar sin, beidh úsáid na mbóithre sin uasmhéadaithe nuair a bheidh na hábhair a úsáidfear chun an t-idirnascaire a bheartaítear a thógáil á n-iompar chuig na suíomhanna tógála.
13. Tá liostaí iomlána maidir leis na bóithre a mbeidh tionchar ag tógáil an idirnascaire a bheartaítear orthu ar fáil sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 18.3, Caibidil 18 (Iompar) agus san EIS, Rannán 13.4, Caibidil 13 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D (Sócmhainní Ábhartha – Trácht). Na Bóithre Náisiúnta / Bóithre Ghrád B agus na Bóithre Réigiúnacha / Bóithre Ghrád C a mbainfear úsáid astu chun trácht tógála a thabhairt chuig na suíomhanna tógála aonair, liostaítear thíos iad:

• A26 Bóthar Killylea	• R147
• A29 Bóthar Mhaí	• R154
• A3 Bóthar Mhuineacháin	• R161
• B3 Bóthar Fergort	• R162
• B115 Bóthar Battleford	• R163
• B106 Bóthar Trew Mount / Bóthar na Binne Boirbe	• R164
• R103 Bóthar Clonfeacle	• R165
• B132 Bóthar Madden	• R178
• N2	• R179
• M3	• R180
• N51	• R181
• N52	• R183
• R125	• R184

14. Ó Chalafort an Phointe a iomprófar trí chlaochladán atá ag teastáil le haghaidh shuíomh fostáisiúin Turleenan. Beartaítear go leanfaidh na hiompróirí an bealach 35 míle seo a leanas: an A2 siar ó thuaidh ón bPointe go dtí an tlúr, ar aghaidh go Bealach na Mainistreach, Upper Water Street agus Trevor Hill, an A27 agus an A28 (Downshire Road) tríd an lúr agus ó thuaidh go hArd Mhacha ansin. Beidh gá leis an ualach a iompar trí bhóithre dochta an A3 ó thuaidh trí Ard Mhacha. Iomprófar é ar an A29 ansin chun taisteal níos faide ó thuaidh go dtí an Mhaigh, áit a gcafaidh an t-iompróir ar dheis isteach sa B106 ar an mbealach deiridh chuig an bhfostáisiún.

9.3.2 Sruthanna Tráchtá atá ann Cheana

15. Rinneadh 148 suirbhé tráchtá san iomlán ar na bóithre ar sainaitníodh gur dhóchúil go mbainfí úsáid astu chun ábhair a iompar chuig na suíomhanna tógála agus amach ó na suíomhanna tógála d'fhonn sruthanna tráchtá cúlra a dhéanamh amach. Bhain na suirbhéanna sin le hUatháirimh Tráchtá agus rinneadh iad i mí na Bealtaine 2012, i mí Eanáir 2013, i mí Mheán Fómhair 2013 agus i mí Eanáir 2014. Chuir na comhairimh sin meán-sruthanna tráchtá laethúla agus céatadáin feithiclí earraí troma ar fáil agus úsáideadh iad mar bhonnlíne chun na méaduithe réamh-mheasta ar shruthanna le linn chéim na tógála a dhéanamh amach.
16. Fuarthas tuilleadh sonraí maidir le trácht cúlra chomh maith trí bhreathnú ar Roads Service Traffic and Travel Information 2006 – 2010 Annual Traffic Census for Northern Ireland (*Faisnéis Tráchtá agus Taistil na Seirbhíse Bóithre 2006 – 2010 Áireamh Bliantúil Tráchtá do Thuaisceart Éireann*) agus ar shonraí um áireamh tráchtá arna bhfoilsíú ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta ar a suíomh gréasáin (www.nra.ie) d'Éirinn.
17. Tá sonraí maidir leis na sruthanna tráchtá feadh na mbóithre a mbeidh tionchar ag tógáil an idirnascaire a bheartaítear orthu ar fáil sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 18.3, Caibidil 18 (Iompar) agus san EIS, Rannán 13.4, Caibidil 13 (Sócmhainní Ábhartha – Trácht).

9.3.3 Rochtain ar Shuíomhanna

9.3.3.1 Líne Lasnairde agus Rochtain ar Thúir

18. Beidh 401 túr nua san iomlán i gceist sa líne lasnairde agus sna túir agus stiallfar 9 dtúr chiorcaid dhúbailte atá ann cheana sula gceanglófar iad leis an bhfostáisiún atá ann cheana féin i bhFearann na Coille, Contae na Mí. Úsáidfear 361 rochtain shealadach tógála san iomlán chun na 401 túr a bheartaítear a thógáil agus a

stialladh agus chun an líne a shuiteáil feadh na dtúr ciorcad dúbailte atá ann cheana. Gheofar rochtain shealadach i bhformhór na gcásanna trí gheataí páirce nó lánaí atá ann cheana féin.

9.3.3.2 Rochtain ar Fhostáisiún Turleenan

19. Tá áitreabh (Uimh. 152 Bóthar Trew Mount – ar le NIE é) suite cheana laistigh de chríocha an láithreáin forbraíochta le haghaidh an Fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan. Sna tograí forbartha tá cead an t-áitreabh a choinneáil ar dtús le linn chéim na tógála (lena úsáid mar oifig láithreáin), agus rochtain shealadach air a chur ar an imeall thuaidh den láithreán. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an rochtain seo suite ar an tuilemhá agus dá bhrí sin, tá sé beartaithe, a luaithe is a bheidh formhór na hoibre tógála déanta, an t-áitreabh a scartáil agus an rochtain shealadach ar an láithreán a chur ar an suíomh seo, nach bhfuil suite ar an tuilemhá.

9.3.3.3 Iosta NIE ag Rochtain Eastát Tionsclaíochta Carn

20. Úsáidfear iosta reatha NIE ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigavon, mar iosta le haghaidh na tógála sa chuid thuaidh den líne lasnairde agus de na túir. Úsáidtear an t-iosta chun feithiclí agus trealamh tógála a stóráil. Déanfar ábhair uile chéim na tógála (línte lasnairde agus túir) a stóráil ansin chomh maith. Is é Carn príomhiosta réigiúnach NIE sa chuid theas de Thuaisceart Éireann. Tá sé cóngarach do thimpeallán M12 Carn agus tá sé 15 mhíle (24km) ón bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan lena nascfar an líne 400 kV nua a bheartaítear leis an nGréasán reatha. Tá na socruithe reatha rochtana oiriúnach chun déileáil leis na feithiclí a bheidh de dhíth, de réir mar a mheastar, i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear.

9.3.3.4 Bealach Isteach chuig Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála Charraig Mhachaire Rois

21. Beartaítear go mbainfear úsáid as suíomh atá thoir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois mar chlós stórála le haghaidh ábhar tógála. Tá an clós sin ar an taobh thiar den N2 agus tagtar air ó bhóthar áitiúil (an L4700). Tá an bealach isteach chuig an gclós stórála atá ann faoi láthair suite in aice le hacomhal ar an ngréasán bóithre poiblí agus tá an léargas uaidh srianta. Beartaítear mar sin bealach isteach nua chuig an suíomh ón L4700 a thógáil níos faide ó dheas ón gceann atá ann cheana.

9.3.3.5 Bealach Isteach chuig Fostáisiún Fhearann na Coille

22. Bealach isteach chuig an bhfostáisiún atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí, trí bhóthar rochtana atá nasctha leis an L-6207-0. Níl sé beartaithe na socruithe reatha rochtana ag an suíomh seo a athrú.

9.3.4 Sonraí Imbhualte

23. Rinneadh athbheithniú ar na sonraí imbhualte maidir le bóithre a bheidh á n-úsáid le linn thógáil an idirnascaire a bheartaítear. Is ó 2008 – 2010 i dTuaisceart Éireann agus 2005 – 2012 in Éirinn na sonraí a úsáideadh. Cuimsítear achoimre ar na timpistí tromchúiseacha agus ar na timpistí marfacha i rith na dtréimhsí sin i dTábla 9.1 thíos:

Tábla 9.1: Sonraí Imbhualite

Ainm an Bhóthair	Líon na dTimpistí Tromchúiseacha	Líon na dTimpistí Marfacha
Bóthar Mhuineacháin	2	0
Bóthar Clonfeacle	1	0
R184	0	1
LS07502	0	1
LP03510	1	0
An Seanbhóthar N2	3	0
R183	2	1
R181	5	0
R178	3	0
R179	3	1
R162	12	4
R165	1	0
L-3534-0	1	0
N2	6	8
N52	4	1
R154	2	1
L-2207-44	1	1
L-6202-32	1	0
R161	2	1
R147	9	4
L-8001-0	1	0
L-3402-17	1	0
M3	0	2

24. As na himbhualití a tugadh thuas, tharla a lán díobh sin gar do shuíomhanna na rochtana sealadaí a bheartaítear ar shuíomhanna tógála lena n-áirítear timpistí feadh na mbóithre seo a leanas:

- Bóthar Mhuineacháin
- LS07502
- R181
- R162
- N52
- L-2207-44
- L-3402-17

9.4 Bearta Maolaithe

9.4.1 Céim na Tógála

25. Ullmhófar Plean um Bainistiú Trácht Tógála sula dtosófar ar na hoibríochtaí tógála. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir. Beidh na nithe seo a leanas sa tuarascáil seo:

- Clár tógála ina mbeidh mionsonraí ar sheicheamh thógáil na dtúr lena mbeidh sé mar aidhm an chosúlacht go mbeidh buaicshruthanna tráchta ann a íoslaghdú agus na gníomhaíochtaí a bheartaítear a chur in iúl do na húdaráis Áitiúla;
- Sonraí faoi na bóithre a mbainfear úsáid astu chun ábhair a iompar chuig an suíomh agus amach as;
- Sainnithneofar na limistéir ina dteastóidh bainistíocht shealadach tráchta agus dearáí de na bearta sin;
- Iarrachtaí chun smionagar ó thionchar na tógála ar an ngréasán bóithre a íoslaghdú;
- Socruithe maidir le cothabháil bhóithre agus monatóireacht a dhéanamh ar staid an bhóthair de réir mar is gá;
- Pleananna cumarsáide lena chinntiú go gcoinneofar na páirtithe leasmhara chun dáta ar sceidealú na tógála agus ar bhearta bainistíochta tráchta ar bith a bheartaítear;
- Cuirfear sonraí maidir le comharthaí bóthair in airde chun rabhadh a thabhairt faoi na láithreacha rochtana sealadacha ar bhealach isteach na suíomhanna tógála nó faoi oibríochtaí ar bith lena mbeidh comharthaí rabhaidh ag teastáil; agus
- Sonraí maidir le bearta chun freastal ar sheirbhísí éigeandála.

26. Feic Rannán 18.5 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Rannán 13.6 den EIS.

27. Forbrófar Plean Bainistíochta Tráchta mionsonraithe le haghaidh iompar na gclaohladán ó Chalafort an Phoinge go fostáisiún Turleenan ó thuaidh ón Maigh, Plean a gceadóidh na húdaráis chuí é agus ina gcuirfear tuairimí ó pháirtithe leasmhara amhail Comhairlí Áitiúla agus an PSNI san áireamh ann. Agus an plean bainistíochta tráchta agus an straitéis iompair á gcur chun feidhme, féachfar le laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ann ar úsáideoirí bóithre, ar choisithe,

ar chónaitheoirí agus ar asraonta miondíola feadh an bhealaigh agus ar fud an ghréasáin bóithre áitiúil agus réigiúnaigh.

28. Déanfar na nithe seo a leanas sa phlean bainistíochta tráchta:

- Pleanálfar an t-ualach neamhghnách a iompar ar an Domhnach, arb é an lá is ciúine ar an ngréasán bóithre de ghnáth;
- Déanfar tionlacan cuí ó na Póilíní nó ó chonraitheoir le haghaidh ghluaiseacht an ualaigh neamhghnách a chomhaontú leis na húdaráis áitiúla agus leis na póilíní nuair is cuí;
- Sainaitheofar na príomhpháirtithe leasmhara (na daoine ar dóigh go n-imreofar gluaiseacht an ualaigh an tionchar is mó orthu) agus tabharfar fógra roimh ré do na daoine sin;
- Tabharfar fógra roimh ré don phobal i gcoitinne maidir le gluaiseacht an ualaigh neamhghnách;
- Cuirfear comharthaí faisnéiseacha ar fáil ar na bóithre chun rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí faoi ghluaiseachtaí tráchta;
- Iomprófar an t-ualach go sonrathach lasmuigh d'uaireanta tráchta buaicuaire agus seachnófar imeachtaí ar leith a bhféadfaí drochthionchar a imirt orthu;
- Sainaitheofar láithreacha ar an mbealach inar féidir an t-ualach a stad nó a threorú go taobh amháin den charrbhealach chun ligean don trácht dul thart;
- Sainaitheofar bealaí malartacha d'úsáideoirí bóithre agus cuirfear neas-amanna achair idir cinn scríbe (thábhachtacha) ar leith ar fáil;
- Beidh malairtí slí sonracha ann do thrácht ar an A29 atá ar an mbealach ó thuaidh nó ó dheas chun gur féidir leo sráidbhaile an Mhaí a sheachaint, áit ar féidir go mbeidh bac sealadach ar an A29 ar feadh 24 uair; agus
- Soláthrófar comharthaí sealadacha agus rialú tráchta nuair is gá.

29. Mar aon leis na bearta maolaithe thuas, déanfaidh SONI agus an conraitheoir a cheapfar chun an t-ualach a iompar breithniú ar úsáid chuí a bhaint as na meáin shóisialta chun eolas a thabhairt don phobal faoi na gluaiseachtaí tráchta atá beartaithe agus faoi na srianta atá ann ar an ngréasán bóithre roimh an ngluaiseacht agus lena linn. Agus na meáin shóisialta á n-úsáid, beifear in ann faisnéis a scaipeadh níos faide ná an timpeallacht áitiúil agus ar fud bhealach an

aistir agus beidh an pobal in ann an bealach a sheachaint go heolach i gcásanna ina ligeann cúinsí agus dálaí aonair é sin.

9.4.2 An Chéim Oibríoch

30. Mar gheall ar an tionchar diomaibhseach a bhainfidh le céim oibríoch na forbartha, níl bearta maolaithe ar bith beartaithe faoi choinne na céime seo den fhorbairt.

9.5 Tionchar Iarmharach le linn Chéim na Tógála

9.5.1 Forbhreathnú

31. Is éard a bheidh i gceist go bunúsach leis an idirnascaire a bheartaítear suíomh tógála fada líneach agus an iomad limistéar scoite ina mbeidh gníomhaíochtaí tógála ar bun. Aistreofar ábhair, pearsanra agus trealamh chuig na suíomhanna seo le go mbeifear in ann dul i gceann gníomhaíochtaí tógála.
32. Aistreofar na hábhair, an pearsanra agus an trealamh seo ach úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin go príomha. Ar na cineálacha feithiclí a bheidh ag iompar ábhar agus trealaimh chuig an suíomh tá craein (craenacha), tochtóirí, dumpairí, feithiclí faoi thiomáint ceithre roth, tarracóirí agus leantóirí agus feithiclí seachadta coincréite.
33. Feic Rannán 18.6, Caibidil 18 (Iompar) sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Rannán 13.7, Caibidil 13 (Sócmhainní Ábhartha – Trácht) san EIS.
34. In ainneoin mhéid na forbartha, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht seo scaipthe amach thar roinnt seachtainí agus is é seo an méid ama a thógfaidh sé chun struchtúir aonair a thógáil.
35. Mar gheall ar fhad na líne lasnairde a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse sách gearr. Ar na heisceachtaí ina leith sin tá tógáil Fhostáisiún Turleenan, Contae Thír Eoghain, an síneadh leis an bhfostáisiún atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí, agus ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála, a bheidh suite soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin. Meastar go mbeidh níos mó feithiclí ag na suíomhanna sin agus ar feadh tréimhse níos faide i gcomparáid leis na suíomhanna aonair feadh na líne lasnairde.

9.5.2 Cruthú Trácht

9.5.2.1 Líne Lasnairde

36. Forbraíodh meastachán maidir leis an trácht a chruthófar ag gach suíomh túir bunaithe ar chéimeanna éagsúla na tógála agus ar na gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl ar an suíomh le linn na gcéimeanna sin. Tá an barrthrácht laethúil atá cruthaithe ag an rochtain shealadach a bheartaítear idir 15 agus 58 feithicil sa lá ag brath ar an gcineál túir agus na dálaí talún lena mbaineann. Feic Rannán 18.4, Caibidil 18 (Iompar) sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Rannán 13.5, Caibidil 13 (Sócmhainní Ábhartha – Trácht) san EIS chun sonraí a fháil faoi conas a réamh-mheasadh méid an trácht a chruthófaí.

9.5.2.2 Fostáisiún Turleenan

37. Is é 200 feithicil (ar a mhéad) sa lá an barrmhéid trácht laethúil measta a chruthófar le linn thógáil fhostáisiún Turleenan.

9.5.2.3 Iosta NIE, Eastát Tionsclaíochta Carn

38. Áireofar le trácht a bhaineann leis an gcuid ó thuaidh den bhealach ag iosta NIE in Carn trácht a bhaineann le foireann, ag comhchruinniú anseo le go dtabharfar iad chuig na suíomhanna tógála i veaineanna oibre agus i bhfeithiclí tógála freisin e.g. Fastrac/Tarracóir mar aon le leantóir lódaire ísil a iompraíonn drumaí seoltóra etc. (gan feithiclí a bhaineann le cloch agus coinchréit a sheachadfar chuig na suíomhanna tógála go díreach ón soláthraí, áfach). Thiocfadh an cás is measa do chruthú trácht ag an iosta aníos nuair a d'oibreodh an dá fhoireann a bheartaítear (lena n-áirítear oibríthe a bhaineann le céimeanna oibre 1, 2 agus 3) agus foireann sreangaithe amháin ag leibhéal bhuaice, rud as a dtiocfadh uaslíon réamh-mheasta 180 gluaiseacht sa lá. Áirítear ar an bhfigiúr sin seachadadh na hábhar tógála chuig an iosta ag an luas céanna le himeacht na bhfeithiclí a bheadh ag soláthar na hábhair chuig na suíomhanna tógála aonair.

9.5.2.4 Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála Charraig Mhachaire Rois

39. Úsáidfear clós stórála le haghaidh ábhar tógála Charraig Mhachaire Rois i gcomhair chuid an idirnascaire a bheartaítear in Éirinn. Beidh sé seo ina phointe fócasach i gcomhair an trácht sa chuid seo den idirnascaire a bheartaítear. Glactar leis go n-oibreoidh 7 bhfoireann tógála as an gclós ag an am céanna chun tógála na coda seo den idirnascaire a bheartaítear a éascú laistigh de 3 bliana.

40. Is é an “cás is measa” a bheadh ann le haghaidh cruthú trácht ag an gclós stórála ná dá mbeadh gach foireann den 7 bhfoireann ag oibriú ag buaicleibhéil a mbeadh

thart ar 378 gluaiseacht (i.e. 189 gluaiseacht ag teacht agus 189 gluaiseacht ag imeacht) isteach sa chlós stórála agus amach as gach lá i gceist leis. Áirítear ar an bhfigiúr sin seachadadh na hábhar tógála chuig an suíomh ag an luas céanna le himeacht na bhfeithiclé a bheadh ag soláthar na hábhair chuig na suíomhanna tógála aonair.

41. Ba chóir a thabhairt faoi deara, nach móide go réadófar an figiúr atá tugtha anseo toisc go gcinnteofar trí sceidealú cúramach na n-oibríochtaí nach dtarlóidh an cás is measa leis na leibhéil tráchta. Ina áit sin, is cosúil go luaineoidh an trácht a chruthófar leis an gclós i rith chéim na tógála ag brath ar na gníomhaíochtaí tógála.

9.5.2.5 Fostáisiún Fhearann na Coille

42. Beidh trácht le sonrú mar gheall ar na hoibreacha sínte a bheartaítear ag Fostáisiún Fhearann na Coille. Tá sé measta go mbeidh thart ar 1,612 gluaiseacht ann mar thoradh ar na hoibreacha sin. Má bhíonn tréimhse tógála sé mhí i gceist le haghaidh na n-oibreacha sibhialta seo, beidh thart ar 13 ghluaiseacht in aghaidh an lae ann. Má chuirtear turais na n-oibríthe suímh agus turais ilghnéitheacha eile san áireamh, b'ionann an bhuaicghiniúint tráchta agus thart ar 30 gluaiseacht feithicle in aghaidh an lae

9.5.2.6 Cumhdach

43. Beidh cumhdach de dhíth in áiteanna ina dtéann an t-idirnascaire a bheartaítear thar bhóithre agus limistéir íogair eile. Meastar go mbeidh feithicil nó dhó le feiceáil ag gach ionad cumhdaigh in aghaidh an lae ar feadh 5 lá i gceist leis líon feithiclé a chruthófar.

9.5.2.7 Láithreacha Sreangaithe

44. Táthar ag súil go n-úsáidfear rochtain suíomhanna stiallta thar 5 lá ar a mhéad agus beidh uas-sruth tráchta laethúil de 20 feithicil in aghaidh an lae i gceist.

9.5.3 Dáileadh Tráchta

45. Déanfar úsáid na mbóithre áitiúla / Ghrád C le haghaidh feithiclé tógála móra a íoslaghdú a mhéid is féidir. Dá bhrí sin bainfear úsáid a mhéid is féidir de na bóithre Náisiúnta / bóithre Ghrád A agus Réigiúnacha / bóithre Ghrád B le haghaidh an tráchta a bhaineann le tógáil an idirnascaire a bheartaítear sular n-aistrefar iad go dtí bóithre de chaighdeán níos ísle sa chás amháin ina bhfuil sé riachtanach chun suíomhanna tógála aonair a rochtain.

46. Mar thoradh ar láthair na rochtana ar an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála láimh le Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, beidh méadú suntasach nach féidir a sheachaint ar an trácht ar dhá bhóthar áitiúla (is iad sin, an L-4700 agus Nascbhóthar an L4700 – N2) ar fud chéim na tógála a mhairfidh 3 bliana. Rinneadh measúnú ar an dá bhóthar sin agus ar na hacmhail a nascann iad leis an ngréasán bóithre náisiúnta i gCaibidil 13 (Sócmhainní Ábhartha – Trácht) d'Imleabhar 3C den EIS.
47. Beidh iompróir 20 acastóir ag teastáil chun na claochladáin a mbeidh meáchan de thart ar 222 tonna iontu a iompar go mall ó Chalafort an Phointe go dtí an Maigh. Tógfaidh gach turas suas le seacht n-uaire agus beidh cur isteach ar an trácht ann de bharr dúnadh bóithre sealadach agus de bharr an tráchta mhallghluaiste.
48. Mar gheall ar chasadh géar atá ann i sráidbhaile an Mhaí, beidh gá leis na claochladáin a aistriú le craein ón iompróir 20 acastóir go leantóir féinghluaiste níos lú. Chun é sin a dhéanamh, dúnfar an B106 i lár chearnóg an Mhaí agus beidh córas atreoraithe i bhfeidhm sa chuid thuaidh agus sa chuid theas den chearnóg. Cruthóidh sé sin cur isteach ar an trácht agus cineálacha tionchair amhairc agus thorainn. Cuirfidh sé isteach ar an ngnáthúsáid a bhaintear as sráidbhaile an Mhaí freisin. Teastóidh dhá lá in aghaidh an turais, agus sé lá san iomlán, ón aistriú sin. Déanfar na trí thuras riachtanacha ar leithligh ó chéile chun an cur isteach a laghdú an oiread agus is féidir.
49. Tar éis an t-aistriú, fillfidh an t-iompróir 20 acastóir ar an bPointe. Beidh bearta maolaithe den chineál céanna ag teastáil le haghaidh an turais ar ais chun cur isteach a íoslaghdú.
50. Cur chun feidhme na mbearta maolaithe a ndéantar cur síos orthu thuas agus an cineál gearrthéarmach (idir roinnt nóiméad agus uair amháin) agus áitiúil den chuid is mó den tionchar ar fhorhór na n-úsáideoirí bóithre, na gcoisithe agus na dtithe cónaithe feadh an bhealaigh ghluaiseachta, bheadh siad ina gcúis le tionchar iarmharach íosta de bharr iompar na gclaochladán maidir le torann agus creathadh, taitneamhacht amhairc agus cailteanas trádáil mhiondíola. Cé go mbeadh sé mar aidhm ag cur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Tráchta a bheartaítear eolas a thabhairt do gach úsáideoir bóithre tráth cuí sula mbogfaí an t-ualach, is dóigh go mbeadh úsáideoirí bóithre ann nár tugadh eolas dóibh (i.e. cuairteoirí ócáideacha ar an limistéar gréasán bóithre) a bhféadfadh turas an ualaigh dul i bhfeidhm orthu. Maidir le cur isteach agus moill ar thiománaithe, le baol méadaithe go dtarlóidh timpistí agus scoilteadh agus le moill ar choisithe, d'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar gearrthéarmach áitiúil measartha ar úsáideoirí bóithre.

9.5.4 Tionchar Tráchtá

51. Sainaithníonn treoirlínte an IEMA tairseacha ginearálta maidir le méaduithe ar an sruth tráchtá de 10% (gabhdóirí íogaire amhail limistéir atá cóngarach do scoileanna etc.) agus de 30% (le haghaidh limistéir eile). Sa chás go bhfuil an méadú réamh-mheasta ar shruthanna tráchtá níos ísle ná na tairseacha, tugann na treoirlínte le tuiscint gur féidir a shonrú gurb íseal nó neamhshuntasach atá suntasacht an tionchair agus nach bhfuil údar le sonraí breise.
52. Méadóidh an trácht ar an ngréasán bóithre i rith chéim na tógála. Cé go bhfuil cuid de na méaduithe céatadáin sách ard (táthar ag dréim go mbeidh méadú sealadach os cionn 30% ar na sruthanna reatha ar 37 bóthar), is léiriú é seo go ginearálta ar a laghad feithiclí a bhíonn ar na bóithre seo de ghnáth agus ní ar an líon feithiclí atá measta a bheith orthu. Ó thaobh acmhainne de, beidh an gréasán bóithre in ann ag na sruthanna a thuartar. Taispeántar na bóithre lena mbaineann méadú céatadáin tuartha níos mó ná 30% nó cothrom leis sin i dTábla 9.2.

Tábla 9.2: Bóithre agus an Tionchar Céatadán

Ainm an Bóthair	Trácht Cúlra Laethúil (Feithiclí)	Barrthrácht Cúlra Laethúil na Forbartha Tógála (Feithiclí)	Buaichthionchar %
Lána Mór	34	15	44.4%
Bóthar Rhone	40	54	135.3%
Bóthar Culverog	67	54	80.6%
Bóthar Bracknagh	46	42	91.2%
Bóthar Navan Fort	57	34	59.3%
Bóthar Neamhrangaithe (i gcomhair rochtana AT57-58)	73	40	55.1%
Bóthar Bhaile Uí Eochaidh	26	18	70.4%
Bóthar Mhuineacháin (spor)	92	36	39.1%
Bóthar Chabhán an Gharbháin	68	48	71.7%
Bóthar Sheetrim	28	36	130.3%
Bóthar Tivenacree	35	44	126.5%
Bóthar Glassdummond	92	30	32.6%
Bóthar Neamhrangaithe (i gcomhair rochtain AT102A agus AT102B)	12	30	244.4%
L-7557-0	124	46	37.1%
L-8010	99	46	46.5%
L-40121	47	23	48.9%
L-40052	71	46	64.8%
L-40312	22	46	209.1%
L-4004	112	46	41.1%
L-4011	91	46	50.5%

Ainm an Bhóthair	Trácht Cúlra Laethúil (Feithiclí)	Barrthrácht Cúlra Laethúil na Forbartha Tógála (Feithiclí)	Buaicthionchar %
L-40103	8	46	575%
L-40441	32	17	53.1%
L-3201	133	46	34.6%
L-7211	143	46	32.2%
L-34211	86	46	53.5%
L-75031	98	46	46.9%
L7503	65	46	70.8%
L-4700	952	378	39.7%
L-4700 – Bóthar Ceangail N2	340	378	111.1%
L-22051	116	46	39.7%
L-40063-0	133	46	34.6%
L-80091-16	108	46	42.6%
L-74115-0	77	46	59.7%
L-74113-0	67	46	68.7%
L-74051-7	77	46	59.7%
L-6801-0	111	46	41.4%
L-68011-17	40	46	115%

53. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar bhóithre Ghrád C go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc. Méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus chaighdeán an aeir.

54. Bheadh tionchar comhshaoil iarmharach íosta ann mar thoradh ar na bearta maolaithe ar a gcuirtear síos i Rannán 9.4 thuas, agus ar nádúr gearrthréimhseach an mhéadaithe sa trácht i gcomhthéacs tráchta agus iompair. Tacaítear leis an gconclúid sin trí na nithe seo a leanas:

- Úsáid Plean bainistíochta tráchta agus socruithe bealaigh chun tionchar ar bith le linn na tógála a íoslaghdú;
- Socruithe sainiúla bainistíochta tráchta i gcomhair codanna sainiúla den bhóthair i.e. oiriúnaithe do na dálaí reatha; agus
- Feabhas ar rochtain suíomhanna, más infheidhmithe.

9.6 Tionchar iarmharach le linn na Céime Oibríche

55. Tá sé measta go mbeadh uasmhéadú 10 ngluaiseacht in aghaidh an lae ar an trácht le linn na céime oibríche (thar thréimhse aonair 7 lá le linn na bliana féilire) le haghaidh an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan, Contae Thír Eoghain. I bhformhór na gcásanna, ní bheidh ann ach méadú 4 ghluaiseacht in aghaidh an lae (feithiclí éadroma ar fad). Maidir leis an uasluach 10 bhfeithicil in aghaidh an lae, bheadh 4 cinn díobh sin ina bhfeithiclí éadroma agus bheadh an chuid eile ina HGVanna. Is ionann é sin agus méadú diomaibhseach ar ghluaiseachtaí tráchta, agus dá bhrí sin, meastar go bhfuil suntasacht dhiomaibhseach leis na gluaiseachtaí tráchta a bhaineann le céim oibríoch an fhostáisiúin a bheartaítear.

56. Ní chruthófar ach méid fíorbheag tráchta leis an líne lasnairde agus na túir le linn na céime oibríche toisc nach mbíonn foireann ag na línte cumhachta. Déanfar cigireacht ar an líne gach 2 bhliain ar an gcuid den líne laistigh de Chontae Thír Eoghain agus Chontae Ard Mhacha agus gach 8 mbliana ar an gcuid den líne laistigh de Chontae Mhuineacháin, Chontae an Chabháin agus Chontae na Mí sa chás go dtugtar cuairt ar gach struchtúr den líne. D'fhonn an chigireacht seo a éascú, rachaidh feithicil 4x4 nó dhó chuig gach gabháltas feadh an idirnascaire a bheartaítear.

57. Ní bheidh aon trácht eile le sonrú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ar nós lochta. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil suntasacht dhiomaibhseach leis na gluaiseachtaí tráchta a bhaineann le céim oibríoch an fhostáisiúin a bheartaítear, an líne lasnairde agus na túir.

9.7 Tionchar Trasteorann

58. Tógfar an t-idirnascaire a bheartaítear i gcodanna ar leith agus beidh cuid amháin sa chuid ó Turleenan, Chontae Thír Eoghain go dtí an teorainn dhlínsiúil agus an chuid eile sa chuid ón teorainn go Fearann na Coille, Contae na Mí.
59. Suíomh tógála ar leith a bheidh i ngach láithreán túir go bunúsach, agus beidh rochtain orthu ar bhóthar. Sainaithníodh láithreacha rochtana le haghaidh gach suímh agus fanfaidh na bealaí a úsáidfear chun taisteal chuig na suíomhanna sin laistigh den dlínse chéanna ina mbeidh na túir á dtógáil. Dá bhrí sin, gheofar rochtain ar na túir á dtógáil gar don teorainn i gContae Ard Mhacha ach úsáid a bhaint as bealaí i gContae Ard Mhacha agus gheofar rochtain ar thúir á dtógáil gar don teorainn i gContae Mhuineacháin ach úsáid a bhaint as bealaí i gContae Mhuineacháin. Dá bhrí sin, in ainneoin go trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear an teorainn dhlínsiúil, ní mheastar go rachaidh na feithiclí a sholáthróidh ábhair chuig an láithreán trasna na teorann.
60. Mar sin féin, d'fhéadfaí roinnt de na hábhair thógála a úsáidfear chun ceachtar cuid a thógáil a fháil ó sholáthraithe a bheidh bunaithe sa dlínse eile. Ar an gcaoi chéanna, ní fios cén áit a bhfuil na hoibrithe tógála ina gcónaí, agus b'fhéidir go dtiocfaidís chuig na láithreáin ón dlínse eile.
61. I gcás ar bith, ní bheadh an trácht a bhaineann le hábhair agus/nó le hoibrithe a thrasnóidh an teorainn rómhór agus, dá bhrí sin, meastar nach mbeadh ann ach tionchar tráchta trasteorann fíorbheag ag an idirnascaire a bheartaítear.

9.8 Conclúidí

62. Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach ó thaobh cineáil de, beidh níos mó tráchta ann mar gheall ar chéim thógála na forbartha a bheartaítear toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó.
63. A bhuí le cineál an idirnascaire a bheartaítear, beidh roinnt suíomhanna tógála ar leith ann i rith chéim na tógála. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Teastaíonn 362 bealach isteach sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an idirnascaire a bheartaítear a thógáil.
64. In ainneoin mhéid na forbartha líní a chuimsítear san idirnascaire a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha. Beidh an trácht seo scaipthe amach thar roinnt

seachtainí (atá ar an méid ama a thógfaidh sé chun struchtúir aonair a thógáil). Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse sách gearr.

65. Mar thoradh ar thógáil an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan, Contae Thír Eoghain, ar an síneadh leis an bhfostáisiún atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí agus ar na hoibríochtaí ag na clóis stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear, a bheidh suite ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigavon agus soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin chomh maith, beidh líon níos mó feithiclí ann thar thréimhsí níos faide ach ní bheidh brú ar an ngréasán bóithre de thoradh ar na sruthanna tráchta sin.
66. Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Mar thoradh ar na bearta maolaithe a mholtar, déanfar íoslaghú nó díothú ar an tionchar iarmharach maidir leis an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil i dtaca leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus chaighdeán an aeir.
67. Ullmhófar Plean um Bainistiú Trácht Tógála sula dtosófar ar na hoibríochtaí tógála. Is é cuspóir an phlean seo aon tionchar atá ag céim tógála an idirnascaire a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir.
68. Beidh iompróir 20 acastóir ag teastáil chun na trí chlaochladán a mbeidh meáchan de thart ar 222 tonna iontu a iompar go mall ó Chalafort an Phointe go dtí an Maigh. Beidh trí thuras ag teastáil agus tógfaidh gach turas suas le seacht n-uaire agus beidh cur isteach ar an trácht ann de bharr dúnadh bóithre sealadach agus de bharr an tráchta mhallghluaiste.
69. Mar gheall ar chasadh géar atá ann i sráidbhaile an Mhaí, beidh gá leis na claochladáin a aistriú le craein ón iompróir 20 acastóir go leantóir féinghluaiste níos lú. Chun é sin a dhéanamh, dúnfar an B106 i lár chearnóg an Mhaí agus beidh córas atreoraithe i bhfeidhm sa chuid thuaidh agus sa chuid theas den chearnóg. Cruthóidh sé sin cur isteach ar an trácht agus cineálacha tionchair amhairc agus thorainn. Cuirfidh sé isteach ar an ngnáthúsáid a bhaintear as sráidbhaile an Mhaí freisin. Teastóidh dhá lá in aghaidh an turais, agus ceithre lá san iomlán, ón aistriú sin. Déanfar na trí thuras riachtanacha ar leithligh ó chéile chun an cur isteach a laghdú an oiread agus is féidir.
70. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm agus poibleofar iompar an chlaochladáin chun eolas a thabhairt do dhaoine agus chun cabhrú leis an gcur isteach a laghdú an

oiread agus is féidir. I measc na mbeart maolaithe, beidh tionlacain phóilíní ann, cuirfear comharthaí cuí ar fáil maidir le bealaí malartacha agus le malairtí slí, agus ní thabharfar faoi oibreacha ach amháin le linn solas lae. D'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar measartha gearrthéarmach ann ar úsáideoirí bóithre. Ní bheidh aon tionchar fadtéarmach ann ar chríochnú an iompair.

10. Torann

10.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach torainn agus creathaidh is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar ghabhdóirí atá torann-íogair.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite ná Caibidil 11 (Torann) agus is iad na caibidlí ábhartha den EIS ná Caibidil 9 (Aer – Torann agus Creathadh) d'Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

10.2 Modheolaíocht

3. Ullmhaíodh an measúnú torainn agus creathaidh seo de réir reachtaíocht agus threoir ábhartha an Aontais Eorpaigh agus Náisiúnta, lena n-áirítear ceanglais Iarscríbhinn IV den Treoir chódaithe um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA). Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar bhreithiúnas gairmiúil na n-údar agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim an idirnascaire a bheartaítear.
4. Bíonn roinnt tosca a théann i gcion ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann agus creathadh ón idirnascaire a bheartaítear amhail fad na n-oibreacha, saintréithe an torainn agus mar a airítear é. D'fhonn an tionchar ar ghabhdóirí íogaire a íoslaghdú, rinneadh measúnú ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann agus ag creathadh, agus forbraíodh raon beart maolaitheach, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfar teorainneacha treorach inghlactha.
5. Cuimsítear le gabhdóirí torann-íogaire tithe, scoileanna, ospidéal, ionaid adhartha, foirgnimh oidhreachta, gnáthóga speisialta, limistéir scéimhe i limistéir úsáide coitinne agus limistéir chiúine ainmnithe.
6. Taifeadadh tomhais fhorleithne ar thorann cúlra feadh an línebhealaigh a bheartaítear agus ag suíomh an fhostáisiúin a bheartaítear, le linn an lae agus san oíche. Is láithreacha ina bhfuil gabhdóirí iad na láithreacha cóngarach d'fhostáisiún Turleenan, do na túir agus don líne lasnairde feadh an bhealaigh d'fhonn léiriú a thabhairt ar an gceantar tuaithe ciúin agus cuirtear síos orthu san EIS agus sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite.

7. Rinneadh measúnú ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann agus ag creathadh i rith chéim na tógála agus na céime oibríche den idirnascaire a bheartaítear agus beartaíodh bearta maolaithe sonracha maidir le torann agus creathadh mar a chuirtear síos orthu san EIS agus sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite.
8. Rinneadh measúnú go príomha ar an tionchar le linn chéim na tógála ag baint leasa as caighdeáin agus treoircháipéisí, faoi mar a chuirtear síos orthu thíos.
9. Baineadh leas sa mheasúnú seo as caighdeáin agus as treoircháipéisí éagsúla ina gcumhdaítear an tionchar a bhíonn ag foinsí seachtracha torainn agus tabhairt isteach torainn thionsclaíoch agus torann tógála.
10. Is iad seo a leanas na caighdeáin agus na treoirlínte atá oiriúnach i gcomhair an bhreithmheasa seo:
 - Guidelines for Community Noise (*Treoirlínte um Thorann sa Phobal*) leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) (1999),
 - BS5228 Code of Practice for Noise and Vibration Control on Construction and Open Sites – Part 1: Noise (*An Cód Cleachtais um Rialú Torainn agus Creatha ar Shuíomhanna Tógála agus ar Shuíomhanna Oscailte – Cuid 1: Torann*) (2009),
 - BS4142 Method of Rating Industrial Noise Affecting Mixed Residential and Industrial Areas (*An Modh a Úsáidtear chun Torann Tionsclaíoch a Rátáil a mbíonn Tionchar aige ar Limistéir Mheasctha Chónaithe agus Thionsclaíocha*) (1997); agus
 - An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta – Guidelines for the Treatment of Noise and Vibration in National Road Schemes (*Treoirlínte maidir le Déileáil le Torann agus le Creathadh i Scéimeanna Bóithre Náisiúnta*) (2005).
11. Rinneadh leibhéal torainn ag an gcéim oibríoch i gcomhair Fhostáisiúin Turleenan a bheartaítear a mheasúnú ag baint leasa as samhail réamh-mheasta torainn ríomhchuidithe CadnaA. Rinneadh leibhéal torainn tomhaiste a úsáid sa tsamhail seo ó fhostáisiún aer-inslithe 500MVA na Seansráide i gContae na Gaillimhe. Is suiteáil nua-aimseartha é fhostáisiún na Seansráide agus tá sé cosúil leis an bhfostáisiún a bheartaítear de réir scála. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbainfear leas an GIS (Fostáisiún Gásinslithe) i bhfostáisiún Turleenan a bheartaítear. Tá saoráidí GIS deartha le bheith níos lú agus níos ciúine de ghnáth ná fhostáisiún aer-inslithe

12. Glacadh na leibhéil astaíocht torainn le linn na Céime Oibríche i gcomhair na líne lasnairde ón “Transmission Line Reference Book – 200kV and Above” (*Leabhar Tagartha um Líne Tarchuir – 200kv agus Os a Chionn sin*) de chuid an EPRI AC, Tríú hEagrán AN1 bogearraí Feidhmchláirín.
13. Soláthraítear leibhéil torainn ann ag faid éagsúla ó lár líne na líne lasnairde faoi dhálaí aeráide éagsúla. Soláthraítear an leibhéal torainn sna bogearraí i dtéarmaí dB L_{A50} arb ionann sin agus an leibhéal fuaimbhrú A-ualaithe (i ndeicibeilí, dB) a fuarthas ag baint leasa as an ualúchán ama “Tapa” a sháraítear maidir le 50% den eatramh ama ar leith.

10.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

14. Tá an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe i gceantar tuaithe den chuid is mó. Is iad torann timpeallachta tuaithe (i.e. gaoth i gcrainn, gníomhaíochtaí talmhaíochta agus beostoc) agus torann iompair ó na bóithre áitiúla príomhthréithe na leibhéal torainn thimpeallaigh ag réadmhaoine atá lonnaithe gar don chuid is mó den idirnascaire a bheartaítear. Mar sin féin, tá codanna den idirnascaire a bheartaítear, cóngarach do bhóithre gnóthacha, mar a bhfuil torann iompair ar an bhfoinse thorainn is mó.
15. Rinneadh an uile thomhas a thaifeadadh le linn aimsir fheiliúnach chiúin agus baineadh leas as ionstraimíocht de Chineál 1 a calabraíodh go cuí agus atá ar aon dul leis na caighdeáin agus leis an modheolaíocht reatha chuí. Rinneadh calabrú chuig na caighdeáin náisiúnta chuí ar an méadar fuaimleibhéil agus ar an gcalabróir fuaimiúil nuair a rinneadh an tomhas. Níor tugadh aon síobadh suntasach faoi deara le linn an phróisis calabraithe réimse.
16. Meastar go bhfuil suíomhanna monatóireachta ar thorann arna gcur síos san EIS agus sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite ionadaíoch do gach sealúchas chónaithe ar a bhféadfadh an t-idirnascaire a bheartaítear tionchar a bheith aige.

10.4 Bearta Maolaithe

10.4.1 Forbhreathnú

17. Rinneadh tréaniarracht i dTreorú cúramach an idirnascaire a bheartaítear tionchar a sheachaint nó a laghdú ar ghabhdóirí a d’fhéadfadh bheith íogair trí dheighilt faid. Tá an maolú seo níos fearr ó thaobh an dearaidh de chun tionchar torainn aonair a mhaolú ar bhealach nach bhfuil chomh optamach.

18. D'ainneoin an maolaithe torainn dearaidh a sholáthraítear trí dheighilt faid, tá an fhéidearthacht ann fós go mbeidh tionchar torainn agus creathaidh ann le linn chéim na tógála agus go mbeidh tionchar torainn ann le linn na céime oibríche.

10.4.2 Céim na Tógála

19. Cuimsítear bearta maolaithe cuí chun treoir a chur ar fáil don chonraitheoir maidir le tionchar torainn na gníomhaíochta tógála gar do na sealúchais chónaithe atá ann cheana a rialú.
20. Sa *BS5228 Code of practice for Noise and Vibration Control on Construction and Open Sites – Part 1: Noise (An Cód cleachtais um Rialú Torainn agus Creatha ar Shuíomhanna Tógála agus ar Shuíomhanna Oscailte – Cuid 1: Torann)* (2009) soláthraítear roinnt treoirínte agus moltaí a mheastar a bheith cuí agus ina ndeachleachtas oibre maidir le gach Conradh tógála. Tugtar achoimre orthu sin thíos.

Bearta Ginearálta

21. Cuirfidh an Conradh oibleagáid ar an gconraitheoir na bearta rialaithe maidir leis an ngléasra ábhartha atá liostaithe in BS5228 a shonrú agus na bearta cuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sciathadh sealadach nó imfhálú an ghléasra thorannaigh, rialú “amanna ann” gléasra thorannaigh, agus suíomh an ghléasra chomh fada ar shiúl is féidir ó shuíomhanna torann-íogair agus ó shealúchais chónaithe. Agus:
- Úsáid a bhaint as gléasra dea-chothabháilte agus, más féidir, as gléasra nua a rinneadh faoi na treoirínte CE is déanaí do dhéantóirí;
 - Gléasra mí-oiriúnach a ionadú;
 - Ciúnadóirí agus comhpháirteanna gluaisteacha a chothabháil.

22. Cabhróidh na bearta thuas mar a leagtar amach sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS leis an tionchar torainn ar ghabhdóirí íogaire a laghdú an oiread agus is féidir.

Creathadh

23. Moltar monatóireacht creathaidh ar an suíomh nuair a bheidh gníomhaíochtaí tógála ar siúl gar d'fhoirgnimh ar bith. Trí mhonatóireacht creathaidh ar an láthair a úsáid beifear ábalta an tionchar um charnadh a rialú de réir na leibhéal a mholtar sna treoirínte mar a leagtar amach sna Treoircháipéisí a liostaítear thuas. Tá modhanna um charnadh íseal-chreathaidh ann (amhail cineálacha tarathair) agus is féidir iad a úsáid chun tionchar creathaidh ar bith a theorannú.

Monatóireacht

24. Ag cur an tionchar teoranta san áireamh ní bheadh sé cuí monatóireacht rialta ar thorann ar na suíomhanna tógála a éileamh. Mar sin féin déanfar na leibhéil torainn a chruthófar a thomhas anois is arís ag baint úsáide as méadar fuaimleibhéil Chineál 1 chun tionchar leanúnach na n-oibreacha a sheiceáil.

Oibreacha san Oíche

25. Sa chás neamhdhóchúil go mbeadh gá éigeandála le caidéal agus/nó gineadóirí a bheith in úsáid i rith na hoíche déanfar gléasra a roghnú, a shuí agus a fholú / a imfhálú ar dhóigh nach sáróidh na leibhéil an leibhéal cúlra ag na sealúchais chónaithe is gaire dóibh.

10.4.3 An Chéim Oibríoch

26. Táthar ag tuar trí fhad an idirnascaire a bheartaítear ó ghabhdóirí íogaire go ndéanfar maolú suntasach ar na leibhéil torainn le linn na céime oibríche chun ceanglais luachanna teorann threoir an AE agus Náisiúnta a chomhlíonadh.
27. Beidh an líne tharchuir faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Fógrófar iniúchtaí héileacaptair sna nuachtáin áitiúla roimh ré. Ba cheart go ndéanfaí an t-ardú socair ar an leibhéal torainn de réir mar a thagann an héileacaptar i bhfoisceacht aon phointe ar leith (le linn dó an línebhealach a leanúint) aon ghné iontais de thús an torainn héileacaptair a íoslaghdú. Tabharfar fógra faoi na cigireachtaí. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon tionchar suntasach torainn, mar thoradh ar chineál gearrthéarmach agus neamhbhuan an tsuirbhé bhliantúil. Tabharfar fógra d'úinéirí talún roimh ré.

10.5 Tionchar Iarmharach

10.5.1 Céim na Tógála

10.5.1.1 Fostáisiún agus Líne Lasnaide

28. Tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh an leibhéal is airde astaíochtaí torainn ó thorann na tógála. Tionchar gearrthréimhseach agus teoranta a bheidh sa tionchar seo, áfach, ag suíomh amháin ar bith. Soláthraítear bearta maolaithe chun an tionchar féideartha 'cáis is measa' ó thorann na tógála a laghdú. I ndiaidh na bearta maolaithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm, meastar nach mbeidh an tionchar ó thorann na tógála suntasach ag cur san áireamh nach mbeidh torann na tógála ag na sealúchais is gaire níos mó ná 3dB os cionn na luachanna tairsí atá leagtha amach i dTreoirlínte Náisiúnta, mar a chuirtear síos orthu i Rannán 11.2 thuas.

29. Bainfear úsáid as clós stórála sealadach le haghaidh Ábhar Tógála le linn chéim na tógála den líne lasnairde. Déantar measúnú ar thionchar torainn agus creathaidh an chlóis sin san EIS. Tar éis na bearta maolaithe a mholtar a chur chun feidhme, ní mheastar tionchar thorann na tógála ón gclós a bheith suntasach.

10.5.2 An Chéim Oibríoch

10.5.2.1 Fostáisiún Turleenan

30. Ní bheidh ach torann corónach eadrannach agus torann claochladáin/gléasra oibríucháin i gceist maidir le tionchar torainn fhostáisiún Turleenan a bheartaítear le linn na céime oibríche. Meastar nach mbeidh an tionchar seo suntasach toisc go bhfuil na leibhéil torainn atá réamh-mheasta níos lú ná na cinn ar dócha go mbeadh siad ina núis de réir Threoir Chaighdeán na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na Breataine. Ní sárófar an leibhéal sprice a bheartaítear, a leagadh síos maidir le BS4142, ag na sealúchais torann-íogair is gaire.

10.5.2.2 An Síneadh le Fostáisiún Fhearann na Coille

31. Beartaítear síneadh le Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana le go mbeidh slí ann do chuid de líne lasnairde lena mbaineann ciorcad dúbailte ag stáisiún ceann aistir dheisceartaigh na líne lasnairde. Níl sé réamh-mheasta go mbeidh aon fhoinsí torainn iarmharacha suntasacha ag baint leis i rith na céime oibríche. Rinneadh measúnú ar leithligh ar an tionchar torainn ón líne lasnairde lena mbaineann ciorcad dúbailte.

10.5.2.3 An Líne Lasnairde agus na Túir

32. Réamh-mheasadh an torann ón líne lasnairde ag faid éagsúla ag baint leas as na leibhéil torainn tomhaiste agus as an bhfeidhmchláirín réamh-mheasta torainn mar a chuirtear i láthair sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS. Dearbhaíodh go bhfuil na leibhéil torainn réamh-mheasta laistigh de na treoirlínte atá curtha i láthair in BS8233:1999 maidir le leibhéil torainn laistigh agus i dtreoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le spásanna taitneamhachtaí lasmuigh. Dá bhrí sin, tiocfaidh an tionchar torainn féideartha ón sceitheadh corónach agus ón torann leanúnach, cé go bhféadfadh sé a bheith inbhraite faoi dhálaí aeráide áirithe, laistigh de na treoirlínte.
33. D'fhéadfaí 'torann aeólach', nó torann gaoithe suaite, a chruthú de bharr ardluasanna gaoithe a mbeadh tionchar acu ar thúir agus ar sheoltóirí. Tá nasc díreach idir méid an torainn aeolaigh agus luas agus treo na gaoithe. Ní mheastar an cineál sin tionchar torainn bheith chomh suntasach leis na leibhéil torainn

chomhthimpeallaigh agus is airde iad chomh maith (agus tionchar ag nithe cosúil le gaoth i gcrainn orthu), agus dá bhrí sin íoslaghdaítear nó cumhdaítear aon tionchar.

10.6 Tionchar Trasteorann

34. Níltear ag tuar go mbeidh aon tionchar trasteorann suntasach ann a bhaineann le torann agus creathadh. Táthar ag tuar go gcloífídh an tionchar ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch leis na teorainneacha ábhartha maidir le torann agus creathadh ag na gabhdóirí íogaire is gaire sa dá dhlínse.
35. Táthar ag tuar go gcloífídh an tionchar torainn agus creathaidh réamh-mheasta ag gach gabhdóir íogair sa dá dlínse ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch le luachanna teorann na treorach ábhartha. Dá réir sin ní bheidh drochthionchar ar ghabhdóirí íogair a bheidh suite i ndlínse amháin ag na foinsí creathaidh a bheidh inchurtha i leith an idirnascaire a bheartaítear ar an taobh eile den teorainn. Dá bhrí sin ní réamh-mheastar tionchar torainn agus creathaidh trasteorann ar bith ar ghabhdóir íogair ar bith i gceachtar dlínse a sháródh luachanna torann a treoirlíne ábhartha maidir le torann agus creathadh.

10.7 Conclúidí

36. Rinneadh suirbhéanna fairsinge torainn feadh bhealach na líne lasnairde a bheartaítear agus suíomhanna an fhostáisiúin a bheartaítear chun na leibhéil torainn atá ann cheana a dhearbhu. Tá an comhshaoil ina mbeidh an t-idirnascaire sa tuath den chuid is mó agus léiríonn na leibhéil torainn chúlra agus torainn thimpeallaigh é sin.
37. Rinneadh na leibhéil torainn fhéideartha ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch den idirnascaire a bheartaítear a mheasúnú.
38. Tá sé tuartha gurb é torann na tógála ón bhfostáisiún agus ón líne lasnairde na leibhéil astaíochtaí torainn is airde ón idirnascaire a bheartaítear a bheidh ann. Tionchar gearrthréimhseach agus teoranta a bheidh sa tionchar seo, áfach. Soláthraítear bearta maolaithe chun an tionchar féideartha 'cáis is measa' ó thorann na tógála a laghdú agus ceanglófar ar an gconraitheoir idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil agus le cónaitheoirí le linn thréimhse na tógála.
39. Tá sé réamh-mheasta nach mbeidh tionchar iarmharach thorann agus chreathadh na tógála i ndiaidh na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm suntasach.
40. Beidh an líne tharchuir faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Fógrófar iniúchtaí héileacaptair sna nuachtáin áitiúla roimh ré. Ba cheart go ndéanfaí an t-ardú socair ar an leibhéal torainn de réir mar a thagann an héileacaptair i

bhfoisceacht aon phointe ar leith (le linn dó an línebhealach a leanúint) aon ghné iontais de thús an torainn héileacaptair a íoslaghdú. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon tionchar suntasach torainn, mar thoradh ar chineál gearrthéarmach agus neamhbhuan an tsuirbhé bhliantúil agus mar thoradh ar an réamhfhógra a thabharfar d'úinéirí talún.

41. Nuair a bheidh sé críochnaithe, ní bheidh ach torann corónach eadrannach agus torann claochladáin/gléasra leanúnach i gceist maidir le tionchar torainn línebhealach na líne lasnairde, na dtúr agus na bhfostáisiúin a bheartaítear le linn na céime oibríche ag na fostáisiúin. Ní bheidh aon tionchar creathaidh ar ghabhdóirí fogaire maidir leis an idirnascaire a bheartaítear le linn na céime oibríche.
42. Rinneadh astaíochtaí torainn na líne agus an fhostáisiúin a réamh-mheas agus a mheasúnú agus níor beartaíodh maolú ar bith i gcomhair astaíochtaí torainn a thioctadh as céim oibríoch na ngnéithe sin. Tá na leibhéil réamh-mheasta faoi na leibhéil agus na spriocanna atá leagtha amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláine agus dá réir sin tá siad laistigh de theorainneacha inghlactha maidir le tionchar iarmharach torainn agus creathaidh.
43. Tá sé réamh-mheasta, dá bhrí sin, nach mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar suntasach torainn agus creathaidh.

11. Éiceolaíocht (Flóra agus Fána)

11.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar an bhFlóra agus Fána sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 10 (Éiceolaíocht) agus is iad na caibidilí ábhartha den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ná Caibidil 6 (Flóra agus Fána) d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D.

11.2 Modheolaíocht

3. Cuireadh faisnéis faoi na coinníollacha bonnlíne le chéile ó shonraí a sholáthair na grúpaí seo a leanas agus ó chomhairliúcháin leo:
 - Cairde Éanlaith Éireann (BWI);
 - British Trust for Ornithology (lontaobhas na Breataine um Éaneolaíocht) (BTO);
 - Comhairle Chontae an Chabháin;
 - Centre for Environmental Data and Recording (An tIonad um Sonraí Comhshaoil agus Taifeadadh) (CEDaR);
 - Comhairle Contae na Mí;
 - Comhairle Contae Mhuineacháin;
 - An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS);
 - Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann;
 - Northern Ireland Whooper Swan Study Group (Grúpa Staidéir Eala Ghlórach Thuaisceart Éireann) (NIWSSG);
 - Raptor Study Group (Grúpa Staidéir ar Éin Chreiche);
 - Royal Society for the Protection of Birds (Cumann Ríoga um Chosaint Éan) (RSPB);
 - Ulster Wildlife Trust (lontaobhas Fiadhúlra Uladh) (UWT);
 - Wildfowl and Wetlands Trust (lontaobhas Éan Uisce Géim agus Bogaigh) (WWT); agus

- Iontaobhas na gCoillearnach.
4. Chomh maith leis an ngníomhaíocht chomhairliúcháin seo, rinneadh athbhreithniú ar ghrianghrafadóireacht ón aer, LiDAR³⁰ agus foinsí foilsithe agus neamhfhoilsithe eile chun an bonnlíne flóra agus fána a cheapadh.
 5. Nuair a ceadaíodh rochtain ar thailte, rinneadh réamhshuirbhéanna suímh chun suirbhé a dhéanamh ar fhlóra agus fána bunaithe ar mhodheolaíochtaí caighdeánacha i ngach dlínse. Rinneadh suirbhéireacht ar thalamh nach raibh rochtain air ón talamh nó ó na bóithre insroichte nó na bóithre poiblí ba ghaire nuair ab fhéidir.
 6. Rinneadh staidéir éiceolaíochta ilbhlianta fhairsinge ar fhána lena n-áirítear éin gheimhridh, éin ghoir, ialtóga, earc sléibhe agus speiceas mamaigh cosanta.
 7. Tá an breithmheas a rinneadh ar an tionchar éiceolaíochta a thagann as an idirnascaire a bheartaítear bunaithe ar shaineolas gairmiúil chomhairleoirí an tionscadail agus cuirtear reachtaíocht ábhartha agus (nuair is iomchuí) treoir fhoilsithe san áireamh amhail:
 - Bibby, C.J., Burgess, N.D., Hill, D.A. agus Mustoe, S.H. (2000). Bird Census Techniques (Teicnící Éan Daonáirimh). An Dara hEagrán. Academic Press London;
 - CBD (2010). Updated Global Strategy for Plant Conservation, (Straitéis Dhomhanda Nuashonraithe do Chaomhnú Planda) 2011-2020. Parties to the Convention on Biological Diversity (Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch);
 - DoECLG (2013), Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (*Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dhéanamh*);
 - An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) (2009). Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland (*Measúnacht Iomchuí ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn*);
 - EHS (2003). Northern Ireland Habitat Action Plan Species-Rich Hedgerows Final Draft (*Plean Gníomhaíochta d'Fhála Sceach ina bhfuil go leor Speicis, Dréacht Deiridh*) – Aibreán 2003. Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreachta, Béal Feirste;

³⁰Is teicneolaíocht cianbhraiteachta é LiDAR a thugann faisnéis mhionsonraithe ar limistéar a ndearnadh measúnú air ó aersuirbhéireacht.

- EHS (2005). Northern Ireland Habitat Action Plan Fens (*Plean Gníomhaíochta Gnáthóige Eanaigh Thuaisceart Éireann*) Márta 2005. Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreacht, Béal Feirste;
- EHS (2005a). Northern Ireland Species Action Plan Marsh Fritillary *Euphydry asaurinia* (*Plean Gníomhaíochta Speicis Fritileán Réisc Euphydry asaurinia Thuaisceart Éireann*) Márta 2005. Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreacht, Béal Feirste;
- EHS (2005b). Northern Ireland Habitat Action Plan Lowland (*Plean Gníomhaíochta Gnáthóige Ísealchríche Thuaisceart Éireann*) Márta 2005. Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreacht, Béal Feirste;
- EirGrid (2012). Ecology Guidelines for Transmission Projects – A Standard Approach to Ecological Impact Assessment of High Voltage Transmission Projects (*Treoirlínte Éiceolaíochta maidir le Tionscadail Tarchuir - Cur Chuige Caighdeánach um Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta ar Thionscadail Tarchuir Ardvoltais*);
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2002). Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements (*Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta*);
- An EPA (2003). Advice notes on current practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (*Nótaí faisnéise faoin gcleachtas reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú]*);
- An Coimisiún Eorpach (2002). Assessment of plans and projects significantly affecting Natura 2000 sites (*Measúnacht ar phleananna agus ar thionscadail a théann i bhfeidhm go mór ar shuíomhanna Natura 2000*);
- An Coimisiún Eorpach (2013). Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (*Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta*);
- IEEM (2006). Guidelines for Ecological Impact Assessment in the United Kingdom (*Treoirlínte do Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta sa Ríocht Aontaithe*);
- Joint Nature Conservation Committee (Comhchoiste Chaomhnú an Dúlra) (1990 [athchló athbhreithnithe 2007]). Lámhleabhar le

haghaidh suirbhé gnáthóige Chéim 1. Teicníc le haghaidh iniúchadh comhshaoil. JNCC Peterborough;

- NIEA (2012). Suirbhé Broc – Ceanglais Shonracha. Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, Béal Feirste.
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (2005). Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes (*Treoirlínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil*);
- NRA (2006a). Best Practice Guidelines for the Conservation of Bats in the Planning of National Road Schemes (*Treoirlínte um an Dea-Chleachtas maidir le hlaltóga a Chaomhnú agus Scéimeanna Bóithre Náisiúnta á bPleanáil*);
- NRA (2006b). Guidelines for the Treatment of Badgers prior to the Construction of National Road Schemes (*Treoirlínte um Chaitheamh le Broic roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil*);
- NRA (2006c). Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Roads Schemes (*Treoirlínte um Chaitheamh le Madraí Uisce roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil*);
- NRA (2006d). Guidelines for the Treatment of Bats during the Construction of National Road Schemes (*Treoirlínte um Chaitheamh le hlaltóga le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil*);
- NRA (2009a). Ecological Surveying Techniques for Protected Flora and Fauna during the Planning of National Road Schemes (*Teicnící Suirbhéireachta Éiceolaíochta maidir le Flóra agus Fána Cosanta le linn Phleanáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta*);
- NRA (2009b). Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Road Schemes (*Treoirlínte um Measúnú ar an Tionchar ar an Éiceolaíocht ag Scéimeanna Bóithre Náisiúnta*);
- Preston, J., Prodöhl, P. Portig, A. & Montgomery I., (2004). Reassessing Otter *Lutra lutra* distribution in Northern Ireland (*Athmheasúnú ar Dháileadh Dobharchú Lutra lutra i dTuaisceart Éireann*). Seirbhís Chomhshaoil agus Oidhreachta, Béal Feirste; agus
- Shawyer, C. R. (2011). Barn Owl *Tyto alba* Survey Methodology and Techniques for use in Ecological Assessment: Developing Best

Practice in Survey and Reporting (*Modheolaíocht Suirbhé ar Scréachóg Reilige Tyto alba agus Teicnící lena n-úsáid i Measúnú Éiceolaíochta: Dea-chleachtas a Fhorbairt i Suirbhéireacht agus Tuairisciú*). IEEM, Winchester.

- Smith, G.F, O'Donoghue, P., O'Hora, K., Delaney, E. (2011) Best Practice Guidance for Habitat Survey and Mapping (*Treoir um an Dea-Chleachtas maidir le Suirbhé agus Léarscáiliú a Dhéanamh ar Ghnáthóga*). An Chomhairle Oidhreachta, Éire.
8. Mar gheall go gceanglaítear ar na hiarratasóirí faoi seach iarratais ar leithligh a chur isteach i gcomhair toiliú forbartha i ngach dlínse ina mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe, is éagsúil go pointe éigin atá an cur síos ar ghnáthóga agus ar mhodheolaíochtaí sa mheasúnacht tionchair, idir na codanna den idirnascaire a bheartaítear atá suite i dTuaisceart Éireann (contae Thír Eoghain agus contae Ard Mhacha) agus in Éirinn (Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí). Leagtar amach na sonraí iomlána maidir leis na modheolaíochtaí a úsáideadh sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Rannán 10.2) agus san EIS (Rannán 6.2).
9. Mar sin féin, tógadh cur chuige ginearálta den chineál céanna sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS araon i ndáil le measúnú ar ghabhdóirí éiceolaíochta agus leis an mbreithmheas tionchair dá éis. Bunaíodh an measúnú ar thábhacht na ngabhdóirí éiceolaíochta ar scála geografach (i.e. áitiúil, contae, réigiúnach, náisiúnta, agus idirnáisiúnta), ar luach caomhantais na gnáthóige, ar stádas cosanta, ar a neamhchoitianta atá siad. Féadann an measúnú bheith beagáinín éagsúil idir dlínsí ag brath ar an ngabhdóir éiceolaíochta. Lean measúnú ar thionchar agus suntasacht tionchair treoir a d'eisigh an Institiúid Chairte um Bainistíocht Chomhshaoil agus Éiceolaíochta (IEEM, 2006) ina ndéantar tionchar a mheasúnú i ndáil le cineál tionchair (tionchar dearfach, neodrach nó diúltach), saintréith agus íogaireacht na gné lena mbaineann, tromchúiseacht, fad ama, uainiú agus minicíocht. Measadh na gnéithe sin nuair a bhí suntasacht na dtionchar á cinneadh. Bunaithe ar a bhfuil thuas, cuirtear i láthair i dTábla 11.1 – Tábla 11.3 na critéir a chuirtear i bhfeidhm sa chaibidil seo.

Tábla 11.1 Critéir a Úsáideadh chun Tábhacht Éiceolaíochta na Láithreán a Mheas

Tábhacht an tSuímh	Cur Síos ar an Suíomh
Suíomhanna a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo (luach caomhnaithe an-ard)	<ul style="list-style-type: none"> • Láithreáin Oidhreachta Domhanda a sainaitníodh faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Oidhrecht Dhomhanda Nádúrtha agus Chultúrtha a Chosaint, 1972; • Tearmainn Bhithsféir a sainaitníodh faoi Chlár EOCNA maidir leis an Duine agus an mBithsféir; • Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo ainmnithe mar Láithreacha Ramsar faoi théarmaí an Coinbhinsiún um Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce (Coinbhinsiún Ramsar) arna chur le chéile ag Ramsar, an Iaráin, sa bhliain 1971; • Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) a ainmníodh de réir Threoir 2009/147/CE ón gComhairle (an Treoir maidir le hÉin). Éilíonn an Treoir ar bhallstáit bearta a thógáil chun éin a chosaint, go háirithe speicis neamhchoitianta nó atá i mbaol mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir, agus éin imirceacha a fheictear go rialta; • Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chaomhantais Speisialta is iarrthóirí (SACanna agus cSACanna) ainmnithe de réir Threoir 92/43/CEE (an Treoir maidir le Gnáthóga). Éilíonn an Treoir ar bhallstáit gréasán suíomhanna a bhunú a chuirfidh go mór le cineálacha gnáthóg agus speiceas arna sainaitint in Iarscríbhinní I agus II a chaomhnú; • Gnéithe atá riachtanach chun comhleanúnachas Líonra Natura 2000 a choinneáil; • Láithreán a chuimsíonn 'na samplaí is fearr' de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal náisiúnta) de na nithe seo a leanas: • Speicis éan, a liostaítear in Iarscríbhinn I agus/nó dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hÉin; agus/nó • Speicis ainmhithe agus phlandaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus/nó in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga. • Láithreán Ramsar (an Coinbhinsiún um Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce, 1971); • Láithreán Oidhreachta Domhanda (an Coinbhinsiún maidir leis an Oidhrecht Dhomhanda Nádúrtha agus Chultúrtha a Chosaint, 1972). • An Tearmann Bithsféir (Clár EOCNA maidir leis an Duine agus an mBithsféir); • Láithreán ina bhfuil pobail shuntasacha speiceas faoi Choinbhinsiún Bonn (an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Speicis Imirceacha Ainmhithe Fiáine, 1979); • Láithreán ina bhfuil pobail shuntasacha faoi Choinbhinsiún Bheirn (an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa, 1979); • Tearmann Bithghiniteach faoi Chomhairle na hEorpa; • Láithreán Dioplóma Eorpaigh faoi Chomhairle na hEorpa; agus • Uisce Salmainide atá ainmnithe faoi bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Salmainide), 1988 (I.R. Uimh. 293 de 1988).
Suíomhanna a bhfuil tábhacht náisiúnta leo (luach caomhnaithe ard)	<ul style="list-style-type: none"> • Limistéir Sainispéis Eolaíochta ar tugadh fógra fúthu faoi Alt 28 den Ordú Comhshaoil 2002 (TÉ), a léiríonn an sampla is fearr náisiúnta agus réigiúnacha de ghnáthóg nádúrtha, gnéithe tírdhreacha fisiciúla nó láithreáin a bhfuil tábhacht leo do speicis neamhchoitianta nó chosanta; • Anaclanna Dúlra Náisiúnta (NNRanna) agus Anaclanna Dúlra Mara (MNRanna) atá ainmnithe faoin Ordú Comhshaoil; • Láithreáin ina bhfuil speicis ó Leabhar Dearg Sonraí na Ríochta Aontaithe atá liostaithe amhail stádas caomhnaithe neamhfhabhrach san Eoraip a chothabháil, stádas caomhnaithe neamhchinnte nó a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh; • Láithreáin ina bhfuil speicis atá liostaithe i Scedil 1, 5 agus 8 den Ordú um Fhiadhúlra (TÉ) 1985. • Láithreán atá sainithe nó beartaithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA); • Anaclann Reachtúil Dúlra; • Tearmann do Fhlóra agus Fána a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; • Páirc Náisiúnta; • Láithreán neamhshainithe a chomhlíonann na critéir lena shainiú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA); Anaclann Reachtúil Dúlra; Tearmann do Fhlóra agus Fána a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; agus/nó Páirc Náisiúnta; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal náisiúnta) de na nithe seo a leanas:

Tábhacht an tSuímh	Cur Síos ar an Suíomh
	<ul style="list-style-type: none"> • Speicis a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; agus/nó • Speicis a liostaítear ar an liosta Sonraí Dearga lena mbaineann; agus • Láithreán a chuimsíonn ‘limistéir inmharthana’ de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga.
<p>Suíomhanna lena mbaineann Tábhacht réigiúnach / chontae (meánluach caomhnaithe)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Suíomhanna a shásaíonn critéir le haghaidh Anaclann Dúlra Áitiúil, ach nach sásaíonn critéir roghnúcháin ASSI; • Suíomhanna a bhfuil Tábhacht Áitiúil leo do Chaomhnú an Dúlra (SLNCInna) aitheanta ag Seirbhís Pleanála DOE agus atá ceaptha cuir leis an ngréasán suíomhanna a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach leo. Faigheann SLNCInna breithniú speisialta i ndáil le saincheisteanna pleanála áitiúil; • Suíomhanna a thacaíonn le limistéir inmharthana nó daonraí de ghnáthóga / speiceas tosaíochta aitheanta i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Ríochta Aontaithe nó limistéir níos lú den ghnáthóg sin a chuireann le cothabháil na ngréasán gnáthóg sin agus/nó daonraí speiceas; • Suíomhanna a chothaíonn gnáthóga nó speicis a aithníodh sna Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Réigiúnach ar bhonn annamhacht náisiúnta nó dáileacháin áitiúil; agus • Suíomhanna eile a bhfuil tábhacht bithéagsúlachta suntasach leo (m.sh. suíomhanna a bhaineann le Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla). • Limistéar Taitneamhachta Speisialta; • Limistéar faoi réir Ordú Buanoimeáda Crann; • Limistéar Ardaitneamhachta, nó a chomhionann, a shainítear faoin bPlean Forbartha Contae; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal Contae) de na nithe seo a leanas: • Speicis éan, a liostaítear in larscríbhinn I agus/nó dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hÉin; • Speicis ainmhithe agus phlandaí a liostaítear in larscríbhinn II agus/nó in larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga; • Speicis a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; • Speicis a liostaítear ar an liosta Sonraí Dearga lena mbaineann; • Láithreán a chuimsíonn limistéar nó limistéir de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga nach gcomhlíonann na critéir lena mheas go mbaineann tábhacht Idirnáisiúnta nó tábhacht Náisiúnta leis; • Pobail de speicis lena mbaineann tábhacht chontae, nó limistéir inmharthana a chuimsíonn gnáthóga leathnádúrtha nó gnéithe oidhreachta nádúrtha a shainithnítear sa leagan Náisiúnta nó Áitiúil den Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, más rud é gur cuireadh i dtoll a chéile é; • Láithreáin a chuimsíonn cineálacha gnáthóige leathnádúrtha lena mbaineann bithéagsúlacht ard i gcomhthéacs contae agus cuid mhór nádúrthachta, nó pobail mhóra de speicis atá neamhchoitianta sa chontae; agus suíomhanna ina bhfuil gnáthóga agus speicis atá annamh nó atá ag meath i gcaighdeán nó i méid ag leibhéal náisiúnta.
<p>Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) / Suíomhanna eile le leas caomhnaithe áitiúil (luach caomhnaithe níos ísle)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Suíomhanna nach bhfuil sna catagóirí thuas ach le roinnt leas bithéagsúlachta. • Pobail de speicis tosaíochta lena mbaineann tábhacht áitiúil nó gnáthóga nó gnéithe oidhreachta nádúrtha a shainithnítear sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil, más rud é gur cuireadh i dtoll a chéile é; • Pobail chónaitheacha nó pobail a bhíonn le fáil go rialta (a mheastar a bheith tábhachtach ag an leibhéal Áitiúil) de na nithe seo a leanas: • Speicis éan, a liostaítear in larscríbhinn I agus/nó dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir maidir le hÉin; • Speicis ainmhithe agus phlandaí a liostaítear in larscríbhinn II agus/nó in larscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga; • Speicis a chosnaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra; • Speicis a liostaítear ar an liosta Sonraí Dearga lena mbaineann. • Láithreáin a chuimsíonn cineálacha gnáthóige leathnádúrtha lena mbaineann cuid mhór bithéagsúlachta i gcomhthéacs áitiúil agus cuid mhór nádúrthachta, nó pobail de speicis atá neamhchoitianta sa dúiche; agus • Láithreáin nó gnéithe a chuimsíonn gnáthóga coitianta nó a bhfuil luach íseal ag baint leo, lena n-áirítear speicis nádúrtaite atá riachtanach dá ainneoin sin chun naisc agus conairí éiceolaíochta a choinneáil idir gnéithe lena mbaineann luach ard éiceolaíochta.

Tábhacht an tSuímh	Cur Síos ar an Suíomh
Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) Luach caomhnaithe diomaibhseach	<ul style="list-style-type: none"> Suíomhanna le beagán leasa bithéagsúlachta áitiúil nó gan aon luach. Láithreáin a chuimsíonn limistéir bheaga de ghnáthóga leathnádúrtha a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le fiadhúlra; agus Láithreáin nó gréithe a chuimsíonn speicis neamhdhúchasacha a bhfuil tábhacht ag baint leo chun naisc ghnáthóige a choinneáil.

Tábla 11.2 Critéir a Úsáidtear i gCinneadh Méid na dTionchar

Méid	Cur Síos
Ard / Mór	Cailteanas mór nó athrú ar ghnéithe tábhachtacha den riocht bonnlíne.
Meánach / Measartha	Cailteanas nó athrú mór ar ghné thábhachtach/ghnéithe tábhachtacha den riocht bonnlíne, ionas go n-athrófar cuid den ghné/de na gnéithe.
Íseal / Beag	Athrú mion ach inbhraite le coinníollacha bonnlíne.
Do-airithe Diomaibhseach /	Athrú an-bheag nó do-airithe le coinníollacha bonnlíne.

Tábla 11.3 Suntasacht an Tionchair

Tábhacht	Cur Síos
Dearfach	Tá tionchar dearfach ag an togra ar shláine láithreáin sainithe nó éiceachórais agus / nó stádas caomhnaithe na ngnáthóg nó speiceas laistigh de limistéar geografach áirithe.
Substaintiúil / An-diúltach	Tá sé dóchúil go mbeidh drochthionchar ag an togra (ar a chonlán féin nó le tograí eile) ar shláine láithreán atá ainmnithe go hEorpach nó ainmnithe go náisiúnta, i dtéarmaí chomhtháiteacht a struchtúir agus a fheidhme éiceolaíochta, ar fud a réimse go léir, a chuireann ar a chumas an ghnáthóg, sraith gnáthóga agus / nó leibhéil daonra na speiceas leasa a chothabháil, nó gur dóigh dó tionchar diúltach a imirt ar líon, dáileadh nó inmharthanacht speicis nó daonra a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh. Féadfaidh athrú mór i suíomh nó gné a bhfuil tábhacht áitiúil leis dul isteach chatagóir seo chomh maith.
Measartha Diúltach	Ní bheidh tionchar diúltach ar shláine láithreáin Eorpaigh nó atá ainmnithe, ach is dócha go mbeidh an tionchar ar an láithreán suntasach ó thaobh a cuspóirí éiceolaíochta. Más rud é, i gcomhthéacs na faisnéise iomlán, nach féidir é a léiriú go soiléir nach mbeidh éifeacht dhíobhálach ag an togra ar shláine, ansin ba chóir an tionchar a mheas mar thionchar an-diúltach. Féadfaidh an togra tionchar diúltach a imirt shláine láithreáin lena mbaineann tábhacht áitiúil, nó d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhíobhálach ar líon, dáileadh nó inmharthanacht speicis nó daonra a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh.
Beagán Diúltach	Ní bhaineann ceachtar de na teidil thuas, ach tá roinnt bheag tionchar diúltach léir. (I gcás suíomhanna Natura 2000, d'fhéadfadh measúnú cuí breise a bheith riachtanach más rud é nach bhfuil na pleannanna mionsonraithe ar fáil go fóill).
Do-airithe Diomaibhseach /	Gan aon tionchar / miontionchar sa dá threo.

11.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

11.3.1 Forbhreathnú

10. An tionchar príomha ar ghabhdóirí éiceolaíochta sa limistéar a ndearnadh measúnú air is ea úsáid talún / bainistiú talún. Téann an t-idirnascaire a bheartaítear trí tírdhreach feirmeoireachta a ndéantar dianbhainistiú air a bhfuil páirceanna imfhálaithe ag a bhfuil fála scean teorann le sonrú go mór iontu. Is coitianta i gContae na Mí atá páirceanna cothroma móra a théann ó thuaidh isteach sa tírdhreach cnocach (droimníní) i gContae an Chabháin, i gContae Mhuineacháin, i gContae Thír Eoghain agus i gContae Ard Mhacha. Tá roinnt bogaigh beaga lena n-áirítear lochanna agus eanaigh mar ghné d'íochtair ghleann droimníní feadh codanna áirithe. Is iad an Bhóinn agus an Abhainn Dubh (Ceanannas) i gContae na Mí na haibhneacha is mó a thrasnaítear. Go ginearálta, is minic a bhíonn gnéithe éiceolaíochta (lena n-áirítear speicis faoi chosaint agus gnáthóga leathnádúrtha) ar fáil ar theorainneacha páirce agus ag aibhneacha a bhuí le cineál bainistithe an tírdhreacha. Gnáthóg leathnádúrtha shuntasach i gContae Mhuineacháin go sonrach is ea suíomhanna bogaigh. Is é atá i bhformhór mór an limistéir a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear é ná talamh feirme a ndéantar ardbhainistiú air agus baineann luach diomaibhseach éiceolaíochta leis.
11. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht reatha, sainithníodh príomhghabhdóirí éiceolaíochta feadh an idirnascaire a bheartaítear a raibh breithniú ag teastáil ina leith maidir le tionchar féideartha agus maolú agus déantar iad a achoimriú thíos sna rannáin seo a leanas.

11.3.2 Suíomhanna Sainithe

12. Cuireadh Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), Limistéir Chaomhantais Speisialta is iarrthóirí (cSACanna), Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) agus suíomhanna RAMSAR laistigh de 30 km den idirnascaire a bheartaítear san áireamh maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear orthu. Táirgeadh achoimre ar na suíomhanna Eorpacha go léir laistigh de 5 km ón idirnascaire a bheartaítear i dTábla 11.4 thíos, agus cuimsíonn an EIS agus an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite le haghaidh gach dlínse liosta de na gnéithe sainiúcháin de na suíomhanna uile.
13. Tá suíomh sainithe idirnáisiúnta amháin (Ramsar), trí shuíomh Eorpacha (cSAC, SAC agus SPA) agus sé shuíomh déag atá sainithe go náisiúnta laistigh de 5km. Is Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is iarrthóirí (pNHA) agus Limistéir Sainspéis Eolaíochta (ASSI) iad na sé shuíomh déag atá sainithe go náisiúnta, agus tá ocht gcinn eile le sainiúcháin lena

mbaineann ábharthacht go háitiúil (Suíomhanna lena mbaineann Tábhacht Áitiúil Chaomhnú an Dúlra [SLNCInna]). Tá liosta díobh sin i dTábla 11.4 thíos.

Tábla 11.4 Suíomhanna Sainithe laistigh de 5 km ón idirnascaire a bheartaítear

Suíomh	Cód an tSuímh	Sainiúchán	An Neasfhad ón idirnascaire a bheartaítear
Suíomhanna atá Sainithe go hIdirnáisiúnta			
Loch nEathach agus Loch Beag	Neamhbhainteach	Ramsar	3.4 km ó Thuaidh
Suíomhanna Sainithe Eorpacha			
An Bhóinn agus an Abhainn Dubh	IE002299	cSAC	0 km (faoin líne lasnairde)
An Bhóinn agus an Abhainn Dubh	IE04232	SPA	0 km (faoin líne lasnairde)
Páirc Thailte Portaigh	UK0030236	SAC	4 km Soir ó Thuaidh
Suíomhanna Sainithe Náisiúnta (Tuaisceart Éireann agus Éire)			
Loch an Easáin	001666	pNHA	0.25 km ó Dheas
ASSI Eanach Dhroim Cairn (pNHA Phortach Dhroim Galláin)	ASSI182	ASSI / pNHA	0.6 km Soir
Loch Éigis	001605	pNHA	0.6 km Soir
Lochanna Bhréachmaí	IE001558	pNHA	1.3 km ó Dheas
Loch Cordoo	001268	pNHA	1.3 km Siar
Loch na Croise Báine	ASSI183	ASSI	1.4 km Soir
Droim Cairn	ASSI 182	ASSI	2.2 km Soir
Baile Átha Troim (a chuirtear san áireamh i SAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe)	IE001357	pNHA	2.3 km Soir
Portach Bhaile Shéamais	IE001324	NHA	2.9 km Siar
Loch Straghans	ASSI179	ASSI	2.9 km Soir
Lough Bawn House Loughs	001595	pNHA	3.9 km Siar
Cionn Aird agus Tuíneán	ASSI342	ASSI	4 km Siar
Lochanna Chill Tiobraide	ASSI031	ASSI	4.5 km Siar
Lough Smiley	001607	pNHA	5 km Soir

Suíomh	Cód an tSuímh	Sainiúchán	An Neasfhad ón idirnascaire a bheartaítear
Suíomhanna atá Sainithe go háitiúil (Tuaisceart Éireann)			
Baile an Mhuilinn / an Bhinn Bhorb	Neamhbhainteach	SLNCI	1.2 km Siar
Mowillin Thiar Theas	Neamhbhainteach	SLNCI	2.4 km Soir
Eanach Carryhugh	Neamhbhainteach	SLNCI	2.7 km Soir
Eamhain Mhacha	Neamhbhainteach	SLNCI	2.9 km Soir
Derryore	Neamhbhainteach	SLNCI	3.5 km Soir
Foraois agus Lochanna Carnagh	Neamhbhainteach	SLNCI	3.8 km Soir
Loch Chléithe	Neamhbhainteach	SLNCI	4.1 km Soir
Derryhubbert/Derryardy	Neamhbhainteach	SLNCI	4.5 km Thoir Thuaidh

14. Níl aon oibreacha a bheartaítear laistigh d'oibreacha suíomhanna sainithe Eorpacha nó náisiúnta, ná laistigh d'oibreacha suíomhanna atá sainithe go háitiúil. Ní thrasnóidh an t-idirnascaire a bheartaítear ach dhá shuíomh shainithe Eorpacha, náisiúnta nó atá sainithe go háitiúil: rachaidh an t-idirnascaire a bheartaítear thar cSAC agus SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe ag dhá láthair i gContae na Mí. Níl aon struchtúir lonnaithe laistigh den suíomh Eorpach sin, ná i gceann ar bith eile de na suíomhanna sainithe Eorpacha, náisiúnta nó atá sainithe go háitiúil, áfach. Is ann d'fhostáisiún Turleenan a bheartaítear i gContae Thír Eoghain breis agus 3 km ó shuíomh sainithe ar bith. Dá réir sin, níor sainithníodh aon tionchar díreach ar shuíomhanna sainithe mar thoradh ar an idirnascaire a bheartaítear.
15. Rinneadh breithniú mionsonraithe ar shuíomhanna Eorpacha go háirithe. Tabharfaidh na húdaráis inniúla le haghaidh an dá dhlínse faoi mheasúnachtaí ar leith i dtaca leis an Treoir maidir le Gnáthóga. D'ullmhaigh na hiarratasóirí faoi seach "Faisnéis chun Eolas a Thabhairt do Mheasúnacht ar na Rialacháin um Ghnáthóga" agus "Ráiteas Tionchair Natura" faoi seach. Tá sé mar chuspóir ag na ráitis sin arna n-ullmhú de bhun fhorálacha na Treorach maidir le Gnáthóga aghaidh a thabhairt ar aon tionchar féideartha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear ar shuíomhanna sainithe Eorpacha. Níor taifeadadh aon drochthionchar suntasach ar aon suíomhanna Eorpacha i gceachtar den dá thuarascáil. Dá bhrí sin, is é tuairim bhreithnithe údair na dtuarascálacha sin nach ndéanfaidh aon drochthionchar suntasach ar shláine aon Suíomhanna Eorpacha, ag féachaint dá gculpóirí

caomhantais, teacht aníos as an idirnascaire a bheartaítear, bíodh sé ina aonar nó i dteannta pleananna nó tionscadail eile. Feic an Fhaisnéis chun Eolas a Thabhairt do Mheasúnacht ar na Rialacháin um Ghnáthóga agus Caibidil 7 den Ráiteas Tionchair Natura (Imleabhar 5 d'iaratas EirGrid).

11.3.3 Gnáthóga agus Flóra atá ann cheana

16. Tá modhanna chun cur síos a dhéanamh ar ghnáthóga beagán difriúil idir an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, bunaithe ar an treoir faoi seach le haghaidh an dá dhlínse. I gcás an dá dhlínse, áfach, saináithníodh gnáthóga le luach áitiúil ard nó níos mó sa limistéar ar a ndearnadh measúnú. Ina measc seo bhí eanaigh, portaigh, bogaigh, coillearnach leathnádúrtha, lochanna agus aibhneacha. Bhíothas cúramach na limistéir ar leith sin a sheachaint an oiread ab fhéidir le linn an t-idirnascaire a bheartaítear a dhearadh agus a threorú. Ní tharlóidh aon chaillteanas díreach gnáthóige d'aon ghnáthóga a measadh a raibh luach Idirnáisiúnta, Náisiúnta nó Contae ag baint leo.
17. Tá formhór mór na láithreacha túir agus na bealaí rochtana sealadacha lonnaithe i ngnáthóga le luach diomaibhseach lena n-áirítear féarach feabhsaithe, rianta atá ann cheana féin, speicis bhochta leathfheabhsaithe agus féarach fliuch (riascach). I measc gnáthóga de luach éiceolaíochta áitiúil (bíodh luach áitiúil ard nó luach áitiúil íseal acu) a aithníodh gur dóigh go mbeidh tionchar orthu bhí fáлта sreach, crannteorainneacha agus coillearnach leathanduilleach. Tá breis sonraí ar fáil do gach rannóg thíos.
18. Tá suíomh an fostáisiúin a bheartaítear ag Turleenan lonnaithe ar mheascán d'fhéarach feabhsaithe scrafa agus féarach neodrach ina bhfuil luachra den chuid is mó lena mbaineann luach caomhnaithe diomaibhseach.
19. Is éard atá sna gnáthóga sa chuid is mó den idirnascaire a bheartaítear ná féarach talmhaíochta atá feabhsaithe de mhéid athraitheach. Bíonn speiceas féir amháin ceannasach i bhféarach feabhsaithe go ginearálta, seagalach bhuan de ghnáth, nó bíonn líon beag de speicis choitianta féir ann. Is é an ní inathraitheach is mó an chionroinnt choibhneasta de fhéar talmhaíochta agus de na speicis luachra agus áirítear sa ghnáthóg seo féarach luachra inar féidir le luachair, geataire den chuid is mó, a bheith ceannasach go spásúil ach sa chás go bhfuil fianaise shoiléir d'fheabhsú san am a chuaigh thart. Baineann luach diomaibhseach caomhantais leis an ghnáthóg sin.
20. Gnáthóga eile nach dtagtar orthu chomh minic sin iad na gnáthóga sin a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear iad, mar a mbeidh túir lonnaithe nó mar ar féidir go mbeidh sé riachtanach fásra adhmadaigh a ghearradh, agus áirítear leo:

- Talamh Curaíochta – Trasnaíonn an-chuid den idirnascaire a bheartaítear i gContae na Mí talamh feirme curaíochta lena mbaineann luach Diomaibhseach caomhantais;
- Féarach neodrach leathfheabhsaithe/neamhfheabhsaithe – Tá líon beag de na pobail féaraigh níos éagsúla agus féarach luachra fánach le sonrú feadh an idirnascaire a bheartaítear. Baineann tábhacht áitiúil (luach níos ísle) leis na féarthailte ar fad a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear iad. Is an-neamhchoitianta sa limistéar leathan a ndearnadh measúnú air atá samplaí ar mhórán speiceas. Rinneadh roinnt samplaí suntasacha a chomhfhreagraíonn do na gnáthóga a liostaítear in Iarscríbhinn 1 ón AE (*suíomhanna tábhachtacha magairlí) (6210) a shainithint i gContae Mhuineacháin agus seachnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear iad uile;
- Coillearnach leathnádúrtha/ coillearnach fuinseoige/ coillearnach fhliuch – Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear roinnt sruthanna beaga mar aon le coillearnach bhruachánach agus limistéir ina bhfuil coillearnach phortaigh. Ní ann d'aon túir sa ghnáthóg sin agus seachnaítear tionchar bearrtha i bhformhór mór na gcásanna. Tá tionchar bearrtha teoranta don mhéid seo a leanas: coillearnach fhliuch bheag gar do Thúr 26 (Tábhacht Áitiúil, i.e. Luach Níos Ísle); coillearnach bheag a bhfuil fuinseog go mór le sonrú inti a dtéann an t-idirnascaire a bheartaítear thairistí gar do Thúr 49; agus coillearnach fhliuch idir Túr 175 agus Túr 176 (tábhacht áitiúil, i.e. luach níos ísle);
- Féarach Riascach/Fliuch: Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear limistéir ina bhfuil féarach riascach lena mbaineann tábhacht áitiúil (i.e. luach níos ísle). Ní rachaidh an t-idirnascaire a bheartaítear i bhfeidhm ar aon samplaí den ghnáthóg sin lena mbaineann luach ard;
- Mósáicí eanaigh/seascainn/bogaigh. Sainithníodh roinnt mhaith bogach, i gContae Mhuineacháin go háirithe, ag céim dheardh na líne i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear. Seachnaítear tionchar ar bhogach a sainithnítear go mbaineann Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) nó níos mó leis tríd an bhfíric go rachaidh an t-idirnascaire a bheartaítear thar na cineálacha gnáthóige sin;
- Portach/Portach díghrádaithe – Sainithníodh limistéir ina bhfuil portach/portach díghrádaithe, go háirithe mar chuid de chéim an

treoraithe i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear. Seachnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear na gnáthóga sin ar fad;

- Fáschoill bhuaircíneach/fáschoill foraoiseacht choillearnaí duillsiltí – Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear limistéir ina bhfuil coillearnach fáschoille ar a ndéantar bainistiú i gContae Thír Eoghain agus i gContae na Mí. Cuimsíonn an choillearnach sin crainn atá cuibheasach neamhaibí (níos lú ná 10 m ar airde). Chomh maith leis sin, trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear samplaí de choillearnach neamhaibí a cuireadh le déanaí i gContae na Mí in áit nach bhfuil aon fhás suntasach crann soiléir go fóill (de réir aeríomhanna 2013 ó fhoinsí éagsúla agus ó shonraí LiDAR). Meastar go mbaineann tábhacht áitiúil (luach níos ísle) leis an ngnáthóg sin;
 - Fálta sceach / crannteorainneacha – Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear roinnt mhaith teorainneacha páirce ar fud na gcúig chontae ina mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe. Pléitear iad go mion thíos; agus
 - Seanchoillearnach dhuillsilteach fáschoille / crainn scaipthe – Trasnaítear sampla suntasach de choillearnach dhuillsilteach aibí (tábhacht áitiúil, i.e. luach níos airde) idir Túr 267 agus Túr 269. Trasnaítear cúig cheap eile freisin mar a ndéanfar teascadh ar chrainn atá cuibheasach fásta.
21. Athraíonn fálta sceach/ crannteorainneacha laistigh den limistéar staidéir ar a ndearnadh measúnú ina luach caomhnaithe, agus is iad éagsúlacht speiceas na bplandaí adhmadaigh agus córais bhainistíochta na tosca is tábhachtaí. Tarlaíonn fálta sceach ina bhfuil speiceas amháin ceannasach go minic, ach tá ceithre speiceas adhmadaigh nó níos mó i bhfálta sceach feidhmiúla, le draighean, an sceach gheal, feirdhris, fuinseog agus cuileann na speiceas is minice a tharlaíonn. Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear lear mór samplaí d'fhálta sceach lena mbaineann tábhacht áitiúil (i.e. luach níos airde), cé gur cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh aon túir lonnaithe sa ghnáthóg sin lena mbaineann luach níos airde.
22. Cuirfear formhór mór na dtúr i bhféarach feabhsaithe agus i ngnáthóga eile lena mbaineann luach diomaibhseach. Bainfidh bealaí rochtana sealadacha agus limistéir sreangaithe úsáid as rochtain feirme atá ann cheana, nuair is féidir, agus trasnóidh siad gnáthóga le luach íseal ar shlí eile.

23. Sainaithníodh ceithre fhál sceach is daichead mar a bhfuil sé beartaithe túr a shuí laistigh den fhál sceach, rud a gcaillfear faid ghearra fála dá bharr. Ní bheidh fála sceach ar mhórán speiceas nó níos mó ná sin i gceann ar bith de na fála sceach sin (fála sceach ar measadh go mbaineann tábhacht áitiúil, i.e. luach níos airde leo).
24. Bearrfar fála sceach a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear iad le go gcoinneofar glanspás 5 m ar a laghad idir stangadh an tseoltóra is ísle agus fásra adhmadaigh. Sainaithníodh fála sceach/crannteorainneacha a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear iad ar dócha go mbeidh teascadh/ bearradh crann fásta ag teastáil uathu, rud a laghdódh éagsúlacht struchtúrach na bhfála sceach a dtéitear i bhfeidhm orthu. Aithníodh ceantar amháin de choillearnach dhuillsilteach aibí (tábhacht áitiúil luach níos airde) i gContae na Mí mar a bhféadfadh bearradh crann a bheith ag teastáil laistigh de chonair chaighdeánach.
25. Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear roinnt mhaith aibhneacha beaga agus sruthanna. Ní thiocfaidh aon oibreacha insrutha ná tionchar díreach eile aníos ar shruthanna agus ar aibhneacha agus, go háirithe, ar na haibhneacha agus ar na sruthanna is tábhachtaí a sainaithníodh, amhail an méid seo a leanas: an Abhainn Mhór (an Bhanna) agus a craobh-aibhneacha gaolmhara, Abhainn Rhone, Abhainn Thuíneán, agus craobh-abhainn Shruth Chluain Tiobrad, an Abhainn Dubh (Ceanannas), Sruth Chill Mhaighneann, an Bhóinn agus a craobh-aibhneacha gaolmhara agus Abhainn Bhaile Boycetown (feic an Chaibidil ar an gComhshaoil Uisce den EIS agus den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite le haghaidh tuilleadh sonraí). Suitear gach túr ar shiúl ó shruthanna agus ó aibhneacha agus ó limistéir bruachánacha lena mbaineann. Ní bheidh tionchar díreach ar na gnáthóga sin ag an sreangú seoltóirí a thrasnaíonn sruthanna/aibhneacha.
26. Níor taifeadadh aon speiceas flóra neamhchoitianta ná faoi chosaint le linn na suirbhéanna allamuigh cóngarach don idirnascaire a bheartaítear.

11.3.4 Fána

11.3.4.1 Éin

27. Tá an Eala Ghlórach ina speiceas a d'fhéadfadh bheith leochaileach i leith imbhuailtí faoi línte tarchuir leictreachais lasnairde agus í ag bogadh idir suíomhanna beathaithe agus/nó fáirthe le linn mhíonna an gheimhridh. Rinneadh suirbhéanna go luath i gcéim an deartha den idirnascaire a bheartaítear chun láithreacha ar fud mhíonna an gheimhridh (go mall i mí Dheireadh Fómhair go dtí go luath i mí Aibreáin san áireamh) a shainaithint agus chun cabhrú le heolas a thabhairt do phróiseas an treoraithe trí limistéir ina bhfuil ardghníomhaíocht eala

glóraí a sheachaint. Tosaíodh suirbhéanna ar ghníomhaíocht agus ar dháileadh sa gheimhreadh in 2006 agus tá siad ar siúl go bliantúil feadh an idirnascaire a bheartaítear agus an limistéir leathain a ndearnadh measúnú air (ar bunaíodh a méid ar na tosca áitiúla in áiteanna arb eol go bhfuil ealaí glóracha gníomhach iontu). Bhí sé mar aidhm ag na suirbhéanna sin gluaiseachtaí agus dáileadh na heala glóraí i gcoibhneas leis an idirnascaire a bheartaítear a shainaitheint d'fhonn eolas a thabhairt do thionchar féideartha agus do mhaolú cuí. Tá an eala ghlórach ina spriocspeiceas tábhachtach lena bhreithniú maidir le tionchar féideartha an idirnascaire a bheartaítear ó chéim luath de phróiseas an deartha agus is é an príomhchur chuige maolaithe, nuair is féidir, seachaint trí dheardh. I staidéir allamuigh le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear, breithníodh tionchar trasteorann féideartha ar an speiceas sin agus ar speicis eile d'éin gheimhrithe agus d'éin ghoir.

28. Maidir leis an eala ghlórach, ba iad seo a leanas príomhthorthaí na suirbhéanna:

- Grúpa rialta ina bhfuil 170 éan ar a mhéad (Suíomh de Thábhacht Náisiúnta) a bhí ag úsáid suíomhanna beathaithe agus fáirthe i nGleann na hAbhann Móire (Contae Ard Mhacha) atá níos mó ná 5 km ón idirnascaire a bheartaítear. Níor sainaithníodh gur thrasnaigh aon bhealach eitilte an t-idirnascaire a bheartaítear;
- Suíomh cuibheasach rialta (go dtí an bhliain 2011) ag ceantar Bhéal Átha an tSratha (Contae Mhuineacháin) – Measadh gur bhain Tábhacht Chontae leis sin. Tá an suíomh sin gar don idirnascaire a bheartaítear (thart ar 800 m) agus sainaithníodh gur thrasnaigh bealach eitilte an t-idirnascaire a bheartaítear;
- Ceantar Loch Éigis (Contae Mhuineacháin) – Measadh gur suíomh lena mbaineann Tábhacht Chontae é sin. Tá lochanna ábhartha gar don idirnascaire a bheartaítear (thart ar 250 – 650 m). Trasnaíonn bealach eitilte fánach na heala glóraí a chuimsíonn líonta ísle an t-idirnascaire a bheartaítear. Chomh maith leis sin, aimsíodh sa láthair sin bealaí eitilte ábhartha na heala glóraí a chuimsíonn líonta beaga;
- Ceantar Loch Choimeartaí agus Ráth Fiachrach (Contae Mhuineacháin): Meastar gur suíomh lena mbaineann tábhacht chontae é sin. Tá lochanna ábhartha gar don idirnascaire a bheartaítear (thart ar 150 – 700 m). Deimhníodh gluaiseachtaí na heala glóraí idir braisle lochanna beaga a dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear í;
- Baile Chrúis (Contae na Mí): Baineann líonta ealaí glóracha lena mbaineann tábhacht náisiúnta úsáid as an suíomh seo corrúair agus

bíonn sé á úsáid ag líonta i bhfad níos ísle lena mbaineann Tábhacht Chontae freisin. Ina theannta sin, sainithníodh gur thrasnaigh bealach eiltle a chuimsigh líonta ísle (nach mbaineann suntasacht náisiúnta leo) an t-idirnascaire a bheartaítear go Loch na Coille Báine. Tá Baile Chrúis tuairim is 1.3 km ón idirnascaire a bheartaítear agus tá Loch na Coille Báine thart ar 650 m uaidh. Is ann d'fhormhór mór na suíomhanna a mbaintear úsáid astu agus na mbealaí eiltle fad ar shiúl ón idirnascaire a bheartaítear agus ní thrasnaíonn siad é;

- Ceantar Loch Cloony (Contae na Mí): Meastar gur limistéar sealgaireachta (páirceanna éagsúla) lena mbaineann tábhacht chontae é sin. Sainithníodh gur thrasnaigh bealach eiltle an t-idirnascaire a bheartaítear i dtreo Loch Cloony thart ar 500 m ón idirnascaire a bheartaítear;
 - Ceantar na hAbhann Buí (Contae na Mí). Is limistéar sealgaireachta rialta é seo don Eala Ghlórach mar a bhfuil líonta atá pas beag níos lú ná líonta lena mbaineann Tábhacht Náisiúnta. Níor sainithníodh gur thrasnaigh aon bhealach eiltle an t-idirnascaire a bheartaítear agus deimhníodh gur rith bealach eiltle go comhthreomhar (ón tuaisceart i dtreo an deiscirt) thart ar 500 m go 1 km soir ón idirnascaire a bheartaítear; agus
 - An Abhainn Dubh (Contae na Mí). Níor breithníodh an eala ghlórach sa limistéar seo. Baineann an eala bhalbh agus an broigheall úsáid as an limistéar abhann níos mó seo. Is speicis iad sin atá tugtha d'imbhuailtí (faoi sheoltóirí/ faoin tsreang thalmhaithe).
29. Mionsonraíodh maolú réamhchúramach cuí le haghaidh na suíomhanna go léir chun íoslaghdú agus díothú a dhéanamh ar thionchar féideartha suaite agus ar thionchar leanúnach imbhuailte oibriúcháin (de réir mar is iomchuí) ar an eala ghlórach agus ar éin uisce eile, ag láithreacha ábhartha.
30. Sainithníodh éin ghoir agus éin gheimhrithe eile lena mbaineann tábhacht chaomhantais agus níltear ag súil go mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon drochthionchar.
31. Sainithníodh i suirbhéanna ar éin ghoir na speicis ghoir seo a leanas a bhfuil imní caomhnaithe ina dtaobh, nó a d'fhéadfadh bheith íogair i leith an idirnascaire a bheartaítear, atá ag pórú i gcóngarach leathan an idirnascaire a bheartaítear, lena n-áirítear: An foitheach mór, an eala bhalbh, an rálóg uisce, an cruidín agus an bhuíóg. Tugadh an pilibín, an crotach agus an naoscach faoi deara freisin ag

láithreacha ar leith i gContae Ard Mhacha, i gContae na Mí agus i gContae Mhuineacháin. Níor sainaithníodh ón mbliain 2008 ach dhá láthair inar féidir go raibh an crotach ag pórú, agus tá siad fad suntasach ar shiúl ón idirnascaire a bheartaítear. Baineadh ceann amháin de na suíomhanna pórúcháin féideartha sin ó shin i leith le gníomhaíochtaí draenála talún. Póraíonn an fabhcún gorm, an meirlíun agus an ceann cait i líonta beaga ag pórú níos mó ná 3 km ón idirnascaire a bheartaítear. Is an-ghann sa limistéar a ndearnadh measúnú air atá an scréachóg reilige (Balmer *et al.*, 2013)³¹. Bhí an cluichreán pasaireach bochtaithe go ginearálta le cúpla taifead suntasach teoranta do Chuilire Liath, Gleoiseach agus Gealbhan Binne. Meastar tionchar a sainaithníodh ar speicis níos íogaire a aithníodh a bheith idir Measartha agus Do-airithe. Mionsonraíodh maolú cuí chun breithniú a dhéanamh ar thionchar féideartha suaite agus ar thionchar leanúnach oibriúcháin (ar nós suaitheadh méadaithe indíreach/ tionchar éan creiche).

11.3.4.2 Ialtóga

32. D'fhéadfaí tionchar a bheith ar dhá fhara ialtóg áit a bhfuil bearradh crann ag teastáil i dTuaisceart Éireann. Thug an dá fharaí (ceann amháin gar do Thúr 60 agus an ceann eile i limistéar an fhostáisiúin) tacaíocht do dhá ialtóg choiteann nó ialtóg shopránach nó níos lú ag am an tsuirbhé, agus níor thacaigh siad le gnéithe ar dócha go mbeadh faraí máithreachais nó faraí móra. Bhí an fara eile a aithníodh i seanchró le díon stáin ag suíomh an fhostáisiúin agus bhí dhá ialtóg fheascracha ann. Níor sainaithníodh aon suíomhanna fara i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin ná i gContae na Mí ina bhféadfadh go mbeadh suaitheadh d'fharaí máithreachais na hialtóige.
33. Taispeánadh i suirbhéanna gníomhaíochta spotaí fánacha ina raibh go leor gníomhaíochta suite gar d'fhálta sceach agus coillearnacha aibí laistigh de 500 m ón idirnascaire a bheartaítear, ach níor taifeadadh ach speiceas coitianta is gnách sa réigiún (ialtóg Daubenton, ialtóg ghiobach, ialtóg Natterer, ialtóg Leisler, ialtóg Natúisias, ialtóg fheascrach, ialtóg shopránach agus ialtóg fhadchluasach dhonn). San iomlán, ba é patrún na ngníomhaíochtaí ialtóg ar fud an idirnascaire a bheartaítear an gnáthphatrún sa ghnáthóg agus sa réigiún, mar a raibh formhór na ngníomhaíochtaí ialtóg comhchruinnithe timpeall crannteorainneacha, aibhneacha, lochán agus fálta sceach.
34. Seachnaítear gnáthshuíomhanna fara máithreachais e.g. seanfhoirgnimh, foirgnimh níos nuaí, droichid, uaimheanna talún agus uaimheanna. Rinneadh measúnú ar gach crann ag láithreacha túir maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh faraí ialtóg

³¹ Balmer D, Gillings S, Caffrey B, Swann B, Downie I agus Fuller R. (2013) Bird Atlas 2007-11: The Breeding and Wintering Birds of Britain and Ireland (Iontaobhas na Breataine um Éaneolaíocht)

iontu agus níor sainithníodh aon suíomhanna suntasacha iontu. Sainithníodh maolú réamhchúramach cuí agus cuirfear chun feidhme é chun rioscaí suaite d'fharáí ialtóg féideartha a laghdú an oiread agus is féidir, go háirithe le linn chéim na tógála (teascadh an fhásra adhmadaigh).

11.3.4.3 Broic

35. Aithníodh dhá bhrocach bhroic is tríocha le linn suirbhéanna allamuigh i dTuaisceart Éireann agus seachnófar iad uile seachas péire díobh le linn na tógála. Aon bhrocacha ar eolas a bhféadfadh go mbeadh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear orthu, déanfar suirbhé orthu roimh an tógáil. Déanfar cur chun feidhme ar bhearta maolaithe mar a leagtar amach thíos sa chaibidil seo agus sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS d'fhonn tionchar suntasach dóchúil a chosc. D'fhéadfaí líon beag broc a dhíláithriú go sealadach i rith na tógála ach ní bheidh tionchar diúltach aige sin ar an stádas caomhantais áitiúil nó ar dháileadh an speicis. Seachnófar brocacha broic a sainithníodh le linn suirbhéanna agus i gcomhairle leis na húdaráis iomchuí. In áiteanna nach ndearnadh aon suirbhéanna, rinneadh gach túr a sheach-chur ó fhálta sceach / ó chrannteorainneacha mar a bhféadfadh broic pórú chun rioscaí suaite do bhrocacha neamhaitheanta a íoslaghdú. Moladh maolú iomchuí chun a chinntiú go seachnaítear suaitheadh do bhrocacha broic.

11.3.4.4 Madraí Uisce

36. Ní bheidh tionchar le linn thógáil agus / nó oibriú na forbartha a bheartaítear ar aon ghnáthóga bruachánacha mar a bhfuil suíomhanna pórúcháin an mhadra uisce le sonrú. Tá madraí uisce i láthair ag dlúis ísle ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air, go háirithe timpeall na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Contae na Mí) agus na gcraobh-aibhneacha lena mbaineann. Ní bheidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar mhadraí uisce toisc nach bhfuil Túir lonnaithe ar shuíomhanna féideartha pórúcháin (aibhneacha, limistéir bhruachánacha, lochanna, bogaigh agus díoga) ná cóngarach dóibh. Moladh maolú iomchuí chun a chinntiú go seachnaítear suaitheadh do shuíomhanna pórúcháin agus limistéir scíthe an mhadra uisce.

11.3.4.5 Amfaibiaigh (an t-earc sléibhe agus an frog coiteann)

37. Rinneadh suirbhéanna ar an earc sléibhe agus ar fhroganna ag gnáthóg a d'fhéadfadh bheith oiriúnach (bogaigh, díoga agus locháin), cé nár aimsíodh aon fhianaise orthu. Seachnaítear na gnáthóga sin agus ní thiocfaidh aon drochthionchar aníos ar amfaibiaigh agus ar shuíomhanna pórúcháin.

11.3.4.6 Fána Eile

38. Léirigh suirbhéanna deisce agus allamuigh láithreach féideartha roinnt speiceas eile faoi chosaint lena n-áirítear Cráifisc Liathdhonn agus an Fritileán Réisc. Seachnófar gnáthóg oiriúnach, lena n-áirítear aibhneacha, bogaigh, féarach fliuch neamhfheabhsaithe / eanaigh (le *Succisa pratensis*), i gcomhair na speiceas sin agus ní thiocfaidh aon tionchar aníos ar na speicis sin mar gheall ar an idirnascaire a bheartaítear.

11.3.4.7 Achoimre Fána

39. *Éin:* Aithníodh an eala ghlórach i gceantair ar leith i gcóngarach an idirnascaire a bheartaítear. Chuige seo, mionsonraíodh bearta maolaithe cuí do cheantair ábhartha ar leith.
40. *Ialtóga:* D'fhéadfaí tionchar a bheith ar dhá fharáí ialtóga áit a bhfuil bearradh crann ag teastáil. Is faráí neamh-mháithreachais iad seo. Aithníodh bearta maolaithe agus feabhsúcháin chun tionchar féideartha a íoslaghdú, go háirithe suaiththeadh ó bharradh crann ar láithreacha féideartha faráí.
41. *An Broc agus an Madra Uisce:* Seachnaíodh gnáthóga a d'fhéadfadh bheith oiriúnach don bhroc agus don mhadra uisce (agus do mhamaigh eile faoi chosaint) den chuid is mó agus deimhníodh i suirbhéanna deimhniúcháin nach mbeadh tionchar ar shuíomhanna pórúcháin. Ní bheidh tionchar díreach ag aon oibreacha a bhaineann le tógáil an idirnascaire a bheartaítear ar mhamaigh faoi chosaint. In áiteanna inar sainaitníodh rioscaí féideartha suaite, mionsonraítear maolú agus monatóireacht athraithe chun dáta.
42. *Fána Eile:* Aithníodh suíomhanna pórúcháin fána agus gnáthóg póraithe féideartha agus seachnaítear iad sin nuair is féidir. Mionsonraíodh bearta maolaithe / monatóireacht iomchuí lena chinntiú go gcosnaítear speiceas mar is cuí de bharr athruithe féideartha ama / spáis i ndáileadh speiceas idir toiliú le planáil agus tógáil.
43. Chun achoimre a thabhairt, aithníodh gnáthóga lena mbaineann luach éiceolaíochta áitiúil agus mar ar tuaradh tionchar ón idirnascaire a bheartaítear, sainaitníodh maolú réamhchúramach agus cuirfear chun feidhme iad do ghabhdóirí éiceolaíochta ábhartha.
44. Le haghaidh sonraí breise, feic Rannán 10.3 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Imleabhar 3C agus 3D, Rannán 6.4 san EIS.

11.4 Bearta Maolaithe

45. Rinneadh tréaniarracht i dtreorú cúramach an idirnascaire a bheartaítear tionchar a sheachaint nó a laghdú ar ghabhdóirí éiceolaíochta atá ar eolas. Mar sin féin, aithníodh tionchar féideartha, go háirithe do cSAC agus SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, d'ialtóga, d'Ealaí Glóracha agus do ghnáthóga (go háirithe fáлта sceach agus coillearnacha) ag áiteanna ar leith ar feadh an idirnascaire a bheartaítear.
46. Forbraíodh straitéisí maolaithe i gcomhairle le NIEA agus le NPWS. Tá na sonraí ar fad sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Rannán 10.5) agus san EIS (Rannán 6.6) faoi seach. Mar achoimre áirítear sna bearta maolaithe a bheartaítear:
- Chomh fada agus is féidir, cuireadh maolú trí ghnáthóga aitheanta a sheachaint i bhfeidhm in áiteanna a bhfuil suíomhanna póraithe chosanta fána le fáil – is iad sin, aibhneacha, limistéar bruachánach, fáлта sceach, crannteorainneacha agus coillearnacha. Dearadh lorg na forbartha idirnascaire a bheartaítear chun go seachnódh sí gach ceantar lena mbaineann luach suntasach éiceolaíochta (e.g. fáлта sceach), ach amháin i gcásanna ina rabhthas in ann a dheimhniú trí shuirbhé allamuigh a dhéanamh nach raibh aon speiceas faoi chosaint le fáil i suíomhanna den sórt sin. Seachnaíodh gach ceantar ar sainaitníodh go raibh speiceas faoi chosaint nó gnáthóga suntasacha le fáil iontu, Ní dhearnadh breithniú ar bhonneagar a thógáil ar aon ghnáthóga nár cuireadh faoi réir suirbhé allamuigh a d'fhéadfadh a bheith luachmhar. Seachnaítear na suíomhanna sainithe ar fad, ach amháin cSAC agus SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe a dtéann na seoltóirí amháin tharstu. Tugtar mionsonraí faoi bearta maolaithe réamhchúramacha in Imleabhar 5 de cháipéisí iarratais EirGrid;
 - Dea-bhealach chun rioscaí ar nós cur isteach ar fhiadhúlra agus chosaint cháilíocht an uisce a laghdú an oiread agus is féidir le linn oibreacha tógála ná Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha (ECoW) ag a bhfuil an taithí chuí a cheapadh d'fhonn comhairle a thabhairt ar an gcur chuige deartha mionsonraithe agus ar mhaolú éiceolaíoch;
 - In éineacht le céim na tógála, moltar go gceapfaí ECoW freisin roimh an tógáil (céim an idirchaidrimh le húnéirí talún) agus tar éis na tógála (cúig bliana ar a laghad) chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta maolaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar éan geimhrithe;
 - Mionsonraítear bearta sonracha eile sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS; agus

- Tar éis toiliú a fháil, gné thábhachtach den idirnascaire a bheartaítear is ea monatóireacht a dhéanamh air ar mhaithe lena chinntiú gur éifeachtach atá an maolú a gcuirtear síos air agus go gcuirfear an maolú sin i bhfeidhm mar is ceart.

11.5 Tionchar Iarmharach

47. Sainaithnítear rioscaí neamhdhíreacha do láithreáin sainithe (Eorpacha agus Náisiúnta) agus leagtar maolú réamhchúraim amach. Agus é i bhfeidhm, cinnteoidh an maolú réamhchúraim sin nach mbeidh ach tionchar diomaibhseach iarmharach ar shláine agus ar chuspóirí caomhantais gach ceann de na láithreáin sin. Déantar breithniú sonrath ar Láithreáin Eorpacha i Ráiteas Tionchair Natura (Imleabhar 5) de cháipéisí iarratais EirGrid agus in Aguisín 10I den ES Comhdhlúite – Tuarascáil scagtha Chéim 1 den Dréacht-Bhreithmheas maidir le Rialacháin Ghnáthóg. Tagtar ar an gconclúid sa dá thuarascáil nach mbeidh aon drochthionchar ar shláine na láithreán Eorpach lena mbaineann, de réir mar a shainmhíníonn cuspóirí caomhantais agus stádas na láithreán sin.
48. Sainaithnítear go dtiocfaidh tionchar iarmharach chun cinn ar chrannteorainneacha aibí agus ar choillearnacha sonracha sainaitheanta, toisc go ndéanfar crainn a bhaint go buan faoi bhun na seoltóirí agus sa chonair mhór chun a chinntiú nach gcuirfidh fásra adhmadaich isteach ar na seoltóirí. Déanfar struchtúr éiceolaíoch agus feidhmiú na bhfálta sceach faoi bhun na seoltóirí agus an fána lena mbaineann a choimeád ar bun, áfach.
49. Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear roinnt suíomhanna sainaitheanta a bhféadfadh Ealaí Glóracha eitilt os a gcionn. Beartaítear claontaí eitilte a shuí sna suíomhanna sin agus, bunaithe ar idirghníomhaíochtaí idir an Eala Ghlórach agus línte tarchuir agus ar athbhreithniú ar a éifeachtaí atá sraonairí eitilte (maidir le himbhualtí a laghdú), táthar den tuairim go dtiocfaidh tionchar iarmharach íseal chun cinn. Tugtar sonraí iomlána sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite; Caibidil 10 (Éiceolaíocht – Rannán 10.6) agus sna caibidilí ábhartha den EIS; Caibidil 6 (Flóra agus Fána – Rannán 6.7) d'Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.
50. Is an-annamh a bhíonn pilibín (ar speiceas é atá ar liosta dearg an speicis lena mbaineann ardtábhacht chaomhnaithe) sa limistéar a ndearnadh measúnú air agus bíonn sé an-chruinnithe maidir lena dháileadh. Moltar bearta maolaithe (athruithe sa dearadh chun tuirlingt a chosc) chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeidh tionchar indíreach ann, e.g. de bharr tuirlingt éin chreiche, ar mhaithe le híoslághdú a dhéanamh ar an tionchar iarmharach ar na suíomhanna ábhartha a sainaithníodh. I gcás ina mbeartaítear é, tugtar mionsonraí faoi sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Caibidil 10 (Éiceolaíocht – Rannán 10.6) agus sa chaibidil ábhartha den EIS; Caibidil 6 (Flóra agus Fána – Rannán 6.7) d'Imleabhar 3D.

51. Leagtar amach achoimre ar an tionchar iarmharach a bheidh ann ar ghabhdóirí éiceolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha tar éis cur chun feidhme na mbeart maolaithe thíos i dTábla 11.5 agus i dTábla 11.6 thíos. Caitear i dTábla 11.5 le céim na tógála agus caitear i dTábla 11.6 leis an gcéim oibríoch.
52. Mar achoimre, baineann suntasacht atá idir do-airithe agus beag le tionchar diúltach iarmharach an idirnascaire a bheartaítear ar ghabhdóirí suntasacha éiceolaíochta a sainathnódh laistigh den limistéar a measúnaíodh.

Tábla 11.5: Achoimre ar Thionchar Iarmharach Chéim na Tógála

Gabhdóir	Luach	Tionchar Iarmharach
Suíomhanna Sainithe (Eorpacha agus Náisiúnta)		
SPA / Ramsar / IBA Loch nEathach agus Loch Beag	Tábhacht Idirnáisiúnta / An-Ard	Diomaibhseach – Gan aon drochthionchar
SAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe	Tábhacht Idirnáisiúnta / An-Ard	Diomaibhseach – Gan aon drochthionchar
ASSI Loch nEathach	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
ASSI Loch Beag	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Suíomhanna sainithe eile a aithnítear i dTábla 11.4	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Gnáthóga agus Flóra		
Aibhneacha	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Eanaigh / bogaigh	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Fálta sceach / Crannteorainneacha agus Crainn Scaipthe	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Beagán Diúltach
Coillearnach Leathnádúrtha	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach
Coillearnach Dhuillsilteach Aibí	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Beagán Diúltach
Fána		
Éin Gheimhrithe (Ealaí Glóracha)	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Beagán Diúltach
Éin gheimhrithe (Ginearálta)	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach
Éin ghoir (Ginearálta, Crotach san áireamh)	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach
Éin ghoir (Pilibín)	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Beagán Diúltach
Ialtóga	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Diomaibhseach
Broic	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Diomaibhseach
Madraí Uisce	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Diomaibhseach
Fána Eile	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach

Tábla 11.6: Achoimre ar Thionchar Iarmharach na Céime Oibríche

Gabhdóir	Luach	Tionchar Iarmharach
Suíomhanna Sainithe (Eorpacha agus Náisiúnta)		
SPA / Ramsar / IBA Loch nEathach agus Loch Beag	Tábhacht Idirnáisiúnta / An-ard	Diomaibhseach
SAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe	Tábhacht Idirnáisiúnta / An-ard	Diomaibhseach
ASSI Loch nEathach	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
ASSI Loch Beag	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Suíomhanna sainithe eile a aithnítear i dTábla 11.4	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Gnáthóga agus Flóra		
Aibhneacha	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Eanaigh / bogaigh	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Diomaibhseach
Fálta sceach / Crannteorainneacha agus Crainn Scaipthe	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Beagán Diúltach
Coillearnach Leathnádúrtha	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach
Coillearnach Dhuillsilteach Aibí	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Beagán Diúltach
Fána		
Éin Gheimhrithe (Ealaí Glóracha)	Tábhacht Náisiúnta / Ard	Beagán Diúltach
Éin gheimhrithe (Ginearálta)	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach
Éin ghoir (Ginearálta, Crotach san áireamh)	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach
Éin ghoir (Pilibín)	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Beagán Diúltach
Ialtóga	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Diomaibhseach
Broic	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Diomaibhseach
Madraí Uisce	Tábhacht Réigiúnach / Mheánach (go carnach)	Diomaibhseach
Fána Eile	Tábhacht Áitiúil (Luach níos airde)/ Íseal (go carnach)	Diomaibhseach

11.6 Tionchar Trasteorann

53. Ní imreofar aon drochthionchar suntasach ar shuíomhanna sainithe laistigh den cheachtar dlínse maidir lena leas caomhantais ar leibhéal Eorpach, ar leibhéal Náisiúnta nó ar leibhéal áitiúil. Mar a tugadh faoi deara roimhe, déanann SONI agus EirGrid breithniú ar an tionchar féideartha ar láithreáin Eorpacha agus ar a Leasanna Cáilitheachta³².
54. Mar thoradh ar an maolú forordaithe a chur i bhfeidhm, meastar nach mbeidh aon drochthionchar suntasach (díreach, indíreach) ag oibreacha ar an idirnascaire a bheartaítear i ndlínse amháin ar ghnáthóga ná ar speiceas sa dlínse eile (Tuaisceart Éireann nó Éire). D'fhéadfadh go mbeadh tionchar áitiúil ar speiceas fána a bhfuil críocha nó ceantair stad acu atá ar dhá thaobh na teorann dlínsiúla idir Tuaisceart Éireann agus Éire. Bunaithe ar shuirbhéanna a rinneadh, áfach, ní mheastar gur suntasach a bheidh leibhéal na ngluaiseachtaí agus an tionchar féideartha gaolmhar.
55. Go háirithe, rinneadh breithniú ar an tionchar féideartha ar Ealaí Glóracha agus ar speicis shoghluaiste éan eile a bhíonn le fáil ar shuíomhanna ar an dá thaobh den teorainn, agus measadh go mbeadh tionchar iarmharach Do-Airithe ag an idirnascaire a bheartaítear ar líon na n-éan agus ar infhaighteacht na suíomhanna beathaithe araon. Faigheann an measúnú sin eolas ó shuirbhéanna fairsinge ar tugadh fúthu le linn an bhreithmheasa ar an idirnascaire a bheartaítear, breithmheas nár sainaitníodh aon línte eiltile idir an dá dhlínse ann. Go deimhin, tá suíomhanna Eala Glóraí suite go maith ar shiúl ó limistéar na teorann. Déanfar bearta maolaithe a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí sa dá dhlínse chun an líne lasnairde a dhéanamh níos feiceálaí sna háiteanna sin a mheastar an baol áitiúil is mó a bheith leo, rud a laghdóidh an riosca foriomlán imbhuailte ag ceantair aitheanta áitiúla.
56. Tugtar sonraí breise i gCaibidil 20 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 6.9 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

11.7 Conclúidí

57. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn agus de réir na Treorach ón gCoimisiún etc.

³² SONI: Feic 'Tyrone-Cavan Interconnector Information to Inform Appropriate Habitats Regulations Assessment' ('Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin: Faisnéis chun Eolas a Thabhairt do Mheasúnacht Oiriúnachta ar na Rialacháin um Ghnáthóga') de chuid SONI den idirnascaire a bheartaítear de réir mar a bhaineann sé le láithreán ainmnithe SPA. EIRGRID: Feic Tionscadal Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV: Ráiteas Tionchair Natura. (Imleabhar 5 de na cáipéisí iarratais).

58. Ní imreoidh an t-idirnascaire a bheartaítear aon drochthionchar ar láithreáin Eorpacha. Ina theannta sin, ní thiocfaidh aon drochthionchar chun cinn i gcás gnáthóg/ speicis faoi chosaint nádúrtha sa dá dhlínse; d'fhéadfaí cur isteach ar phobail áitiúla fána faoi chosaint, áfach.
59. Cuirfear na bearta maolaithe sin chun feidhme ag céim na tógála agus na hoibríochta chun tionchar sainaitheanta a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt. In áiteanna ina n-íoslaghdaítear an tionchar, leagtar an tionchar iarmharach amach.
60. Rinneadh measúnú ar an leibhéal tionchair iarmharaigh ó thaobh an tionscadail ar fad de agus is é an tionchar is airde ná drochthionchar beag ar fhálta sceach / ar chrannteorainneacha, ar éin gheimhrithe (an Eala Ghlórach) agus ar Éin ghoir (an pilibín). Meastar gach tionchar eile a bheith diomaibhseach.

12. Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

12.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar na hithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidrigeolaíocht sa timpeallacht ina mbeidh sé agus saináithnítear inti aon srianta a chuireann na dálaí sin leis an idirnascaire a bheartaítear.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 9 (Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht) agus is iad na caibidlí ábhartha den EIS ná Caibidil 7 (Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht) d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D. Maidir leis an tionchar ar ithir thalmhaíochta, pléadh leis sin i gCaibidil 9 agus i gCaibidil 14 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i gCaibidil 3 (Úsáid Talún), Imleabhar 3B den EIS.

12.2 Modheolaíocht

3. Déantar breithniú sa mheasúnú ar gheolaíocht agus ar choinníollacha talún agus screamhuisce an idirnascaire a bheartaítear agus an limistéir in aice láimhe. Tá sé seo bunaithe ar fhaisnéis a foilsíodh agus ar fhaisnéis eile a cóimheasadh agus atá ar fáil don phobal mór. Baineadh sochar as na sonraí a fuarthas chun cur síos mionsonraithe ar na coinníollacha reatha san idirnascaire a bheartaítear agus i ngarchomharsanacht dó a ullmhú. Is iad na coinníollacha reatha is ábhar don bhonnlíne a ndéanfar an mheasúnacht tionchair a chinneadh ina leith.
4. Rinneadh breithniú ar an tionchar ar gheolaíocht, ar ithreacha agus ar screamhuisce laistigh de limistéar measúnaithe a bhí thart ar 500 méadar ar leithead ar an dá thaobh de bhealach an idirnascaire a bheartaítear (idir lárline na líne lasnairde agus imeall theorainneacha Fhostáisiún Turleenan agus Fhostáisiún Fhearann na Coille). Ina theannta sin, saináithníodh suíomhanna sainithe lena mbaineann suntasacht gheolaíoch/gheomoirfeolaíoch/fhiseagrafach agus talamh a d'fhéadfadh a bheith éillithe i gcóngarach an idirnascaire a bheartaítear.
5. Ceapadh an measúnú chun na carraigeacha, na cineálacha ithreach, na struchtúir agus na coinníollacha screamhuisce feadh bhealach an idirnascaire a bheartaítear a shainaithint, go háirithe chun láithreacha íogaire geolaíochta agus hidrigeolaíochta agus áiteanna ar bith ina raibh talamh atá comhdhlúite go holc a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go diúltach ar chobhsaíocht na dtúr nó na talún in aice láimhe, a shainaithint. Baineadh leas as na foinsí faisnéise seo a leanas:

- Suirbhéireacht Ordanáis (Tuaisceart Éireann) agus léarscáiliú agus bunachair shonraí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann (GSNI);
 - Bunachair Sonraí agus léarscáiliú le haghaidh Úsáid Talún de chuid an Northern Ireland Environment Agency (Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann) (NIEA);
 - Rudaí a tugadh faoi deara le linn réamhshuirbhéanna suímh agus suirbhéanna ionad faire idir 2009 agus 2013;
 - Torthaí an iniúchta ar an talamh ag suíomh fhostáisiún Turleenan a bheartaítear, Stratex 2006;
 - Tuarascáil an British Geological Survey (*Suirbhéireacht Gheolaíochta na Breataine*) dar teideal Hydrogeology of Northern Ireland (*Hidrigeolaíocht Thuaisceart Éireann*), 1996;
 - Suirbhéireacht Ordanáis (Éire) agus léarscáiliú Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI);
 - An Foras Talúntais (1980). *Soil Map of Ireland* (Léarscáil Ithreach na hÉireann); agus
 - An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (2009). *Historic Mine Sites – Inventory and Risk Classification* (Suíomhanna Stairiúla Mianaigh – Fardal agus Rangú Rioscaí).
6. Chuathas i gcomhairle leis an GSNI agus an GSI maidir le tionchar féideartha an idirnascaire a bheartaítear ar ghnéithe geolaíochta.
7. Tá an measúnú ar a dhéine atá tionchar tuartha ar bith bunaithe ar íogaireacht na ngnéithe sainaitheanta ithreach, geolaíochta agus hidrigeolaíochta.
8. Cóimheasadh na coinníollacha bonnlíne ó na taifid stairiúla, ó fhaisnéis atá i seilbh gníomhaireachtaí rialtais lena n-áirítear GSNI, GSI, NIEA, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Comhairle Contae Mhuineacháin, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Chontae na Mí, agus ó anailís atá déanta ar léarscáiliú stairiúil, grianghrafadóireacht ón aer agus LiDAR agus foinsí foilsithe agus neamhfhoilsithe eile. I gcás inar ceadaíodh rochtain, tugadh faoi réamhshuirbhéanna suímh, agus rinneadh suirbhéireacht ar thalamh nach raibh rochtain air ón talamh nó ó na bóithre insroichte ba ghairne nuair ab fhéidir.

9. Mar gheall go gceanglaítear ar na hiarratasóirí faoi seach iarratais ar leithligh a chur isteach i gcomhair toiliú forbartha i ngach dlínse ina mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe, meastar gur glacadh le modheolaíochtaí comhsheasmhacha sa mheasúnacht tionchair idir na codanna den idirnascaire a bheartaítear atá suite i dTuaisceart Éireann (contae Thír Eoghain agus contae Ard Mhacha) agus in Éirinn (Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí).
10. Is cosúil le chéile, tríd is tríd, atá na cineálacha cur chuige ar glacadh leo chun suntasacht an tionchair réamh-mheasta a mheas. Is féidir méid nó scála shuntasacht an tionchair ar ghabhdóirí geolaíochta/hidrigeolaíochta a shainiú mar seo a leanas:
- Tionchar Diomaibhseach (nó Neodrach): Tionchar is féidir a thomhas ach nach bhfuil iarmhairtí feiceálacha aige;
 - Miontionchar: Tionchar a chuireann mionathruithe i bhfeidhm ar shaintréithe an chomhshaoil ach nach gcuireann isteach ar a íogaireachtaí / luach;
 - Tionchar Measartha: Tionchar a athraíonn saintréithe an chomhshaoil ar bhealach atá i gcomhréir le treoachtaí atá ann agus le treoachtaí atá ag teacht chun cinn;
 - Tionchar Ard: Tionchar a athraíonn gné íogair / luachmhar den chomhshaoil lena shaintréithe, lena mhéid, lena fhad nó lena dhéine; agus,
 - Tionchar An-Ard: Tionchar a mhúchann saintréithe íogaire/luachmhaire.
11. Baineann ardíogaireacht, íogaireacht mheasartha, íogaireacht bheag nó íogaireacht dhiomaibhseach leis an ngabhdóir.
12. Baineadh úsáid as cur chuige cáilíochtúil sa mheasúnú, tríd an rangú suntasachta i d**Tábla 12.1** a leanúint go ginearálta agus trí bhreithiúnas gairmiúil. Tá an tsuntasacht a bhaineann le tionchar tuartha bunaithe ar mheascán d'íogaireacht nó de thábhacht na tréithe agus de mhéid tuartha aon tionchair áirithe. Sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar tairbhiúil, drochthionchar nó tionchar diomaibhseach, tionchar sealadach nó tionchar buan agus, ó thaobh suntasachta de, sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar mór, tionchar measartha, tionchar beag nó tionchar nach bhfuil suntasach (diomaibhseach).

Tábla 12.1: Critéir Shuntasachta

Íogaireacht	Méid				
	An-Mhór	Mór	Measartha	Beag	Diomaibhseach
Mór	Mór	Mór	Measartha	Measartha	Beag
Measartha	Mór	Measartha	Measartha	Beag	Diomaibhseach
Beag	Measartha	Measartha	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach
Diomaibhseach	Beag	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach

13. Le go n-aithneofaí tionchar féideartha, caithfidh trí thoisic a bheith ann. Seo a leanas iad: foinse nó tionchar féideartha; gabhdóir a bhféadfaí difear a dhéanamh dó; agus conair nó nasc a ligeann don fhoinsé dul i bhfeidhm ar an ngabhdóir. Ní shonrófar tionchar mura mbíonn na trí thoisic ann ag aon am amháin.
14. Tugtar sonraí breise i Rannán 9.2 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 7.2 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

12.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

12.3.1 Geomoirfeolaíocht

15. Téann an t-idirnascaire a bheartaítear trí roinnt timpeallachtaí éagsúla geomoirfeolaíocha. Cruthaíodh an gheomoirfeolaíocht go príomha le linn na ré oighrí deiridh (Lár na Tíre), agus athraíodh í ina dhiaidh sin ar fud na tréimhse HOLAICÉINÍ IAR-OIGHRÍ. Sil-leagadh formhór an dríodair Cheathartha le linn an oighriúcháin deiridh, ag oighearchlúideacha a bhí ag bogadh ón iarthuaisceart go dtí an t-oirdeisceart nó ón leá-uisce as na hoighearchlúideacha.
16. Ag ceann thuaidh an idirnascaire a bheartaítear, i gContae Thír Eoghain agus i gContae Ard Mhacha, téann an t-idirnascaire a bheartaítear thar ardtailte, thar dhroimníní in Ard Mhacha agus i Muineachán agus thar roinnt gleannta abhann. De réir mar a bhogann an t-idirnascaire a bheartaítear níos faide ó dheas, téann sé trasna an Chabháin agus Mhuineacháin. Is iad droimníní agus moiréin iomaireacha (Rogen) atá i gceist le geomoirfeolaíocht an limistéir seo den chuid is mó. Gabhann foirmeacha éagsúla le droimníní, an chuid is mó díobh fadaithe i dtreo an tsreafa oighir. Tá ísealtailte droimneacha a bhfuil diaimictítí fúthu, agus roinnt cnocán

gairbhéil³³, easracha agus tailte réidhe gláracha anseo agus ansiúd sna hÍsealchríocha aolchloiche theas.

12.3.2 Ithreacha

17. Tá an measúnú a chuirtear i láthair sa Chaibidil seo bunaithe ar na sonraí atá ar fáil agus meastar gur measúnú cruinn é ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ar an idirnascaire a bheartaítear.
18. Go ginearálta, is éard atá faoin idirnascaire a bheartaítear ná sraith de shil-leagain Cheathartha (cré bholláin, gaineamh agus gairbhéal) agus sil-leagain mhóna, locha agus ghláracha níos déanaí, a bhaineann leis na gleannta abhann agus na ceantair logánacha. Is é till a thagann ó fhoirmíochtaí éagsúla carraige an príomhábhar a fhaightear feadh an idirnascaire a bheartaítear. Is dríodar neamhscagtha í till. Tá till oighreach comhdhéanta de mheascán ilchineálach cré, gainimh, gairbhéil agus bollán a thagann ó iompar agus ó shil-leagan oighearshrutha. Faightear limistéir theoranta ina bhfuil ithreacha gláracha, sil-leagain locha agus móin feadh an idirnascaire a bheartaítear. Faightear ithreacha éadoimhne os cionn na buncharraige i limistéir áirithe, go háirithe ar mhullaí agus ar ghuaillí cnoc i gContae Mhuineacháin agus i gContae Ard Mhacha.
19. Faightear sil-leagain mhóna go háitiúil i loig idir droimníní, ach seachnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear sil-leagain mhóna shlána a bhfuiltear ar eolas fúthu ar an mórgóir nó téann sí tharstu, lena n-áirítear Portach an Chaisil, Contae Mhuineacháin, idir Túir 117 agus 118, agus Portach Brootally idir Túir 64 agus 65. Ina theannta sin, tá na suíomhanna sin teoranta i gcónaí ó thaobh méide de, ar thalamh chothrom nó ar fhánaí d'uillinn an-íseal, i gcás nach mbeifí ag súil le gluaiseacht móna. Dá réir sin, is beag seans go mbeadh na tochailtí ina mbunús le gluaiseacht anuas na n-ábhar móna in aice láimhe. Is i móin a fhaightear éagobhsaíocht na sil-leagan dromchla ar oileán na hÉireann go príomha, ach níl aon sil-leagain mhóna a bhfuiltear ar an eolas fúthu feadh an idirnascaire a bheartaítear a d'fhéadfadh túir a dhéanamh éagobhsaí linn na tógála nó an oibríthe. Bíonn clistí fána móna le fáil i mbratphortaigh ardtalún agus sna bratphortaigh ísealtalún; níl tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar ceachtar acu.
20. Ní bhfuarthas móin ag suíomh an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan ná ag suíomh Fhostáisiún Fhearann na Coille.

³³ Tillí nó créanna bolláin

12.3.3 Geolaíocht

21. Luíonn na sil-leagain dromchla sa mhullach ar gheolaíocht bhuncharraige d'aoiseanna athraitheacha, idir an tOrdaiviseach agus an Treasach. Tá suíomhanna áirithe clúdaithe ag sil-leagain síobtha an-tiubh, rud a fholáíonn an bhuncharraig agus, dá bhrí sin, a laghdaíonn cruinneas an léarscáilithe buncharraige mar gheall ar an easpa nochtadh buncharraige (Fíor 9.2 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus Fíoracha 7.1–7.4, Fíoracha Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D den EIS).
22. Faightear gréabhacaí agus slinnte ón ré Phailéasóigh Íochtair faoi bhun an chuid láir de bhealach an idirnascaire a bheartaítear, idir Túr 66 agus Túr 237. Is éard atá i gceist le gréabhacaí gaineamhchlocha a dhéantar i gcóinníollacha domhainmhara ag feachtaí moirtiúlachta a ghintear in imill geo-chuaschlaonais turnaimh, Uaim lapetus. Is forleathan iad na sil-leagain seo ar fud an chuid láir den idirnascaire a bheartaítear agus is deacair idirdhealú a dhéanamh idir sil-leagain ón ré Shiolúrach agus ón ré Ordaiviseach. Léarscáilíodh dingéain dolairíte agus bhasailt ón ré Threasach, a théann i dtreo iarthuaiscirt-oirdheiscirt, thall is abhus laistigh den bhuncharraig Phailéasóigh Íochtair. Léirítear meiteamorfacht ísealghráid i bhforbairt mianraí laistigh de Ghrúpa Acton.
23. Siar ó Ard Mhacha, trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear an Aolchloch Charbónmhar a ghabhann le Grúpaí Thír Eoghain agus Ard Mhacha idir Túir 49 agus 65. Cuimsítear le Grúpa Ard Mhacha aolchloch go príomha i dteannta císil chaola ócáideacha de sceall agus de ghreanchloch. Cuimsítear le Grúpa forshraith Thír Eoghain sraith níos athraithe d'aolchloch, de sceall, de láibchloch agus de ghaineamhchloch ailtéarnach le síoga caola guail.
24. Sa mhullach go hin-chomhfhóirmithe ar na sraitheanna Aolchloiche Carbónmhaire (ag uillinneacha éagsúla cisealúcháin) tá gaineamhchlocha Ghrúpa Gaineamhchloiche Sherwood ón ré Thriasach (Bunter roimhe seo), arna n-ionadú ag Bonn-Chomhcheirtleán Bhaile an Mhuilinn agus ag Foirmíocht Ghaineamhchloiche Dhoire Craoibhe. Faightear Gaineamhchloch Sherwood faoi bhunús an chuid thuaidh de bhealach an idirnascaire a bheartaítear idir Túr 1 agus Túr 48, amach ó chuid siar ón Maigh ina bhfuil limistéar éasctha aolchloiche de Ghrúpa Thír Eoghain faoi thart ar 3 km den idirnascaire a bheartaítear. Gaineamhchloch Dhoire Craoibhe, sraith thiubh de ghaineamhchloch dhearg agus sioltachloch agus láibchloch fhánach, atá i nGaineamhchloch Sherwood den chuid is mó.
25. Léirítear i mBileog 35 de phlean geolaíochta go síneann sraitheanna Ghaineamhchloch Sherwood thar an bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan ag

ceann thuaidh an idirnascaire a bheartaítear. Mar sin féin, léirítear i dtorthaí ó imscrúdú ar an talún a rinneadh ag suíomh an fhostáisiúin in 2006 gurb é atá sa bhuncharraig ná Grúpa Láibchloiche Mercia ón ré Thriasach seachas Gaineamhchloch Sherwood mar a thaispeántar sa phlean geolaíochta a foilsíodh. Is éard atá i nGrúpa Láibchloiche Mercia láibchloch dhearg agus ghlas agus bandaí gipsim; luíonn sé thar Ghaineamhchloch Sherwood.

26. Sil-leagain charbónmhara den chuid is mó a luíonn faoin gcuid theas den líne i gContae na Mí idir Túir 260-290 agus 304-410. Tá Foirmíocht Leamhcáin (Cailp) faoi bhun an chuid láir den idirnascaire a bheartaítear. Úsáidtear an téarma 'Cailp' chun tagairt a dhéanamh d'aolchlocha imchuach agus sceallaí éagsúla a bhíonn sna comhleantachtaí sin. Bíonn na haonaid Chailpe comhdhéanta de ghnáth d'aolchloch liath dhorcha, mhínghráinneach, eisíon le sceallaí idirchisealaithe agus féitheacha de sparra cailcreach bán. Is gné den chomhshaoil sil-leaganach atá san éagsúlacht i dtiús cail, i méid an ghráinne, i ndath agus i gcomhréir an scealla.
27. Tá Foirmíocht na Mí comhdhéanta de liteolaíochtaí éagsúla lena n-áirítear micrít, úilít, gaineamhchloch, aolchloch chréúil agus scealla. Tá Foirmíocht na Mí ina príomh-mhianchorp ag mianchorp Luaidhe-Since Mhianaigh na Teamhrach. Tá Grúpa na hUaimhe comhdhéanta go príomha d'aolchlocha créúla, de sceallaí agus de ghaineamhchlocha. Laistigh de Ghrúpa na hUaimhe tá roinnt ball lena n-áirítear Ball Gaineamhchloiche Pháirc na Carraige.
28. Tá Grúpa Bhaile Chrúis agus Grúpa Fhine Gall in Abhantrach na hAbhann Rua (idir Maigh nEalta, Droichead Chearbhalláin agus an Obair) agus tá siad suite faoi bhun na coda idir Túir 260 agus 285. Tá smacht struchtúrtha ag cuaschlaonas in Abhantrach na hAbhann Rua a théann ón oirthuaisceart go dtí an t-iardeisceart ar Ghrúpa Bhaile an Chrúisigh agus ar Ghrúpa Fhine Gall. Tá Grúpa Bhaile Chrúis comhdhéanta den chuid is mó d'Aolchlocha Bhaile Stiabhna agus Waulsort. Tá Grúpa Fhine Gall comhdhéanta go príomha d'aolchlocha Cailpe.
29. Sil-leagadh sraitheanna tiubha de ghaineamhchlocha, de shioltachlocha agus de sceallaí mara Namúracha ní ba dhéanaí le linn na Tréimhse Carbónmhaire Uachtaraí (tuairim is 340 milliún bliain ó shin). Bíonn roinnt liteolaíochtaí éagsúla chomh maith sna Gaineamhchlocha agus Sceallaí Namúracha, ach mar gheall ar dhrochnochtadh, tugtar rangú ginearálta do na carraigeacha sa limistéar. Bíonn na strataim Namúracha comhdhéanta de ghnáth de shioltachlocha, láibchlocha idirchisealaithe le gaineamhchlocha mínghráinneacha-meánghráinneacha, láibchloch/sioltachloch chailcreach agus aolchloch chréúil agus tagtar orthu idir Túir 387 agus 404.

12.3.4 Hidrigeolaíocht

30. Tá an-éagsúlacht sna hithreacha agus sa bhuncharraig feadh an limistéir mheasúnaithe ó thaobh a saintréithe hidrigeolaíocha de. De ghnáth, baineann tréscailteacht íseal le sceallaí agus le gréabhacaí Ordaiviseacha agus tá easpa screamhuisce iontu seachas ag doimhneacht éadomhain. Tá screamhuisce i láthair sna sraitheanna sin ach is dóchúil nach bhfuil ach méid beag i gceist agus, de ghnáth, bíonn screamhuisce teoranta do bhristeacha agus do chríos síonchaite uachtair na sraitheanna. Téitear thar éiceachóras talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE), is é sin, cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, in dhá áit i gContae na Mí.
31. I gcodarsnacht leis sin, cruthaíonn Gaineamhchloch Sherwood faoin gcuid thuaidh den idirnascaire a bheartaítear (Túr 2 go Túr 10, Túr 12 agus Túr 22 go Túr 48) uiscíoch an-táirgiúil. Is uiscígh tháirgiúla iad aolchlocha Viséacha thart faoi Ard Mhacha freisin, cé go dtéann an sreabhadh sna sraitheanna sin trí scoilteáin den chuid is mó. Is beag cumas atá ag glár mar uiscíoch agus ní bhfaightear mórán screamhuisce ann. Baineann tréscailteacht mheasartha leis na máthairábhair ghláracha agus ghainimh agus ghairbhéil atá le feiceáil feadh codanna den limistéar a ndearnadh measúnú air. De ghnáth, baineann tréscailteacht íseal le créanna oighreacha, cé go bhféadfadh siad bheith measctha go háitiúil le sil-leagain ghráinneacha atá níos tréscailtí.
32. Faightear screamhuisce sna haonaid ghráinneacha de na sil-leagain dromchla agus is dócha go bhfuil an screamhuisce faoi leanúnachas hidrálach leis an gcóras áitiúil uisce dromchla go ginearálta.
33. Meastar go mbaineann tréscailteacht mheasartha leis na sraitheanna carbónmhara, atá comhdhéanta go príomha d'aolchloch, mar aon le bandaí gaineamhchloiche agus scealla, agus go mbaineann tábhacht áitiúil leo mar acmhainn screamhuisce.
34. Tá tuilleadh sraitheanna carbónmhara áitiúla faoin gcuid thuaidh den idirnascaire a bheartaítear a fhad leis an bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan (Túr 1 go Túr 48 nó mar sin) ach is carraigeacha Triasacha atá i gceist go príomha. Cuimsítear go príomha leis na sraitheanna Triasacha Gaineamhchloch Sherwood, ionadaithe ag Gaineamhchloch Dhoire Craoibhe agus Foirmíocht Láibchloiche Mercia – marla Keuper mar a thugtaí air. Gabhann ard-tréscailteacht idirghráinneach agus tréscailteacht thánaisteach shuntasach le Gaineamhchloch Sherwood de ghnáth, arna chur in iúl ag bristeacha, agus éascaíonn sé seo gluaiseacht screamhuisce. Uiscíoch mór lena mbaineann tábhacht réigiúnach í Gaineamhchloch Sherwood. Baineann tréscailteacht íseal le Láibchloch Mercia, a luíonn thar Ghaineamhchloch

Sherwood agus atá le fáil faoi bhun an fhostáisiúin a bheartaítear. Cuireann sé seo srian le sreabhadh screamhuisce agus is beag tábhacht atá aici maidir le soláthar uisce. Níl aon fhuaráin ná tollphoill soláthair uisce phoiblí ann cheana féin i bhfoisceacht an idirnascaire a bheartaítear.

35. Seachas ag na suíomhanna fostáisiúin, níor tugadh faoi iniúchtaí ar bith ar an talamh maidir leis an idirnascaire a bheartaítear. Is féidir a rá, áfach, gur dócha go mbeidh an screamhuisce éadomhain in áiteanna a mbeidh na túir suite ar urlár an ghleanna. Ar an talamh ard, is dócha go mbeidh leibhéal an screamhuisce níos doimhne agus d'fhéadfadh go mbeadh sé faoi bhun ceann ar bith de na tochailtí atá ag teastáil do na bunsraitheanna túir.
36. Tugtar le fios ón imscrúdú a rinneadh ar an talamh ag suíomh an fhostáisiúin in Turleenan sa bhliain 2006 go mbeadh screamhuisce fara áitiúil (pócaí scoite screamhuisce os cionn leibhéal an phríomhchláir screamhuisce) sna sil-leagain dromchla os cionn leibhéal na dtoghailtí a bheartaítear.

12.3.5 Limistéir a bhfuil Tábhacht Oidhreacht Gheolaíochta leo

37. Is éard a thugtar ar shuíomhanna tábhachtacha ar féidir iad a shainiú chun críocha geolaíochta ná Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) agus Suíomhanna Geolaíochta Contae (CGS) in Éirinn, agus Limistéir Sainspéis Eolaíochta (ASSI) agus Suíomhanna na Meithle Athbhreithnithe ar Chaomhnú Domhaneolaíochta (ESCR) i dTuaisceart Éireann. Tá 11 shuíomh den sórt sin suite laistigh de 5 km ón idirnascaire a bheartaítear. Beartaítear Túr 261 a shuí laistigh de teorainn CGS Shruth Allt Maise agus suífead Túr 381 laistigh de CGS Mhoiréan Ghalltroma. Lena chois sin, tá Túir 355 agus 356 lonnaithe in aice le teorainn thoir CGS na Bóinne. Tá CGS an Easáin lonnaithe 170 méadar soir ó dheas ó Thúr 117 agus tá CGS na Léime Giorra suite 60 méadar soir ó thuaidh ó Thúr 108.
38. Tá Sruth Allt Maise comhdhéanta de chuid leanúnach de lomáin charraigeacha nádúrtha de sceall agus d'aolchloch na Tréimhse Carbónmhara Íochtair feadh bruach srutha thar 1.5 km, agus beartaíodh é mar CGS faoi Théamaí Carbónmhara Íochtaracha IGH8 agus faoi Théamaí Carbónmhara Uachtaracha IGH9. Tá sampla d'eiscir a thrasnaíonn moiréan i Moiréan Ghalltroma. Tá sé beartaithe go mbeadh an suíomh ainmnithe ina CGS faoi théama Ceathartha IGH7 mar go bhfuil sé uathúil in Éirinn. Cuid den Bhóinn é CGS na Bóinne ina bhfuil ceann de na samplaí de chóras cainéil dheighiltigh (tréig-abhann) i gContae na Mí; beartaíodh é a ainmniú faoi théama Geomoirfeolaíocht Srutha/Locha IGH14. Téann an línebhealach thar an CGS. Ní ann d'aon túir i CGS na Bóinne. Chuathas i mbun comhairliúcháin leis an GSI i dtaca le tionchar féideartha agus bearta maolaithe maidir le suíomhanna CGS.

39. Níl aon suíomhanna eile geolaíocha sainithe eile laistigh de 500 m ón idirnascaire a bheartaítear agus, dá bhrí sin, ní mheasfar go mbeidh aon tionchar dóchúil suntasach ar na suíomhanna sin atá suite i bhfad ar shiúl uaidh.

12.3.6 Suíomhanna Mianadóireachta Reatha agus Stairiúla

40. Is iad Mianaigh na Teamhrach, gar don Uaimh, Contae na Mí, an príomhlimistéar mianadóireachta in aice leis an idirnascaire a bheartaítear. Tá mianadóireacht Luaidhe agus Sínce ar siúl i Mianaigh na Teamhrach ar feadh os cionn 30 bliain. Síneann an limistéar mianadóireachta reatha siar ón Uaimh agus tá sé faoi bhun an idirnascaire a bheartaítear, go háirithe i gceantar Bhaile na nGael, Bhaile an Bhiataigh agus Ongenstown idir túir 330 agus 332. Tugtar an síneadh “SWEX B” ar an limistéar sin. Tá an mianrú SWEX B fad suntasach faoin dromchla, timpeall 650 m go 900 m faoi leibhéal na talún (mbgl). Rinneadh iniúchadh fairsing ar gheolaíocht an limistéir sin mar gheall ar mhianadóireacht. Níl mianaigh mhóra ar bith eile suite feadh an idirnascaire a bheartaítear. Ní thrasnaíonn an idirnascaire a bheartaítear Foirmíocht Ghipsim Dhún an Rí, atá suite timpeall 1 km soir ón idirnascaire a bheartaítear. Ní théann an t-idirnascaire i bhfeidhm go díreach ar aon chairéil ghníomhacha ná ar aon phoill ghainimh agus ghairbhéil.

12.3.7 Talamh Éillithe

41. Is é is talamh éillithe ann ná talamh ina bhfuil dóthain substaintí le dochar a dhéanamh nó ar dócha go ndéanfaid siad dochar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nó don chomhshaoil, go háirithe uisce dromchla nó screamhuisce.
42. Tá an measúnú a rinneadh chun láithreach agus méid na talún a d’fhéadfadh a bheith éillithe sa limistéar a ndearnadh measúnú air bunaithe ar an gcur chuige seo a leanas:
- Foinsí féideartha éilliúcháin a shainaithint;
 - Gabhdóirí féideartha a d’fhéadfadh a bheith buailte go holc ag na héilleáin a shainaithint; agus
 - Bealaí féideartha idir an fhoirse/na foinsí agus an gabhdóir/na gabhdóirí a shainaithint.
43. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ábhar salaithe ann agus d’fhéadfadh an t-ábhar salaithe bheith ina riosca don ghabhdóir/do na gabhdóirí agus d’fhéadfaí a mheas gur suíomh éillithe é.
44. Sainaithníodh i mbunachar sonraí an NIEA um Thalamh Éillithe go bhféadfadh roinnt suíomhanna i dTuaisceart Éireann a bheith faoi thalamh éillithe i

ngarchomharsanacht an idirnascaire a bheartaítear. Ina theannta sin, níl aon bhunachar sonraí maidir le talamh éillithe ar fáil do Chontae Mhuineacháin, do Chontae an Chabháin ná do Chontae na Mí. Ní dhearnadh suíomhanna an NIEA a bhailíochtú go hiomlán agus meastar gur dóchúil go bhfuil coinníollacha an cháis is measa iontu, inar sainaithníodh go bhféadfadh éilliú a bheith ann ach nár deimhníodh aon fhianaise ar éilliú dáiríre, amhail iaroibriú mianraí/iarchairéal a d'fhéadfadh bheith inlíonta nó gan a bheith inlíonta. In éagmais faisnéis shuíomhoiriúnaithe faoi choinníollacha talún, rinneadh breithmheas 'an cháis is measa' ar an mbonn tuisceana gur éillithe atá gach ceann de na suíomhanna.

45. Tá 16 shuíomh ar bhunachar sonraí NIEA um Thalamh Éillithe laistigh de limistéar an idirnascaire a bheartaítear a ndearnadh measúnú air, agus tá seacht gcinn de na suíomhanna sin suite i bhfoisceacht an idirnascaire a bheartaítear. I measc na suíomhanna sin, tá iarthalamh iarnróid, iarchairéil agus oibreacha ceimiceacha. Rinneadh réamh-mheasúnú ar an riosca a bhaineann leis na suíomhanna sin do shláinte an duine, d'uisce dromchla agus do screamhuisce. Déantar amach nach bhfuil na suíomhanna sin a d'fhéadfadh a bheith faoi thalamh éillithe a sainaithníodh i mbunachar sonraí an NIEA i bhfoisceacht bhealach an idirnascaire a bheartaítear, ina mór-riosca éilliúcháin ná ina bac leis an idirnascaire a bheartaítear. Níl aon cheann de na túir suite ar thalamh a d'fhéadfadh a bheith éillithe. Go hachomair, déantar amach gur diomaibhseach é an tionchar a bhaineann le talamh éillithe.
46. I gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, sainaithníodh suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith faoi thalamh éillithe bunaithe ar léarscáilíocht staire, grianghraif ón aer, LiDAR agus cuairteanna suímh. Tá 21 suíomh sainaitheanta laistigh de limistéar an idirnascaire a bheartaítear a ndearnadh measúnú air, agus tá seacht gcinn de na suíomhanna sin suite i bhfoisceacht an idirnascaire a bheartaítear. I measc na suíomhanna sin, tá roinnt iar-iarnród agus cairéal/claiseanna suite feadh na líne. Rinneadh réamh-mheasúnú ar an riosca a bhaineann leis na suíomhanna sin do shláinte an duine, d'uisce dromchla agus do screamhuisce. Mar sin féin, déantar amach nach bhfuil na suíomhanna sin a d'fhéadfadh a bheith faoi thalamh éillithe a sainaithníodh i bhfoisceacht bhealach an idirnascaire a bheartaítear, ina mór-riosca éilliúcháin ná ina bac leis an idirnascaire a bheartaítear. Ní chuirfidh na hoibreacha tógála isteach ar aon éilliú féideartha agus ní athróidh na hoibreacha staid na talún mar atá sí faoi láthair. Toisc nach rachadh tógáil na dtúr i bhfeidhm ar thalamh a d'fhéadfadh a bheith éillithe, meastar nach ndéanfar aon bhealaí éilleáin a shonrú mar chuid den idirnascaire a bheartaítear.
47. Tugtar sonraí breise i Rannán 9.5 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 7.6 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

12.4 Bearta Maolaithe

48. Agus bealach an idirnascaire a bheartaítear á aithint, úsáideadh bearta chun tionchar a sheachaint.

12.4.1 Céim na Tógála

49. Áirítear le bearta chun tionchar na forbartha ar gheolaíocht áitiúil a laghdú an oiread agus is féidir athúsáid ábhair ar an suíomh agus ábhar breise a fháil ó fhoinsí áitiúla. Sheachain suí na dtúr limistéir mhóna atá slán, agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar ar hidreolaíocht na mbalc móna i gcóngarach an idirnascaire a bheartaítear. Is éard a chuirfear san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála atá á fhorbairt don idirnascaire a bheartaítear na bearta arb é is aidhm dóibh screamhuisce agus uisce dromchla a chosaint agus bainistiú a dhéanamh ar aon ábhair éillithe a dtagtar orthu gan choinne le linn chéim na tógála. Tugtar an srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) san EIS, Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B agus san Aguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Aguisín 9.1.

50. Beartaítear an tionchar féideartha ar CGS Shruth Allt Maise, ar CGS Mhoiréan Ghalltroma agus ar CGS na Bóinne a mhaolú. Tiocfar ar ithreacha agus ar bhuncharraig le linn oibreacha ag iniúchadh an tsuímh/thógáil na dtúr. Chuathas i gcomhairle leis an GSI ag gach céim den iarratas. Áirítear na nithe seo a leanas le bearta maolaithe a comhaontaíodh leis an GSI:

- Leanúint le comhairliúchán leis an GSI;
- Tochailt a theorannú trí thochailt a dhéanamh ar lorg riachtanach an túir ag CGS Mhoiréan Ghalltroma agus ag CGS Shruth Allt Maise;
- Fanacht fad cuí amach ó Shruthán Allt Maise; agus
- Cuirfidh an forbróir an GSI ar an eolas maidir le haon chuid/ghné nua shuntasach geolaíochta a nochtar laistigh de lorg an túir.

51. Déanfaidh conraitheoirí cuí gach dramhaíl tógála a stóráil, a láimhseáil, a bhogadh, a athúsáid nó a dhiúscairt go cuí de réir na Creat-Treorach Dramhaíola agus na reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Déanfar farasbarr ithreacha/fo-ithreacha a dhiúscairt ag saoráidí ceadúnaithe/ceadaithe bainistiú dramhaíola. Beidh na ceadanna agus na cáipéisí riachtanacha dramhaíola ag teastáil le haghaidh gach ábhair dhramhaíola mar chuid de chlár na tógála agus den CEMP.

52. Rinneadh imscrúduithe talún ar shuíomh an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan, áit a mbeadh gá le créchartadh mór. Tabharfar faoi imscrúdú talún ag gach láthair

thúir leis an ngeolaíocht réamh-mheasta a dheimhniú agus, dá bhrí sin, leis an dearadh bunsráithe is gá a shoiléiriú.

53. Le linn thógáil na dtúr, ginfear thart ar 42,740 m³ d'ábhar i dTuaisceart Éireann agus athúsáidfear 14,210 m³ den ábhar sin ag na suíomhanna túir. Bheadh farasbarr de thart ar 28,530 m³ d'ábhar ann ón bpróiseas tógála túr; gheofar réidh leis sin lasmuigh de theorainn an limistéir oibre. Bhraithfeadh méid beacht an fharasbairr ábhair ar an gcineál bunsráitheanna a d'úsáidfí ag gach láthair thúir a bheartaítear; braitheann sé sin ar na coinníollacha talún ag gach láthair thúir agus ar cé acu is féidir nó nach féidir leis an úinéir talún an farasbarr ábhair a athúsáid go tairbheach. Bheadh an farasbarr ábhair, lena gcuimsítear ithreacha agus carraigeacha arna dtochailt go nádúrtha, gan éilliú agus thógfaí é lena dhiúscairt i suíomh diúscairta/bainistíochta dramhaíola atá ceadúnaithe go cuí.
54. Meastar go mbeadh 250,000 m³ d'ábhar gearrtha le sonrú ón bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan. Athúsáidfear thart ar 156,000 m³ de sin ar an láthair le hardán an fhostáisiúin a athghrádánú agus le haghaidh bundaí sciata. Diúscrófar an farasbarr ábhair de thart ar 94,000 m³ i suíomhanna diúscairta/bainistíochta dramhaíola atá ceadúnaithe go cuí. Toisc go mbainfidh an t-idirnascaire a bheartaítear úsáid as Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana féin, ní dhéanfar ach tochailtí beaga. Tochlófar 3,500 m³ d'ábhar ag an láthair sin agus bainfear leas as i mbundaí ar an láthair nó diúscrófar é i suíomh cuí ceadúnaithe dramhaíola. San iomlán, athúsáidfear, athchúrsálfar nó diúscrófar thart ar 126,000 m³ d'fharasbarr ábhair lasmuigh den láthair. Stórálfar ithir agus fo-ithir thochailte cóngarach don limistéar tochailte laistigh den limistéar oibre. Déanfar ábhar tochailte a athúsáid in situ nuair is féidir. Diúscrófar an farasbarr ábhair i saoráidí ceadúnaithe dramhaíola.
55. Meastar go dtiocfaidh an tionchar féideartha is mó ar screamhuisce ó thógáil an fhostáisiúin in Turleenan, áit a mbeidh gá le tochailt i bhfad níos mó de thart ar 250,000 m³. Mar sin féin, ní bheadh tochailt mhór faoi chlár an screamhuisce i gceist i ndearadh beartaithe an fhostáisiúin agus, dá bhrí sin, meastar nach mbeadh tionchar ag tógáil an fhostáisiúin a bheartaítear ar leibhéal an screamhuisce nó ar shreabhadh de bhrí nach mbeadh call le haon dí-uisciú ollmhór. Dá réir sin, ní bheidh ach tionchar diomaibhseach ar an screamhuisce agus ní bheadh gá le haon bhearta maolaithe mar chuid de thógáil an fhostáisiúin.
56. Is cianda ó ionaid réadmhaoine atá formhór na láithreacha túir agus, dá bhrí sin, ní dóchúil go mbeidh tionchar ag dí-uisciú gearrthéarmach na dtochailtí ar na toibreacha agus na tollphoill atá ann.

57. Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh san uisce a phumpáiltear ó na tochailtí. Bainfear úsáid as gnáthmhodhanna dí-uisciúcháin, lena n-áirítear teilgirí, tobarphointí nó caidéal intumtha. Is féidir go mbeidh síothlú ag teastáil chun laghdú a dhéanamh ar thiúchan na solad ar fuaidreamh ar mhaithe le cáilíocht an chórais uisce ghlactha a chosaint. Déanfar síothlú trí ghnáthchóras scagacháin uisce chun laghdú a dhéanamh ar an méid dríodair atá sa screamhuisce a ritheann chun srutha. Ní cheadófar scaoileadh díreach chuig sruthanna ná chuig aibhneacha.
58. Déanfaidh an conraitheoir teagmháil leis na húdaráis chuí maidir le diúscairt nó ionadú sábháilte na n-ithreacha atá buailte ag galar fadharcáin prátaí (PWD). Má chaitheann ithir fhoirgthe a thógáil as an suíomh, lorgódh an conraitheoir comhairle chun suíomhanna oiriúnacha diúscartha a roghnú agus teacht ar réiteach maidir le modheolaíocht le haghaidh na n-oibreacha sula n-eiseofaí an ceadúnas aistriúcháin riachtanach, lena n-áireofaí bearta a nglacfar leo chun cosc a chur ar scaipeadh an ghalair. Fiú mura dtógtar ithreacha buailte ón suíomh, cuirfidh an conraitheoir bearta i bhfeidhm chun an baol go scaipfí an galar a laghdú an oiread agus is féidir, mar shampla, rothaí na leoraithe uile a fhágann na limistéir tógála a ghlanadh sula sroicheann siad an bóthar poiblí agus na huirlisí agus an trealamh crécharta uile a ghlanadh tar éis iad a úsáid i limistéir fhoirgthe ionas nach n-iomprófaí ithir fhoirgthe go talamh talmhaíochta shlán.
59. Cé nach bhfuil aon fhianaise ann go gcuirfidh na hoibreacha tógála isteach ar ábhair éillithe, déanfar measúnú ar gach ábhar a thochlófar le haghaidh éilliú féideartha, amhail smálú nó drochbholaithe. I gcás go dtabharfar smálú nó drochbholadh ar bith faoi deara, déanfar anailís ar shamplaí na hithreach sin le haghaidh ábhar salaithe le cinntiú nár truaillíodh an ithir roimhe. Má dhearbhaítear gurb éillithe atá aon chuid den ithir thochailte, déileálfar leis go cuí de réir na rialachán um bainistiú dramhaíola i réim ag an am.
60. Níl ceann ar bith de na túir a bheartaítear ná an fostáisiún a bheartaítear lonnaithe ar cheantair thalún éillithe atá ar eolas. Cé nach meastar go mbeidh tógáil na dtúr agus an fhostáisiúin ina riosca ó thaobh talamh éillithe de, bíonn riosca ann i gcónaí go dtiocfar ar éilliú talún le linn thógáil na forbartha. Is de réir Straitéis Aimsithe a chuirfear san áireamh sa CEMP a dhéanfaí bainistiú ar aon ábhar éillithe a thochlófar gan choinne mar chuid de thógáil na forbartha.
61. Chun aon tionchar ar an tsraith fhodhromchla ó dhoirteadh ábhar a íoslaghdú, stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchlaí bundaithe sealadacha dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundáilte cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithicilí tógála agus cur olaí hidrálacha nó bealaí ar fheithicilí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú

laistigh de 50 m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibrithe chun an trealamh sin a úsáid i gceart. Déanfar aon ithreacha éillithe a bhaint as an suíomh agus a aistriú chuig suíomh ceadúnaithe bainistíochta dramhaíola lena gcóireáil agus/nó lena ndiúscairt.

62. Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfear le linn chéim na tógála chun a chinntiú go gceartófar aon damáiste nó ligean. Tá an tionchar féideartha teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfear ar an suíomh. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Nuair is cuí, beidh na nithe seo a leanas i gceist leis na réamhchúraimí sin:

- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
- Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
- Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus
- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.

63. Má dhéantar cleachtais oibre a smachtú trí thógáil talún a íoslaghdú, trí athláimhseáil ithreacha a sheachaint, trí ghluaiseachtaí feithiclí easbhóthair a íoslaghdú agus trí mhéid stoc-charn a laghdú, laghdófar balcadh agus creimeadh ábhar. Nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe, cuirfear an bealach isteach agus na limistéir oibre mórthimpeall ar na struchtúir línte lasnairde ar ais mar a bhí, a mhéad agus is féidir sin. Meastar gur dóchúil gur beag agus de chineál gearrthéarmach a bheidh aon tionchar.

64. Ní dhéanfar rianta sealadacha tógála a thógáil ná a leagan ach amháin san áit nach mbeadh staid na talún go maith, nó a mbeadh gabhdóir íogair nó úsáid íogair talún ann. Cé go bhfuil talamh fhabhrach i gcoitinne sa tír-raon feadh an chuid is mó den bhealach a bheartaítear, d'fhéadfadh teicnící tógála éagsúla agus innealra/trealamh éagsúil a bheith i gceist ag brath ar staid na talún i gcodanna ar leith den bhealach agus/nó ar an aimsir le linn na tréimhse tógála.

65. Ní bheidh tionchar ag láithreach an idirnascaire a bheartaítear sa Bhóthar Mín ar oibriú Mhianaigh na Teamhrach. Tá an mhianadóireacht ar fad sa sil-leagan SWEX 2 níos mó ná 750 m faoi bhun leibhéal na talún. Réamh-mheastar nach mbeidh ach tionchar diomaibhseach ag an idirnascaire a bheartaítear. Déanfaidh an forbróir

teagmháil le Mianaigh na Teamhrach le linn chéim na tógála agus na céime oibríche chun a dheimhniú nach dtiocfaidh aon choinbhleachtaí aníos.

66. Na bearta maolaithe a leagtar amach maidir le hithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht, déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den CEMP. Mar a luadh cheana féin, is féidir srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) a aimsiú san EIS, Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B agus san Aguisín leis an ES Comhdhlúite, Aguisín 9.1.
67. Thiocfadh le tógáil na dtúr mionathrú sealadach a chur ar leibhéal agus ar shreabhadh an screamhuisce. Lena chois sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag dí-uisciú agus sceitheadh uisce pumpáilte chuig na córais screamhuisce/uisce dromchla ar cháilíocht an uisce. Mar sin féin, déantar amach gur féidir aon tionchar féideartha a láimhseáil trí na bearta molta maolaithe a chur i bhfeidhm. Cuirtear bearta maidir le bainistíocht uisce a eascraíonn as na suíomhanna tógála san áireamh i Rannán 9.5 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i gCaibidil 7, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D den EIS agus an srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear.
68. Ní féidir dearadh beacht bhunsraitheanna na dtúr agus an gá le haon dí-uisciú screamhuisce ar mhaithe leis an tógáil a dheimhniú go dtí go ndéantar athbhreithniú ar na himscrúduithe talún a dtabharfar fúthu ag gach láthair thúir. Mar sin féin, réamh-mheasadh an staid talún ag gach túr agus ullmhaíodh bearta maolaithe chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar an raon staideanna geolaíocha agus hidrigeolaíocha suímh a bhfuiltear ag súil leo. Sula gcuirfead tús leis an tógáil, déanfar na staideanna réamh-mheasta talún do gach suíomh ar leith a dheimhniú trí imscrúdú cuí talún.
69. Táthar ag súil go mbeidh gá le dí-uisciú ag roinnt láithreacha túir chun gur féidir freastal ar an tógáil. Is é an t-imscrúdú talún a dhéanfar roimh an tógáil a dheimhneoidh cé acu a bheidh nó nach mbeidh gá le dí-uisciú. Má mheastar go bhfuil baol maolaithe ann i leith tollpholl, tobar nó fuarán reatha soláthar uisce, cuirfead soláthar cuí eile ar fáil le haghaidh na tréimhse dí-uisciúcháin.

12.4.2 An Chéim Oibríoch

70. A luaithe a thógfar bonneagar (túir agus fostáisiún) an idirnascaire a bheartaítear, meastar nach mbeadh aon tionchar ina dhiaidh sin ar na coinníollacha geolaíocha le linn na céime oibríche.
71. Úsáidfí an t-idirnascaire a bheartaítear an fostáisiún atá ag Fearann na Coille cheana féin, rud a laghdóidh an tionchar ar an gcomhshaoil. Níl sé beartaithe fuíolluisce a scaoileadh go screamhuisce mar chuid den fhorbairt.

72. Bheadh tionchar ar screamhuisce i ndiaidh thógáil an idirnascaire a bheartaítear teoranta do shaincheisteanna a bhaineann le stóráil agus úsáid éilleán ag an bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan agus d'úsáid poll súite umair sheiptigh le haghaidh bainistiú uisce bhréin ag an bhfostáisiún. Déanfar na substaintí sin a stóráil agus a úsáid de réir na dtreoirlínte caighdeánacha agus de réir threoracha an déantúsóra. Dá réir sin, déantar amach nach mbeadh na rioscaí féideartha agus an tionchar ar screamhuisce agus ar cháilíocht an uisce dromchla ach diomaibhseach.

12.5 Tionchar Iarmharach

12.5.1 Forbhreathnú

73. Mar gheall ar nádúr an idirnascaire a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt. Meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach ag tógáil an idirnascaire a bheartaítear ar na hithreacha agus ar an ngeolaíocht.

12.5.2 Céim na Tógála

74. Rinneadh measúnú bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí (nó tionchar) féideartha feadh an línebhealaigh a shainithint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ann agus beidh tionchar féideartha ar an ngabhdóir/ar na gabhdóirí. Ó thaobh uisce dromchla agus éiceolaíochta de, téann an línebhealach thar éiceachóras talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE), is é sin, cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe. Mar sin féin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach réamh-mheasta aníos mar chuid den idirnascaire a bheartaítear.
75. De bharr na bearta cóireála a bheartaítear a chur i bhfeidhm le haghaidh uisce a scaoilfead as na suíomhanna, déanfar cinnte de nach dtiocfadh aon mheath suntasach ar cháilíocht an screamhuisce i gcomharsanacht na dtoghailtí le haghaidh na dtúr agus an fhostáisiúin. Déanfar cinnte nach n-éilleofaí screamhuisce ach na bearta maolaithe a bheartaítear a ghlacadh. Dá réir sin, déantar amach nach mbeidh aon tionchar suntasach hidrigeolaíochta ná aon drochthionchar iarmharach le sonrú mar thoradh ar thógáil an idirnascaire a bheartaítear.

12.5.3 An Chéim Oibríoch

76. Meastar nach mbeadh aon tionchar suntasach ag oibriú an idirnascaire a bheartaítear ar ithreacha ná ar an ngeolaíocht.

77. Níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaoil hidrigeolaíoch mar gheall ar oibriú na líne lasnairde a bheartaítear ná mar gheall ar oibriú an fhostáisiúin. A luaithe a thógtar an t-idirnascaire a bheartaítear, ní phumpálfar screamhuisce ar bith agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ar leibhéal ná ar shreabhadh an screamhuisce. De réir na teorach reatha, déanfar bearta caighdeánacha, a mhionsonraítear i Rannán 9.5 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 7.6 den EIS, a chur i bhfeidhm chun éilleáin fhéideartha a bhainistiú, go háirithe olaí, a stórálfar agus a úsáidfear ar na fostáisiúin. Déanfar díúscairt uisce bhréin trí umar múnlaigh ag an bhfostáisiún in Turleenan a bhainistiú chun tionchar ar cháilíocht uisce a laghdú an oiread agus is féidir. Déantar amach nach mbeadh ach tionchar iarmharach diomaibhseach ar cháilíocht an screamhuisce.
78. Mar gheall ar nádúr an idirnascaire a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt. Meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach ag tógáil na forbartha a bheartaítear ar na hithreacha, ar an ngeolaíocht ná ar an screamhuisce.
79. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an gcomhshaoil geolaíoch nó hidrigeolaíoch áitiúil mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart maolaithe. Táthar ag tuar gur diomaibhseach a bheidh an tionchar iarmharach ar ithreacha agus ar gheolaíocht.

12.6 Tionchar Trasteorann

80. Tá tionchar srianta ar ithreacha agus geolaíocht feadh na teorann mar gheall ar chomh teoranta is atá tochairtí agus oibreacha gaolmhara. Tá Túr 98 go Túr 102 suite i dTuaisceart Éireann cóngarach don teorainn agus tá Túr 103 go Túr 107 suite i gContae Mhuineacháin laistigh de 200 m den teorainn.
81. Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar na coinníollacha geolaíochta agus screamhuisce ón gcuid den idirnascaire a bheartaítear i gContae Mhuineacháin ar an timpeallacht ghlactha i dTuaisceart Éireann agus vice versa. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh tionchar trasteorann ar bith ag an idirnascaire a bheartaítear ar ithreacha, ar an ngeolaíocht ná ar screamhuisce.
82. Is í an chonclúid nach mbeidh aon aistriú trasteorann ithreacha agus, dá bhrí sin, nach mbeidh aon tionchar trasteorann ann.
83. Tugtar sonraí breise i gCaibidil 20 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 7.9 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

12.7 Conclúidí

84. Rinneadh breithmheas ar an idirnascaire a bheartaítear maidir leis na coinníollacha talún, geolaíochta agus hidrigeolaíochta de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta náisiúnta faoi seach is infheidhmithe sa dá dhlínse.
85. Mar gheall ar nádúr an idirnascaire a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó ar an ngeolaíocht (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt. Faoi mar a bheartaítear sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS (agus faoi mar a achoimrítear thuas), cuirfear bearta maolaithe chun feidhme le linn chéim na tógála chun tionchar a íoslaghdú nó a dhíbirt.
86. Tá an fho-ithir faoin idirnascaire a bheartaítear comhdhéanta den chuid is mó de shil-leagain tille neamhshórtáilte agus tá dornán dríodair bhoga lena n-áirítear sil-leagain mhóna agus ghláracha feadh an idirnascaire a bheartaítear freisin. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag céim na tógála den idirnascaire a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha le haghaidh thógáil na dtúr agus as tochairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus an fhostáisiúin agus as na tochairtí atá ag teastáil don chlós stórála le haghaidh ábhar tógála agus do na fostáisiúin in Turleenan agus i bhFearann na Coille.
87. Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Dá réir sin, meastar nach mbeadh aon drochthionchar ag na tochairtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil an idirnascaire a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
88. Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar na coinníollacha geolaíochta agus screamhuisce sa limistéar a ndearnadh measúnú air. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an idirnascaire a bheartaítear ar ithreacha, ar an ngeolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaoil hidrigeolaíoch áitiúil. Táthar ag tuar gur diomaibhseach a bheidh aon tionchar ar ithreacha agus ar gheolaíocht.
89. Déantar amach nach mbeidh aon drochthionchar iarmharach suntasach ar an ithir, ar an ngeolaíocht ná ar dhálaí screamhuisce mar gheall ar thógáil nó oibriú an idirnascaire a bheartaítear.

13. Uisce

13.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar an screamhuisce sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 8 (Uisce) agus is iad na caibidlí ábhartha den EIS ná Caibidil 8 (Uisce) d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D. Maidir leis an measúnú riosca ar thuilte, pléadh leis sin i gCaibidil 17 den ES Comhdhlúite agus i gCaibidil 8, Imleabhar 3D agus 3D den EIS.

13.2 Modheolaíocht

3. Cinneadh scóip an mheasúnaithe agus na modheolaíochta trí staidéar bonnlíne d'fhonn tuiscint iomlán a fháil ar an timpeallacht uisce reatha laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air mar aon le measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an idirnascaire a bheartaítear, agus a dheimhnítear trí dhul i gcomhairle le comhlachtaí forordaithe.
4. Díritear sa mheasúnú tionchair uisce seo ar cháilíocht an uisce dromchla de bhrí gur le linn na céime sin den idirnascaire a bheartaítear a bhíonn an seans is mó go sonrófar drochthionchar suntasach ar dhobharlaigh dhromchla. I measc an tionchair fhéideartha a bheidh ann gan bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, tá tionchar fisiceach díreach ar shruthchúrsaí agus truailliú siolta agus ceimiceach. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith aige ar ghabhdóirí féideartha nó d'fhéadfadh an tionchar sin tarlú trí thruailliú a chuaigh le sruth. Rinneadh breithniú sa mheasúnú seo ar na hoibreacha tógála ar an bhfostáisiún a bheartaítear ag Turleenan, ar oibreacha ar an bhfostáisiún reatha ag Fearann na Coille, ar shuiteáil gach túir mar aon le haon bhonneagar sealadach gaolmhar.
5. Tá tuilleadh sonraí ar íogaireacht éiceolaíochta na n-uiscí dromchla sna caibidlí den Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo ina bpléítear le héiceolaíocht agus le hidirghníomhaíocht. Áirítear leis sin faisnéis maidir le tailte portaigh, bogaigh agus láithreáin agus gnáthóga na hEorpa atá faoi chosaint.
6. Is tábhachtach an limistéar measúnaithe spásúil cuí a dhéanamh amach lena chinntiú go bhfuil an mheasúnacht tionchair seo ar cháilíocht an uisce láidir agus go réamh-mheastar go cruinn inti an tionchar féideartha ar dhobharlaigh dhromchla. Níl aon treoir fhoirmiúil i gcló agus dá bhrí sin rinneadh cinneadh ar an gcrios ina

bhféadfaí tionchar suntasach a shonrú bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil údair na caibidle.

7. Tugtar an Abhainn Dubh agus an Abhainn Mhór (nó an 'River Blackwater' sa Bhéarla) ar phéire de na príomhghnéithe uisce dromchla sa limistéar a ndearnadh measúnú air. Chun críocha na tuarascála seo sainaitheofar iad mar an Abhainn Mhór (an Bhanna) agus an Abhainn Dubh (Ceanannas).
8. Bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil údair na caibidle, rinneadh measúnú ar limistéar measúnaithe 500 m (ar gach taobh de lár líne na líne lasnaide agus de theorainn an fhostáisiúin) timpeall ar an bhforbairt go léir (sealadach agus buan), agus tá sé sách fada ar shiúl lena chinntiú go ndéantar gach sruthchúrsa a bhféadfadh tionchar díreach a bheith aige orthu a shainaitheint.
9. Rinneadh tagairt sa mheasúnú seo don aicmiú atá ag docharlaigh dhromchla sa Chreat-Treoir Uisce, i.e. Treoir 2000/60/CE (WFD). Sainaitheodh na Ceantair Abhantraí ábhartha agus an stádas reatha, rinneadh measúnú ar an tionchar féideartha agus tugadh tuairisc ar na bearta maolaithe a bheartaítear lena chinntiú nach rachaidh cáilíocht an uisce nó go deimhin an stádas éiceolaíochta chun olcais.
10. Baineann limistéir oibre tógála agus limistéir sreangaithe le hábhar maidir leis an dearadh tráth rioscaí d'aon ghnéithe uisce in aice láimhe a dhéanamh amach. Rinneadh bealaí rochtana sealadacha, túir agus limistéir sreangaithe a shuí ar shiúl ó shruthchúrsaí nuair ab fhéidir, nó rinneadh an limistéar oibre a threorú chun go seachnófaí sruthchúrsaí. I gcásanna nach féidir é sin a dhéanamh, beartaíodh roinnt moltaí le cosc a chur ar thruailleáin ó dhul isteach sa sruthchúrsa agus leis an mbaol go rachaidh siad isteach sa sruthchúrsa a mhaolú.
11. Meastar gur glacadh le modheolaíochtaí atá a bheag nó a mhór mar an gcéanna sa mheasúnacht tionchair idir na codanna den idirnascaire a bheartaítear. Tá na sonraí iomlána faoi na modheolaíochtaí a úsáideadh le feiceáil sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS.
12. Tugadh faoi mheasúnú cáilíochtúil inar breithníodh na hidirghníomhaíochtaí féideartha idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus dálaí bonnlíne reatha. Bhí an measúnú bunaithe ar mheascán de bhreithiúnas gairmiúil, taithí maidir le forbairtí den chineál céanna, ar cheanglais reachtaíochta ábhartha agus ar bheartas reachtúil, agus ar threoir dea-chleachtas. I measc na dtreoirínte dea-chleachtas a úsáideadh, tá '*Guidelines for Environmental Impact Assessment*' (Treoirínte maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (IEMA 2004) agus Imleabhar 11, Rannán 3, Cuid 10 den *Design Manual for Roads and Bridges (An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus do Dhroichid)* (DMRB), ón nGníomhaireacht Mórbealaí, *Guidelines on Procedures for Assessment and Treatment of Geology, Hydrology*

and Hydrogeology for National Road Schemes (Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta chun Geolaíocht, Hidreolaíocht agus Hidrigeolaíocht a Mheas agus a Láimhseáil le haghaidh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta) ón Údarás um Bóithre Náisiúnta (2009) agus *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements* (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chumseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil(2002).

13. Cuireadh bealach na Líne Lasnairde agus Fostáisiún Turleenan san áireamh i Measúnú Riosca Tuilte (FRA) (feic Caibidil 17 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite). Breithnítear an próiseas forbartha sa mheasúnú ón tógáil síos go dtí na tograí maidir le forbairt bhuan. Mar gheall ar chomh teoranta leis an bhforbairt ag Fostáisiún Fhearann na Coille níl gá le FRA iomlán. Níl Fostáisiún Fhearann na Coille lonnaithe i gcrios tuile agus ní thiocfaidh aon athrú ar an bhforbairt agus ní chuirfidh leibhéil tuile isteach ar an bhforbairt.

13.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

14. Ag úsáid léarscáiliú OSNI, léarscáiliú OSi, LiDAR, léarscáiliú stairiúil agus na suirbhéanna láithreán, sainaitníodh na sruthchúrsaí is mó agus is tábhachtaí sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Caibidil 8) agus san EIS (Caibidil 8 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D). Is í an Abhainn Mhór (an Bhanna) an ghné uisce dromchla is suntasaí i dTuaisceart Éireann ar a bhféadfadh an t-idirnascaire a bheartaítear tionchar a imirt. Ag an taobh ó thuaidh den líne lasnairde a bheartaítear, soir ón mBinn Bhorb trasnaíonn an Abhainn Mhór (an Bhanna) an limistéar a ndearnadh measúnú air ón taobh thiar go dtí an taobh thoir, sula ritheann sí ó thuaidh agus draenáilann sí sa deireadh thiar isteach i Loch nEathach (thart ar 8 km le sruth sa limistéar a ndearnadh measúnú air).
15. Tá Abhainn Rhone suite ó thuaidh de shuíomh fhostáisiún Turleenan agus ritheann sí soir ó dheas agus í ag scaoileadh isteach san Abhainn Mhór sa deireadh thiar (an Bhanna).
16. Tosaíonn Ballymartrim Water ó dheas de bhóthar an A3 agus ritheann sí ó thuaidh feadh an taobh thoir den líne lasnairde a bheartaítear, laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air, ag draenáil isteach san Abhainn Mhór (an Bhanna) ó dheas den Phort Mór.
17. Ritheann Abhainn Thuíneán (ar a dtugtar Sruthán Balteagh freisin) ó thuaidh feadh an taobh thoir den líne lasnairde a bheartaítear sula dtrasnaíonn sí an limistéar a ndearnadh measúnú air ó dheas de bhóthar an A3. Ritheann an sruthchúrsa sin isteach san Abhainn Mhór (an Bhanna) soir ó Thuíneán.

18. Ritheann craobh-abhainn de Shruthán Chluain Tiobrad siar ó thuaidh feadh na teorann idir Tuaisceart Éireann agus Éirinn. Doirteann Sruthán Chluain Tiobrad sa deireadh thiar isteach in Abhainn na Coirre, a ritheann isteach ansin san Abhainn Mhór (an Bhanna) soir ó Thuíneán.
19. Tá uiscí uachtair Abhainn Átha Féan suite feadh Theorainn Ard Mhacha/Mhuineacháin agus draenálann sí i dtreo Loch Mucnú. Ritheann Abhainn Átha Féan soir ó dheas sula dtéann sí isteach i gCuan Dhún Dealgan agus isteach i Muir Éireann sa deireadh thiar.
20. Ritheann Abhainn na hEoghancha agus a craobh-aibhneacha ar cuid de dhobharcheantar na hÉirne iad, tríd an gcuid láir den idirnascaire a bheartaítear i gContae Mhuineacháin agus i gContae an Chabháin. Ritheann Abhainn an Droma Mhóir agus Abhainn na hEoghancha siar i dtreo Dhroichead an Bhuitléaraigh agus Loch Éirne sula dtéann siad isteach i gCuan Dhún na nGall ag Béal Átha Seanaidh.
21. Trasnaítear an Níth / an Casán / Abhainn an Lagáin³⁴ agus a gcuid craobh-aibhneacha ag an gcuid ó dheas den línebhealach a bheartaítear i dtuaisceart Chontae na Mí (mar a léirítear i bhFíoracha 8.1-8.4, Fíoracha Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D den EIS).
22. Is iad an Bhóinn, an Abhainn Dubh (Ceanannas) agus an Níth is mó atá i gceist leis an uisce dromchla nádúrtha i gContae na Mí. Sníonn an Níth soir ón Obair i gContae na Mí faoi dhéin Bhaile Átha Fhirdhia i gContae Lú. Cuid mhór den ghréasán draenála i dtreo thuaisceart Chontae na Mí is ea an Níth mar aon lena craobh-abhainn, Abhainn Chill Mhaighneann. Ritheann Abhainn Chill Mhaighneann (idir Túr 251 agus Túr 252) siar, siar ó thuaidh agus soir ó dheas i dtreo Chill Mhaighneann.
23. Ritheann an Abhainn Dubh (Ceanannas) tríd an gcuid láir den idirnascaire a bheartaítear (idir Túr 310 agus Túr 311) siar ó thuaidh agus soir ó dheas ó Ceanannas, agus isteach sa Bhóinn ansin san Uaimh. Sruthaíonn an Abhainn Bhuí isteach san Abhainn Dubh timpeall 4 km siar ó thuaidh ón Uaimh.
24. Trasnaíonn an Bhóinn an chuid theas den idirnascaire a bheartaítear idir Túr 355 agus Túr 356. Sníonn sí soir ó thuaidh idir Baile Átha Troim agus an Uaimh.
25. Is ann do roinnt sruthanna beaga sa chuid theas den idirnascaire a bheartaítear, ina measc tá Abhainn an Chladaigh, Abhainn Bheighthí, Abhainn Scéine, Abhainn Derrypatrick, Abhainn Boycetown agus an Tulcha. Tá líon mór draenacha páirce / díoga (cuid mhaith díobh gearrshaolach) agus draenacha áir ar fud an limistéir

³⁴ Tugtar Abhainn an Lagáin ar na codanna uachtair den Chasán i gContae Lú. Tá abhantrach ar leith i dtreo Abhainn an Lagáin i gContae an Dúin agus i gContae Aontroma.

mheasúnaithe, a bhformhór feadh teorainneacha páirce agus iad go minic laistigh d'fhálta sceach. Nuair ab fhéidir, aithníodh agus imscrúdaíodh iad seo le linn suirbhéanna allamuigh. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil <10% de Thúir suite ar fhálta sceach/draenacha páirce.

26. I measc na lochanna móra atá suite sa limistéar a ndearnadh measúnú air nó i ndlúthchóngar dó, tá siad seo a leanas:

- Loch Bharrachadh (200 méadar siar ó thuaidh de Thúr 163);
- Loch an Bhaic (210 méadar soir ó Thúr 175);
- Loch Éigis (H) (600 méadar soir ó dheas de Thúr 161 agus Túr 162);
- Loch Críonchoill (Tuaim) (soir ó dheas) (thart ar 500 méadar soir ó thuaidh de Thúr 146);
- Loch Chorr Luain (890 méadar siar ó Thúr 134);
- Loch Morn (250 méadar siar ó Thúr 166);
- Loch Dhroim Dhristin, Coogan agus Ghost (220 méadar soir ó Thúr 130); agus,
- Loch na Coille Báine (0.6 km soir ó Thúr 141).

13.3.1 An Chreat-Treoir Uisce

27. Ceanglaítear le Treoir 2000/60/CE de chuid na gComhphobal Eorpach, lenar bunaíodh creat le haghaidh gníomhaíocht phobail i réimse an bheartais uisce (an Chreat-treoir Uisce [WFD] mar is fearr aithne uirthi), 'dea-stádas uisce' a bhaint amach i measc an uile uisce Eorpaigh faoin mbliain 2015.

28. Mar thoradh ar an WFD sainaitníodh na Ceantair Abhantraí (RBDanna) ar ullmhaíodh Pleananna Bainistíochta Abhantraí (RBMPanna) ina leith. Nuair is RBD trasteorann atá i gceist tugtar Ceantar Abhantraí idirnáisiúnta air (IRBD). Tá an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe i gCeantar Abhantraí Idirnáisiúnta (IRDB) Loch nEathach-na Banna, in IRDB an Iarthuaiscirt agus in RDB an Oirthir. Sainaitnítear sa Phlean Bainistíochta Abhantraí do IRBD Loch nEathach-na Banna riocht reatha an chomhshaoil uisce, na brúnna a chuirtear air, an baol atá ann nach mbainfidh dobharlaigh spriocanna an WFD amach, agus leagtar amach spriocanna agus bearta chun an comhshaoil uisce a fheabhsú. Baineann stádas níos measa ná 'dea-stádas' le formhór na n-uiscí sin agus leagadh íoschuspóir síos chun dea-stádas a bhaint amach do chuid mhór de na dobharlaigh sin. Sainaitníodh clár beart do gach dobharlach inar pléadh le saincheisteanna ar leith an dobharlaigh sin. Bainfeadh é seo amach trí mhonatóireacht chuimsitheach a dhéanamh agus trí chóras

bainistíochta abhantraí a phleanáil. Cuireadh spriocdhátaí sínte san áireamh sna *Pleananna Bainistíochta Abhantraí do 2021 nó 2027*, bunaithe ar bhreithiúnais bhunúsacha faoi mheascán de bhearta atá éifeachtach ó thaobh costais de. Tá spriocdhátaí sínte ag cuid mhór de na dobharlaigh atá suite feadh bhealach an idirnascaire a bheartaítear dea-stádas a bhaint amach faoi 2021 agus 2027, cé is moite de na dobharlaigh sin a bhfuil dea-stádas bainte amach acu cheana féin.

29. Tá an Abhainn Mhór (an Bhanna), Uisce Thuíneán, Abhainn Rhone, Ballymartrim Water agus Sruthán Chluain Tiobrad, Sruthán Loch na hOirbhe Uachtair, sruth Mhachaire Cluana Uachtair, sruth Loch Raithní Uachtair, Abhainn na Cnapaí Íochtair, sruth Chorr Uí Bhraonáin, sruth Chorr Fionnlocha, sruth Bhaile an Lmaraigh, Abhainn Bheighthí, an Abhainn Dubh (Ceanannas), sruth Bhaile Ghib agus Abhainn Átha Féan ar fad aicmithe mar chinn a bhfuil Droch-Stádas Éiceolaíochta nó Stádas Íseal Éiceolaíochta acu (bunaithe ar measúnuithe abhann a rinneadh sa bhliain 2008).
30. Tá an Abhainn Mhór (an Bhanna) ón mBinn Bhorb go Ballymartrim Water, sruth Bhaile an Bhóthair, Abhainn Boycetown Íochtair, Abhainn an Chladaigh, an Abhainn Dubh (Ceanannas) Íochtair, Drakestown Íochtair, Uachtar sruth Loch na Seantamhnaí, sruth Achadh Mhic Céir, agus Abhainn na hEoghancha Uachtair aicmithe mar chinn a bhfuil Stádas Measártha Éiceolaíochta acu (bunaithe ar measúnuithe abhann a rinneadh sa bhliain 2008). Tá Dea-Stádas ag Sruthán Loch Major Íochtair, Sruthán Thuama, Machaire Cluana Íochtair, an Casán Uachtair agus Sruthán Chill Mhaighneann (bunaithe ar measúnuithe abhann a rinneadh sa bhliain 2008).

13.3.2 Limistéir faoi Chosaint agus Iascaigh

31. Mar chuid de chur i bhfeidhm an WFD chuir Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Clár de Limistéir faoi Chosaint (RPA) i dtoll a chéile. Is ionann limistéir faoi chosaint agus iadsan óna dteastaíonn cosaint ar leith faoi reachtaíocht náisiúnta nó Eorpach reatha, d'fhonn uisce dromchla nó screamhuisce a chosaint, nó chun gnáthóga nó speicis a chaomhnú a bhíonn ag brath go díreach ar na huiscí sin.
32. Tá an Abhainn Mhór (an Bhann), Abhainn Rhone, Ballymartrim Water agus Uisce Thuíneán go léir ainmnithe faoi Threoir chódaithe 2006/44/CE maidir le cáilíocht fionnuiscí ar gá iad a chosaint nó a fheabhsú chun tacú leis an iasca. Is aibhneacha salmainid ainmnithe iad an Abhainn Mhór (an Bhann), Ballymartrim Water agus Uisce Thuíneán agus is iascach ciprinide ainmnithe í Abhainn Rhone faoin treoir sin. Tá Tuaisceart Éireann ar fad ainmnithe mar Chrios Leochaileach do Níotráit. Níl aon SPA nó SAC laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air i

dTuaisceart Éireann. Doirteann an Abhainn Mhór (an Bhanna) isteach i Loch nEathach (thart ar 8 km le sruth ón limistéar a ndearnadh measúnú air) arb ionann é agus SPA.

33. Tá an Bhóinn agus a craobh-aibhneacha ainmnithe mar aibhneacha salmainid i 'Limistéir Chláraithe faoi Chosaint' (RPA). Téann an Abhainn Dubh (Ceanannas) (a shainítear mar chuid de cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe) thar Thúir 310 agus 311. Téann an Abhainn Dubh (atá mar chuid de cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe freisin) thar thúir 355 agus 356. Níl aon aibhneacha RPA atá íogair ó thaobh cothaitheach de sna limistéir mheasúnaithe i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, cé is moite d'Abhainn Proules, atá 1 km soir ón gclós stórála ábhar i gCarraig Mhachaire Rois. Níl aon lochanna ná inbhir RPA atá íogair ó thaobh cothaitheach de feadh an línebhealaigh a bheartaítear agus níl aon limistéir sliogéisc feadh an línebhealaigh a bheartaítear.

13.3.3 Acmhainní Uisce

34. Tá astarraingt díreach thar an limistéar 500 méadar a ndearnadh measúnú air soir ó thúr 51 agus an líne lasnairde. Is ó Ballymartrim Water gar do Ballydoo a thagann an astarraingt sin agus úsáidtear an t-uisce le haghaidh scéim hidrileictreach. Dá bhrí sin, ní fhéachtar uirthi mar ghabhdóir íogair uisce. Mar thoradh ar scála an tionchair a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear, ní dócha go n-imreofar aon tionchar suntasach ar an scéim hidrileictreach. Tá dhá astarraingt uisce dromchla (Loch Éigis agus Loch Thuama) suite lasmuigh den limistéar a ndearnadh measúnú air atá suite lasmuigh de 500 m ón bhforbairt. Mar thoradh ar scála na forbartha, áfach ní dócha go n-imreofar aon tionchar suntasach ar astarraingtí uisce dromchla. Dá bhrí sin, ní bheidh gá leis na hastarraingtí sin a bhreithniú níos faide.

13.3.4 Riosca Tuilte

35. Baineann na príomhlimistéir nach mór a bhreithniú i gcomhair na dtograí forbartha buana leis an bhFostáisiún a bheartaítear ag Turleenan, fostáisiún reatha Fhearann na Coille agus láithreacha túir. Ina theannta sin, le linn chéim na tógála, breithnítear sa mheasúnú bealaí rochtana a bheartaítear agus, de réir mar is gá, riachtanais tógála sealadaí a bhaineann leo.
36. Ba cheart a thabhairt ar aird gur tugadh tábhacht mhór do riosca tuilte agus Fostáisiún Turleenan á dhearadh. Baineann na príomhghnéithe forbartha a bhaineann le riosca tuilte le Fostáisiún Turleenan, le forbairt thógála agus bhuan, lena n-áirítear rochtain, limistéir oibre, oibreacha talún agus draenáil a bheartaítear, ar breithníodh iad ar fad laistigh den Mheasúnú Riosca Tuilte mionsonraithe agus den Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla (mar a chuirtear i láthair sa Ráiteas

Timpeallachta Comhdhlúite, Aguisín 17A). Cé go gcuimsítear i dteorainn fhostáisiún Turleenan talamh a aithnítear mar cheann atá sa 1% den tuilemhá um Dhóchúlacht Sáraithe Bhliantúil (AEP), níl aon fhorbairt thógtha bhuan ag an bhfostáisiún laistigh den limistéar seo.

37. Baineadh leas as 'Léarscáiliú Straitéiseach Tuilte' ó Ghníomhaireacht na nAibhneacha agus as 'Bunachar Sonraí um Baol Tuile' ó Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn faisnéis a fháil faoi tharluithe stairiúla tuile. Úsáideadh an fhaisnéis sin leis na coinníollacha reatha bonnlíne a shainnithint ó thaobh na gcodanna den limistéar measúnaithe atá i mbaol tuile. Chuathas i gcomhairle freisin le foinsí breise faisnéise lena n-áirítear cuardaigh Idirlín, léarscáileanna stairiúla, sonraí ó CFRAManna agus measúnuithe ar riosca tuilte. Ní fhacthas aon tuilte ag Fostáisiún Fhearann na Coille a tógadh sa bhliain 1983. I gcás na n-oibreacha a bheartaítear ag Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana: níl na hoibreacha lonnaithe laistigh de limistéar Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuilte an AEP 0.1% ná 1%; tá na hoibreacha níos lú ná 1 heicteár agus ní fheicfear méadú ar leibhéal suímh mar gheall air.
38. Ina theannta sin, tá gnéithe de thógáil na dtúr a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar gnéithe den riosca tuilte, mar gheall ar na láithreacha túir a bheartaítear, tógáil bunsráithe, agus limistéir oibre agus bealaí rochtana.
39. Rinneadh draenáil shaorga ó na 1960idí go dtí na 1980idí ar go leor de dhobharcheantair na Bóinne agus na Níthe le tailte talmhaíochta a dhraenáil agus le minicíocht tuilte áitiúla a laghdú. Tá thart ar 656 km de shruthchainéil i ndobharcheantar na Bóinne arna mionathrú le tuile a chosc, le páirceanna talmhaíochta a chur chun feabhais agus le forbairt uirbeach a éascú. Rinneadh craobh-abhainn amháin agus cuid den Bhóinn féin a dhraenáil i rith na tréimhse sin gach bliain, ar an meán. (O'Connor, 2006). Tá draenáil shaorga á déanamh ar an Níth mar aon lena craobh-aibhneacha ó na 1950idí i leith. I measc na gceantar a bhí tugtha do thuilte riamh bhí ceantair ina raibh dríodar glárach léarscáilithe ach tá minicíocht na dtuilte sin laghdaithe a bhuíochas d'oibreacha faoisimh tuilte a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí.
40. Tugtar sonraí breise i Rannán 8.3 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 8.4 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

13.4 Bearta Maolaithe

13.4.1 Forbhreathnú

41. Agus bealach an idirnascaire a bheartaítear á aithint, úsáideadh bearta chun tionchar a sheachaint. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, moladh tabhairt faoi mhaolú suíomhoiriúnaithe chun cosaint imleor a thabhairt do shruthchúrsaí. Sonraítear iad sin sa chaibidil seo: In éineacht le gach treoir dea-chleachtais a leanúint, cuirfidh an conraitheoir (le ceapadh) an srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) (feic an EIS – Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B – agus an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite – Aguisín 9.1) i bhfeidhm lena chinntiú go dtabharfar cosaint imleor don chomhshaoil uisce. Éileofar i dtéarmaí an chonartha tógála ar an gConraitheoir na bearta maolaithe go léir sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus san EIS a chur ar fáil. Leagtar amach na bearta maolaithe sin sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo.
42. Chun an tionchar suntasach is dóigh a tharlóidh le linn chéim na tógála a mhaolú, tabharfar faoi na hoibreacha go léir a bhainfidh le tógáil an dá fhostáisiún agus na líne lasnairde a bheartaítear araon le haird chúil ar na treoircháipeisí dea-chleachtais agus le treoir dea-chleachtais eile cosúil leis sin a d'fhoilsigh an Construction Industry Research and Information Association (Cumann Taighde agus Faisnéise Thionscal na Tógála) (CIRIA), NIEA, an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL), Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir agus Roinn na Mara agus Acmhainní Nádurtha (DCENR anois).

13.4.2 Céim na Tógála

43. Beidh an pearsanra ar fad a bheidh ag obair ar an idirnascaire a bheartaítear freagrach as rialú comhshaoil a gcuid oibre agus déanfaidh siad a ndualgais de réir cheanglais agus nósanna imeachta an tsrac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála. I dtaca le fuíolluisce a ghinfear le linn chéim na tógála, beidh áiseanna fuíolluisce ar an suíomh lena n-áireofar leithris cheimiceacha neamhspleácha.
44. Chun aon tionchar ar an tsraith fhodhromchla ó dhoirteadh ábhar a chosc, stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundáilte cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithicilí tógála agus cur olaí hidrálacha nó bealaí ar fheithicilí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibríthe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.

45. Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfeadh le linn chéim na tógála. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear ar na réamhchúraimí sin:

- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
- Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
- Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe;
- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid; agus
- Úsáidfeadh deighilteoirí uisce is ola ag bábhúin tógála.

46. Cuirtear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag láithreacha an fhostáisiúin moltaí maidir le feistí SuDS (córais draenála inbhuanaithe) nuair is iomchuí. Beidh rith chun srutha ó limistéir chrua ag fostáisiúin teoranta chuig rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua.

Foraoisí a Leagan

47. Tá foraoiseacht tráchtála ar feadh an línebhealaigh, go príomha i gContae na Mí. In áiteanna inar gá limistéir foraoise a ghlanadh, tabharfar faoi oibreacha de réir Forestry and Water Quality Guidelines (*Treoirínite maidir le Foraoiseacht agus le Cáilíocht an Uisce*) (Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, 2000). I limistéir ina mbeidh crainn le leagan, úsáidfeadh criosanna maolánacha agus díoga draenála le linn an leagain, go háirithe ar thalamh chlaonta, d'fhonn an tionchar a bhaineann le rith chun srutha dromchla níos mó agus an dríodrú gaolmhar, a mhaolú.

48. Rachfar i gcomhairle le húdaráis ábhartha sula dtosaíonn an leagan i gceantair lena mbaineann tábhacht iascaigh agus fiadhúlra. Suiteálfar gaistí dríodair roimh an leagan agus déanfar iad a chothabháil gach lá i rith na n-oibríochtaí. Tabharfar faoi na hoibríochtaí crainn de réir na mbealaí bainte is giorra agus is féidir d'fhonn dríodrú a sheachaint. Leagfar crainn ar shiúl ón gcrios uisceach. Ní bhainfeadh le meaisíní sa chrios bruachánach.

49. I suíomhanna ina bhfuil baol mór creimthe (fánaí géara agus/nó in aice le haibhneacha), úsáidfeadh mataí caschoille chun damáiste ithreach, creimeadh agus dríodrú a sheachaint. Tionchar gearrthéarmach a bheidh i gceist le tionchar leagain foraoisí na líne tharchuir lasnairde le linn chéim na tógála.

Oibreacha i gcóngar Sruthchúrsaí

50. Aon togra a chuirfidh isteach ar aon sruthchúrsaí, cosúil le malairt slí, tóchar nó droichead a thógáil, nó scaoileadh sealadach a dhéanamh ar dhraenáil suímh chuig aon sruthchúrsa, teastóidh toiliú i scríbhinn ó na húdaráis ábhartha i dtaca leo sin. Rachfar i dteagmháil tuilleadh leis na húdaráis ábhartha sula gcuirfear tús leis an tógáil in áiteanna a bhfuil gá le hoibreacha a dhéanamh in aice le sruthchúrsa.
51. Dearadh an línebhealach d'fhonn go suíff bealaí rochtana sealadacha agus láithreacha túir ar shiúl ó aibhneacha íogaire más féidir nó d'fhonn go gcuirfí bearta maolaithe i bhfeidhm, bearta arb é is aidhm dóibh aon tionchar suntasach dóchúil a íoslaghdú/a dhíbirt. Maidir le cSAC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe³⁵, tá na túir suite 60 méadar agus 100 méadar ar a laghad ó na haibhneacha sin ar cSACanna iad faoi seach. Mar a bheidh amhlaidh i gcás na láithreacha túir ar fad, bainfear úsáid as bealaí rochtana atá ann cheana pé áit a mbíonn siad.
52. Tabharfar faoi bhearta maidir le rialú ar thruailliú agus ar dhríodar i ngach limistéar oibre, go háirithe i gcásanna ina bhfuil túir suite in aice aibhneacha. Beidh stoc-chairn lonnaithe amach ó na sruthchúrsaí agus ó na díoga draenála. Múnlófar agus leagfar dromchlaí bairr stoc-chairn amach ionas nach dtarlóidh creimeadh ó rithchunsrutha. Is féidir mataí cosanta ó chreimeadh a chur ar dhromchlaí stoc-chairn, de réir mar is gá.
53. Úsáidfear bacainn siolta / imbhallaí siolta i gcásanna ina dtabharfar faoi thúir nó faoi oibreacha in achomaireacht do shruthchúrsaí. Is ríthábhachtach go dtógfar claíochas siolta i gceart agus déanfaidh bainisteoir foirgníochta agus éiceolaí ar an láthair maoirseacht air sin. Déanfar an bhacainn siolta / an t-imbhalla siolta a mhúnlú agus a shuiteáil go sainiúil ionas go ngabfar an rith chun srutha gan ligean don uisce sileadh faoina b(h)un nó thart ar an imeall. Beidh an bhacainn siolta suite le grádán ó na hoibreacha agus déanfar cigireacht uirthi go rialta, le linn tarluithe fearthainne agus dá n-éis. I gcás fánaí géara, bainfear úsáid as níos mó ná imbhalla siolta amháin. Iompófar imill an imbhalla siolta suas an fhána chun cosc a chur ar uisce dul timpeall na n-imeall. D'fhéadfaí greamanna, sumpáí, burlaí cocháin agus gaistí dríodair a shuiteáil chun siolta a ghabháil más infheidhme. Ba chóir don chonraitheoir gach ceann díobh seo a chothabháil gach lá lena chinntiú go bhfanfaidh siad éifeachtach agus nach mbeidh níos mó seans ann go dtarlóidh teagmhas.³⁶ Cuirfear gníomhaíochtaí áirithe suímh, lena n-áirítear doirteadh coincréite in aice le sruthchúrsaí, ar atráth le linn báisteach throm (<5mm/san uair) ionas nach rachaidh aon truailliú isteach i sruthchúrsaí.

³⁵ An Abhainn Dubh (Ceanannas)

³⁶ Cáipéis 650 de chuid CIRIA

54. I gcás ina mbeidh sé den riachtanas screamhuisce a dhí-uisciú, déanfar an t-uisce dá dheasca sin a scagadh sula scaoilfear é. Beidh teorainn ó thaobh faid ama le dí-uisciú má theastaíonn sé. Is féidir screamhuisce a scagadh trí úsáid a bhaint as bundaí / umair atá líonta le hábhar scagaire. Féadfar tathagú de mhéid aonair idir 5 agus 10 mm, Geoiteicstílí nó burlaí cocháin a úsáid mar scagaire. Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce a scaoilfear amach chun éifeachtacht chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe a moladh a áirithiú.
55. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:
- úsáid as coimeád tánaisteach, m.sh. bundaí timpeall umair stórála ola;
 - úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
 - maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus
 - Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.
56. Maidir le saoráidí agus gníomhaíochtaí stórála ar an suíomh, stórálfar aon amhábhair agus aon bhreoslaí i limistéir bhundaithe, más cuí, chun doirteadh nó sceitheadh féideartha de thaisme a sheachaint. Déanfar seiceáil rialta ar gach trealamh agus innealra i gcomhair sceite agus cáilíocht feidhmiúcháin.
57. Cuirfear oiliúint ar gach pearsanra suímh agus beidh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála, mar shampla doirteadh substaintí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach. Coinnítear pacáí doirte lena chinntiú go ndéileáiltear le gach doirteadh nó sceitheadh ar an toirt agus tá oiliúint chuí curtha ar an bhfoireann chun iad a úsáid. Coinneofar aon seirbhísiú feithiclí i gceantair shainithe atá faoi chosaint oiriúnach. I gcás go dtarlóidh sé agus ní móide go dtarlóidh aon teagmhas truaillithe nó doirte, leanfar prótacal an CEMP, cuirfear an teagmhas in iúl do na húdaráis iomchuí agus cuirfear an sruthchúrsa inar tharla an teagmhas ar ais ina cheart.

Rianta Rochtana Sealadacha agus Tógáil Bunsraitheanna Túir

58. Úsáidtear feithiclí ísealbhrú den chuid is mó chomh maith leis an bpol deirice agus le craenacha i roinnt láithreacha chun an struchtúr miotail a thógáil. Bainfear an oiread úsáide agus is féidir as bealaí isteach feirme agus rianta feirme atá ann cheana féin nó as bóithre. Is éard a bheidh i gceist leis na rianta rochtana sealadacha painéil alúmanaim bhóthair, bóithre cloiche, mataí rubair nó trasnáin adhmaid (faoi mar a leagtar amach sna srac-Phleananna um Bainistiú Comhshaoil

Tógála (CEMP) faoi seach, feic an EIS, Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B agus an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Aguisín 9.1).

59. Bainfear úsáid as bacainní siolta i láithreacha íogaire chun cosc a chur ar rith chun srutha díreach le sruthchúrsaí áitiúla. Bainfear an uile rian rochtana sealadach tráth dheireadh chéim na tógála agus fágfar an talamh amhail a bhí sí i dtosach báire. Caithfear cosc a chur ar shiolta / chré dul isteach san uisce dromchla ag an bhfoinse mar réiteach ar sholaid ísle ar fuaidreamh a chothabháil. Cinnteofar trí bhearta coisctheacha go laghdófar tiúchan solad ionchuir ar fuaidreamh ag an bhfoinse an oiread agus is féidir. Bainfear amach an méid sin trína chinntiú go stórálfar siolta / cré agus barrithir i gceart i rith chéim thógála na forbartha agus, dá bhrí sin, go laghdófaí mórfhoinsé siolta de bharr rith chun srutha.
60. Ní cheadófar na feithiclí a iompraíonn an choincréit a ghlanadh síos ná a ghlanadh amach ag suíomh na tógála. Déanfar na feithiclí sin a ghlanadh síos agus a ghlanadh amach ag áis chuí ag suíomh seachtrach nó san áit ina bhfuarthas an choincréit. Ba cheart an limistéar um ghlanadh síos a scaradh amach agus ba cheart leacht nite a choinneáil in áis cóireála leacht nite in inneall baisce. I gcás innealra níos lú, ba cheart limistéir bheaga glanadh síos a chruthú laistigh den limistéar oibre túir. Is scipe nó tanc cruach a bheidh i gceist ansin. Ba cheart cuntas scríofa a thabhairt ar gach limistéar nite ceadaithe agus oiliúint a chur ar fáil d'oibrithe suímh.
61. Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce roimh thús na tógála chun sonraí bonnlíne a bhunú agus lena chinntiú nach rachaidh cáilíocht an uisce chun olcais. Díreofar ar shruthchúrsaí a mheasfar a bheith níos mó i mbaol de bharr truailliú (i.e. túir ina bhfuil sruthchúrsaí laistigh de 20 m de na hoibreacha tógála). Déanfar cigireacht laethúil ar na sruthchúrsaí in aice láimhe mar chuid den mmonatóireacht ar cháilíocht an uisce. Déanfar sampláil rialta faoi choinne pH agus seoltachta mar aon le sampláil le haghaidh hidreacarbón agus solad ar fuaidreamh sa chás ina dtugtar aon athrú ar an gcuma faoi deara. Breathnófar ar shruthchúrsaí in aice le hoibreacha tógála gach lá agus coinneofar mion-taifid ar an mbreathnóireacht, lena n-áireofar grianghraif. Más amhlaidh go síltear go bhfuil truailliú ann, baileofar samplaí suas an abhainn agus síos an abhainn ón bpointe seo agus seolfar chuig saotharlann arna creidiúnú go cuí le haghaidh anailíse iad. Cuirfear stop leis na hoibreacha uile go dtí go n-aithneofar agus go rialófar an fhoinsé agus go dtí go ndéanfar feabhsúchán ar bith.

Sreangú Cáblaí

62. Ní mheastar go mbeidh gá le rianta rochtana sealadacha a leagan chun na cáblaí a shreangú. Úsáidtear feithiclí ísealbhrú, go príomha, le tabhairt faoi shreangú na líne. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm maidir le húsáid chuí breosla ar an

suíomh. Ina theannta sin, is féidir an riosca sin a rialú go héifeachtach trí dheachleachtais agus trí dhea-dhálaí oibre agus trí phlean éifeachtach um chosc ar thruailliú a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála.

Riosca Tuilte

63. Cé go gcuimsítear i dteorainn fhostáisiún Turleenan talamh a aithnítear mar cheann atá sa 1% den tuilemhá AEP, níl aon fhorbairt thógtha bhuan ag an bhfostáisiún laistigh den limistéar seo. Cuimseofar i dtógáil fhostáisiún Turleenan agus sna hoibreacha ar fhostáisiún Fhearann na Coille gnéithe den Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla (SWMS) le sreabha a thanú. Áirítear sa straitéis sin freisin leibhéal chóireála iomchuí de réir an Lámhleabhair SuDS d'fhonn cóireáil a dhéanamh ar an rith chun srutha. Rinneadh measúnú ar an bhforbairt le rialuithe foinse agus suímh chun sracstraitéis a fhorbairt.
64. Déanfar an rith chun srutha ó fhorbairt amach anseo a rialú agus a theorannú lena chinntiú nach sárófar an rith chun srutha ón suíomh neamhfhorbartha atá ann cheana. Rinneadh an measúnú i dtaca le gach tarlú báistí suas go dtí an teagmhas AEP 1% agus é sin san áireamh, lena n-áirítear lamháltas i dtaca le hathrú aeráide amach anseo ina dtabharfar méadú 20% as dlús báistí.
65. Le linn thréimhse tógála an fhostáisiúin, cuirfidh ailíniú sealadach an bhóthair rochtana isteach ar an tuilemhá. Forbraíodh SWMS chun ceanglais an SuDS a mheas d'fhonn tionchar na forbartha ar an rith uisce dromchla méadaithe a mhaolú agus freisin chun cóireáil imleor a sholáthar.
66. Dearadh bunanna na dtúr lena chinntiú nach mbeidh gá ach go beag bunsraitheanna a shíneadh os cionn leibhéal na talún, ar mhaithe lena chinntiú nach gcaillfear aon stóráil sa tuilemhá. Ní bheidh drochthionchar ag tuile shealadach ag bunanna na dtúr ar oibriú an idirnascaire a bheartaítear.
67. Tugtar sonraí breise i Rannán 8.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 8.5 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

13.5 Tionchar Iarmharach

68. Mar gheall ar nádúr an idirnascaire a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó ar an gcomhshaoil uisce. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe a bhfuil cuntas orthu anseo agus cuntas níos mine san ES/EIS ar uisce a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar an idirnascaire a bheartaítear. Meastar gur gearrthéarmach agus idir beag agus diomaibhseach a bheidh an tionchar ar an gcomhshaoil.

69. Ní dóigh go mbeidh aon tionchar suntasach ó bhaol tuilte iarmharaigh mar thoradh ar thógáil nó ar oibriú an idirnascaire a bheartaítear. Ní mheastar go bhfuil cailleanas an tuilemhá le linn na rochtana sealadaí ag an bhfostáisiún agus na túir agus na bealaí rochtana suntasach agus nach mbeidh aon tionchar suntasach dá bharr sin ar an idirnascaire a bheartaítear nó uaidh.
70. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce mar thoradh ar SuDS agus bearta maolaithe eile a leagtar amach thuas a chur i bhfeidhm. Baineann an WFD le tionchar fadtéarmach nach bhfuil sealadach ag leibhéal an docharlaigh. Léirítear sa mheasúnacht tionchair nach mbeidh aon drochthionchar díreach, nach mbainfidh le tógáil ag an idirnascaire a bheartaítear ar aon docharlach WFD (i.e. ní bheidh aon struchtúir trasbhealaí, sruth éalaithe, astarraingtí nó claontaí etc.). Dá bhrí sin, meastar go gcomhlíonann an t-idirnascaire a bheartaítear cuspóirí an WFD. Táthar ag tuar gur diomaibhseach a bheidh an tionchar ar an uisce.
71. Tugtar sonraí breise i Rannán 8.6 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 8.7 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

13.6 Tionchar Trasteorann

72. Tá tionchar srianta ar an gcomhshaol uisce feadh na teorann mar gheall ar chomh teoranta is atá tochailtí agus oibreacha gaolmhara. Tá cuid den idirnascaire a bheartaítear lonnaithe i gCeantar Abhantraí Idirnáisiúnta (IRDB) na Banna agus in IRDB an Iarthuaiscirt (Abhainnchóras na hÉirne).
73. Tá Túir 98-102 suite i dTuaisceart Éireann cóngarach don teorainn. Tá Túir 103-107 suite i gContae Mhuineacháin cóngarach don teorainn, agus laistigh de dhobharcheantar Abhainn Chluain Tiobrad. Tá Abhainn Chluain Tiobrad ina theorainn idir Túir 102 agus Túir 107, agus ritheann an sruth isteach sa chuid de Dhobharcheantar na Banna i dTuaisceart Éireann ag Droichead Ardgonnell, 11 km le sruth. Ritheann Abhainn na hEoghancha agus Abhainn na Cnapaí i gContae Mhuineacháin agus i gContae an Chabháin isteach sa chuid de Dhobharcheantar na hÉirne i dTuaisceart Éireann ó thuaidh de Bhéal Tairbirt, Contae an Chabháin, 40 km síos an abhainn.
74. Bunaithe ar mheasúnú ar an tionchar atá tuartha, meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ag an gcuid sin den idirnascaire a bheartaítear in Éirinn ar an gcomhshaol uisce dromchla i dTuaisceart Éireann, agus vice versa. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an idirnascaire a bheartaítear ar an gcomhshaol uisce dromchla.

75. Tugtar sonraí breise i gCaibidil 20 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 8.9 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

13.7 Conclúidí

76. Rinneadh breithmheas ar an tionscadal idirnascaire iomlán a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe sa dá dhlínse.
77. Beidh tionchar ag céim na tógála den idirnascaire a bheartaítear ar an uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr.
78. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ag céim na tógála chun an tionchar ar ghnéithe a taifeadadh roimhe seo a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt agus chun aon ghnéithe nach eol ar thángthas orthu le linn na tógála a réiteach.
79. Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina n-aithnítear go bhfuil tuilemhánna agus brucha abhann iontu a sheachaint nuair is féidir. Níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce mar gheall ar chéim na tógála den líne lasnairde a bheartaítear.
80. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce áitiúil mar thoradh ar na bearta maolaithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm. Táthar ag tuar gur diomaibhseach a bheidh an tionchar ar an gcomhshaol uisce.

14. Tosca Aeir agus Aeráide

14.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear, (i.e. idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar na gnéithe a bhaineann le caighdeán an aeir agus leis an aeráid sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Aguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 9 (Aer agus an tAthrú Aeráide). Is í an chaibidil ábhartha den EIS ná Caibidil 10 (Aer – Caighdeán agus Aeráid) d’Imleabhar 3C agus d’Imleabhar 3D.

14.2 Modheolaíocht

3. Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an measúnú aeir agus aeráide a ullmhú bunaithe ar athbhreithniú ar na sonraí reatha maidir le caighdeán an aeir, ar fheasacháin maidir le caighdeán an aeir agus ar reachtaíocht agus ar threoir náisiúnta is infheidhmithe.
4. Rinneadh measúnú ar chineálacha tionchair truaillithe aeir logánta a d’fhéadfadh teacht chun cinn de bharr thógáil an idirnascaire a bheartaítear seo bunaithe ar an taithí a fuarthas ó thionscadail tógála eile den chineál seo agus tugadh aird freisin ar threoircháipéis ó Environmental Protection UK (EPUK), *Development Control: Planning For Air Quality (Rialú ar Fhorbairt: Pleanáil do Cháilíocht an Aeir)* (nuashonrú 2010).
5. Cuireadh *an EU Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment*³⁷ (Treoir an AE maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta) san áireamh freisin. Sa treoir sin, aithnítear go bhfuil gá bearta a ghlacadh maidir leis an athrú aeráide agus le cailleanas na bithéagsúlachta ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. Aithnítear ann gur gá an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, agus oiriúnú dó, a chomhtháthú ina n-iomláine chun stop a chur le cailleanas na bithéagsúlachta agus le díghrádú éiceachóras. Aithnítear cineálacha tionchair náisiúnta a d’fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar bhithéagsúlacht oileán na hÉireann sa tuarascáil ar an staidéar faoi stiúir Met Éireann (*Ireland’s Climate: The Road Ahead [Aeráid na hÉireann: an bealach atá romhainn]* (2013).

³⁷ An tAontas Eorpach, *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)*, 2013

Déantar breithniú ar thionchar foriomlán tairbhiúil an idirnascaire a bheartaítear maidir le bonneagar a chur ar fáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun comhrac i gcoinne an athraithe aeráide dá réir sin.

6. Mar gheall ar na hoibreacha talún suntasacha a bheartaítear ag fostáisiún Turleenan, rinneadh measúnú cáilíochtúil ar na cineálacha tionchair gaolmhara a bheidh ann de réir 'Guidance on the Assessment of Dust from Demolition and Construction' (*'Treoir maidir le Measúnú a Dhéanamh ar Dheannach ó Scartáil agus ó Thógáil'*) (2014) ón Institiúid um Bainistiú Cáilíochta Aeir (IAQM).

14.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

14.3.1 An tAthrú Aeráide

7. Tá tábhacht mhéadaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ag baint leis an téamh domhanda agus le bainistiú na n-astaíochtaí a bhfuil sé d'acmhainn acu cur leis an téamh domhanda. Is iomaí tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an téamh domhanda ar an gcomhshaoil, lena n-airítear iad seo a leanas:

- Baol níos mó tarluithe báistí déine as a dtiocfadh baol níos mó go dtarlódh tuillte;
- Athruithe ar ghnáthóga agus ar éiceachórais;
- Tionchar ar leibhéal na farraige agus ar leibhéal aibhneacha;
- Brú méadaithe ar acmhainní uisce agus seans méadaithe go ndéanfaí róshaothrú; agus
- D'fhéadfadh teocht mhéadaithe sa samhradh dul i gcion ar shláinte an duine freisin i measc earnálacha leochaileacha den daonra, go háirithe daoine scothaosta.

8. Aithnítear go forleathan go bhfuil leibhéal níos airde de gháis cheaptha teasa san atmaisféar ar an gcúis is mó leis an athrú aeráide.

9. Is iad CO₂, N₂O, agus meatán (CH₄) na gáis cheaptha teasa fhadsaolacha is tábhachtaí. Tagann CO₂ ó réimse foinsí lena n-áirítear breoslaí iontaise a dhó. De réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), is é cúrsaí talmhaíochta an toisc aonair is mó a chuireann leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn (32.1% den iomlán). Ina dhiaidh sin, tá cúrsaí fuinnimh (giniúint chumhachta agus scagadh ola) ag 20.8% agus tá cúrsaí iompair ag 19.7%. Baineann an chuid eile le cúrsaí tionsclaíochta agus tráchtála (14.0%), leis an earnáil chónaitheach (11.5%) agus le cúrsaí dramhaíola (1.8%). Tá cás den chineál céanna i réim i dTuaisceart Éireann, áit arb iad iompar, talmhaíocht agus fuinneamh na trí phríomhchúis le

hastáiochtaí gás ceaptha teasa, agus iad freagrach as níos mó ná dhá thrian (68%) de líon iomlán na n-astáiochtaí gás ceaptha teasa i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2008 (DOE, 2011).

10. Leagtar amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* príomhchuspóirí chun laghdúithe i ngáis cheaptha teasa a bhaint amach ar fud earnálacha na talmhaíochta, an fhuinnimh, an iompair, na tionsclaíochta, na foraoiseachta agus na timpeallachta tógtha, agus cinnteoidh na cuspóirí sin go mbeidh ar chumas na hÉireann a ceangaltas idirnáisiúnta a chur i gcrích. Áirítear leis an Straitéis sin sprioc Rialtas na hÉireann gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 40% ón ídiú leictreachais ar bhonn náisiúnta faoi 2020. D'fhéadfaí cabhrú go mór le teorainn a chur le méadú na ngás cheaptha teasa in Éirinn dá mbainfí amach an sprioc sin. I dTuaisceart Éireann, is í an DOE (an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann ar thús cadhnaíochta maidir le hathrú aeráide tríd an Aonad um Athrú Aeráide; is é sprioc an Aonaid ná a bheith ag obair chun laghdú 35% ar a laghad a bhaint amach faoin mbliain 2025 ar leibhéal na n-astáiochtaí gás ceaptha teasa a bhí i réim sa bhliain 1990. Bainfear formhór an laghdaithe sin amach trí aistriú i dtreo giniúint fuinnimh in-athnuaite.

14.3.2 Caighdeán an Aeir

11. Tá an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe sa cheantar atá aicmithe mar cheantar tuaithe é den chuid is mó. Is iad gníomhaíochtaí talmhaíochta, téamh baile, agus astaíochtaí ó fheithiclí go príomha a théann i gcion ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh. Tugann saintréithe tuaithe an cheantair agus an mhonatóireacht reatha ar cháilíocht an aeir le fios go bhfuil an ceantar in Éirinn ar chaighdeán “maith” agus faoi bhun na gcaighdeán ábhartha tairsí maidir le Cáilíocht an Aeir. I dTuaisceart Éireann, tá roinnt Limistéir Bhainistíochta Cáilíochta Aeir (LBCAnna) in Ard Mhacha agus i nDún Geanainn dearbhaithe ag na Comhairlí Áitiúla. Is trí dhá Limistéar Bainistíochta Cáilíochta Aeir a rachaidh na bealaí tarlaithe a bheartaítear don trácht a bheidh ag dul isteach i roinnt de na suíomhanna tógála túir (féach Caibidil 18 Iompar den ES Comhdhlúite) a bhaineann le hIdirnascaire Thír Eoghain – an Chabháin. Is iad sin, LBCA an Mhaí (i limistéar Chomhairle Lár Uladh) agus LBCA Ard Mhacha (i limistéar Chomhairle Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon).

14.4 Bearta Maolaithe

12. Áirithíodh i ndearadh an tionscadail go bhfeidhmeoidh an t-idirnascaire a bheartaítear taobh istigh de raon leathan coinníollacha aeráide agus nach mbeidh an tionchar ag athrú aeráide a d'fhéadfadh tarlú ar ghnáth-oibriú an idirnascaire.

13. Is le hastaíochtaí deannaigh i rith chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear a bhaineann an acmhainneacht tionchair is mó. Is é an chaoi is éasca chun scaoilte cáithníní a bhainistiú agus a sheachaint ná bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an suíomh agus an fhoinsé fhéideartha a rialú. Bearta maolaithe atá ceaptha lena chinntiú go ndéanfar na hastaíochtaí ó na foinsí sin a laghdú an oiread is féidir, tá na bearta sin leagtha amach sa srac-*Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* a chuirtear isteach leis an iarratas pleanála (a fhaightear san EIS, Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B, agus san Aguisín leis an ES Comhdhlúite, Aguisín 9.1). Moladh sraith bearta maolaithe san ES agus san EIS agus comhaontaíodh sonraí ar leith faoi chur i bhfeidhm na mbearta maolaithe leis na húdaráis ábhartha nuair a bhí an Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála á thabhairt chun críche. Cuirfead bearta maolaithe i bhfeidhm ar bhonn suíomhoiriúnaithe, bunaithe ar dheimhniú na ngníomhaíochtaí tógála lena mbaineann agus ar a ghaire agus atá siad do ghabhdóirí in aice láimhe i ngach láthair.
14. Bearta dea-chleachtais atá sna bearta maolaithe a chuirtear i láthair sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála. Tá siad ceaptha lena chinntiú nach ngintear an iomarca deannaigh nó nach scaoiltear an iomarca ábhair cháithnínigh i rith na ngníomhaíochtaí tógála. Trí bhearta dá leithéid a bheith i bhfeidhm, cinnteofar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ann de bharr deannaigh agus an t-idirnascaire a bheartaítear á thógáil mar chuid den tionscadal.

14.5 Tionchar Iarmharach

14.5.1 Céim na Tógála

15. Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála agus na bearta maolaithe a chur chun feidhme. Tarlóidh tionchar iarmharach áirithe le linn drochaimsire agus beidh an tionchar sin ag brath ar luas na gaoithe agus ar shuaiteacht le linn na tógála. Mar sin féin, is dócha go mbeidh an tionchar teoranta don cheantar atá díreach timpeall ar an bhfoinsé, agus is dócha gur tionchar gearrthéarmach sealadach a bheidh ann.
16. Maidir leis na hoibreacha talún suntasacha a theastaíonn le haghaidh an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan, rinneadh measúnú ar na cineálacha tionchair a bheidh ann de réir 'Guidance on the Assessment of Dust from Demolition and Construction' (*Treoir maidir le Measúnú a Dhéanamh ar Dheannach ó Scartáil agus ó Thógáil*) (2014) ón Institiúid um Bainistiú Cáilíochta Aeir (IAQM).
17. Luaitear sa treoir ón IAQM: "i gcás scartála / tógála, glactar leis go gcinnteoidh maolú (atá daingnithe ag coinníollacha pleanála nó ag ceanglais dhlíthiúla nó éilithe ag rialacháin) nach dtarlóidh drochthionchar suntasach féideartha. Mar sin de, is

'neamhshuntasach' a bheidh an tionchar iarmharach de ghnáth". [aistriúchán neamhoifigiúil] Dá bhrí sin, meastar go mbainfidh tionchar 'Diomaibhseach' leis an tionchar le linn chéim na tógála ar an iomlán.

18. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar chaighdeán an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin. Cuirfidh an trácht tógála leis an méid tráchta ar an ngréasán bóithre mórthimpeall, agus d'fhéadfaí deannach a ghiniúint dá bharr sin. Is sna limistéir atá díreach cóngarach don phríomhbhealach rochtana don trácht tógála is mó a d'fhéadfadh sin teacht chun cinn. Sna limistéir sin, d'fhéadfaí go dtiocfadh méadú ar an deannach a bhíonn á ghiniúint ag feithiclí ag gluaiseacht agus ar na hastaíochtaí logánta truaillithe aeir ó fheithiclí i rith na dtréimhsí is gnóthaí den ghníomhaíocht tógála. Mar sin féin, níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar chaighdeán an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.
19. Mar thoradh ar chineál an idirnascaire a bheartaítear, ní bheidh aon suíomhanna tógála a ghinfidh mórshreafaí feithiclí earraí troma (níos mó ná 200 gluaiseacht in aghaidh an lae) ar feadh tréimhse bliana nó níos mó, ach amháin i gcás an chlóis stórála le haghaidh ábhar tógála i gCarraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin. Bheadh níos lú ná 200 sreabhadh in aghaidh an lae de ghnáth.
20. Bainfidh an trácht tógála úsáid as bóithre áitiúla chun rochtain a fháil ar na limistéir oibre. Táthar ag tuar go mbeidh méadú réasúnta mór ó thaobh céatadáin de teacht ar an sruth tráchta ar roinnt bóithre áitiúla, ach baineann sin go príomha leis an sruth an-íseal tráchta atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, de réir an doiciméid ó Environmental Protection UK: 'Development Control: Planning For Air Quality (*Rialú ar Fhorbairt: Pleanáil do Cháilíocht an Aeir*) (EPUK, 2010), ní gá measúnú ar chaighdeán an aeir a dhéanamh ach amháin i gcás 'suíomhanna tógála móra fadtéarma a ghinfeadh sruthanna Feithiclí Earraí Troma (HGV) os cionn 200 gluaiseacht sa lá i dtréimhse bliana nó níos faide'. Toisc go meastar gur íseal agus de chineál sealadach a bheidh líon na bhfeithiclí tógála, mar sin, táthar den tuairim nach dócha go mbeidh aon tionchar suntasach ar chaighdeán an aeir.
21. I gcás gabhdóirí íogaire, níl an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe in aon cheantair atá íogair ó thaobh chaighdeán an aeir de. Toisc nach gcomhlíonann an trácht tógála ceann ar bith de na critéir le haghaidh measúnaithe ar chaighdeán an aeir, agus toisc go mbeidh an tionchar tráchta de chineál sealadach, táthar den tuairim nach dócha go mbeidh aon tionchar suntasach ar cheantair atá íogair ó thaobh chaighdeán an aeir de agus ar shuíomhanna sainithe éiceolaíochta.
22. Rachaidh na bealaí tarlaithe a bheartaítear do thrácht a bheidh ag fáil rochtain ar roinnt de na suíomhanna tógála túir i dTuaisceart Éireann trí dhá Limistéar Bainistíochta Cáilíochta Aeir (LBCA). Dá bhrí sin, cuirfear pleananna treoraithe

feithiclí chun feidhme chun líon na ngluaiseachtaí HGV trí na láithreacha íogaire sin nó cóngarach dóibh a íoslaghdú. Mar thoradh ar an líon beag feithiclí tógála i gcomparáid leis na dálaí tráchta atá ann cheana ag na láithreacha sin, ní dócha go n-imreofar aon tionchar suntasach ar na limistéir.

14.5.2 An Chéim Oibríoch

23. Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma ag an idirnascaire a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin. De réir mar a laghdaíonn an méid breosla iontaise a úsáidtear, d'fhéadfadh go mbeifí ag súil le tionchar tairbhiúil ar chaighdeán an aeir áitiúil i gcomharsanacht stáisiúin chumhachta.

14.6 Tionchar Trasteorann

24. Cuirfidh an t-idirnascaire a bheartaítear go dearfach le laghdú ar an tionchar trasteorann ar an aeráid trí éascú a dhéanamh ar laghdú ar astuithe náisiúnta gás ceaptha teasa chun spriocanna astuithe an AE agus beartas náisiúnta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh. Tá Éire agus an Ríocht Aontaithe tiomanta do chur chuige comhtháite an AE um beartas aeráide agus fuinnimh a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige dul i ngleic leis an athrú aeráide trí na spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach (laghdú 20% ar gháis ceaptha teasa faoi leibhéal 1990, 20% d'ídiú fuinnimh a ghiniúint as spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus laghdú 20% ar úsáid fuinnimh phríomhúil). Is príomh-mhaolú athraithe aeráide é sin a sainithníodh i gcáipéis an AE, *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)*.
25. Tiocfaidh tionchar diúltach Do-Airithe ar cháilíocht an aeir thrasteorann chun cinn le linn thógáil an idirnascaire a bheartaítear. Laghdófar leibhéal an tionchair le cur chun feidhme na mbeart maolaithe a leagtar amach san EIS agus sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite.
26. Má sholáthraítear an t-idirnascaire a bheartaítear, méadófar an fháil ar fhuinneamh in-athnuaite, rud a chuirfidh le tuilleadh laghduithe ar astuithe SO₂ agus NO_x ó Éirinn agus ó Thuaisceart Éireann, a bhaineann le giniúint chumhachta breoslaí iontaise díláithrithe agus trí chóras tarchuir éifeachtúil a chur ar fáil.

14.7 Conclúidí

27. Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma ag an idirnascaire a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin. Bheadh aon athruithe ar bhithéagsúlacht mar thoradh ar athrú aeráide sa chás 'Déan Faic' agus meastar nach gcuirfidh an t-idirnascaire a bheartaítear le haon athruithe féideartha.
28. Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála a chur i bhfeidhm agus tar éis bearta maolaithe iomchuí a chur chun feidhme.
29. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar chaighdeán an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin.
30. Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar chaighdeán an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.

15. Oidhreacht Chultúrtha

15.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar an oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus chultúrtha sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is iad na caibidlí ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 12 (Oidhreacht Chultúrtha) agus is iad na caibidlí ábhartha den EIS ná Caibidil 14 (Oidhreacht Chultúrtha) d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D.

15.2 Modheolaíocht

3. Le haghaidh sonraí faoi na modheolaíochtaí a úsáideadh, feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.2, agus an EIS, Rannán 14.2 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D.
4. Bailíodh na coinníollacha bonnlíne ó na taifid stairiúla atá i seilbh Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, Músaem Uladh, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Comhairle Contae Mhuineacháin, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Chontae an Chabháin, agus Comhairle Contae na Mí agus ó anailís atá déanta ar léarscáiliú stairiúil, grianghrafadóireacht ón aer agus LiDAR agus foinsí foilsithe agus neamhfoilsithe eile. I gcás inar ceadaíodh rochtain, tugadh faoi réamhshuirbhéanna suímh, agus rinneadh suirbhéireacht ar thalamh nach raibh rochtain air ón talamh nó ó na bóithre insroichte ba ghaire nuair ab fhéidir. Aithníonn comhairleoirí an tionscadail nach gcuimsítear sa léarscáiliú oifigiúil a soláthraíodh gach suíomh a bhféadfadh tábhacht oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha a bheith leo agus rinneadh aon suíomhanna nua oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha a sainaitníodh le linn obair allamuigh a thaifeadh.
5. Tá an breithmheas a rinneadh ar chineálacha eile tionchair seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha agus bunaithe ar shaineolas gairmiúil chomhairleoirí an tionscadail agus cuirtear reachtaíocht ábhartha agus treoir fhoilsithe san áireamh, lena n-áirítear:
 - English Heritage “The Setting of Heritage Assets”;
 - Historic Scotland “Managing Change in the Historic Environment: Setting”;

- Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) (*An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid*) Imleabhar 11, Rannán 3, Cuid 2 Oidhreacht Chultúrtha, HA208/07;
- National Planning Policy Framework (NPPF) (*An Creat Náisiúnta um Beartas Pleanála*);
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG) (Aibreán 2011). Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha na hÉireann – Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéise do Chomhairliúchán;
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2009). An Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Líonraí BSL;
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2009). An Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus EirGrid;
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (1999). Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage (*Creatlach agus Prionsabail le haghaidh Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta*);
- Institute for Archaeologists (2008). Setting Standards: A Review (*Caighdeáin a Shocrú: Athbhreithniú*);
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2011). Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities (*Treoirínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála*);
- Comhairle Contae Chorcaí (2006). Guidance Notes for the Appraisal of Historic Gardens, Demesnes, Estates and their Settings (*Nótaí Teorach maidir le Gairdíní Stairiúla, Diméinte, Eastáit agus a dTimpeallacht a Mheas*);
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2002). Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements (*Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta*); agus,
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013), Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (*Treoirínte d'Údaráis Phleanála*

*agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair
Timpeallachta a Dhéanamh)*

6. Meastar gur glacadh le modheolaíochtaí comhsheasmhacha sa mheasúnacht tionchair idir na codanna den idirnascaire a bheartaítear atá suite i dTuaisceart Éireann (contae Thír Eoghain agus contae Ard Mhacha) agus in Éirinn (Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí).
7. Sannadh luach nó íogaireacht do shócmhainní oidhreachta sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, chomh maith le méid an athraithe. Déantar iad a chumasc chun suntasacht an tionchair a thabhairt. I gcodarsnacht leis sin, sannadh san EIS íogaireacht i dtaca le hathrú agus déantar measúnú uirthi sin i gcoinne an méid an athraithe d'fhonn suntasacht an tionchair a thabhairt.
8. Is féidir na leibhéil íogaireachta i dtaca le hathrú a chur i gcomparáid a bheag nó a mhór leis na leibhéil luacha i dTuaisceart Éireann agus is mar seo a leanas atá siad:
 - Íogaireacht Dhiomaibhseach /Íogaireacht Diomaibhseach i leith athrú (nó Dada);
 - Íogaireacht Íseal/Íogaireacht Íseal i leith athrú;
 - Íogaireacht Mheánach (nó Mheasartha)/Íogaireacht Mheánach (nó Mheasartha) i leith athrú;
 - Íogaireacht Ard/Íogaireacht ard i leith athrú; agus,
 - Íogaireacht an-ard/Íogaireacht an-ard i leith athrú.
9. Is féidir méid na leibhéil athraithe a shainiú mar seo a leanas:
 - Gan athrú – Gan athrú;
 - Diomaibhseach/Beag – Athruithe an-bheag ar ghnéithe;
 - Beag/Réasúnta beag – Athruithe ar príomhghnéithe oidhreachta, a fhágann go bhfuil an tsócmhainn nó socrú na sócmhainne athraithe de bheagán;
 - Measartha/Substaintiúil – Athruithe ar go leor príomhghnéithe oidhreachta nó a socrú, a fhágann go bhfuil an acmhainn mionathraithe go soiléir; agus,
 - Mór – Athrú ar fhormhór nó ar na príomhghnéithe oidhreachta go léir nó a socrú, a fhágann go bhfuil an acmhainn athraithe go hiomlán

10. Rinneadh suntasacht an tionchair a chatagóiriú ar bhealach den chineál céanna. Is mar seo a leanas a sainíodh an tionchar ar ghabhdóirí oidhreachtá éiceolaíochta agus seandálaíochta:
- Tionchar Do-airithe/Neodrach: Tionchar is féidir a thomhas ach nach bhfuil iarmhairtí feiceálacha aige;
 - Tionchar Beag: Tionchar a chuireann mionathruithe i bhfeidhm ar shaintréithe an chomhshaoil ach nach gcuireann isteach ar a íogaireachtaí / luach;
 - Tionchar Measartha: Tionchar a athraíonn saintréithe an chomhshaoil ar bhealach atá i gcomhréir le treoachtaí atá ann agus le treoachtaí atá ag teacht chun cinn;
 - Tionchar Suntasach/Mór: Tionchar a athraíonn gné íogair / luachmhar den chomhshaoil lena shaintréithe, lena mhéid, lena fhad nó lena dhéine; agus,
 - Tionchar Ollmhór/An-Mhór: Tionchar a mhúchann saintréithe íogaire/luachmhaire.
11. Úsáideadh téarmaíocht dhifriúil sa chur síos a rinneadh ar thionchar sa dá thuarascáil, úsáideadh an téarma ‘drochthionchar’ sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite ach úsáideadh an téarma ‘diúltach’ san EIS. Is féidir na téarmaí sin a mhalartú le chéile agus, chun críocha na comhthuarascála comhshaoil seo, úsáideadh ‘diúltach’.

15.3 An Comhshaoil ina mBeidh an tIdirnascaire

15.3.1 An tírdhreach stairiúil

12. Téann an t-idirnascaire a bheartaítear trí 17 limistéar saintréithe tírdhreacha. Ina measc sin tá tírdhreacha droimnín, limistéir ardtailte, limistéir ísealchríche agus gleannta abhann (Feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.3, agus an EIS, Rannán 14.4 d’Imleabhar 3C agus d’Imleabhar 3D).
13. Ag ceann thuaidh an idirnascaire a bheartaítear, i gContae Thír Eoghain agus i gContae Ard Mhacha, téann an t-idirnascaire a bheartaítear trí thírdhreach ina bhfuil limistéar droimníní réchnocacha ann arna chruthú ag oighearobriú. Is tírdhreach tréadach, tuaithe atá sa limistéar den chuid is mó, agus páirceanna scartha amach ag fála sceaigh is dóigh a bunaíodh i dtréimhse na luath-Chríostaíochta (7ú nó 8ú céad haois). Tá an cineál ceantair saintréithe seo measctha le lonnaíochtaí iargúlta

agus gráigeanna beaga. Is beag athrú a cuireadh ar an tírdhreach droimnín le dhá chéad bliain anuas, cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-áiteanna cónaithe faoin tuath. Mar sin féin, coinníodh an patrún tírdhreacha a bhí riamh ann. Baineann formhór na n-athruithe eile a tharla le cleachtais athraithe na talmhaíochta nua-aimseartha go háirithe nuair a baineadh teorainneacha páirc chun páirceanna níos mó a chruthú.

14. De réir mar a bhogann an t-idirnascaire a bheartaítear ó dheas, trí Dheisceart Ard Mhacha agus ar fud Chontae Mhuineacháin, téann sé thar limistéir ardtailte talmhaíochta lena mbaineann topagrafaíocht athraitheach, lena n-áirítear ardchláir agus droimníní réchnocacha. Tá formhór na bhfálta sceach nach bhfuil bearrtha, agus tá go leor crann duillsilteach aibí mar chuid díobh.
15. De réir mar a bhogann an t-idirnascaire a bheartaítear níos faide ó dheas téann sé trasna Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin, tírdhreach ardchríche ina bhfuil limistéar droimníní. Tá roinnt lochanna sa cheantar seo, de réir mar a théann an t-idirnascaire a bheartaítear níos faide ó dheas isteach i dtírdhreach droimnín níos fliche. Geall le breacachan pháirceanna beaga féaraigh iad saintréithe an tírdhreacha. Is an-mhealltach go háirithe atá an ceantar idir an Obair agus Cill Mhaighneann, Contae na Mí toisc go bhfuil níos mó tagairtí infheicthe stairiúla ann, amhail ballaí cloiche agus foirgnimh dhúchasacha. Laistiar den Obair, is ann do roinnt eastáit áille tuaithe ina bhfuil tithe seanré agus fearann páirce gaolmhar.
16. As seo, téann an t-idirnascaire a bheartaítear isteach i limistéir ísealchríche i gContae na Mí, ina bhfuil meascán de pháirceanna féaraigh agus curaíochta a méadaíodh de bharr cailleadh nó baint seanteorainneacha. I ngleann na hAbhann Duibhe athraíonn an topagrafaíocht ó thírdhreach íseal ina bhfuil droimníní droimneacha ó thuaidh ó Cheanannas go bheith sách mín thart ar an Uaimh. Tírdhreach is ea seo ina bhfuil ilghnéithe sofheicthe stairiúla lena n-áirítear eaglaisí, créfoirt agus gnéithe dúchais ar nós droichid chloiche.
17. Ina dhiaidh sin, leanann an t-idirnascaire a bheartaítear trí thírdhreacha ísealchríche ina bhfuil tírdhreach feirme agus limistéar droimníní réchnocacha measctha le móreastáit iomadúla agus fearann páirce gaolmhar. Téann an píosa is faide ó dheas ar fad den idirnascaire a bheartaítear trí chnoic fhairsinge réchnocacha atá scartha ag páirceanna beaga agus móra dea-chothabhálte atá imfhálaithe ag fálta sceach tiubha agus crainn fhásta, agus arís tá siad measctha le tírdhreacha eastáit le fearann páirce gaolmhar.

15.3.2 Oidhreacht Seandálaíochta

18. Is mar a chéile a bheag nó a mhór ainmniúcháin seandálaíochta sa dá dhlínse. Tá Láithreáin Oidhreachta Domhanda le fáil sa dá dhlínse, cé nach mbeidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar cheachtar díobh. I gContae na Mí, tá roinnt Láithreán Oidhreachta Domhanda is iarrthóirí, agus táthar ag súil go ndéanfar Láithreáin Oidhreachta Domhanda díobh sin amach anseo.
19. Áirítear le Séadchomharthaí faoi Chúram an Stáit (Tuaisceart Éireann) nó Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Chúram an Stáit (Éire) go leor de na séadchomharthaí náisiúnta oirirc laistigh den dá dhlínse. I dTuaisceart Éireann, is séadchomharthaí seandálaíochta iad Séadchomhartha Sceidealaithe a meastar tábhacht náisiúnta a bheith leo. Tugtar cosaint shonrach i reachtaíocht na hÉireann do shéadchomharthaí seandálaíochta faoi úinéireacht údaráis áitiúil agus do láithreáin atá faoi réir orduithe caomhnaithe.
20. Déantar gach séadchomhartha seandálaíochta eile a thaifeadh i dTaifid Láithreán agus Séadchomharthaí Thuaisceart Éireann (SMR Thuaisceart Éireann), agus i dTaifid um Oidhreacht Thionsclaíoch (IHR) arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus taobh istigh d'Éirinn féin, i mBunachar Sonraí um Shuirbhé Seandálaíochta (ASD) arna thiomsú ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG).
21. Nochtadh láithreáin fhéideartha eile trí anailís a rinneadh ar léarscáiliú stairiúil, grianghrafadóireacht ón aer agus LiDAR, agus ar shuirbhéanna láithreán.
22. Taobh istigh den limistéar a ndearnadh measúnú air (i.e., na limistéir staidéir atá ar feadh chonair an idirnascaire a bheartaítear i ngach ceann de na cúig chontae ó Turleenan go Fearann na Coille), níl aon Láithreán Oidhreachta Domhanda, mar sin féin tá dhá Láithreán Oidhreachta Domhanda is iarrthóirí, agus láthair mainistreach luath-mhéanaoiseach Cheanannais agus Ionad na Teamhrach, atá suite thart ar 7 km agus 6.3 km ón idirnascaire a bheartaítear faoi seach.
23. Tá ceithre Shéadchomhartha as Tuaisceart Éireann faoi Chúram an Stáit agus seacht gcinn de Séadchomharthaí Náisiúnta as Éirinn faoi Chúram an Stáit laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air. Is díol suntais, maidir leis an idirnascaire a bheartaítear, iad Eamhain Mhacha/Emain Macha i gContae Ard Mhacha, ar limistéar é freisin a bhféadfadh acmhainn sheandálaíochta a bheith ann, iarshuíochán Ríoga Ríthe Uladh agus Mainistir Bheighthí, mainistir luath-Cistéirseach ar bhruacha na Bóinne i gContae na Mí. Tugadh 40 Séadchomhartha Sceidealaithe eile, ar ráthanna a bhformhór, faoi deara sa limistéar measúnaithe, in éineacht le roinnt dúnfort a bhaineann leis an Iarannaois. I gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, tá 25 suíomh reiligiúnacha sa limistéar a

ndearnadh measúnú air, a bhfuil roinnt mhaith díobh faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil ábhartha agus tá trí shéadchomhartha seandálaíochta ann atá faoi réir orduithe caomhnaithe.

24. Is é 619 líon iomlán na láithreán seandálaíochta a taifeadadh roimhe sin sa limistéar faoi mheasúnú, lena n-áirítear 47 láithreán as SMR Thuaisceart Éireann, 503 ón ASD agus 69 ó fhoinsí eile (cosúil leis an taifead um oidhreacht thionsclaíoch) (Feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.3, agus an EIS, Rannán 14.4 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D).
25. Tosaíonn an taifead seandálaíochta atá ar eolas sa limistéar a ndearnadh measúnú air mar chuid den idirnascaire a bheartaítear sa tréimhse Mhéisiliteach tráth a ndeachaigh fiagaithe cnuasaitheoirí fud fad an chósta agus na n-uiscebhealaí sa cheantar ag sealgaireacht le haghaidh bia agus ag maireachtáil i gcampaí sealadacha. Tá an fhianaise ar láithreach Mhéisiliteach (8000Rch – 4000Rch) sa cheantar sách gann, ach tá a fhios go bhfuil roinnt láithreán ann, cosúil leis na hardáin cois locha ag Loch Mhaigh nEach i gContae na Mí. Aisghabhadh micrilití ag Baile Bhluindín agus ag Baile an Chaisleáin i dtochailtí a rinneadh le gairid le haghaidh mhótarbhealach an M3 sa Mhí. Thángthas freisin ar shraith ciseán adhmaid a bhí i ndea-riocht agus ar chalóg na Banna urlabhairtha ar scéim an N3.
26. Tá níos mó fianaise ann d'áitíocht dhaonna sa tréimhse Neoiliteach (4000RCh – 2500RCh) agus feictear é sin trí thírdhreach fíorúil a cruthaíodh ina bhfuil séadchomharthaí móra meigiliteacha tógtha mar thuamaí pobail nó le haghaidh cúrsaí deasghnátha. I gContae na Mí, is sampla den traidisiún meigiliteach sin é Suíomh Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne ina bhfuil na trí thuama pasáiste mhóra, is iad sin, Cnóbha, Sí an Bhrú agus Dubhadh ón mbliain 3300RCh nó mar sin. Faoin am sin, d'éirigh an limistéar ina thírdhreach feirme oscailte mar a raibh fianaise ar thithe cónaithe agus lonnaíocht ar fud na háite. Ar na suíomhanna suntasacha Meigilite eile sa Mhí tá na Fuarchnoic, Loch Craobh agus an tuama pasáiste ag Teamhair. Ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air tá roinnt tuamaí cúirte, ursanacha agus dingeacha. Maidir le fianaise lonnaíochta thángthas ar fhoirgnimh Neoiliteacha nó ceaptar gur foirgnimh Neoiliteacha iad i gCill Mhaighneann, Baile an Chócaigh Mór gar do Cheanannas, Páirceanna an Bhaile, Ráth an Ghairdínigh agus ag Phoenixtown ar an M3 idir an Uaimh agus Ceanannas, Contae na Mí. Aithníodh láithreacha fionnachtana ina raibh ábhar Neoiliteach i mbailte fearainn Ballybrocky agus Lisbane, i gContae Ard Mhacha. Téann an t-idirnascaire a bheartaítear thar an dá bhaile fearainn sin.
27. Tá an phríomhfianaise atá againn ar lonnaíocht ón gCré-umhaois (2500RCh – 500RCh) laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air ag Dúnfort Haughey gar d'ionad na hUaimhe i gContae Ard Mhacha, thart ar 1.6 km ón bpointe is gaire den

idirnascaire a bheartaítear. Tá baint ag an láithreán deasghnách ag Kings Stable leis an láithreán seo. I gContae na Mí aimsíodh tithe na Cré-umhaoise roimh thógáil bóithre, agus rinneadh samplaí suntasacha a thochailt feadh an stráice idir Ceanannas agus an Uaimh de bhóthar an M3 i gceantar Chill Mhaighneann / Bhaile an Chócaigh Mór. Tá fianaise mhaith ann de ghníomhaíocht sa tréimhse leis an raon séadchomharthaí ar fud an limistéir faoi mheasúnú lena n-áirítear ciorcail liaga, galláin, ailínithe liaga, heinsí, tulacha, cairn, tulacha agus reiligí cothroma. Áirítear le séadchomharthaí eile a bhaineann leis an gCré-umhaois dumhaí dóite agus Fulachtaí Fiadh, suíomhanna a d'úsáidí chun uisce a théamh agus ina mbíodh dumha íseal i gcruth crú capaill a bhíodh lárartha ar umar slogtha. Taifeadadh láithreacha fionnachtana ón gCré-umhaois freisin agus thángthas ar roinnt déantúsán ó dhreidireacht a rinneadh ar an Abhainn Dubh (Ceanannas) i mbaile fearainn Derryoghill.

28. Ar cheann de na láithreáin is suntasaí ón Iarannaois (500RCh – 400AD) gar don limistéar a ndearnadh measúnú air tá Eamhain Mhacha i gContae Ard Mhacha. Ba é an láithreán sin Suíochán Ríthe Uladh tráth. Níos faide ó dheas agus áit lena mbaineann tábhacht tá an chréfort líneach ar a dtugtar Clai na Muice Duibhe. Tugadh codanna den chréfort faoi deara i gContae an Chabháin díreach soir ó Bhéal Átha na nEach agus i gContae Mhuineacháin. Sa Mhí, baineann an príomhfhócas ar ghníomhaíocht na hIarannaoise le suíomh Ríoga na Teamhrach. Ba é an t-ionad sin suíochán ríthe na Mí agus an Ard-Rí araon. Baineann an suíomh go mór le miotais agus le finscéalta agus tá sé ceangailte le hathrú na hÉireann ón bpágántacht go dtí an Chríostaíocht. Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean (ZAA), ina gcorpraítear láthair Aonach Tailteann.
29. Agus borradh tar éis teacht ar an daonra, tugadh isteach cineál nua lonnaíochta ar a dtugtar an líos nó ráth go ginearálta, sa tréimhse Luath-Chríostaíochta (400AD – 800AD). Is iad na suíomhanna sin na cinn is fairsinge laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air agus tugadh laghdú mór faoi deara ina líon sa taobh ó dheas den idirnascaire a bheartaítear. I measc cineálacha suíomh áitribh eile ón tréimhse tá crannóga. D'fhéadfadh an tréimhse réamhstairiúil agus Luath-Chríostaíochta araon a bheith i gceist le crannóga ach tugtar le fios le tochailt agus le haimsiú fionnachtana luath-mheánaoiseach (cosúil le Loch na hOirbhe, Contae na Mí) go dtéann a bhformhór siar go dtí an tréimhse sin. Tá taifead freisin de láithreán catha ó 745 AD sa limistéar ar a ndearnadh measúnú ag an Abhainn Mhór (an Bhann) soir ó dheas de Bhinn Bhorb.
30. Idir an 6ú agus an 8ú haois lean tionchar na heaglaise ag dul i méid. Bhí dlúthbhaint ag Naomh Pádraig, chomh maith lena dheisceabail, le seansuíomhanna ríoga Mhullach Bhaile Shláine, na Teamhrach agus Dhomhnach Phádraig sa Mhí.

Aimsíodh eaglaisí a bhféadfadh dáta tógála luath a bheith ag baint leo ag Clonfeacle gar don Phort Mór, Listrakelt i gContae Ard Mhacha, agus ag Tailtin agus Domhnach Phádraig i gContae na Mí. I measc gníomhaíochta eaglasta eile tá toibreacha beannaithe, leaca croise agus balláin.

31. Thosaigh Ré na Lochlannach san 8ú haois. Faoin am seo b'ann do bhreacachan mionríochtaí a bhíodh in iomaíocht le chéile chun bunáiteanna cumhachta a bhunú faoi riail ainmniúil an Ard-Rí. Mar a tharla i mainistreacha ar fud na tíre, tá taifead sna hannála d'ionsaithe na Lochlannach ag Loch Ramhar agus Tullean sa Chabhán, ag Mucnam gar do Bhaile na Lorgan agus i gCluain Eois agus Domhnach Mór i gContae Mhuineacháin, ag Brú na Bóinne, Domhnach Phádraig agus san Uaimh, Contae na Mí agus áiteanna nach iad.
32. Tá teacht na nAngla-Normannach in 1169 ina shainimeacht de chuid na tréimhse meánaoisí. Bhí Ionraíocht Angla-Normannach theoranta i gceantar an Chabháin/Mhuineacháin agus níl ach trí mhóta agus bábhún taifeadta. Tá Caisleán Bhaile Átha Troim ar cheann de na caisleáin mhíleata de bhunadh na Normannach is tábhachtaí i gceantar ginearálta na Mí, a tógadh ar shuíomh móta. Tá roinnt samplaí eile de mhótaí i gContae na Mí. Ina theannta sin, bhí an iliomad lárionaid eaglasta de gcuid na n-ord éagsúil le feiceáil le linn ré na meánaoise. Léirítear na tithe rialta le mainistir ag Ard Breacáin agus le mainistir Chistéirseach dheachaomhnaithe ag Beighthigh, agus le rudaí nach iad. Blianta ina dhiaidh sin, mar gheall ar ionsaithe minice ar thailte Angla-Normannacha a rinne an pobal áitiúil, tugadh spreagadh do rialtas Shasana deontais a thairiscint chun túrthithe a thógáil agus tá roinnt samplaí díobh sin ar fud an limistéir ar a ndearnadh measúnú.
33. Troideadh an cath ba luaithe de Chogadh na Naoi mBliana díreach lasmuigh de Chluain Tiobrad i gContae Mhuineacháin in 1595. Tá leac cuimhneacháin an chatha suite ag crosbhóthar thart ar 1.8 km siar ón idirnascaire a bheartaítear. Cuireadh tús le plandáil Uladh idir lár an 16ú haois go dtí luath sa 17ú haois, agus fianaise de sa limistéar ar a ndearnadh measúnú teoranta do dhúnfort ar an Abhainn Dubh. I ndiaidh phlandáil Uladh tháinig plandáil Chontae an Chabháin, ach ní dhearnadh aon phlandáil ar Mhuineachán agus fágadh an talamh faoi smacht na dtaoiseach áitiúil. Tharla roinnt coimhlintí mar gheall ar Éirí Amach Uladh i lár an 17ú haois, lena n-áirítear Cath na Binne Boirbe in 1646, agus tógadh suíomhanna cosúil le Dúnfort Mullan in aice láimhe.
34. Chinntigh bua na nUilliamáiteach in Éirinn go mbeadh an lámh in uachtar ag an mBreatain agus ag Protastúnaigh ar oileán na hÉireann. Go dtí an 19ú haois, bheadh oileán na hÉireann faoi rialú dreama ar ar tugadh 'Cinsealacht na bProtastúnach,' aicme rialaithe ina raibh Protastúnaigh Shasanacha den chuid ba mhó. Is léir an leagáid sin ó mhórlíon tithe móra tuaithe na mionuaisle talún Angla-

Éireannaí i gContae na Mí agus, go pointe níos lú, i gContaetha an Chabháin agus Ard Mhacha. Ba ghnách go mbíodh eastáit mhóra agus diméinte timpeall ar na tithe móra sin ag a raibh ceapacha a bhíodh á ligean ar cíós leis na tionóntaí dúchasacha Éireannacha. As na tithe sin, baintear leas fós as roinnt díobh ar mhaithe le húsáid éagsúil, ar nós The Argory, Chaisleán Bhaile Shláine agus Theach Headfort, Brittas agus Mountainstown.

35. Idir an 18ú haois suas go dtí luath an 20ú haois ba fheirmeoireacht bheag is mó a bhíodh ar siúl sa cheantar. Bhí feirmeacha beaga le fáil anseo is ansiúd ar fud an tírdhreacha, agus bhí athrú ó bhun á chur air nuair a bhí an talamh á dhúnadh isteach agus páirceanna beaga á gcruthú. Bhí ról suntasach freisin ag an bhfás ar thrádáil an línéadaigh sa gheilleagar áitiúil. Tá cúpla muileann lín taifeadta ar léarscáileanna luatha den limistéar measúnaithe. Úsáideadh roinnt de na muilté sin mar mhuilté arbhair agus i roinnt cásanna d'fhás roinnt lonnaíochtaí timpeall orthu.

15.3.3 Oidhreacht Ailtireachta

36. Ach an oiread leis na hainmniúcháin seandálaíochta tá cosúlachtaí idir ainmniúcháin ailtireachta Thuaisceart Éireann agus na hÉireann. Tá Limistéir Chaomhantais i dTuaisceart Éireann mar a chéile a bheag nó a mhór le Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna).
37. I dTuaisceart Éireann tugtar ainmniúchán náisiúnta mar Fhoirgnimh Liostaithe do shuíomhanna lena mbaineann tábhacht ailtireachta, agus tá siad liostaithe sa Bhunachar Sonraí Foirgneamh arna shealbhú ag an NIEA. Tá láithreáin ailtireachta in Éirinn faoi chosaint trí liostú i dTaifid na Struchtúr atá faoi Chosaint (RPS), arna dtiomsú ag na húdaráis áitiúla ábhartha mar chuid dá bPleananna Forbartha Contae. Ina theannta sin, tugadh faoi staidéir chun cuidiú le húdaráis áitiúla RPSanna a thiomsú trí shuirbhéanna Fhardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta (NIAH). I gcontaetha an Chabháin agus Mhuineacháin níor tugadh na suirbhéanna NIAH chun críche ach le gairid agus níor corpraíodh siad sna liostaí atá acu de Struchtúir atá faoi Chosaint. Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil go leor forluí idir liostálacha RPS agus NIAH.
38. Tugadh faoi staidéar roimhe seo i dTuaisceart Éireann chun aird a tharraingt ar pháirceanna, gairdíní agus diméinte stairiúla tábhachtacha agus chun iad a chosaint, agus de bharr na hoibre sin tá Clár de Pháirceanna, Gairdíní agus Diméinte Stairiúla i seilbh an NIEA anois. Tá staidéar den chineál céanna ar siúl in Éirinn, ach go dtí seo ní dhearnadh ach measúnú deisce de dhiméinte agus de ghairdíní stairiúla maidir leis na contaetha sin a dtéann an t-idirnascaire a bheartaítear tríothu. Is é bunús an staidéir seo na tírdhreacha diméine agus na

gairdíní stairiúla a aibhsíodh ar an gcéad eagrán de léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis (OS).

39. Tá iomlán sé limistéar lena mbaineann tábhacht ailtireachta sa limistéar a ndearnadh measúnú air, Limistéar Caomhantais i dTuaisceart Éireann (Contae Thír Eoghain) agus cúig ACA i gContaetha na Mí agus Mhuineacháin. Is é Ard Breacáin i gContae na Mí an ceann is gaire, ag thart ar 600 m soir ón idirnascaire a bheartaítear, ach é timpeallaithe ag balla cloiche suntasach agus ag crainn mhaorga (Feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.3, agus an EIS, Rannán 14.4 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D).
40. Tá 244 Foirgneamh Liostaithe sa limistéar measúnaithe, 105 Struchtúr faoi chosaint agus 119 struchtúr atá liostaithe san NIAH (Feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.3, agus an EIS, Rannán 14.4 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D)
41. Tá tailte an Argory, maoin lontaobhais Náisiúnta, suite thart ar 1.4 km ón idirnascaire a bheartaítear i gContae Ard Mhacha. Tá an dara suíomh, The Manor House, an Bhinn Bhorb liostaithe freisin i gClár na bPáirceanna, na nGairdíní agus na Diméinte Stairiúla sa limistéar ar a ndearnadh measúnú, mar aon le ceithre Pháirc, Ghairdín agus Diméin bhreise. Rinneadh mionstaidéar ar thírdhreacha diméine agus ar ghairdíní stairiúla i gcontaetha Mhuineacháin, an Chabháin agus na Mí inar aimsíodh 60 ar an iomlán a bhí léirithe ar an gcéad eagrán de léarscáileanna OS taobh istigh den limistéar ar a ndearnadh measúnú. Is fiú aird a thabhairt i dtaca leis an idirnascaire a bheartaítear ar roinnt tírdhreacha diméine agus gairdíní stairiúla i gContae na Mí a thrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear, lena n-áirítear Brittas, Mountainstown agus Philpotstown. Is díol suntas freisin an Choill Bhán agus a theach Seoirseach gaolmhar atá suite ar airde thart ar 1.6 km soir ón idirnascaire a bheartaítear.
42. Áirítear leis na cineálacha suímh ailtireachta sa limistéar ar a ndearnadh measúnú suíomhanna éagsúla ón tréimhse iar-mheánaoiseach agus ó thréimhsí níos déanaí den chuid is mó. Ina measc sin tá tithe cónaithe beaga príobháideacha, feirmeacha agus bonneagar gaolmhar, séipéil agus láithreáin eaglasta, droichid agus tithe móra agus mainéir lena dtailte agus struchtúir ghaolmhara.

15.3.4 Oidhreachta Chultúrtha Eile

43. Téann an t-idirnascaire a bheartaítear trí Bhaile Ghib, limistéar Gaeltachta atá suite ó thuaidh den Abhainn Dubh idir an Uaimh agus Ceanannas i gContae na Mí. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta tacú le cur i bhfeidhm straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030 agus cuirtear tábhacht ar

leith ar chaomhnú agus ar chur chun cinn na Gaeilge sa Ghealtacht i dtaca le caomhnú agus cosaint oidhreacht, cultúr agus saibhreas na teanga áit a bhfuil sí fós mar theanga teaghlaigh agus pobail.

44. Gar freisin don idirnascaire a bheartaítear atá suíomh an aonaigh stairiúil, Aonach an Mhaí. Is aonach capall é anois a bhíonn ar siúl gach bliain ag crosbhóthar i mbaile fearainn an Mhaí siar ó Dhún an Rí, Contae an Chabháin agus thart ar 200 m ó dheas den idirnascaire a bheartaítear.

15.4 Bearta Maolaithe

45. Rinneadh tréaniarracht i dtreorú cúramach an idirnascaire a bheartaítear tionchar a sheachaint nó a laghdú ar shuíomhanna oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta atá ar eolas. Mar sin féin, beidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar roinnt suíomhanna seandálaíochta agus ailtireachta.
46. Forbraíodh straitéisí maolaithe i gcomhairle le NIEA agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá na sonraí ar fad sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) agus sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite. Mar achoimre áirítear sna bearta maolaithe a bheartaítear:

- Tástáil Seandálaíochta – moladh é seo i limistéir ina bhfuil acmhainn mhór seandálaíochta cosúil le Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean, ar mhaithe le cineál an tionchair réamh-mheasta a dheimhniú;
- Monatóireacht Seandálaíochta / Mionteagasc Faire – déantar iad seo ar mhaithe le cineál an tionchair réamh-mheasta a dheimhniú;
- Athbhreithniú ar Rochtain ar mhaithe leis an tionchar measúnaithe a dheimhniú. I limistéir ina bhfuil baol go mbeidh tionchar ag gnéithe lena mbaineann cumas seandálaíochta nó ailtireachta ó thaobh rochtain tógála de ar shuíomhanna túir agus ar limistéir chosanta, tabharfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí faoi athbhreithniú deimhniúcháin eile ar na limistéir sin roimh thógáil an idirnascaire a bheartaítear agus lena linn. Tarraingeofar aird ar ghnéithe íogaire agus úsáidfear innealra iomchuí agus leathánra cosanta, amhail mataí portaigh nó painéil alúmanaim bhóthair;
- Líniú teorann – i gcás ina bhfuil suíomhanna lena mbaineann féidearthacht seandálaíochta nó ailtireachta agus atá gar don líne agus an baol ann go bhféadfadh tionchar gan chuimhneamh a bheith ar na suíomhanna sin le linn chéim na tógála ansin leagfaidh

seandálaí atá cáilithe go cuí síos teorainneacha le maolán iomchuí lena chinntiú go mbeidh cosaint acu; agus,

- Monatóireacht ar Chrannliacht.

15.5 Tionchar Iarmharach

15.5.1 Céim na Tógála

15.5.1.1 Tionchar Seandálaíochta

47. Agus bearta maolaithe a bheith i bhfeidhm, tá sé tuartha nach mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ar iarsmaí seasta aon suíomhanna seandálaíochta a taifeadh roimhe seo, rud a chruthóidh tionchar lena mbaineann suntasacht neodrach (feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.6, agus an EIS, Rannán 14.7.1 d'Imleabhar 3C agus 3D).
48. Moladh tástáil seandálaíochta i limistéir ina bhfuil acmhainn mhór seandálaíochta, amhail ZAA Thailtean, lena chinntiú, i gcás go n-aimsítear sil-leagain seandálaíochta nach bhfuil ar eolas faoi láthair, go láimhseálfar iad de réir an dea-chleachtais ghairmiúil (Feic an EIS, Rannán 14.6.1 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D).
49. Aibhsíodh in anailís a rinneadh ar léarscáiliú stairiúil agus ar ghrianghrafadóireacht ón aer roinnt suíomhanna a bhfuil baol ag baint leo go mbeidh tionchar fisiceach díreach orthu le linn chéim na tógála. I measc na suíomhanna sin tá tithe agus áitribh feirme atá ann ón gcéad eagrán den suirbhé OS, a bhfuil bealaí rochtana sealadacha ag dul trína gclós acu, agus cosaint a lonnófar i limistéir nach bhfuil tithe agus struchtúir eile le feiceáil níos mó ar léarscáiliú stairiúil (Feic an EIS, Rannán 14.5.3 agus Rannán 14.6.1 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D).
50. Tá an baol ann freisin go bhféadfaí teacht ar shuíomhanna seandálaíochta eile nach raibh taifeadta roimhe sin le linn na monatóireachta / an fhaire a bhaineann le hoibreacha tógála; mar sin féin, meastar nach bhfuil ach seans an-bheag go dtiocfar ar aon ní.

15.5.1.2 Tionchar Ailtireachta

51. Agus bearta maolaithe a bheith i bhfeidhm, tá sé tuartha nach mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ar na suíomhanna ailtireachta a taifeadh roimhe seo agus atá i mBunachar Sonraí Fhoirgnimh Stairiúla an NIEA, i dTaifid na Struchtúr faoi Chosaint i gComhairle Contae Mhuineacháin, an Chabháin agus na Mí nó sna suirbhéanna NIAH atá foilsithe, rud a chruthóidh tionchar lena mbaineann

suntasacht neodrach. Beidh tionchar fisiceach díreach ag an idirnascaire a bheartaítear ar ocht gcinn de thírdhreacha diméine agus gairdíní stairiúla atá léirithe ar an gcéad eagrán de léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis, a chuimsíonn iad sin a bhaineann le Teach na Seantamhnaí, Tully House, Brittas, Ráth Úd, Mountinstown, Diméin Bhaile Ghib, Taltin agus Philpotstown (Feic an EIS, Rannán 14.5.3 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D). Aibhsíodh in anailís bhreise a rinneadh ar léarscáiliú stairiúil agus ar ghrianghrafadóireacht ón aer roinnt suíomhanna a bhfuil baol ag baint leo go mbeidh tionchar fisiceach díreach orthu le linn chéim na tógála. I measc na suíomhanna sin tá tithe agus áitribh feirme atá ann ón gcéad eagrán den suirbhé OS, a bhfuil bealaí rochtana sealadacha ag dul trína gclós acu, agus cosaint a lonnófar i limistéir nach bhfuil tithe agus struchtúir eile le feiceáil níos mó ar léarscáiliú stairiúil (Feic an EIS, Rannán 14.5.3 agus Rannán 14.6.1 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D).

15.5.2 An Chéim Oibríoch

15.5.2.1 Tionchar Seandálaíochta

52. Is é an bealach is fearr chun an tionchar ar ghnéithe oidhreachta cultúrtha a mhaolú ná trí threorú íogair a dhéanamh ar an idirnascaire a bheartaítear d'fhonn tionchar a sheachaint ar shuíomhanna, struchtúir, shéadchomharthaí, ghnéithe nó thírdhreacha oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha a bhfuil íogaireacht ar leith ag baint leo. Ó na céimeanna is luaithe den tionscadal seo, rinneadh gach iarracht íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh aige ar thimpeallacht oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha an réigiúin. Beag beann air sin, ní rabhthas in ann an tionchar ar fad a sheachaint mar gheall ar fhad agus ar chineál líneach an idirnascaire a bheartaítear.
53. Is éard a bheidh i bhformhór an tionchair oibríoch ná tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna, na struchtúr, na séadchomharthaí nó na ghnéithe oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha. Is féidir suíomh a shainiú mar an áit ina mbraitear sócmhainn. Mar thoradh ar riocht líneach seasta an idirnascaire a bheartaítear, d'fhéadfadh sí dul i bhfeidhm ar an tuiscint a bheadh ann do shuíomh, do struchtúr, do shéadchomhartha, do ghné nó do thírdhreach oidhreachta cultúrtha nó ar an taitneamh a bhaintear astu, fiú nuair atá siad lonnaithe ar shiúl ón bhforbairt.
54. Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar shuíomhanna oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha, ar shéadchomharthaí, struchtúir nó ar ghnéithe le linn oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le linn chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear agus meastar gurb é an tionchar céanna, nó go mbeidh tionchar níos lú arís aige, ar chéim na tógála.

55. In Éirinn, ag teacht le moltaí an EPA Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (*Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireadh i Ráitis Tionchair Timpeallachta*) (2002), ní áirítear sa mheasúnú ach amháin suíomhanna inar measadh go mbeadh suntasacht an tionchair measartha nó níos mó, ach áiríodh in ES Thuaisceart Éireann sócmhainní ar bhain suntasacht bheag dhiúltach/drochshuntasacht leo.
56. Tá an tionchar ar shuíomhanna seandálaíochta sa limistéar ar a ndearnadh measúnú ar feadh chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear le feiceáil i dTábla 15.1. Le haghaidh sonraí breise, feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Rannán 12.4, agus an EIS, Rannán 14.5.4 d'Imleabhar 3C agus d'Imleabhar 3D.

Tábla 15.1 Tionchar Oibríochta ar Shuíomhanna Seandálaíochta

Ainm an tSuímh	Contae	Íogaireacht/Íogaireacht i leith Athrú	Méid athraithe an	Suntasacht an Tionchair ar an Suíomh
Imfhálú féideartha ag Ballydoo. Séadchomhartha Sceidealaithe	Ard Mhacha	Mór	Beagán Diúltach	Beag Diúltach
Ráth agus uaimh thalún ag Lisglynn. Séadchomhartha Sceidealaithe	Ard Mhacha	Mór	Beagán Diúltach	Beag Diúltach
Dúnfort Rawes. Séadchomhartha Sceidealaithe	Ard Mhacha	Mór	Idirmheánach diúltach	Measartha Diúltach
Ráth. Séadchomhartha Sceidealaithe	Ard Mhacha	Meánach	Idirmheánach diúltach	Measartha Diúltach
Ráth	Ard Mhacha	Meánach	Idirmheánach diúltach	Measartha Diúltach
Dúnfort Mullan. Séadchomhartha Sceidealaithe	Tír Eoghain	Mór	Measartha Diúltach	Measartha Diúltach
Imfhálú sa Chrois Bhán	Ard Mhacha	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Ráth – Ráth ag ionchorprú foirgneamh féideartha sa Léim Ghearr	Muineachán	Measartha	Mór	Diúltach Mór
Tuama Meigiliteach – Tuama Cúirte sa Léim Ghearr	Muineachán	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Tuama Meigiliteach – Tuama Ursanach sa Líonán	Muineachán	Mór	Idir Substaintiúil agus Mór	Diúltach Mór

Ainm an tSuíomh	Contae	Íogaireacht/Íogaireacht i leith Athrú	Méid an athraithe	Suntasacht an Tionchair ar an Suíomh
Tuama Meigiliteach – Tuama Cúirte i gCorr na Muclach Theas	Muineachán	Idir Measartha agus Ard	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Lios – Ráth i gCorr na Muclach Theas	Muineachán	Measartha	Mór	Diúltach Mór
Struchtúr Meigiliteach – a d'fhéadfadh a bheith i gceist i nDoire Shalach	Muineachán	Idir Measartha agus Ard	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Lios – Ráth in Achadh Mhic Céir	Muineachán	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Séipéal i Leatón Foscaidh	Muineachán	Mór	Idir Measartha agus Substaintiúil	Measartha Diúltach
Lios – Ráth ó thaobh suíomh botháin a chorprú san lomaire Fraoigh	Muineachán	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Lios – Ráth i gCorr na Láithreach	Muineachán	Idir Measartha agus Ard	Mór	Diúltach Mór
Lios – Ráth i Scallchoill	Muineachán	Mór	Substaintiúil	Diúltach Mór
Imfhálú i gCorr an Fheannta	Muineachán	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Crios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean	An Mhí	Mór	Réasúnta beag	Measartha Diúltach
Imfhálú in Tullyweel	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Lios – Ráth sa Bhóthar Liath	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Diúltach Mór
Ráth – Ráth ag ionchorprú gallán sa Bhóthar Liath	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór
Lios – Ráth i Lislea	An Mhí	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Imfhálú in Achadh Mór	An Mhí	Beag	Mór	Measartha Diúltach
Lios – Ráth in Achadh Mór	An Mhí	Measartha	Idir Substaintiúil agus Mór	Measartha Diúltach
Imfhálú in Ard Mhacha Bréige	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór

Ainm an tSuímh	Contae	Íogaireacht/Íogaireacht i leith Athrú	Méid an athraithe	Suntasacht an Tionchair ar an Suíomh
Lios – Ráth ag ionchorprú crios i Brittas –	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór
Lios – Ráth in Brittas	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór
Lios – Ráth in Brittas	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór
Lios – Ráth in Brittas	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Suntasach
Imfhálú i mBaile Chrúis	An Mhí	Mór	Idir Measartha agus Substaintiúil	Measartha Diúltach
Lios – Ráth i Ráth Úd	An Mhí	Idir Measartha agus Ard	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Imfhálú in Ballbrigh	An Mhí	Measartha	Substaintiúil	Measartha Diúltach
Teach rialta agus túrtheach i mBeighthigh – séadchomhartha náisiúnta faoi chúram an Stáit	An Mhí	An-mhór	Réasúnta beag	Measartha
Lios – Ráth in Branganstown	An Mhí	Idir Íseal agus Measartha	Idir Substaintiúil agus Mór	Measartha Diúltach
Créfort in Branganstown	An Mhí	Idir Íseal agus Measartha	Idir Substaintiúil agus Mór	Measartha Diúltach
Lios – Ráth in Branganstown	An Mhí	Idir Íseal agus Measartha	Idir Substaintiúil agus Mór	Measartha Diúltach
Caisleán – Móta agus Teach ón 17ú haois i gCill Mhaoláin	An Mhí	Mór	Substaintiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór

15.5.2.2 Tionchar Ailtreachta

57. Tugtar tionchar fisiceach díreach le linn chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear faoi deara i dtaca le roinnt tírdhreacha diméine, mar a thugtar le fios sa chéad

eagrán de léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis. Mar a tugadh le fios roimhe seo tá staidéar ar bun in Éirinn chun aird a tharraingt ar thábhacht tírdhreacha den sórt sin agus níor cuireadh an staidéar i gcrích maidir leis na contaetha trína dtéann an t-idirnascaire a bheartaítear. Tá cuntas ar shuntasacht an tionchair fhisicigh dhírig lena féidir a bheith ag súil i dTábla 15.2.

Tábla 15.2 An Tionchar ar Thírdhreacha Diméine le linn Chéim na Tógála

Ainm	Contae	Baile Fearainn	Suntasacht an Tionchair
An tSeantamhnach	Muineachán	Tuath	Beag Diúltach
Tully House	Muineachán	Tulaigh Ghlais	Beag Diúltach
Brittas	An Mhí	Brittas	Diúltach Mór
Ráth Úd	An Mhí	Ráth Úd	Measartha Diúltach
Teach Mountainstown	An Mhí	Mountainstown	Measartha Diúltach
Baile Ghib	An Mhí	Diméin Bhaile Ghib	Beag Diúltach
Teach Thailtean	An Mhí	Tailtin	Beag Diúltach
Teach Dhún Doire	An Mhí	Philpotstown	Measartha Diúltach

58. Tá an tionchar ar shuíomhanna ailtireachta sa limistéar measúnaithe le linn chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear le feiceáil i dTábla 15.3.

Tábla 15.3 Tionchar Oibríochta ar Shuíomhanna Ailtireachta

Ainm an tSuímh	Contae	Íogaireacht/Íogaireacht i leith Athrú	Méid athraithe	Suntasacht an Tionchair
164 & 166 Bóthar Trew Mount Foirgneamh Liostaithe	Tír Eoghain	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
142 Bóthar Mhaí. Foirgneamh liostaithe Grád B1	Tír Eoghain	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
Tullydowey House. Foirgneamh Liostaithe	Tír Eoghain	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
Mullyloughan house / Glenaul House. Foirgneamh Liostaithe	Ard Mhacha	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
The Argory. Gairdín Cláraithe	Ard Mhacha	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
The Argory. Foirgneamh Liostaithe Grád B+	Ard Mhacha	Mór	Diomaibhseach	Beag Diúltach

Ainm an tSuímh	Contae	Íogaireacht/íogaireacht i leith Athrú	Méid athraithe	Suntasacht an Tionchair
Túr cloiche, Foirgneamh liostaithe Grád B1	Tír Eoghain	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
The Grange, Foirgneamh liostaithe Grád B	Tír Eoghain	Mór	Beagán diúltach	Beag Diúltach
Gate Lodge le haghaidh Tullydowey House. Foirgneamh Liostaithe	Tír Eoghain	Mór	Idirmheánach diúltach	Measartha Diúltach
Eaglais Naomh Pádraig in Ardráth	Muineachán	Mór	Substantiúil	Idir Measartha agus Diúltach Mór
Teach na Coille Báine sa Choill Bhán	An Mhí	Mór	Réasúnta beag	Measartha Diúltach
Mainistir Bheighí i mBeighigh	An Mhí	An-mhór	Réasúnta beag	Measartha Diúltach

Tábla 15.4 Tionchar Oibríochta ar Shuíomhanna Diméine agus Gairdíní Stairiúla

Ainm an tSuímh	Contae	Íogaireacht/íogaireacht i leith Athrú	Méid athraithe	Suntasacht an Tionchair
An Choill Bhán	An Mhí	Mór	Idir Measartha agus Substantiúil	Idir Measartha agus Suntasach
Brittas	An Mhí	An-mhór	Substantiúil	Suntasach
Ráth Úd	An Mhí	Beag	Mór	Measartha
Mountainstown	An Mhí	Mór	Substantiúil	Measartha
Baile an Teampaill	An Mhí	Measartha	Substantiúil	Measartha
Philpotstown	An Mhí	Measartha	Substantiúil	Measartha

15.5.2.3 Gnéithe Oidhreachta Cultúrtha Eile

59. Ní shamhlaítear go mbeidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar oidhrecht na Gaeilge laistigh de limistéar Gaeltachta Bhaile Ghib agus dá bhrí sin is tionchar neodrach a bheidh i gceist.

60. Ar an gcaoi chéanna, measadh gur tionchar neodrach a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear ar chomhcheangal oidhrecht stairiúil agus chultúrtha Aonach an Mhaí. Tugtar ar aird go bhfuil measúnacht tionchair amhairc an idirnascaire a bheartaítear ar Aonach an Mhaí le fáil sa chaibidil ar thírdhreach.

15.6 Tionchar Trasteorann

61. Aimsíodh nach mbeadh tionchar fisiceach díreach ar bith tar éis maolú ar shuíomhanna, ar struchtúir, ar shéadchomharthaí nó ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachta cultúrtha a taifeadadh cheana atá suite ar an dá thaobh den teorainn dhlínsiúil mar thoradh ar thógáil an idirnascaire a bheartaítear.
62. Tá séadchomhartha seandálaíochta amháin, ar imfhálú é (Uimh. SMR Thuaisceart Éireann ARM023-004), lonnaithe i gContae Ard Mhacha, mar ar aimsíodh go mbeadh tionchar diúltach measartha ar an suíomh ag an idirnascaire a bheartaítear taobh istigh d'Éirinn ar feadh chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear.

15.7 Conclúidí

63. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta náisiúnta faoi seach is infheidhmithe.
64. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ag céim na tógála chun an tionchar ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha a taifeadadh roimhe seo a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt agus chun déileáil le haon ghnéithe nach eol ar thángthas orthu le linn na tógála.
65. Cé nach mbeidh tionchar fisiceach díreach ag an idirnascaire a bheartaítear ar iarsmaí seasta aon suíomhanna seandálaíochta nó gnéithe ailtireachta atá ar eolas, beidh an tionchar sin aige ar roinnt tírdhreacha diméine. Fuarthas amach go mbeadh tionchar suntasach aige ar cheann de na tírdhreacha diméine, Brittas. Beidh tionchar measartha agus diúltach ag an tionscadal ar cheithre shuíomh diméine eile ó thaobh suímh de.
66. Gach seans go mbeidh tionchar suntasach ar shuíomh roinnt gnéithe. Mar achoimre beidh 24 thionchar measartha diúltach, seacht dtionchar idir measartha agus diúltach mór agus sé thionchar diúltach shuntasacha ar shuíomhanna seandálaíochta. Chomh maith leis sin, beidh trí thionchar measartha diúltach agus tionchar amháin idir mheasartha agus diúltach mór ar shuíomhanna ailtireachta.
67. Ní bheidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar na suíomhanna eile go léir sa timpeallacht ina mbeidh siad nó is tionchar beag diúltach a bheidh i gceist.

16. An Tírdhreach

16.1 Réamhrá

1. Déantar breithniú sa rannán seo ar an tionchar suntasach is dócha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear (idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí) ar na saintréithe tírdhreacha agus ar an taitneamhacht amhairc sa timpeallacht ina mbeidh sé.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite ná Caibidil 13 (An Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc) agus is iad na caibidilí ábhartha den EIS ná Caibidil 11 (Tírdhreach) d'Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

16.2 Modheolaíocht

16.2.1 Scóip an Mheasúnaithe

3. Tá scóip an mheasúnaithe bunaithe ar athbhreithniú ar an reachtaíocht, ar threoircháipéisí, ar bhreithiúnas gairmiúil, ar aiseolas ó chomhairliúchán poiblí, ar chomhairliúchán le húnéirí talún, ar chomhairliúchán le húdaráis fhorordaithe (lena n-áirítear údaráis áitiúla, an Bord Pleanála, DOE agus NIEA), ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara eile agus ar bhreithniú maidir leis an dóchúlacht go dtiocfaidh tionchar suntasach aníos, ag féachaint don saghas comhshaoil ina mbeidh an fhorbairt le déanamh agus do shaghas agus réim an idirnascaire a bheartaítear.
4. Tugadh aird ar an treoir a chuimsítear sna cáipéisí seo a leanas le linn an mheasúnaithe tírdhreacha agus amhairc:
 - Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (*Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh*), an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013);
 - Advice Notes on Current Practice in the preparation of EIS (*Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha maidir le EIS a ullmhú*), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2003);
 - Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (*Treoirlínte maidir le Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc*) (GLVIA), an 3ú heagrán, Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil (2013);

- Photography and Photomontage in Landscape and Visual Impact Assessment (*Fótagrafaíocht agus Fótamontáis i Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc*), Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe), Nóta Faisnéise 01/11 (2011);
 - Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (*Treoirlínte maidir le Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc*) (GLVIA), an 2ú heagrán, Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil, 2002³⁸; agus,
 - Landscape Character Assessment, Guidance for Scotland and England (*Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha, Treoir d'Albain agus do Shasana*), Scottish Natural Heritage & The Countryside Agency, 2002³⁹.
5. Aithnítear sa GLVIA an t-idirchaidreamh idir meabhairbhraith na saintréithe tírdhreacha agus eispéireas na ngabhdóirí amhairc, lena n-áirítear cónaitheoirí, cuairteoirí, daoine san ionad oibre, úsáideoirí áiseanna áineasa, daoine a thaistealaíonn trí cheantar agus grúpaí eile amharcóirí.
6. Is é atá i gceist le prionsabail an Mheasúnaithe ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc ná tuiscint a bheith ann ar an tírdhreach reatha agus ar an gcuma amhairc atá air, anailís ar riocht an tírdhreacha agus ar a íogaireacht i leith athrú, grinntuiscint ar na tograí forbartha, ar an méid athraithe a thiocfaidh as tógáil agus as oibríocht na dtograí agus ar an gcumas atá ann chun tionchar a mhaolú. Tá trí phríomhchéim sa mheasúnú:
- Taifeadadh agus anailís a dhéanamh ar an timpeallacht bhonnlíne, ar luach/riocht an tírdhreacha agus ar íogaireacht/cumas an tírdhreacha agus na ngabhdóirí amhairc laistigh den limistéar a ndéantar measúnú air maidir le freastal ar athrú;
 - Measúnú a dhéanamh ar an méid athraithe ar dóigh di teacht as an bhforbairt; agus,

³⁸ Ba é an dáta eisiúna do Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (*Treoirlínte maidir le Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc*) (GLVIA), an 3ú heagrán, ná mí Aibreáin 2013. De réir na treorach ón Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) maidir le haistriú i dtreo GLVIA3 a úsáid: "I gcás measúnú ar úsáideadh GLVIA2 ann ar dtús, ba chóir an t-eagrán céanna a úsáid chun é a chríochnú." Dá bhrí sin, úsáideadh GLVIA2 i dTuaisceart Éireann, toisc gur tosaíodh agus gur críochnaíodh an measúnú sin sular eisiódh GLVIA3.

³⁹ In éagmais treoir iomlán shonrach i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn maidir le measúnú tírdhreacha agus amhairc, is dea-chleachtas í an treoir dá dtagraítear anseo agus tá sí infheidhmithe maidir le Tuaisceart Éireann agus maidir le hÉirinn.

- Measúnú ar shuntasacht an tionchair, bunaithe ar mheascán d'íogaireacht na ngabhdóirí agus ar mhéid an athraithe (lena n-áirítear measúnú ar mhaolú agus ar an tionchar iarmharach).
7. Mar gheall go gceanglaítear ar na hiarratasóirí faoi seach iarratais ar leithligh a chur isteach i gcomhair toiliú forbartha i ngach dlínse ina mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe, thar scálaí ama éagsúla, tá difríochtaí áirithe sna modheolaíochtaí sa mheasúnacht tionchair. Rinneadh an Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc ar chuid SONI den líne sula ndearnadh an measúnú ar líne EirGrid, ach cloítear ann le Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (*Treoirlínte maidir le Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc*) (GLVIA), an 2ú heagrán, Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil, 2002; agus déantar tagairt ann do Landscape Character Assessment, Guidance for Scotland and England (*Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha, Treoir d'Albain agus do Shasana*), Scottish Natural Heritage & The Countryside Agency, 2002.
 8. Ghlac Brainse Ailtirí Tírdhreacha NIEA leis an modheolaíocht agus leis an gcur chuige sin agus, dá réir sin, lean an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite le cloí le GLVIA, an 2ú hEagrán.
 9. Ina dhiaidh sin, foilsíodh Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment (*Treoirlínte maidir le Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc*) (GLVIA), an 3ú heagrán, Landscape Institute (an Institiúid Tírdhreacha sa Ríocht Aontaithe) agus an Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil (2013), treoirlínte ar chloígh comhairleoirí tírdhreacha EirGrid leo agus a measúnú á dhéanamh acu. Tá cur chuige leathan i leith Measúnú ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc agus prionsabail bhunúsacha an Mheasúnaithe ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc cosúil le chéile sa dá eagrán den treoir.
 10. Chuaigh speisialtóirí tírdhreacha EirGrid agus SONI i dteagmháil le chéile chun comhthalamh a bhaint amach sna modheolaíochtaí, rud a d'fhágfadh go mbeadh na conclúidí ón LVIA de chuid SONI agus an LVIA de chuid EirGrid inchomparáide le chéile chun críocha na Comhthuarascála Comhshaoil.

16.2.2 Saintascanna Measúnaithe

11. Tugadh faoi staidéar bonnlíne ar mhaithe le cur síos agus aicmiú a dhéanamh ar an limistéar forbartha agus an comhthéacs máguaird. Áiríodh leis sin staidéir ar fhoinsí agus suirbhéanna mionsonraithe láithreán. Is de réir na nithe seo a leanas a dhéantar cur síos ar chomhthéacs bonnlíne an limistéir forbartha.

- An Comhthéacs Beartais Phleanála Tírdhreacha a leagtar amach i mbeartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;
 - Saintréithe Tírdhreacha, rud a chuimsíonn topagrafaíocht, gnéithe uisce, fásra, bealaí poiblí, an timpeallacht thógtha agus saintréithe, cáilíocht agus luach reatha an tírdhreacha ina mbeidh na tograí lonnaithe; agus,
 - Comhthéacs Amhairc, rud a chinntear trí thagairt a dhéanamh do ghabhdóirí féideartha amhairc agus d'fogaireacht na ngabhdóirí sin
12. Rinneadh staidéar ar fhoinsí chun íogaireacht an tírdhreacha a shainaithint laistigh den limistéar measúnaithe.
13. Chun an mór-chomhthéacs pleanála agus tírdhreacha ina bhfuil an limistéar forbartha atá ann cheana lonnaithe a bhunú le linn an staidéir ar fhoinsí, baineadh leas as foilseacháin fhoilsithe, as measúnuithe foilsithe agus as treoir fhoilsithe ar leibhéal Náisiúnta agus Réigiúnach.
14. Bailíodh faisnéis ó na foinsí seo a leanas:
- Northern Ireland Landscape Character Assessment (*Measúnú ar Shaintréithe an Tírdhreacha i dTuaisceart Éireann*) (DOE, 2001);
 - Suirbhéireacht Ordanáis Thuaisceart Éireann agus léarscáiliú Suirbhé Ordanáis na hÉireann;
 - Comhairle Chontae an Chabháin, Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020;
 - Comhairle Contae Mhuineacháin, Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019;
 - Comhairle Contae Mhuineacháin, Monaghan Landscape Character Assessment (*Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Mhuineacháin*) 2008;
 - Comhairle Chontae na Mí, Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha i gContae na Mí (2007);
 - Comhairle Chontae na Mí, Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019;
 - Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (Garraithe), an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta;

- Baineadh leas as grianghraif ón aer den limistéar a ndearnadh measúnú air arna soláthar ag na hiarratasóirí faoi seach; agus
 - Déantar cur síos ar shuirbhéanna láithreán thíos.
15. Cuireadh san áireamh sonraí a bhí ar fáil ó Oifig na gCosán Náisiúnta, ó Discover Ireland agus ó Fháilte Éireann. Chuir na sonraí sin faisnéis ar fáil faoi nithe is díol spéise do thurasóirí agus faoi bhealaí éagsúla tiomána, siúil agus rothaíochta.
 16. Rinneadh infheictheacht teoriciúil an limistéir forbartha a mheas ar dtús trí anailís ar fhoinsí. Chabhraigh cuairteanna allamuigh le méid infheictheachta na forbartha ag amanna éagsúla den bhliain a dheimhniú agus a thuairisciú.
 17. Tugadh faoi chuireanna suímh ar láithreacha poiblí chun saghas agus réim na srianta tírdhreacha a sainathnódh sa bhreithmheas ar fhoinsí a dheimhniú agus chun saintréithe ginearálta an tírdhreacha trína dtéann an t-idirnascaire a bheartaítear a fháil amach. Is é a bhí i gceist leis an measúnú sin ná gnéithe reatha den tírdhreach, na príomh-amharcpointí a bhfuil teacht ag an bpobal orthu agus na gabhdóirí íogaire laistigh den tírdhreach a shainathint. Thacaigh suirbhé fótagrafach ó amharcpointí gnách le tuairimí a bhaint amach. Rinneadh cinneadh tar éis cuairteanna suímh ar na láithreacha ab oiriúnaí le haghaidh amharcpointí d'fhótagraif ar a mbunófaí fótamontáisi.
 18. Tugadh faoi roinnt measúnuithe allamuigh éagsúla idir 2004 agus 2014 ag amanna éagsúla den bhliain agus i ndálaí aimsire éagsúla, agus sraith chuimsitheach cúirteanna allamuigh á tabhairt acu. Chomh maith leis sin, tugann siad grinneolas agus grintuiscint do na measúnóirí tírdhreacha agus amhairc ar chomhthéacs tírdhreacha an limistéir a ndearnadh measúnú air.
 19. Glacadh grianghrafadóireacht léiritheach amharcpointe ó láithreacha a bhfuil teacht ag an bpobal orthu le linn cuairteanna éagsúla suímh.
 20. Is féidir sonraí iomlána a fháil sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Rannán 13.2) agus san EIS (Rannán 11.2, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D) maidir leis na modheolaíochtaí a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar tírdhreacha agus amhairc a d'fhéadfadh a bheith ag an idirnascaire a bheartaítear.

16.2.3 Modhanna Measúnaithe Tírdhreacha agus Amhairc

16.2.3.1 Crios na hInfheictheachta Teoiriciúla

21. Tá léarscáiliú chrios na hinfheictheachta teoiriciúla (ZTV) mar chomhpháirt foinse den anailís infheictheachta, ina léirítear na ceantair sin óna bhféadfaí an t-idirnascaire a bheartaítear a fheiceáil go teoriciúil. Glactar leis i léarscáiliú ZTV gur

dromchla lom talún atá i gceist agus ní chuirtear an tionchar folaithe a imríonn crainn, fála scean agus foirgnimh san áireamh. Tá sé bunaithe ar infheictheacht teoriciúil an idirnascaire a bheartaítear.

22. Cé go léirítear i léarscáiliú ZTV gur féidir an fhorbairt a fheiceáil go teoriciúil ó láthair ar leith, ní chuireann sé sin an cineál tionchair nó méid na héifeachta a bheidh ag an bhforbairt in iúl. Dá bhrí sin, tugtar faoi obair allamuigh chun cur le léarscáiliú ZTV, obair arb é is aidhm di breithniú a dhéanamh ar chineál agus ar chomhdhéanamh na radharc reatha, ar thírghné agus ar fhásra áitiúil a d'fhéadfadh an líne lasnairde a bheartaítear a fholú, agus anailís a dhéanamh ar mhéideanna féideartha infheictheachta.

16.2.3.2 Saintréithe, Cáilíocht agus Luach Tírdhreacha

23. Cuimsíonn **Saintréithe Tírdhreacha** gnéithe fisiceacha agus gnéithe cultúrtha araon. Tagann tírghné, geolaíocht, hidrigeolaíocht, cumhdach talún, patrún úsáide talún agus gnéithe cultúrtha agus stairiúla agus comhcheangail chultúrtha agus stairiúla le chéile chun 'ómós áite' agus aitheantas coiteann a chruthú, rud is féidir a úsáid chun an tírdhreach a chatagóiriú ina n-aonaid in-sainmhínithe (limistéir shaintréithe). Is féidir leibhéal an mhionsonraithe agus méid an aonaid a athrú chun scála an tsainmhínithe atá ag teastáil a léiriú. Is féidir é a chur i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal áitiúil.
24. Baineann **Cáilíocht Tírdhreacha** nó Ríocht Tírdhreacha leis an meallacht aeistéitiúil intreach a ghabhann le limistéar saintréithe, le gné nó le comhpháirt laistigh den tírdhreach. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist léi ná a mhéid atá saintréithe coiteanna le feiceáil i gceantair ar leith, sláine an tírdhreacha agus an ríocht atá ar ghnéithe ar leith.
25. Is féidir **Luach Tírdhreacha** a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do shainiúcháin idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla arna ndéanamh ag gníomhaireachtaí reachtúla agus pleanála. Ní chuireann an easpa sainiúcháin den sórt sin in iúl go mbaineann easpa luacha le ceantar ar leith, áfach. Agus Luach á chinneadh, is gá tuiscint ar Cháilíocht Tírdhreacha, i measc tosca eile, a chur san áireamh, lena n-áirítear;
- Cáilíocht Áilleachta – An téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar thírdhreacha a mheallann na céadfaí go príomha (go háirithe na céadfaí amhairc, ach ní na céadfaí amhairc amháin);
 - Annamhacht – Gnéithe nó sainghnéithe annamha a bheith i láthair sa tírdhreach nó Cineál Saintréithe Tírdhreacha annamh a bheith ann;

- Ionadaíochas – Cé acu atá nó nach bhfuil saintréithe ar leith agus/nó gnéithe nó sainghnéithe ar leith a meastar a bheith ina samplaí antábhachtach;
- Leasanna Caomhnaithe – Is féidir le gnéithe fiadhúlra, le gnéithe domhaneolaíochta agus le gnéithe lena mbaineann spéis seandálaíochta nó stairiúil nó chultúrtha cur le luach an tírdhreacha, agus is féidir go mbainfidh luach leo féin;
- Luach Áineasa – Fianaise go mbaineann luach leis an tírdhreach ó thaobh gníomhaíocht áineasa de, in áiteanna a bhfuil an tírdhreach mar chuid thábhachtach den ghníomhaíocht sin;
- Gnéithe Céadfacha – Is féidir go mbainfidh luach le tírdhreach mar gheall ar na cáilíochtaí céadfacha atá ann, go háirithe fiántas agus/nó suaimhneas; agus
- Comhcheangail – Baineann tírdhreacha áirithe le daoine ar leith, ar nós ealaíontóirí nó scríbhneoirí, nó le heachtraí stairiúla a chuireann le dearthaí go ngabhann áilleacht nádúrtha leis an gceantar.

16.2.3.3 Íogaireacht i leith athrú

26. Baineann an measúnú ar íogaireacht an tírdhreacha i leith athrú go sonrach go fóill leis an togra agus cuirtear síos uirthi mar Ardíogaireacht, mar Íogaireacht Mheasartha nó mar Íogaireacht Íseal. Déantar breithniú ar na tosca seo a leanas nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar a mhéid a d'fhreastalódh na comhpháirteanna tírdhreacha ar an gcineál athraithe, agus ar a mhéid a chaoifhulaingeodh na comhpháirteanna tírdhreacha an cineál athraithe, a thioctadh as an idirnascaire a bheartaítear le linn an t-idirnascaire a bheartaítear a bheith á thógáil agus á oibriú:

- an t-athrú a bheartaítear;
- cumas na gcomhpháirteanna tírdhreacha a ndéanfar difear fisiceach dóibh freastal ar an athrú a bheartaítear; agus,
- cumas an tírdhreacha mhóir agus a chomhpháirteanna freastal ar an athrú a bheartaítear.

Tábla 16.1: Critéir maidir le híogaireacht Tírdhreacha

Íogaireacht	Critéir
Mór	Tírdhreach lena mbaineann saintréithe an-sainiúil atá soghabhálach i leith athruithe réasúnta beag atá den chineál a bheartaítear
Measartha	Tírdhreach lena mbaineann saintréithe measartha luachmhar atá réasúnta caoinfhulangach maidir le hathrú atá den chineál a bheartaítear
Beag	Tírdhreach an-láidir nó díghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith caoinfhulangach maidir le hathrú substaintiúil den chineál a bheartaítear

16.2.3.4 Measúnú ar an Tionchar Fisiceach

27. Meastar gurb ionann an tionchar fisiceach tírdhreacha agus an tionchar tírdhreacha ar fhabraic an tírdhreacha a thiocfaidh as an idirnascaire a bheartaítear – mar shampla, crainn agus fála sceaigh a bhaint, teorainneacha páirce, oibreacha talún, athrú ar fhásra talún, plandaí atá ann cheana a bhearradh nó a athrú.
28. Is é cuspóir an mheasúnaithe ar an tionchar fisiceach ná a shocrú: cén tionchar ar dóigh dó bheith ag an idirnascaire a bheartaítear, cé na gnéithe tírdhreacha a ndéanfar difear dóibh, agus cé acu a bheidh an tionchar sin suntasach nó neamhshuntasach.
29. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnú ar íogaireacht, ar cháilíocht agus ar luach na ngnéithe fisiceacha tírdhreacha.

16.2.3.5 Íogaireacht na nGnéithe Tírdhreacha

30. Déantar an íogaireacht a bhaineann le gné fhisiceach thírdhreacha a mheas trí mheascán de cháilíocht tírdhreacha agus de luach tírdhreacha a úsáid.
31. Is minic a bhaineann luach níos airde le gné fhisiceach thírdhreacha sna cásanna seo a leanas:
- Is comhpháirt thábhachtach de shaintréithe an tírdhreacha áitiúil í an ghné fhisiceach thírdhreacha;
 - Tá an ghné fhisiceach thírdhreacha suite laistigh de shainiúchán pleanála a bhaineann leis an tírdhreach; agus/nó
 - Is gné thírdhreacha atá annamh, neamhghnách nó stairiúil í.
32. Baineann cáilíocht na gné fisicí tírdhreacha leis an riocht reatha atá ar an ngné nó ar an tsainghné, ach d'fhéadfadh an cháilíocht sin a laghdú sna cásanna seo a leanas:
- Is comhphárteanna de thírdhreach díghrádaithe iad na gnéithe tírdhreacha; nó

- Meastar go bhfuil na gnéithe tírdhreacha ina n-iomláine míthaitneamhach nó ag teacht salach ar a chéile ó thaobh amhairc de.

16.2.3.6 Gabhdóirí amhairc

33. Is iad gabhdóirí amhairc na daoine a bhaineann leas as an taitneamhacht amhairc. Áirítear leo cónaitheoirí, cuairteoirí, taistealaithe feithiclí agus grúpaí eile amharcóirí. Bhí trí chéim den mheasúnú:

- Crios na hinfheictheachta teoiriciúla (ZTV) a shainnithint don líne lasnairde a bheartaítear;
- Measúnú allamuigh a dhéanamh ar thaitneamhacht amhairc agus ar ghabhdóirí amhairc agus fíricí ón talamh a bhaint as crios na hinfheictheachta teoiriciúla; agus
- Measúnú ar mhéid an athraithe agus ar shuntasacht an tionchair ar ghabhdóirí amhairc.

16.2.3.7 Measúnú allamuigh ar thaitneamhacht amhairc

34. Tugadh cuairt ar amharcpointí a léiríonn raon gabhdóirí éagsúla agus rinneadh suirbhé orthu.

16.2.3.8 Limistéar measúnaithe

35. Ba thrí mhaolán 5 km a chur i bhfeidhm a cinneadh an limistéar ginearálta a ndearnadh measúnú air mar chuid den mheasúnú ar thionchar tírdhreacha agus amhairc (LVIA).

36. Léirítear i gCriosanna na hInfheictheachta Teoiriciúla an infheictheacht teoiriciúil níos faide ná 5 km ar shiúl ón idirnascaire a bheartaítear. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach léirítear sa léarscáiliú ZTV ceantair óna mbeifear in ann an t-idirnascaire a bheartaítear a fheiceáil. Dhéanfaidh fásra, athruithe áitiúla ó thaobh topagrafaíochta de, drochaimsir agus drochshoilsíú radhairc ar an idirnascaire a bheartaítear a fholú nó d'fhéadfaidís cur isteach ar radhairc ar an idirnascaire nó iad a bhacadh go páirteach. Léiríodh in obair mheasúnaithe amhairc a rinneadh le linn suirbhéanna allamuigh nach dócha go mbeidh tionchar suntasach féideartha ag an idirnascaire a bheartaítear in áiteanna níos faide ná 5 km ar shiúl uaidh. Dá bhrí sin, ba chóir léarscáiliú ZTV a úsáid i gcomhar le fótamontáisí chun an difríocht idir infheictheacht fhéideartha agus infheictheacht iarbhír a aimsiú.

37. Ina theannta sin, mar gheall ar an inbhraiteacht laghdaithe, ní bheadh struchtúir thúir na líne lasnairde ina ngnéithe feiceálacha ná ní bheidís ina bpointí fócasacha laistigh de na radhairc ó achar 5 km nó níos faide.
38. Tugadh faoin measúnú ó láithreacha a bhfuil teacht ar an bpobal orthu, ar nós bóithre, rianta agus cosán. In áiteanna nach rabhthas in ann teacht ar rochtain fhisiceach ar ghabhdóir ar leith, tógadh measúnú ar an tionchar féideartha ó thaighde atá bunaithe ar fhoinsí, lena n-áirítear faisnéis léarscáilithe, grianghrafadóireacht ón aer agus cuairteanna allamuigh ar an bpointe ba ghaire a rabhthas in ann teacht air. I gcomhréir le GLVIA 2002/2013, in áiteanna a raibh príomhshonraí ar shaintréithe tionscadail in easnamh, bhí toimhdí sonracha bunaithe ar chás réasúnta an tionchair is mó.

16.2.4 Íogaireacht na nGabhdóirí Amhairc

16.2.4.1 Forbhreathnú

39. Baineann measúnú amhairc le braistintí agus le freagairt daoine i leith taitneamhachtaí amhairc. I measc na ngabhdóirí amhairc, tá daoine a d'fhéadfadh radhairc a fháil ar an idirnascaire a bheartaítear. Tá íogaireacht na ngabhdóirí amhairc ag brath ar na nithe seo a leanas:
- Láthair agus saintréithe an amharcpointe;
 - Gníomhaíocht an ghabhdóra; agus,
 - Tábhacht an radhairc (a d'fhéadfadh a bheith curtha in iúl trína chur san áireamh mar amharcpointe ar léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis nó i dTreoirleabhar nó trína bheith sainaitheanta i bPlean Forbartha).
40. Agus íogaireacht i leith athrú á meas, déantar breithniú ar chineál an ghabhdóra – mar shampla, i bhformhór na gcásanna, tá áit chónaithe níos íogaire i leith athrú ná aonad monarchan. Chomh maith leis sin, cuireann tábhacht an radhairc a fhaigheann an gabhdóir le tuiscint ar cé chomh híogair atá an gabhdóir sin i leith athrú.

Tábla 16.2: Critéir maidir le hÍogaireacht Amhairc

Íogaireacht	Critéir
Mór	Áiteanna a bhfuil an tírdhreach athraithe ina ghné thábhachtach den radharc – is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo ná réadmhaoine cónaithe agus ceantair lonnaíochta, amharcphointí laistigh de thírdhreacha lena mbaineann luach nó laistigh de thírdhreacha íogaire
Measartha	Áiteanna a bhfuil an tírdhreach athraithe ina ghné measartha tábhachtach den radharc – is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo ná úsáideoirí bóithre, bealaí eile iompair agus cearta slí, chomh maith le ceantair agus bealaí áineasa agus ceantair agus bealaí do thurasóirí agus ceantair spáis oscailte phoiblí
Beag	Áiteanna nach bhfuil an tírdhreach athraithe chomh tábhachtach sin don radharc – is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo ná úsáideoirí príomhbhóithre agus bealaí artaireacha eile iompair, áiteanna oibre agus criosanna tionsclaíocha

16.2.4.2 Méid an Athraithe Tírdhreacha agus Amhairc

41. Tomhas maidir le méid an athraithe laistigh den tírdhreach, maidir le cineál an tionchair agus maidir le ré an tionchair is ea méid an athraithe tírdhreacha. Déantar méid an athraithe ar ghabhdóirí tírdhreacha a mheas trí na critéir a liostaítear i dTábla 16.3 thíos a úsáid:

Tábla 16.3: Critéir maidir le Méid an Tionchair Tírdhreacha

Méid	Critéir
Mór	Idir athrú suntasach ar shaintréithe tírdhreacha thar cheantar fairsing agus athrú an-dian thar cheantar níos teoranta
Meánach	Athrú measartha i gceantair áitiúla
Beag	Athrú Do-Airithe, geall leis, ar chomhphárteanna tírdhreacha
Diomaibhseach	Gan aon athrú suntasach ar aon chomhpháirt

42. Agus méid amhairc an athraithe á meas, déantar breithniú ar mhéid na forbartha is féidir a fheiceáil, ar an sciar den radharc reatha a chlúdaíonn an fhorbairt nua, ar thionchar na forbartha laistigh den radharc agus an t-achar radhairc idir an gabhdóir agus an fhorbairt. Déantar méid an athraithe ar ghabhdóirí amhairc a mheas trí na critéir a liostaítear i dTábla 16.4 thíos a úsáid:

Tábla 16.4: Critéir maidir le Méid an Tionchair Amhairc

Méid	Critéir
Mór	Dhéanfadh an fhorbairt athrú suntasach ar an radharc reatha thar cheantar leathan nó dhéanfadh sí athrú dian thar cheantar teoranta
Meánach	Dhéanfadh an fhorbairt mionathruithe ar an radharc reatha thar cheantar leathan nó dhéanfadh sí athrú inbhraite thar cheantar teoranta
Beag	Dhéanfadh an fhorbairt athruithe an-bheag ar an radharc thar cheantar leathan nó dhéanfadh sí athruithe beaga thar cheantar teoranta
Diomaibhseach	Dhéanfadh an fhorbairt a bheartaítear athrú beagnach do-airithe ar an radharc reatha

16.2.5 Measúnú ar Shuntasacht an Tionchair

43. Úsáidtear meascán d'íogaireacht agus de mhéid an tionchair (mar a léirítear i dTáblaí 17.1 agus 17.4) chun suntasacht an tionchair ar gach ceann de na gabhdóirí tírdhreacha agus amhairc a dtéann an líne lasnairde a bheartaítear i bhfeidhm orthu a mheas. Is iad seo a leanas na tairseacha méide nó íogaireachta a úsáidtear sa mheasúnú seo: Ard, Meánach, Íseal, Diomaibhseach agus Dada (i gcás méide amháin).
44. Cuirtear na torthaí i láthair trí úsáid a bhaint as scála tuairisciúil a ritheann idir mór – measartha – diomaibhseach agus drochthionchar beag agus as scála suas a ritheann idir beag – measartha agus tionchar mór tairbhiúil. Achoimrítear é sin i dTábla 16.5 thíos, rud ina léirítear freisin méid na suntasachta i gcás méideanna athraithe de chineál idirmheánach.

Tábla 16.5: Maitrís maidir le Suntasacht an Tionchair Tírdhreacha⁴⁰

Suntasacht an tionchair (meastar gur tionchar suntasach é tionchar a rátáiltear a bheith Measartha nó níos airde)		Íogaireacht		
		Mór	Measartha	Beag
Méid an athraithe	Mór	Mór	Measartha-Mór	Measartha
	Meánach-Ard	Measartha-Mór	Measartha	Beag-Measartha
	Meánach	Measartha	Measartha	Beag
	Íseal-Meánach	Measartha	Beag-Measartha	Beag-Diomaibhseach
	Beag	Beag-Measartha	Beag	Diomaibhseach
	Íseal-Diomaibhseach	Beag-Measartha	Beag-Measartha	Diomaibhseach
	Diomaibhseach	Idir diomaibhseach agus beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach

45. Tugtar míniú i dTábla 16.6 thíos ar na rátálacha tionchair tírdhreacha agus amhairc do gach céim shuntasachta:

Tábla 16.6: Catagóirí Shuntasacht an Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc

Méid an tionchair	Cur síos ar an tionchar tírdhreacha	Cur síos ar an tionchar amhairc
Tionchar Mór Tairbhiúil (dearfach)	Tá na tograí ina gcuid riachtanach de straitéis arb é is aidhm di mórcheantar a athfhorbairt agus tírdhreach nua tarraingteach dá barr.	Áiteanna a gcuirfeadh an t-idirnascaire a bheartaítear feabhas an-suntasach ar an radharc reatha. Bíonn sé sin amhlaidh de ghnáth in áiteanna a mbaineann an t-idirnascaire a bheartaítear gráin súl shuntasach – amhail suíomh thréigthe nó foirgnimh thréigthe – agus a gcuireann sé feabhas ar an tírdhreach, rud a athraíonn agus a fheabhsaíonn an radharc do líon mór daoine.

⁴⁰ Tabhair faoi deara gur treoir í an mhaitrís – is gá breithiúnas gairmiúil a úsáid freisin nuair a bhíonn suntasacht an tionchair á cinneadh

Méid an tionchair	Cur síos ar an tionchar tírdhreacha	Cur síos ar an tionchar amhairc
Tionchar Measartha Tairbhiúil (dearfach)	Cuireann an t-idirnascaire a bheartaítear feabhas suntasach ar chineál agus ar phatrúin an tírdhreacha; Cuireann sé le cuspóirí náisiúnta chun ceantair dhíghrádaithe an tírdhreacha a athnuachan; agus, Is féidir, trí mhaolú a chur i bhfeidhm, dearadh cuimsitheach tírdhreacha a bhunú – tírdhreach a chuireann le saintréithe reatha an cheantair nó a thugann saintréithe tarraingteacha nua/aitheantas tarraingteach nua isteach.	Áiteanna a gcuirfeadh an t-idirnascaire a bheartaítear feabhas suntasach ar an radharc reatha. Bíonn sé sin amhlaidh de ghnáth in áiteanna a gcuireann an t-idirnascaire a bheartaítear feabhas ar an tírdhreach, rud a dhéanfaidh laghdú mór ar thionchar amhairc na dtograí agus a d'fheabhsódh an radharc do líon mór daoine.
Tionchar Beag Tairbhiúil (dearfach)	Tagann an t-idirnascaire a bheartaítear go maith le scála, le tírghné agus le patrún an tírdhreacha reatha; Cuimsíonn sé bearta maolaithe chun a chinntiú go meascfaidh sé go maith leis an tírdhreach máguaird nó go ndéanfaidh sé saintréithe tírdhreacha/creatlach tírdhreacha atá bunaithe go páirteach a chomhlánú, a athchóiriú nó a shíneadh; agus, Go ndéanfaidh sé saintréithe tírdhreacha reatha i gceantar ar leith a chothabháil nó a fheabhsú.	Áiteanna a gcuirfeadh an t-idirnascaire a bheartaítear feabhas beagnach do-airithe ar an radharc reatha.
Tionchar Diomaibhseach	Tá an fhorbairt dea-dheartha maidir le scála, le tírghné agus le patrún an tírdhreacha a chomhlánú Cuimsíonn sí bearta maolaithe chun a chinntiú go meascfadh an fhorbairt go maith le sainghnéithe agus le gnéithe an tírdhreacha máguaird Ní thagann sí salach ar bheartais náisiúnta maidir le cosaint an tírdhreacha	Áiteanna nach bhfuil aon feabhas ná meath inbhraite ar an radharc reatha
Drochthionchar Beag	Ní thagann an fhorbairt leis an tírdhreach reatha Tá sí feiceálach go páirteach Déanann sí difear díobhálach do cheantar lena mbaineann cáilíocht shainaitheanta tírdhreacha	Áiteanna a gcruthódh an t-idirnascaire a bheartaítear meath beagnach do-airithe ar an radharc reatha. Is minic a bhíonn sé sin amhlaidh in áiteanna a bhfuil an t-amharcóir i bhfad ar shiúl ón bhforbairt agus a dtagann an fhorbairt faoin radharc, gan a bheith ina pointe príomhfhócasach. Bheadh sé amhlaidh freisin in áiteanna a bhfuil an t-idirnascaire a bheartaítear suite go gar don amharcphointe ach a bhfeictear é ag uillinn ghéar agus ón bpointe is sia den radharc iomlán

Méid an tionchair	Cur síos ar an tionchar tírdhreacha	Cur síos ar an tionchar amhairc
Drochthionchar Measartha	Ní thagann an fhorbairt leis an tírdhreach Tá sí feiceálach go páirteach agus bheadh drochthionchar aici ar an tírdhreach Ní chuirfeadh bearta maolaithe cosc ar an bhforbairt drochthionchar a imirt ar an tírdhreach san fhadtárma toisc go ndéanfaí roinnt sainghnéithe is ábhair spéise a scriosadh go páirteach agus go mbainfí óna suíomh. Bheadh drochthionchar aici ar thírdhreach lena mbaineann cáilíocht shainaitheanta	Áiteanna a mbainfeadh forbairt go mór ón radharc reatha
Drochthionchar Mór	Áiteanna nach mbeadh an fhorbairt ag lú le scála agus le patrún an tírdhreacha Bheadh sí feiceálach agus chuirfeadh sí isteach ar radhairc thábhachtacha ar an gceantar Is dócha go ndéanfaidh sí an tsláine a bhaineann le raon sainghnéithe agus gnéithe is saintréithe nó lena suíomh a dhíghrádú, a laghdú nó a scriosadh, fiú Dhéanfadh sí damáiste suntasach do thírdhreach lena mbaineann ardcháilíocht nó do thírdhreach atá an-so-ghabhálach, rud a d'athródh an tírdhreach agus a bhainfeadh go suntasach óna cháilíocht agus, ní féidir maolú leordhóthanach a dhéanamh uirthi	Áiteanna a ndéanfadh an fhorbairt meath an-suntasach ar an radharc reatha Bheadh sé sin amhlaidh de ghnáth in áiteanna a bhacann an fhorbairt radharc reatha ar thírdhreach áitiúil agus a mbeadh an fhorbairt ceannasach sa radharc amach anseo

46. I gcásanna ina réamh-mheastar go dtiocfaidh tionchar iomlán de chineál Measartha nó níos airde chun cinn, meastar gur suntasach atá an tionchar sin chun críocha an bhreithmheasa a éilítear de bhun na Treorach maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Ní réamh-mheastar go dtiocfaidh tionchar suntasach as aon tionchar a mheastar a bheith Mheasartha nó níos ísle agus, dá bhrí sin, tugtar tionchar Neamhshuntasach orthu. I gcás rátálacha le haghaidh íogaireacht, mhéid agus shuntasacht an tionchair, leagtar na tairseacha síos i seicheamh leanúnach. Úsáidtear rátálacha idirmheánacha nuair is cuí chun tionchar atá ag ceann uachtair nó íochtair de thairseach ar leith a léiriú.

16.3 Dálaí Bonnlíne

16.3.1 Cás Bonnlíne an Tírdhreacha

16.3.1.1 Forbhreathnú ar an Limistéar Measúnaithe

47. Téann an t-idirnascaire a bheartaítear trí 19 limistéar shaintréithe tírdhreacha (LCA) idir Turleenan, Contae Thír Eoghain, agus Fearann na Coille, Contae na Mí. I measc na LCAnna sin, tá tírdhreacha droimníní, limistéir ardtailte, limistéir ísealchríche agus gleannta abhann. Tá tuilleadh sonraí ar shaintréithe gach limistéir shaintréithe tírdhreacha le fáil san ES agus san EIS.

Tábla 16.7: Limistéir Shaintréithe Tírdhreacha a Thrasnaíonn an tIdirnascaire a Bheartaítear

Limistéir Shaintréithe Tírdhreacha
LCA 66: Droimníní Ard Mhacha
LCA 46: Gleann na hAbhann Duibhe
LCA 45: Droimníní agus Cnoic Dhún Geanainn
LCA 64: Tailte Portaigh Loch nEathach
LCA 68: Cnoic Charraig an tSeabhaic
LCA 6 Ardtailte Mhullaigh Aise;
Ardtailte Mhullaigh Aise
Ardtailte Droimníní Mhuineacháin
Tailte Locha Bhéal Átha Beithe-Bhaile na Lorgan
Ardtalamh Feirme Droimníní Dheisceart Chontae Mhuineacháin
Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin
Tailte Locha Thuaidh na Mí
Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe
Gleann na hAbhann Duibhe
Ísealtailte Thiar na hUaimhe
Gleann na Bóinne
Ísealtailte Láir
Cnoic na Teamhrach-na Scríne
Ísealtailte Thoir Theas

48. Tá an ceann thuaidh den limistéar a ndearnadh measúnú air suite laistigh de Chontae Ard Mhacha agus cuimsítear ann an t-imeall thiar de Chathair Ard Mhacha. Tá cuid den limistéar a ndearnadh measúnú air ó thuaidh ón Abhainn Mhór suite laistigh de Chontae Thír Eoghain. Ritheann an chonair líneach siar ón bhfostáisiún a bheartaítear in Turleenan sula gcasann sí ó dheas, soir ón Maigh, agus í ag dul trí thuath atá réasúnta oscailte soir ón gCéide, sula nascann sí leis an gconair theas

ag an teorainn le hÉirinn. Cuimsítear sa cheantar sin ceantar ardtalún atá mar chuid d'ardtailte Mhullaigh Aise. Ina dhiaidh sin, leanann an chonair ar aghaidh siar ó dheas go dtí go mbaineann sí tírdhreach fairsing droimníú agus lochanna Chontae Mhuineacháin amach. Cuimsítear sa limistéar a ndearnadh measúnú air i gContae Mhuineacháin an tírdhreach idir Béal Átha Beithe agus Baile na Lorgan agus idir Searcóg agus Carraig Mhachaire Rois. Cuimsítear sa limistéar a ndearnadh measúnú air i gContae an Chabháin Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin agus Sliabh Lochán Leagha, chomh maith leis an tírdhreach san oirthear atá faoi réir droimníú ísle. I gContae na Mí, géilleann an tírdhreach droimníú sa chuid thuaidh den chontae de réir a chéile do thailte talmhaíochta ísle ó thuaidh ón Uaimh. Tá an limistéar a ndearnadh measúnú air i lár na Mí suite idir an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas. Tá an chuid is faide ó dheas den limistéar a ndearnadh measúnú air suite idir Cnoc na Teamhrach agus Baile Átha Troim agus síneann sí go dtí an M3, beagnach, ó dheas ó Dhún Seachlainn.

49. Laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air, seachnaíonn an línebhealach barra cnoic lena ngabhann spéirlínite suntasacha, nuair is féidir, agus an bealach is díri agus is féidir á leanúint aige, rud a theorannaíonn fad na líne lasnairde atá ag teastáil agus a laghdaíonn an gá atá le túir uillinne mhóra.

16.3.1.2 Conairí iompair

50. Freastalaíonn dea-ghréasán iompair go maith ar an bpobal – bóithre ghrád A agus ghrád B, Bóithre Náisiúnta agus Mótárbealach ina measc:

- Ritheann an M1 a nascann Béal Feirste agus an t-iarthar tríd an gcuid thuaidh den limistéar a ndearnadh measúnú air;
- Nascann an M3 na mórbhóithre le Baile Átha Cliath agus ritheann sé tríd an gcuid theas den limistéar a ndearnadh measúnú air,
- Ritheann an A28 soir, siar idir Cionn Aird agus Ard Mhacha;
- Ritheann an A3 soir ó thuaidh idir Coillidh Chanannáin agus Ard Mhacha;
- Ritheann an A29 ó thuaidh, ó dheas idir an Maigh agus Ard Mhacha;
- Ritheann an B115 siar ó thuaidh, soir ó dheas idir an Eaglais agus Ard Mhacha;
- Ritheann an B106 siar ó thuaidh, soir ó dheas idir Tamhlacht agus an Céide;
- Ritheann an B3 soir, siar idir Muineachán agus an Céide;

- An N2 a ritheann siar ó thuaidh, soir ó dheas idir Muineachán agus Baile na Lorgan;
 - An R183 a nascann Béal Átha Beithe agus Baile na Lorgan;
 - An R180 a nascann Béal Átha Beithe agus Carraig Mhachaire Rois;
 - An R181 a nascann Baile na Lorgan agus Searcóg;
 - An R178 a nascann Searcóg agus Carraig Mhachaire Rois;
 - An R162 a nascann Searcóg agus Dún an Rí;
 - An R165 a nascann Coill an Chollaigh agus Dún an Rí;
 - An R164 a nascann Dún an Rí agus Ceanannas;
 - An R162 a nascann Dún an Rí agus an Uaimh;
 - An N52 a nascann Ceanannas agus Baile Átha Fhirdhia;
 - An R163 a nascann Ceanannas agus Baile Shláine;
 - An R147 a nascann Ceanannas agus an Uaimh;
 - An M3 a ritheann siar ó thuaidh, soir ó dheas tríd an limistéar a ndearnadh measúnú air;
 - An N51 a nascann Baile Átha Buí agus an Uaimh;
 - An R161 a nascann Baile Átha Troim agus an Uaimh;
 - An R154 a nascann Baile Átha Troim agus Dún Seachlainn;
 - An R125 a ritheann siar ó dheas ó Dhún Seachlainn; agus
 - Nascann a lán mionbhóithre agus lánáí tuaithe pobail tuaithe leis an mórghríasán iompair.
51. Sa tuaisceart, ritheann bealach iarnróid as úsáid ó Ard Mhacha go Glasloch (Contae Mhuineacháin). Is éard a bhfuil fágtha den líne iarnróid sa limistéar a ndearnadh measúnú air ná na príomhghearrthacha agus na rampair dhroichid a chuir ar chumas na líne iarnróid taisteal tríd an tuath réchnocach. Ritheann bealach iarnróid scartha ó Dhún Búinne go dtí an Uaimh i gContae na Mí.
52. Sreabhann an Abhainn Mhór (an Bhanna), a bhfuil Canáil Uladh as úsáid ina cuid di, trí chuid den limistéar a ndearnadh measúnú air. Sreabhann an Challainn ó thuaidh trí Chathair Ard Mhacha sula nascann sí leis an Abhainn Mhór (an Bhanna), soir ó thuaidh ón Maigh. Trasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear roinnt aibhneacha in Éirinn, agus is iad na haibhneacha is suntasaí díobh ná an Abhainn Dubh (Ceanannas) agus an Bhóinn i gContae na Mí.

53. Tá roinnt línte teileafóin agus línte dáileacháin leictreachais i bhfeidhm cheana féin a nascann an iomad áiteanna cónaithe agus lonnaíochtaí atá scaipthe ó chéile. Is gné choitianta é sin de na láithreacha tuaithe sa limistéar a ndearnadh measúnú air agus sa tírdhreach mór.

16.3.1.3 Sainiúcháin Tírdhreacha

54. Is iad Sainiúcháin Tírdhreacha na codanna den tírdhreacha a mheasann gníomhaireachtaí reachtúla nó náisiúnta a bheith luachmhar. Is minic a áirítear leis na sainiúcháin sin moltaí maidir le bainistíocht athraithe agus bíonn ceantair thalún nó bealaí i gceist leo.
55. Tá iarchriosanna glasa Ard Mhacha agus Dhún Geanainn suite laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air. Sainíodh Limistéar Beartais Tuaithe agus síneann sé sin soir ó Chathair Ard Mhacha go Tóin re Gaoith. Tá sé suite lasmuigh den limistéar 5 km a ndearnadh measúnú air. Dá bhrí sin, ní bhreithnítear é tuilleadh sa mheasúnú seo.
56. Sainítear na hiar-Chriosanna Glasa timpeall ar Dhún Geanainn agus ar Ard Mhacha i bPlean Limistéir Thír Eoghain Theas 2010 agus i bPlean Limistéir Ard Mhacha 2004.
57. Is é cuspóir na mbeartas sin ceantair thuaithe a chosaint ar bhrú forbartha, saintréithe tuaithe na gceantar tuaithe a choinneáil agus taitneamhacht amhairc na gceantar lena mbaineann luach tírdhreacha a chosaint. Dá bhrí sin, tá íogaireacht iar-Chriosanna Glasa i leith athrú faoi réir íogaireacht na Limistéar Saintréithe Tírdhreacha agus na n-imeall uirbeach a chlúdaíonn siad.
58. Tá roinnt Páirceanna Cláraithe Stairiúla, Garraithe Cláraithe Stairiúla agus Diméin Chláraithe Stairiúla sa limistéar a ndearnadh measúnú air i dTuaisceart Éireann a liostaítear i gClár Thuaisceart Éireann na bPáirceanna, na nGarraithe agus na nDiméan lena mbaineann Sainspéis Stairiúil. Cuimsíonn siad sin:
- Teach Argory;
 - Teach an Mhainéir, an Bhinn Bhorb;
 - Pálás Ard Mhacha; agus,
 - Mainistir Thuíneán.
59. Áirítear leis na Sainiúcháin Tírdhreacha ábhartha den limistéar a ndearnadh measúnú air in Éirinn:
- Na Limistéir Shaintréithe Tírdhreacha a gcuirtear síos orthu sna Measúnuithe ar Charachtar Tírdhreacha Mhuineacháin agus na Mí;

- Ceantair lena mbaineann Príomhluach Taitneamhachta Speisialta agus Ceantair lena mbaineann Luach Tánaisteach Taitneamhachta Speisialta i gContae Mhuineacháin;
- Áiseanna taitneamhachta agus páirceanna cois abhann/locha i gContae an Chabháin;
- Limistéir Ard-tírdhreacha agus Mórlochanna i gContae an Chabháin;
- Mórlochanna agus purláin lochanna i gContae an Chabháin;
- Limistéir Shainspéise Tírdhreacha i gContae an Chabháin;
- Suíomhanna Oidhreachta Contae i gContae an Chabháin;
- Bealaí Siúil i gContae an Chabháin;
- Sainchomharthaí Tíre i gContae na Mí (MLCA);
- Bealaí Tiomána do Thurasóirí i gContae na Mí, de réir an MLCA agus Fháilte Éireann;
- Príomhchosáin shlímharcáilte agus príomhbhealaí rothar atá ann agus a bheartaítear (MLCA); agus
- Tírdhreacha Deartha Stairiúla a bhfuil a bpríomhghnéithe i láthair den chuid is mó

16.3.1.4 Achoimre ar an Íogaireacht i leith Athrú sa Limistéar a nDearnadh Measúnú Air

60. Is féidir a rá go bhfuil siad seo a leanas sa limistéar a ndearnadh measúnú air: tuath thalmhaíochta ina bhfuil gabháltais feirme bheaga nó mheánmhéide; tírdhreacha deartha stairiúla; áiteanna cónaithe príobháideacha atá scaipthe ó chéile; lonnaíochtaí sráidbhaile; pócaí beaga forbartha áineasa agus forbartha tráchtála agus tionsclaíche. Fágann líon na n-áiteanna cónaithe scaipthe sa limistéar tírdhreacha seo go bhfuil sé deacair an cineál seo forbartha a threorú ann.
61. Is idir beag agus meánmhéide an tírdhreacha iomláin laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air agus is luachmhar ag cónaitheoirí áitiúla, ag úinéirí talún agus ag daoine a ghabhann tharstu atá saintréithe tírdhreacha gach ceann de na 19 limistéar saintréithe laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air. I dTuaisceart Éireann, is an-luachmhar freisin atá na saintréithe tírdhreacha laistigh de Chríost Úllóird Loch gCál agus de Limistéir Shaintréithe Tírdhreacha Dhroimníní Ard Mhacha, áiteanna a rithfeadh an líne lasnairde agus a mbeadh an fostáisiún a bheartaítear lonnaithe. I gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, is iad na limistéir shaintréithe tírdhreacha (mar a léirítear sa méid úsáide áineasa a bhaintear astu agus san aitheantas a thugtar dóibh i gcáipéisí

reachtúla) ná Ardtailte Mhullaigh Aise, Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin agus Gleannta Abhann na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.

62. Is íogair i leith athrú atá na saintréithe agus na gnéithe tírdhreacha seo a leanas, mar a shainmhínítear iad in Northern Ireland Landscape Character Assessment (*Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Thuaisceart Éireann*) (2000)

- Páirceanna talmhaíochta – de bharr cailliúint páirceanna talmhaíochta in áiteanna a gcuirtear tithíocht ina n-áit;
- Saintréithe tuaithe – de bharr cailliúint saintréithe tuaithe, mar shampla, mar thoradh ar thuilleadh forbairt ribíneach agus ar dhrochshuí foirgneamh nua;
- Imfháluithe traidisiúnta fáil – de bharr cailliúint imfháluithe traidisiúnta fáil mar thoradh ar ábhar míchuí, ar nós claíocha agus ráillí, a thabhairt isteach; agus
- Fásra ar thaobh an bhóthair – de bharr cailliúint fáil agus crann ar thaobh an bhóthair mar thoradh ar scéimeanna um leathnú bóthair agus mar thoradh ar amharclínte a fheabhsú ag acomhail.

63. Cuirtear síos sna Measúnuithe ar Charachtar Tírdhreacha Mhuineacháin agus na Mí ar na saintréithe íogaire de chuid gach limistéir shaintréithe tírdhreacha agus gach cineáil tírdhreacha. Áirítear ar na saintréithe íogaire sin:

- suíomh na ngnéithe oidhreachta;
- oscailteacht bharra na ndroimní agus na gceantar ardtailte;
- timpeallachtaí locha agus cladach locha;
- luach áilleachta, caitheamh aimsire, éiceolaíocht, stair agus cultúr na gconairí abhann;
- radhairc ardaithe ó chnoc trasna ceantair ísealtailte agus i dtreo sainchomharthaí tíre;
- saintréithe iargúlta na gcnoc agus na n-ardtailte;
- tírdhreacha eastáit an 18ú haois; agus
- radhairc i dtreo ceantair ardtailte.

64. Aithnítear gréasán na bhfálta sceach agus na bpáirceanna sa tírdhreach mar ghné thábhachtach de na saintréithe tírdhreacha sa limistéar measúnaithe freisin.

16.3.2 Dálaí Bonnlíne Amhairc

16.3.2.1 Forbhreathnú

65. Cuirtear síos sa rannán seo ar shaintréithe agus ar thaitneamhacht amhairc an limistéir mheasúnaithe ina mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe. Tugtar cur síos ginearálta ar an taitneamhacht amhairc atá ann faoi láthair.

16.3.2.2 Taitneamhacht amhairc ghinearálta an limistéir mheasúnaithe

66. Is talmhaíochta go príomha é an talamh laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air, a chuimsíonn cnoic réchnocacha ísle, gleannta éadroma agus páirceanna struchtúracha, a bhfuil fála sceach mothracha agus roinnt mhaith crann fásta acu go minic. Gné shuntasach den limistéar a ndearnadh measúnú air is ea droimníní. Athraíonn taitneamhacht amhairc an limistéir a ndearnadh measúnú air ó áit go háit agus tá radhairc ag brath ar an méid oscailteachta nó imfhálaithe a chruthaíonn an tírdhreach droimníní.
67. Is é atá sa limistéar a ndearnadh measúnú air ná a lán feirmeacha, áiteanna cónaithe, foirgnimh bheaga thráchtála, gnéithe oidhreachta tógtha, páirceanna spóirt – agus cuid mhór acu scaipthe ó chéile – agus dlúthghréasán bóithre. Tá roinnt sráidbhailte beaga lonnaithe feadh bóithre tánaisteacha agus áitiúla agus timpeall ar ionaid áitiúla oideachais agus tráchtála. Is iad na bóithre is mó agus is gnóthaí sa limistéar a ndearnadh measúnú air a nascann cathracha, bailte agus sráidbhailte le chéile. I bhformhór na gcásanna, tá lonnaíocht scaipthe níos dlúithe i gcomharsanacht na mbailte.
68. Tá clachain aonair bheaga áiteanna cónaithe agus foirgneamh feirme suite ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air. Rinneadh measúnú ar an tionchar féideartha amhairc in áiteanna a dtéann an líne lasnairde a bheartaítear thar i ndlúthghaireacht an idirnascaire a bheartaítear nó in áiteanna a bhféadfaí radhairc neamhfholaithe a fháil ar an idirnascaire a bheartaítear.
69. Is talmhaíochta go príomha é an talamh, a chuimsíonn cnoic réchnocacha ísle, gleannta éadroma, ceantair ísealtalún agus pháirceanna struchtúracha, a bhfuil fála sceach mothracha agus roinnt mhaith crann fásta acu go minic. Is ar thalamh ard a luíonn codanna den limistéar a ndearnadh measúnú air i gContae an Chabháin, i gContae Mhuineacháin agus i gContae na Mí, áiteanna ar féidir radhairc lánléargais oscailte a fháil. Tá droimníní ina ngné shuntasach den chuid thuaidh den limistéar a ndearnadh measúnú air, a shíneann ó Chontae Ard Mhacha go tuaisceart Chontae na Mí. Is ó áit go háit a athraíonn taitneamhacht amhairc na coda sin den limistéar a ndearnadh measúnú air arb iad droimníní a príomhthréith agus tá radhairc ag brath ar an méid oscailteachta nó imfhálaithe a chruthaíonn an tírdhreach droimníní. Is

féidir radhairc oscailte a fháil ó na codanna uachtair de dhroimníní in áiteanna a bhfuil fáil orthu.

70. I bhformhór na gcásanna, tá fásra níos airde le fáil sna codanna ísle den limistéar a ndearnadh measúnú air. Cé gur féidir radhairc oscailte a fháil ar an tírdhreach, mar sin, tá radhairc folaithe i mórán áiteanna ag fásra ar thaobh an bhóthair nó ag fásra fálta sceach. In áiteanna a bhfuil fálta sceach níos ísle ná an meán, is féidir radhairc oscailte a fháil, go háirithe i gceantair ina bhfuil páirceanna móra. Gné thábhachtach den tírdhreach seo atá íseal den chuid is mó ná an t-idirléargas atá ann idir na cnoic bheaga agus an tábhacht atá ag baint leis an idirléargas sin le blianta fada. Tá roinnt ceantair phortaigh an-oscailte i gContae na Mí freisin.
71. Sreabhann an Abhainn Mhór (an Bhanna), a bhfuil Canáil Uladh as úsáid ina cuid di, trí chuid den limistéar a ndearnadh measúnú air. Sreabhann an Challainn ó thuaidh trí Chathair Ard Mhacha sula nascann sí leis an Abhainn Mhór. Cuireann an Abhainn Dubh (Ceanannas) agus an Bhóinn leis an taitneamhacht amhairc chomh maith le haibhneacha beaga ar nós Abhainn Chill Mhaighneann agus Abhainn Claudy i gContae na Mí.
72. Tá roinnt línte teileafóin agus línte dáileacháin leictreachais i bhfeidhm cheana féin a nascann an iomad áiteanna cónaithe agus lonnaíochtaí atá scaipthe ó chéile. Tá roinnt línte 110 kV, 220 kV agus 400 kV sa cheantar freisin. Is gné choitianta é sin de na láithreacha tuaithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn arson.

16.3.2.3 Lonnaíochtaí

73. Tá na háiteanna seo a leanas i measc na lonnaíochtaí atá suite laistigh de 5 km ón limistéar measúnaithe: Cathair Ard Mhacha, Dún Geanainn, an Maigh, an Port Mór, an Bhinn Bhorb, Coillidh Léith, Áth an Mhuilinn, Coillidh Chanannáin, an Céide agus Doire Núis, Cluain Tiobrad, Crícheán Rua, Eanaigh Gheala, Dúthamhlacht, Dún an Rí, Baile na Lorgan, Béal Átha Beithe, Searcóg, Taobh Urchair, an Obair, Cill Mhaighneann, Droichead Chearbhalláin, Baile Uilcín, Domhnach Phádraig, Baile Ghib, Dún Doire, Baile Roibín, Beighthigh, Cill Mheasáin, Baile Órthaí, an Bóthar Mín, Dún Samhnaí, Cnoc an Linsigh, Droim Rí agus Baile an Chaisleáin.

16.3.2.4 Ionaid Réadmhaoine

74. Tá clachain aonair bheaga áiteanna cónaithe agus foirgneamh feirme suite ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air.
75. Léiríodh i staidéar fairsing allamuigh ar thréithe an tírdhreacha gurb iad na háiteanna cónaithe sin atá suite laistigh de thart ar 500 m ó bhealach na líne lasnairde na háiteanna ar dóichí go bhfaighidís radhairc shoiléire ar na tograí mar

gheall ar scála agus ar thopagrafaíocht na gcineálacha tírdhreacha atá ann feadh an bhealaigh. Chabhraigh sé sin leis an gcur chuige i leith taitneamhacht amhairc chónaithe a mheas.

16.3.2.5 Conairí agus Cosáin Iompair

76. Leagtar amach i dTábla 16.8 thíos na príomhchonairí agus na príomhchosáin iompair a bhféadfadh an t-idirnascaire a bheartaítear dul i bhfeidhm orthu.

Tábla 16.8: Príomhchonairí Iompair sa Limistéar Measúnaithe

Mótarbhealach
M1, M3
Bóthar Náisiúnta/Bóthar A
N2 , N51, N52, A2 , A3, A29, A45
Bóithre Réigiúnacha/Bóthar B
B115, B106, B3, R214, B34, B517, B45, B128, B28, B130, B210, B361, B32, R147, R180, R181 , R183, R184, R178, R161, R162, R163, R164, R165, R147, R154, R125, R156
Conairí lena mbaineann cáilíocht amhairc
Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne, Co. na Mí.
Cosáin shlímharcáilte agus bealaí rothar
Bealach Náisiúnta Rothaíochta 91, Bealach Náisiúnta Rothaíochta 95, Bealach Réigiúnach Rothaíochta 11, Bealach Canúála na hAbhann Móire, Slí Uladh, Slí Mhuineacháin, Rian na Slisneoirí, Bealach siúil Lochán Leagha, Contae an Chabháin, Bealaí siúil pháirc foraoise Dhún an Rí, Contae an Chabháin, Bealach Siúil an Chaisleáin, Coill an Chollaigh, Contae an Chabháin, Slí Thiomána Ghleann na Bóinne, Contae na Mí, Bealach siúil a bheartaítear feadh na hAbhann Duibhe, Contae na Mí, Bealach siúil Lochán Leagha, Contae an Chabháin, Bealaí siúil pháirc foraoise Dhún an Rí, Contae an Chabháin, Siúlóidí Oidhreachta Rampair na Bóinne, Contae na Mí, Slí na Sláinte, Baile Átha Troim

16.3.2.6 Amharcphointí Áilleachta

77. Sainíodh amharcphointí ar leith sa limistéar a ndearnadh measúnú air mar thoradh ar an gcáilíocht amhairc, ar an annamhacht agus ar an ionadaíochas a bhaineann leo. Is féidir tábhacht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta a bheith leo agus áirítear orthu:

- Radhairc ó Bhealaí Áilleachta i gContae Mhuineacháin
- Amharcphointí Áilleachta agus Bealaí Áilleachta i gContae an Chabháin
- Radhairc agus Amhairc Chosanta i gContae na Mí

16.3.2.7 Láithreacha Amharcphointe

78. Dheimhnigh DOE (an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann) gurb iad na treoirlínte atá in “Guidelines for Landscape and Visual Impact Assessment” (Treoirlínte maidir le Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc a Mheasúnú), an 2ú hEagrán, an cur chuige comhaontaithe i leith an mheasúnaithe. Leanadh na modhanna a thugtar sa treoir sin chun na hamharcphointí i dTuaisceart Éireann a roghnú. Ba leis na trí Chomhairle Contae a comhaontaíodh na hamharcphointí ina léirítear tionchar an idirnascaire a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Tá na hamharcphointí sin ionadaíoch don raon eispéiris radhairc is féidir a fháil feadh an línebhealaigh agus díritear iontu ar na deiseanna atá ann radhairc oscailte a fháil ar an idirnascaire a bheartaítear.
79. Uirlis thábhachtach i measúnú tírdhreacha agus amhairc is ea measúnú a dhéanamh ar an tionchar ó phríomh-amharcphointí laistigh den limistéar a ndéantar measúnú air. I gcás chuid SONI den idirnascaire a bheartaítear, sainathnódh 34 amharcphointe lena gcuimsiú sa mheasúnú. I gcás na coda, roghnaíodh 77 amharcphointe chun tionchar an idirnascaire a bheartaítear i gcineálacha éagsúla láithreach a thaispeáint ó thaobh amhairc de. Úsáideadh roinnt díobh chun cineál an tionchair amhairc ag achair éagsúla (0 go 500 m, 500 m go 1 km, 1 km go 1.5 km agus níos faide ná 1.5 km) a léiriú agus chun an tionchar ag príomhláithreacha laistigh de gach Limistéar Saintréithe Tírdhreacha a léiriú.
80. Tá na hamharcphointí ionadaíoch do radhairc is féidir le raon gabhdóirí éagsúla feadh bhealach na líne lasnairde a fháil faoi láthair agus do radhairc a d’fhéadfadh raon gabhdóirí éagsúla feadh bhealach na líne lasnairde a fháil amach anseo. Tugtar faisnéis sna hamharcphointí freisin ar thaitneamhacht ghinearálta amhairc laistigh den limistéar a ndearnadh measúnú air. Tá na hamharcphointí suite ag láithreacha seasta agus, má léitear iad i gcomhar leis an léarscáiliú ZTV agus leis an anailís ar shaintréithe tírdhreacha, tugtar léiriú ar an tionchar féideartha ón amharcphointe agus ón gceantar máguaird.
81. Tugtar cur síos iomlán ar na hamharcphointí roghnaithe sna Caibidilí LVIA san ES Comhdhlúite agus san EIS araon agus déantar achoimre orthu níos déanaí sa chaibidil seo. Chun críocha na Comhthuarascála Comhshaoil seo, cuireadh uimhriú seicheamhach ar na hamharcphointí, ó Fhostáisiún Turleenan ó Thuaidh (N1) go hamharcphointe S77 ó Dheas. Is féidir gach amharcphointe a bhfuil réimír ‘N’ rompu a fheiceáil sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Caibidil 13) agus is féidir iad siúd a bhfuil réimír ‘S’ rompu a fheiceáil san EIS (Caibidil 11, Imleabhar 3C agus 3D).

Tábla 16.9: Láithreacha Amharcphointe

Amharcphointe	Láthair	Treo an Radhairc
N1	Droichead Clonteevy thar Abhainn Rhone ar Bhóthar Trewmount (B106) – Radhairc i dtreo fostáisiúin	Ó Dheas
N2	Bealach Derrygally go dtí soir ó Fhostáisiún Turleenan – Radhairc i dtreo an fhostáisiúin	Ó Thuaidh – Siar
N3	Bealach Derrygally go dtí ó dheas ó Fhostáisiún Turleenan – Radhairc i dtreo an fhostáisiúin	Ó Thuaidh
N4	Bóthar Trewmount (B106) in aice bhóthar rochtana an tsuímh.	Ó Dheas
N5	Droichead Bond thar an Abhainn Mhór in aice Theach Argory	Ó Dheas – Siar
N6	Trasbhealach Bhóthar na Maí (A29)	Ó Dheas
N7	Bóthar Chúl Chaorthainn	Ó Thuaidh – Soir
N8	Bóthar Gorestown	Ó Thuaidh – Soir
N9	Bóthar na Binne Boirbe	Ó Dheas
N10	Bóthar na Binne Boirbe ó dheas ó Bhóthar Ninewell	Ó Dheas – Soir
N11	Trasbhealach Bhóthar Clonfeacle (B128)	Ó Dheas – Soir
N12	Prióireacht na Binne Boirbe	Soir
N13	Bóthar Artasooly i dtreo Thrasbhealach na hAbhann Móire	Ó Thuaidh – Siar
N14	Bóthar Artasooly ag Droichead Thulach Mór	Ó Thuaidh – Soir
N15	Bóthar Artasooly agus acomhal Bhóthar Mhaigh an Dúin ag Artasooly	Soir
N16	Trasbhealach Bhóthar Battleford (B115)	Ó Dheas – Soir
N17	Trasbhealach Bhóthar Choillidh Léith (A28)	Ó Dheas – Soir
N18	Lonnaíocht Choillidh Léith (Chúirt Ghráinseach na gComhaltaí)	Soir
N19	Eamhain Mhacha	Ó Dheas – Siar
N20	Bóthar Mhuineacháin (A3) soir ó Chrosaire Norton	Ó Thuaidh – Siar
N21	Trasbhealach Bhóthar Mhuineacháin (A3)	Ó Dheas – Siar
N22	Bóthar na Madan ó dheas ó Chrosaire Norton	Ó Thuaidh
N23	Bóthar Chabhán an Gharbháin agus Acomhal Bhóthar Shíotroma	Ó Thuaidh – Soir
N24	Trasbhealach Bhóthar Drumhillery	Ó Thuaidh
N25	Bóthar an Lagáin siar ón gCéide	Siar
N26	Trasbhealach Bhóthar Fergort (B3)	Ó Dheas – Soir
N27	Soir ó Dhoire Nuis	Ó Dheas – Siar
N28	Bóthar Dhoire Nuis ag Lána an Churraigh i dtreo an tuaiscirt	Ó Thuaidh

Amharcpointe	Láthair	Treo an Radhairc
N29	Bóthar Dhoire Núis ag Lána an Churraigh i dtreo an deiscirt	Ó Dheas
N30	Bóthar na Croise Báine	Ó Dheas – Siar
N31	Bóthar Chrois Eachaidh	Ó Thuaidh – Soir
N32	Mionbhóthar soir ó thuaidh ó Chaisleán an tSiáin	Soir
N33	Radharc scéimhe ó Thulaigh Bhoic (Cluain Tiobrad)	Soir
N34	Sliabh Mhullaigh Aise	Ó Thuaidh – Siar
S1	acomhal idir bóithre áitiúla an L3530 / an L33101 agus an L7510, soir ó thuaidh ó láthair 'Chath Chluain Tiobrad' i mbaile fearainn Chrois Eachaidh	Soir ó Dheas
S2	bóthar áitiúil an L7502 i mbaile fearainn Chúil Artrach	Soir ó Dheas
S3	Bóthar na Croise Báine i mbaile fearainn na Croise Báine, Tuaisceart Éireann	Siar ó Dheas
S4	bóthar áitiúil an L7511 trasna bhaile fearainn an Easáin, atá suite thart ar 3 km soir ó dheas ó Chluain Tiobrad	Soir ó Dheas
S5	bóthar áitiúil an L7503 i mbaile fearainn Lios Dúin Ghormaíle	Siar – Siar ó Dheas
S6	bóthar áitiúil an L7631 (Bóthar Áilleachta SV12), siar ó Shléibhte Mhullaigh Aise	Siar
S7	bóthar áitiúil (an N2 roimhe seo) i mbaile fearainn an Chaisil ag acomhal leis an L7422	Ó Thuaidh – Soir ó Thuaidh
S8	Feadh an N2 – Seachbhóthar Bhaile na Lorgan i mbaile fearainn an Eanaigh (Toghroinn Bharúntacht Chríoch Mhúrn)	Siar ó Thuaidh
S9	An N2 – Seachbhóthar Bhaile na Lorgan ó leataobh i mbaile fearainn Charraig an Lúir	Soir ó Dheas
S10	bóthar áitiúil an L3420 trasna bhaile fearainn Chorr na Muclach Thuaidh, atá suite thart ar 4 km ó dheas ó Chluain Tiobrad	Soir
S11	bóthar áitiúil an L7411 ag acomhal ag a bhfuil rian rochtana trasna bhaile fearainn Dhroim Rúisc, ag dul trí Chlár Doire agus trí Dhoire Shalach (Barúntacht Mhuineacháin), atá suite thart ar 3.5 km siar ó thuaidh ó Dhúthamlacht	Ó Thuaidh – Soir ó Thuaidh
S12	bóthar áitiúil an L7411 i mbaile fearainn Dhroim Rúisc, atá suite thart ar 2.5 km siar ó thuaidh ó Dhúthamlacht	Siar – Siar ó Dheas
S13	An N2 – Seachbhóthar Bhaile na Lorgan – i mbaile fearainn Lios Fhlannaíle	Siar ó Thuaidh
S14	bóthar áitiúil an L3700 (Bóthar Áilleachta SV15) i mbaile fearainn Eanach Fhearta	Siar ó Dheas

Amharcpointe	Láthair	Treo an Radhairc
S15	bóthar áitiúil an L3430 ar imeall Dhúthamlachta	Siar
S16	an R183 ag an acomhal le bóthar áitiúil an L7200 i mbaile fearainn Bhéal Átha an tSraha	Soir ó Thuaidh
S17	Trasna an Locha Mhóir ó charrchlós atá suite feadh bóthar rochtana áitiúla ar imeall thuaidh an locha, ó dheas ón R183	Soir ó Dheas
S18	bóthar áitiúil an L3200 trasna bhaile fearainn an Chlochair, atá suite thart ar 4.5 km soir ó dheas ó Bhéal Átha Beithe	Soir
S19	bóthar áitiúil an L4221 (Bóthar Áilleachta SV21) i mbaile fearainn Leatón Foscaidh a fhéachann amach ar ghearrchuid de Loch Éigis	Siar – Siar ó Thuaidh
S20	an R180, atá suite ó thuaidh ó bhaile fearainn na Breaclaí (Barúntacht Chríoch Mhúrn)	Ó Thuaidh
S21	Acomhal idir an R180 agus an L4210 trasna bhaile fearainn na Gréiche (Barúntacht Chríoch Mhúrn) agus Thulaigh na hInneora	Soir – Soir ó Dheas
S22	bóthar áitiúil an L4210 trasna bhaile fearainn Loch Morn, atá suite thart ar 7 km soir ó dheas ó Bhéal Átha Beithe	Ó Dheas – Soir ó Dheas
S23	cnoc áitiúil (Taiscumar na nOibreacha Uisce), ó thuaidh i mbaile fearainn Choill an Chait	Soir ó Dheas
S24	bóthar áitiúil an L7113 trasna Loch Morn	Ó Dheas
S25	an R181 ag bealach isteach na reilige i ngarchomharsanacht bhaile fearainn Achadh Mhic Céir	Siar ó Dheas
S26	bóthar áitiúil an L40431 (Bealach Áilleachta SV 22), i mbaile fearainn Thuaithe, atá suite thart ar 7 km soir ó thuaidh ó Shearcóg	Ó Dheas – Soir ó Dheas
S27	bóthar áitiúil an L40431 (Amharcpointe Áilleachta 22) i mbaile fearainn Thulaigh Ghlais	Soir ó Dheas
S28	Crosaire Aimhréidhe, atá suite thart ar 3.5 km soir ó thuaidh ó Shearcóg	Soir – Soir ó Dheas
S29	bóthar áitiúil an L4031 ag teorainn thuaidh na Coirre Duibhe, atá suite thart ar 5.5 km soir ó thuaidh ó Shearcóg	Ó Thuaidh – Siar ó Thuaidh
S30	an R178 ag an acomhal bóithre le bóthar áitiúil an L4020 i mbaile fearainn Chorr an Bhealaigh (Barúntacht Fhearnaí)	Siar – Siar ó Dheas
S31	an R178, atá thart ar 2.5 km soir ó Shearcóg, ar an mbealach go Carraig Mhachaire Rois	Soir

Amharcpointe	Láthair	Treo an Radhairc
S32	Bóthar áitiúil an L49051 trasna bhaile fearainn Ráth Fiachrach, atá suite thart ar 4.5 km soir ó Shearcóg	Siar ó Dheas
S33	an R162 ag an gcroisre leis an L7554 agus leis an L7553 i mbaile fearainn Taghart Thuaidh nó Closnabraddan	Soir ó Dheas
S34	Bóthar áitiúil an L49033 i ngarchomharsanacht bhaile fearainn Leamhaigh an Ghiolla Dhuibh, atá suite thart ar 6 km soir ó dheas ó Shearcóg agus soir ón R162	Ó Thuaidh – Siar ó Thuaidh
S35	an R162 ag an gcroisre le bóthar áitiúil an L8920 idir baile fearainn Drumiller agus baile fearainn Leamhaigh an Ghiolla Dhuibh	Siar ó Thuaidh
S36	an R162 ar ardtalamh idir baile fearainn Tullybrick agus Droim Breacáin	Siar ó Thuaidh
S37	An R165 ag an acomhal le bóthar áitiúil an L3526, siar ó thuaidh agus beagán lasmuigh de Dhún an Rí	Siar ó Thuaidh
S38	an R165 ag an acomhal le bóthar áitiúil an L3532 i mbaile fearainn Cornaman, soir ó Loch an Mhaí	Siar ó Thuaidh
S39	Bóthar áitiúil an L7567, in aice le láthair Aonach an Mhaí	Siar
S40	Bóthar áitiúil an L3531, soir ó dheas i mbaile fearainn Moyer	Soir ó Dheas
S41	Láthair picnic atá suite in aice le bóthar áitiúil an L7567, i ngar d'amharcpointe áilleachta (SV8) Bhearna Lochán Leagha	Soir
S42	Bóthar áitiúil an L3533 i mbaile fearainn Drumbar (Toghroinn Inis Caoin), soir ó Dhroichead Mhaothla	Soir
S43	Bóthar áitiúil an L68012 i mbaile fearainn na hOirbhe	Siar ó Dheas
S44	An R164 i mbaile fearainn Corrananagh	Soir ó Thuaidh
S45	Carrchlós ag Loch na Coille Báine	Siar
S46	Bóthar áitiúil an L7404 trasna gheata an phríomhbhealaigh isteach ag Eastát Brittas	Soir ó Thuaidh
S47	I ngarchomharsanacht Amharcpointe Áilleachta 17 atá suite ar bhóthar áitiúil an L7405 i mbaile fearainn Bhaile Chrúis	Ó Thuaidh – Soir ó Thuaidh
S48	An N52, atá thart ar 1 km siar ó Chrois Raffin	Soir ó Thuaidh
S49	Bóthar áitiúil an L74112 (Cul de Sac) i mbaile fearainn Ráth Naomh Eoin	Soir ó Dheas
S50	Bóthar áitiúil an L74115 i mbaile fearainn an Oileáin Rua	Siar ó Thuaidh
S51	Reilig ó bhóthar áitiúil an L7414 ag Croisre Chrois Ultáin (R163), ó gheataí shean-Diméin Bhaile Ghib	Siar
S52	An R163 siar ó Chroisre Chrois Ultáin.	Siar ó Dheas

Amharcphointe	Láthair	Treo an Radhairc
S53	Bóthar áitiúil an L34097 (Cul de Sac) trasna bhaile fearainn Thailtean	Soir ó Dheas
S54	Cnoc ag Teach Solais Pháirc an Phobail / Túr Lloyd (Amharcphointe Áilleachta 13) atá suite thart ar 1.8 km siar ó Cheanannas	Soir
S55	An R147 (Slí Thiomána Ghleann na Bóinne) os comhair an stáisiúin pheitрил i dtreo Ghleann na hAbhann Duibhe	Soir ó Thuaidh
S56	Bóthar áitiúil an L7413 ag Droichead Dhomhnach Phádraig	Siar ó Thuaidh
S57	Teorainn thiar dheas reilig agus Shéipéal Dhomhnach Phádraig	Siar
S58	Bóthar áitiúil an L3409 in aice leis an T-acomhal le bóthar áitiúil an L34091 i mbaile fearainn Dhomhnach Phádraig	Siar ó Dheas
S59	Gleann na hAbhann Duibhe ó Shéipéal Thailtean	Soir ó Dheas
S60	Droichead ar bhóthar áitiúil an L8009, ag trasnú mhótarbhealach an M3 i mbaile fearainn Ard Breacáin	Siar ó Dheas
S61	Bóthar áitiúil an L4024 os cionn reilige ag Dún Doire	Soir
S62	Bóthar áitiúil an L4008 soir ó Dhún Doire i mbaile fearainn Philpotstown	Soir
S63	An R161 ag geataí ionad CLG na Mí	Soir ó Thuaidh
S64	An ceann staighre uachtarach ag Mainistir Bheighthí trasna Ghleann na Bóinne	Ó Dheas – Soir ó Dheas
S65	An ceann staighre uachtarach ag Mainistir Bheighthí trasna Ghleann na Bóinne	Siar – Siar ó Dheas
S66	An Bhóinn ó bhóthar áitiúil an L4010 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) ag Droichead Bheighthí (Amharcphointe Áilleachta 86)	Siar ó Dheas
S67	Bóthar áitiúil an L2203 (Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne) atá thart ar 500 m siar ó dheas ó Bheighthigh	Siar ó Dheas
S68	Cnoc na Teamhrach (Amharcphointe Áilleachta 44) ag an Lia Fáil	Siar – Siar ó Dheas
S69	Bóthar áitiúil an L22051 trasna bhaile fearainn Creroge	Soir – Soir ó Dheas
S70	Bóthar áitiúil an L2205 trasna bhaile fearainn Crumpstown nó Marshallstown	Soir
S71	Barr Chaisleán Bhaile Átha Troim	Soir
S72	Bóthar áitiúil an L6202 i mbaile fearainn Foxtown	Soir ó Thuaidh
S73	Bóthar áitiúil an L2207 i mbaile fearainn Derrypatrick	Soir ó Dheas
S74	An R125 ag geata isteach Shéipéal Pharóiste Chúil Mhaoilín ag an T-acomhal le bóthar áitiúil an L6206	Siar ó Dheas

Amharcphointe	Láthair	Treo an Radhairc
S75	An R125 ag geata feirme trasna bhaile fearainn Bogganstown	Soir – Soir ó Thuaidh
S76	An R125 i mbaile fearainn Leonardstown	Soir ó Thuaidh
S77	An R156 trasna bhaile fearainn Leonardstown atá thart ar 500 m soir ó dheas ó Chrosaire an Mhullaigh	Soir ó Thuaidh

16.4 Maolú

16.4.1 Maolú Ginearálta Tírdhreacha

82. Ba é treorú an príomhbhealach maolaithe agus bhí sé bunaithe ar phrionsabal na seachanta, lena n-áirítear ardtalamh, droimlínte agus ceantar lena mbaineann luach tírdhreacha nó taitneamhachta a sheachaint.
83. Glacann na hiarratasóirí faoi seach le cur chuige tiomanta i leith bainistiú comhshaoil agus sainaithnítear sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála na ceanglais a n-éilítear ar an bpríomhchonraitheoir iad a chomhlíonadh – feic an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite, Aguisín 9.1, agus Aguisín 7.1, Imleabhar 3B, den EIS.
84. Is é an Plean mionsonraithe um Bainistiú Comhshaoil Tógála, a bheidh bunaithe ar an srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála, an modh praiticiúil a nglacfaidh an conraitheoir leis chun na ceangaltais chomhshaoil a dhéantar san ES agus san EIS a chur i bhfeidhm agus cuimseoidh sé tógáil an idirnascaire a bheartaítear.
85. Tugtar sonraí breise i Rannán 13.5 sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i Rannán 11.6 san EIS, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D.

16.4.2 Maolú Ginearálta ar an bhFostáisiún

16.4.2.1 Fostáisiún Turleenan

Maolú le linn Chéim na Tógála

86. Cuirfear plandú a bheartaítear i bhfeidhm sa chéad séasúr plandaithe tar éis chríochnú na n-oibreacha talún a chur i gcrích chun go mbeidh na plandaí bunaithe roimh thógáil an fhostáisiúin. Is speiceas dúchasach a fhásann go tapa a bheidh sa speiceas planda a roghnófar chun go gcomhlánóidh sé na plandaí reatha sa cheantar áitiúil. Tugadh aird sna tograí mionsonraithe plandaithe ar fhálta reatha agus ar phócaí áitiúla coillearnaí chun tairbhí amhairc agus comhshaoil a bhaint amach de réir mar a thagann na tograí in aibíocht.

Maolú le linn na Céime Oibríche

87. In am agus i dtráth, beidh an plandú a bheartaítear ina bhac éifeachtach ar radhairc do ghabhdóirí agus d'úsáideoirí bóithre/cosán agus chomhtháthódh sé an limistéar isteach sna saintréithe áitiúla tírdhreach. Úsáidfear raon éagsúil méideanna plandaí chun aibíocht a chur leis na plandaí. Déanfar ceantair mhóinéir de cheantair spáis oscailte agus ghearrfaí an féarach ar réim ísealchothabhála ar mhaithe le héagsúlacht speicis a chothú.
88. Is é an fálú a chuireann cosc ar ghluaiseacht coiníní a chosnóidh na plandaí agus beidh an plandú faoi réir clár bainistíochta chun a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí. Déanfar an limistéar a chothabháil de réir sceideal cothabhála cúig bliana.

16.4.2.2 Maolú Tírdhreacha ar Chlós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála Charraig Mhachaire Rois

Maolú le linn Chéim na Tógála

89. Déanfar fásra reatha ar theorainn an láithreáin a chosaint agus a choinneáil (agus déanfaidh Ailtire Tírdhreacha monatóireacht air) le linn thógáil an láithreáin.

Maolú le linn na Céime Oibríche

90. Déanfar fásra reatha ar theorainn an láithreáin a chosaint agus a choinneáil le linn na céime oibríche. Ar chríochnú na céime tógála (thart ar 3 bliana), athchóireofar an láithreán ina iomláine lena úsáid talmhaíochta.

16.4.3 Maolú Tírdhreacha ar an Líne Lasnairde

16.4.3.1 Maolú le linn chéim na tógála

91. Bheadh oibreacha talún a bhaineann le tógáil na dtúr agus na mbunsraitheanna teoranta do limistéir shonracha timpeall ar bhun gach túir. Is é an méid uasta limistéir oibre le haghaidh túr a thógáil ná 1,225 m².
92. Nuair is féidir, athsholáthrófar fásra reatha a bhainfear le linn na tógála agus athchóireofar ceantair féir.
93. Tar éis thógáil na líne, déanfar na tailte ar a mbeidh bealaí rochtana sealadacha agus conairí sealadach lonnaithe a fhilleadh ar ais ar a staid roimh an tógáil.

16.4.3.2 Maolú le linn na céime oibríche

94. Rinneadh breithmheas ar roghanna eile ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an tionchar tírdhreacha. Ba í seachaint an príomhbhealach chun tionchar buan oibríoch an idirnascaire a bheartaítear a mhaolú.
95. Cuireadh feabhas ar an rogha conaire bealaigh le linn próisis um threorú na líne, rud inar sainiúidh bealach na líne lasnairde a bheartaítear in éineacht le suíomhanna sonracha túir. Chuir ailtirí tírdhreacha leis an bpróiseas um threorú na líne agus, nuair ab fhéidir, rinneadh cinntí maidir le treorú na líne chun an tionchar tírdhreacha agus amhairc a laghdú. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis ná an línebhealach a choinneáil chomh díreach agus ab fhéidir, ar mhaithe le fad iarbhrí an línebhealaigh dheiridh a laghdú agus ar mhaithe le seachaint a dhéanamh ar thúir uillinne a úsáid – túir a bhíonn níos mó ná túir idirmheánacha de ghnáth. Mar sin féin, de bharr srianta teicniúla agus comhshaoil, go háirithe líon na dtithe atá scaipthe ó chéile ar fud an limistéir a ndearnadh measúnú air, ní rabhtas in ann é sin a dhéanamh i ngach cás agus bhí gá le malairtí slí a chur san áireamh i mbealach na líne lasnairde.

16.4.4 Maolú Amhairc

16.4.4.1 Maolú Amhairc ar an bhFostáisiún

Maolú ar Fhostáisiún Turleenan le linn Chéim na Tógála

96. Is é a bheidh i gceist le bearta maolaithe arb é is aidhm dóibh tionchar amhairc an fhostáisiúin a bheartaítear a laghdú ná coillearnach dhúchasach a chur ar na claífoirt, ar na bundaí talún agus ar an mbóthar isteach chun go mbeidh an fhostáisiún folaithe ó radharc agus chun go luífidh sé isteach sa timpeallacht tírdhreacha áitiúil ar deireadh. Má chuirtear na coillearnacha nua sin roimh ré, laghdófar an drochthionchar amhairc a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn gníomhaíocht tógála.

Maolú ar Fhostáisiún Turleenan le linn na Céime Oibríche

97. Tosaíocht ba ea an láithreán ab fhearr ó thaobh cúrsaí comhshaoil, teicniúla agus eacnamaíocha de a roghnú don fhostáisiún a bheartaítear. Roghnaíodh an láithreán a bheartaítear go cúramach chun an tionchar a bheadh aige ar an tírdhreach agus ar radhairc a shrianadh.
98. Imríonn na bundaí talún agus tograí fairsinge plandaithe ról tábhachtach maidir le tionchar amhairc an fhostáisiúin a shrianadh.

99. Cabhróidh plandú le tionchar an fhálaithe imlínigh a laghdú freisin. Nuair is féidir, coinneofar fála scean reatha freisin. Beidh claífoirt agus bundaí talún 1 mhéadar ar airde suite timpeall ar thrí thaobh den láithreán, rud a chabhróidh leis an láithreán a imfháil ó thaobh amhairc de. Glactar leis go bhféadfadh tionchar amhairc a bheith ag próifíl ghéar na mbundaí talún. A luaithe is a chuirfear iad, áfach, maolófar próifíl na mbundaí de réir mar a thagann na plandaí in aibíocht agus de réir mar a sholáthraíonn siad ábhar folaithe amhairc.
100. Is éard a chabhróidh le tionchar amhairc na forbartha críochnaithe a mhaolú ina dhiaidh sin ná úsáid a bhaint as ábhair chuí agus as bailchríocha cuí do na gnéithe tógtha, as meascán d'oibreacha talún timpeall ar an láithreán, lena n-áireofaí carnadh talún, agus as folú oiriúnach fála agus crann.
101. Tugtar tuilleadh sonraí ar mhaolú amhairc an fhostáisiúin i gCaibidil 5 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite.

16.4.4.2 Maolú Amhairc ar Chlós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála Charraig Mhachaire Rois

Céim na Tógála

102. Trí fhásra reatha ar theorainn an láithreáin a choinneáil feadh an N2 agus an L4700 in aice leis, cabhrófar le laghdú a dhéanamh ar a infheicthe a bheidh an bábhún ó na bóithre sin.

An Chéim Oibríoch

103. Nuair a athchóireofar an láithreán tar éis trí bliana, beidh radhairc ar an láithreán mar atá siad, nó cosúil lena bhfuil siad, faoi láthair.

16.4.5 Maolú Amhairc ar an Líne Lasnairde

16.4.5.1 Maolú le linn chéim na tógála

104. Déanfaidh na bearta maolaithe arb é is aidhm dóibh an tionchar fisiceach tírdhreacha a íoslaghdú (lena n-áirítear an oiread fásra reatha agus is féidir a choinneáil, athchóiriú/plandaí nua agus monatóireacht) an drochthionchar ar radhairc a íoslaghdú freisin.

16.4.5.2 Maolú le linn na céime oibríche

105. Rinneadh measúnú ar roghanna eile ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an tionchar amhairc. Ba í seachaint an príomhbhealach chun tionchar buan oibríoch amhairc an idirnascaire a bheartaítear a mhaolú.

106. Bhí roghnú an struchtúir roghnaithe thúir laitíse bunaithe ar staidéar ar leith a rinne ailtirí tírdhreacha. Rinneadh comparáid i staidéar eile idir rogha roghnaithe an túir laitíse agus rogha aeróige aonpholaí. Thángthas ar an gconclúid go bhfuil an túr laitíse ar an rogha is oiriúnaí don idirnascaire seo a bheartaítear.

16.5 Tionchar Iarmharach Tírdhreacha

16.5.1 Forbhreathnú

107. Déantar cur síos mionsonraithe sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Rannán 13.6) agus san EIS (Rannán 11.7, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D) ar an tionchar iarmharach tírdhreacha a bheidh ag an idirnascaire a bheartaítear. Achoimrítear iad thíos freisin.
108. Beidh tionchar fisiceach tírdhreacha ag na háiteanna seo a leanas:
- Boinn Bhuana Túir;
 - Limistéar buan faoi bhun na líne lasnairde – déanfar fásra atá suite faoi bhun na seoltóirí a bhearradh chun a chinntiú nach mbeidh sí níos mó ná 2 m ar airde i dTuaisceart Éireann. I gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, déanfar fásra fála sceanach a iniúchadh agus a bhearradh gach cúig bliana chun a chinntiú nach gcuirfidh sé isteach ar na seoltóirí. Beidh an airde chothabháilte ag brath ar thopagrafaíocht agus ar chuar na seoltóirí;
 - Limistéar buan in aice leis an líne lasnairde – ar mhaithe le glanspáis sábháilteachta a chinntiú, bearrfar an fásra uile atá in aice leis na seoltóirí agus a d'fhéadfadh titim orthu. Beidh sé sin mar chuid den chothabháil leanúnach a dhéanfar ar an líne lasnairde a bheartaítear. Is beag tionchar a bheidh ann ar fhásra atá suite laistigh de chríos 30 m ar cheachtar taobh den líne lasnairde. Ar chúiseanna sábháilteachta, áfach, bearrfar aon chraobhacha a d'fhéadfadh titim ar an líne lasnairde; agus,
 - Tá conair 74 m ar a mhéad ag teastáil in áiteanna a dtéann an t-idirnascaire a bheartaítear trí cheantair choillearnaí tráchtála.
109. Tugtar measúnú mionsonraithe ar an tionchar iarmharach ar Thírdhreacha Sainithe sna Caibidlí LVIA de chuid na n-iarratasóirí faoi seach agus crostagraítear é do na Caibidlí faoi seach a bhaineann le Cultúr agus Oidhreacht.

110. Is iad seo a leanas an tionchar fadtéarmach iarmharach ar dóigh dóibh a bheith ag an idirnascaire a bheartaítear ar shaintréithe tírdhreacha:

- Talamh a úsáidtear chun críocha talmhaíochta faoi láthair a chailleadh;
- Gnéithe den tírdhreach nádúrtha – amhail tírghné, fáлта sceach agus crainn – a chailleadh;
- Líne lasnairde, fostáisiún mór agus túir ghaolmhara a thabhairt isteach i dtírdhreach tuaithe;
- Bóthar rochtana buan a chruthú don fhostáisiún;
- Fásra a chailliúint agus a laghdú chun gur féidir freastal ar ghlanspásanna riachtanacha leictreachais; agus,
- Saintréithe oscailte na ndroimlínte droimníní a chailleadh in áiteanna áirithe.

16.5.2 Tionchar Iarmharach Tírdhreacha le linn na Céime Oibríche

111. Tiocfaidh tionchar tírdhreacha chun cinn as an tionchar ar shaintréithe tírdhreacha agus ar ghnéithe tírdhreacha. Tiocfaidh tionchar chun cinn, mar shampla, in áiteanna a mbaintear fásra nó in áiteanna a n-athraíonn an t-idirnascaire a bheartaítear saintréithe an tírdhreacha. Cuireadh síos go mion sna caibidlí LVIA den ES Comhdhlúite (feic Caibidil 13) agus den EIS (feic Caibidil 11) ar an mbreithmheas ar an tionchar tírdhreacha a thiocfaidh as an dá ghné den idirnascaire a bheartaítear.

Tábla 16.10: Tionchar Iarmharach Tírdhreacha

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
Iar-Chrios Glas Chathair Ard Mhacha	Mór	Diomaibhseach	Drochthionchar Beag	Diomaibhseach	Drochthionchar Beag	Neamhshuntasach
Iar-Chrios Glan Dhún Geanainn	Meánach – Ard	Íseal – Diomaibhseach	Drochthionchar Beag	Íseal – Diomaibhseach	Drochthionchar Beag	Neamhshuntasach
Teach Argory	Meánach	Íseal – Meánach	Drochthionchar Beag – Measartha	Íseal – Meánach	Drochthionchar Beag – Measartha	Neamhshuntasach
Teach an Mhainéir, an Bhinn Bhorb	Mór	Íseal – Meánach	Drochthionchar Measartha	Íseal – Meánach	Drochthionchar Measartha	Suntasach
Pálás Ard Mhacha	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Mainistir Thuíneán	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
LCA 47 Crios Úlloird Loch gCál	Meánach	Mór	Drochthionchar Measartha – Mór	Meánach – Ard	Drochthionchar Measartha	Suntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe	an Tionchar	Méid athraithe	an Tionchar	
LCA 66 Droimní Ard Mhacha	Mór	Meánach – Ard	Drochthionchar Measartha – Mór	Meánach – Ard	Drochthionchar Measartha – Mór	Suntasach
LCA 45 Droimní agus Cnoic Dhún Geanainn	Meánach	Beag	Drochthionchar Beag	Beag	Drochthionchar Beag	Neamhshuntasach
LCA 64 Tailte Portaigh Loch nEathach	Meánach	Íseal – Diomaibhseach	Drochthionchar Diomaibhseach – Beag	Íseal – Diomaibhseach	Drochthionchar Diomaibhseach – Beag	Neamhshuntasach
LCA 68 Cnoic Charraig an tSeabhaic	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
LCA 46 Gleann na hAbhann Duibhe	Mór	Diomaibhseach	Drochthionchar Beag	Diomaibhseach	Drochthionchar Beag	Neamhshuntasach
Ardtailte Mhullaigh Aise	Íogaireacht Mheasartha / Ardíogaireacht	Meánach-ard	Measartha-mór	Measartha-ard	Measartha-mór	Suntasach
Ardtailte Droimní Mhuineacháin	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Measartha-ard	Measartha	Suntasach
Tailte Locha Bhéal Átha Beithe-Bhaile na Lorgan	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Measartha-ard	Measartha	Suntasach
Ardtalamh Feirme Droimní Dheisceart Chontae Mhuineacháin	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Measartha-ard	Measartha	Suntasach
Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin	Íogaireacht Mheasartha / Ardíogaireacht	Meánach-ard	Measartha-mór	Measartha-ard	Measartha-mór	Suntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe	an Tionchar	Méid athraithe	an Tionchar	
Tailte Locha Thuaidh na Mí	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Suntasach
Ísealtailte Thuaidh na hUaimhe	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Suntasach
Gleann na hAbhann Duibhe	Íogaireacht Mheasartha / Ardíogaireacht	Meánach-ard	Measartha-mór	Meánach-ard	Measartha-mór	Suntasach
Ísealtailte Thiar na hUaimhe	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Suntasach
Gleann na Bóinne	Íogaireacht Mheasartha / Ardíogaireacht	Meánach-ard	Measartha-mór	Meánach-ard	Measartha-mór	Suntasach
Ísealtailte Láir	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Suntasach
Cnoic na Teamhrach-na Scríne	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Meánach-ard	Measartha	Suntasach
Loch Mucnú agus purláin	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Páirc Chuimhneacháin Billy Fox agus purláin	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Abhainn an Droma Mhóir agus córas locha, lena n-áirítear an Loch Bán agus Bruach Baird	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
An Loch Mór agus purláin	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Loch Lios an Uisce	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Lough Naglack	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
Rahan's lake	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Páirc foraoise Dhún an Rí, Co. an Chabháin	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Sliabh Lochán Leagha, Co. an Chabháin	Mór	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Páirc foraoise Dhún an Rí, Co. an Chabháin	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Sliabh Lochán Leagha, Co. an Chabháin	Mór	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Caisleán Dhún Samhnaí, Co. na Mí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Caisleán an Chillín, Co. na Mí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Caisleán an Talbóidigh, Co. na Mí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Teach Solais Pháirc an Phobail, Co. na Mí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Diomaibhseach	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Teach Eastáit na Coille Báine, Co. na Mí	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Garrán Feánna, Co. na Mí	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Túr, Co. na Mí	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Mainistir Bheighthí, Co. na Mí	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
An Cloigtheach Buí, Co. na Mí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Séipéal na Scríne, Co. na Mí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach

16.5.3 Tionchar Iarmharach Amhairc le linn na Céime Oibríche

112. Thiocfadh tionchar amhairc ar an tírdhreach chun cinn as an bhfostáisiún in Turleenan a thógáil, as an bhfostáisiún i bhFearann na Coille a shíneadh, as an gclós stórála sealadach, as an líne lasnairde agus as na túir lena mbaineann. Bheadh tionchar díreach acu sin ar na radhairc atá ar fáil, rud a dhéanadh difear d'amharcóirí (gabhdóirí) agus don taitneamhacht amhairc ar fad. Thiocfadh tionchar chun cinn, mar shampla, in áiteanna a mbriseann na túir an spéirlíne – áiteanna a mbeidh siad ina ngné nua den timpeallacht tírdhreacha áitiúil – nó in áiteanna a dtagann gabhdóirí i ndlúth-thadhall leis an idirnascaire a bheartaítear. Cuireadh síos go mion sna caibidlí LVIA den ES Comhdhlúite agus den EIS ar an mbreithmheas ar an tionchar amhairc a thiochfaidh as an dá ghné den idirnascaire a bheartaítear.
113. Tugtar Achoimre ar an Tionchar Iarmharach Amhairc le linn na Céime Oibríche sa Tábla thíos

Tábla 16.11: Tionchar Iarmharach Amhairc

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
Lonnaíochtaí						
Cathair Ard Mhacha	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamshuntasach
Dún Geanainn	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamshuntasach
An Maigh	Mór	Íseal-Meánach	Measartha	Íseal-Meánach	Measartha	Suntasach
An Port Mór	Mór	Íseal-Meánach	Measartha	Íseal-Meánach	Measartha	Suntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
An Bhinn Bhorb	Mór	Meánach-Ard	Measartha-Mór	Meánach	Measartha	Suntasach
Coillidh Léith	Mór	Íseal-Meánach	Measartha	Íseal-Meánach	Measartha	Suntasach
Áth an Mhuilinn	Meánach	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
Coillidh Chanannáin	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
An Céide	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Doire Núis	Mór	Mór	Mór	Meánach-Ard	Measartha-Mór	Suntasach
Cluain Tiobrad	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Crícheán Rua	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Eanaigh Gheala	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Dúthamlacht	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Béal Átha Beithe	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Baile na Lorgan	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
Searcóg	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Dún an Rí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Taobh Urchair	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
An Obair	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Cill Mhaighneann	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Droichead Chearbhalláin	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Baile Uilcín	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Domhnach Phádraig	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
An Uaimh	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Baile an Chaisleáin	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
An Bóthar Mín	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Cnoc an Linsigh	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Droim Rí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
Dún Samhnaí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Baile Órthaí	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Baile Átha Troim	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Baile Ghib	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Dún Doire	Mór	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach (imeall na lonnaíochta)
Baile Roibín	Mór	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach (imeall na lonnaíochta)
Beigthish	Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Cill Mheasáin	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Conairí agus Cosáin Iompair						
M1	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
N2	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
A28	Beag	Beag	Diomaibhseach	Beag	Diomaibhseach	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
A3	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
A29	Beag	Beag	Diomaibhseach	Beag	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
A45	Beag	Gan Athrú	Gan Tionchar	Gan Athrú	Gan Tionchar	Neamhshuntasach
B115	Meánach	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
B106	Meánach	Meánach	Drochthionchar Measartha	Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
B3/R214	Meánach	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
B34	Meánach	Gan Athrú	Gan Tionchar	Gan Athrú	Gan Tionchar	Neamhshuntasach
B517	Meánach	Gan Athrú	Gan Tionchar	Gan Athrú	Gan Tionchar	Neamhshuntasach
B45	Meánach	Gan Athrú	Gan Tionchar	Gan Athrú	Gan Tionchar	Neamhshuntasach
B128	Meánach	Beag	Drochthionchar Beag	Beag	Drochthionchar Beag	Neamhshuntasach
B28	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
B130	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
B210	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
B361	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
B32/R181	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
R184	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Náisiúnta Slí Uladh/Bealach Rothaíochta 91	Meánach	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Íseal-Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
Náisiúnta Bealach Rothaíochta 95	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Bealach Réigiúnach Rothaíochta 11	Beag	Meánach-Íseal	Diomaibhseach-Beag	Beag	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
An Abhainn Mhór Bealach Canúála	Meánach	Meánach	Measartha	Meánach-Íseal	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
Slí Mhuineacháin	Meánach	Meánach-Íseal	Beag-Measartha	Meánach-Íseal	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
Rian na Slisneoirí	Meánach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
N2	Beag	Meánach	Beag	Meánach-ard	Beag-measartha	Neamhshuntasach
R183	Beag	Meánach	Beag	Meánach-ard	Beag-measartha	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
R180	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R181	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R178	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R162	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R165	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R164	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R162	Beag	Beag	Beag	Beag	Beag	Neamhshuntasach
R165	Beag	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
N52	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R163	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R147	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
M3	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
N51	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R161	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R154	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach
R125	Beag	Meánach	Beag	Meánach	Beag	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
R156	Beag	Beag	Diomaibhseach	Beag	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
Slí Mhuineacháin	Measartha	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach (áitiúil)
Bealach siúil Lochán Leagha, Co. an Chabháin	Measartha	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Bealaí siúil Pháirc Foraoise Dhún an Rí, Co. an Chabháin	Measartha	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Bealach Siúil an Chaisleáin, Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin	Measartha	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne, Co. na Mí	Measartha	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach (áitiúil)
Bealach siúil a bheartaítear feadh na hAbhann Duibhe, Co. na Mí	Measartha	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach (áitiúil)
Bealach siúil Lochán Leagha, Co. an Chabháin	Measartha	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Íseal-diomaibhseach	Beag-measartha	Neamhshuntasach
Bealaí siúil Pháirc Foraoise Dhún an Rí, Co. an Chabháin	Measartha	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht	
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar		
Siúlóidí Oidhreachta Rampair na Bóinne, Co. na Mí	Measartha	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach	
Slí na Sláinte, Baile Átha Troim	Measartha	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach	
Amharcpointí							
N1	Droichead Clonteevy thar Abhainn Rhone ar Bhóthar Trewmount (B106)	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Mór	Measartha-Mór	Suntasach
N2	Bealach Derrygally go dtí soir ó Fhostáisiún Turleenan	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Mór	Measartha-Mór	Suntasach
N3	Bealach Derrygally go dtí ó dheas ó Fhostáisiún Turleenan	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Mór	Measartha-Mór	Suntasach
N4	Bóthar Trewmount (B106) in aice bhóthar rochtana an tsuímh.	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N5	Droichead Bond thar an Abhainn Mhór in aice Theach Argory	Meánach	Íseal – Meánach	Beag-Measartha	Íseal – Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra		Íogaireacht	CÉIM NA TÓGÁLA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
			Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
N6	Trasbhealach Bhóthar na Maí (A29)	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N7	Bóthar Chúl Chaorthainn	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N8	Bóthar Gorestown	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N9	Bóthar na Binne Boirbe	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Mór	Measartha-Mór	Suntasach
N10	Bóthar na Binne Boirbe ó dheas ó Bhóthar Ninewell	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Mór	Measartha-Mór	Suntasach
N11	Trasbhealach Bhóthar Clonfeacle (B128)	Meánach	Meánach	Measartha	Íseal – Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
N12	Prióireacht na Binne Boirbe	Mór	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N13	Bóthar Artasooly i dtreo Thrasbhealach na hAbhann Móire	Meánach	Meánach	Measartha	Íseal – Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
N14	Bóthar Artasooly ag Droichead Thulach Mór	Meánach	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N15	Bóthar Artasooly agus acomhal Bhóthar Mhaigh an Dúin ag Artasooly	Mór	Beag	Measartha	Íseal Diomaibhseach –	Beag-Measartha	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra		Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
			Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
N16	Trasbhealach Bhóthar Battleford (B115)	Mór	Mór	Mór	Mór	Mór	Suntasach
N17	Trasbhealach Bhóthar Choillidh Léith (A28)	Meánach	Meánach	Measartha	Íseal – Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
N18	Lonnaíocht Choillidh Léith (Chúirt Ghráinseach na gComhaltaí)	Mór	Íseal – Meánach	Measartha	Íseal – Meánach	Measartha	Suntasach
N19	Eamhain Mhacha	Mór	Diomaibhseach	Beag	Diomaibhseach	Beag	Neamhshuntasach
N20	Bóthar Mhuineacháin (A3) soir ó Chroisaire Norton	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N21	Trasbhealach Bhóthar Mhuineacháin (A3)	Meánach	Mór	Measartha-Mór	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N22	Bóthar na Madan ó dheas ó Chroisaire Norton	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N23	Bóthar Chabhán an Gharbháin agus Acomhal Bhóthar Shíotroma	Meánach	Meánach	Measartha	Íseal – Meánach	Beag-Measartha	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra		Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
			Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
N24	Trasbhealach Bhóthar Drumhillery	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach
N25	Bóthar an Lagáin siar ón gCéide	Mór	Beag	Measartha	Íseal Diomaibhseach –	Beag-Measartha	Neamhshuntasach
N26	Trasbhealach Bhóthar Fergort (B3)	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N27	Soir ó Dhoire Núis	Mór	Mór	Mór	Meánach – Ard	Measartha-Mór	Suntasach
N28	Bóthar Dhoire Núis ag Lána an Churraigh i dtreo an tuaiscirt	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N29	Bóthar Dhoire Núis ag Lána an Churraigh i dtreo an deiscirt	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N30	Bóthar na Croise Báine (Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite)	Meánach	Íseal Diomaibhseach –	Diomaibhseach-Beag	Íseal Diomaibhseach –	Diomaibhseach-Beag	Neamhshuntasach
N31	Bóthar Chrois Eachaidh	Meánach	Meánach – Ard	Measartha	Meánach – Ard	Measartha	Suntasach
N32	Brí Chaisleán an tSiáin	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
N33	Tulaigh Bhoic	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan Tionchar	Neamhbhainteach

Cineál Gabhdóra		Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
			Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
N34	Sliabh Mhullaigh Aise	Mór	Diomaibhseach	Beag	Diomaibhseach	Beag	Neamhshuntasach
SV11 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV12 (Muineachán)		Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
SV13 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV14 (Muineachán)		Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
SV15 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV16 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV17 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV18 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV19 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV21 (Muineachán)		Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
SV22 (Muineachán)		Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
SV23 (Muineachán)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
SV 8 (An Cabhán)		Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
SV 8 (An Cabhán)		Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
13 (An Mhí)		Mór	Beag	Beag-measartha	Beag	Beag-measartha	Neamhshuntasach
15 (An Mhí)		Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
16 (An Mhí)		Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
17 (An Mhí)		Mór	Beag	beag-measartha	Beag	beag-measartha	Neamhshuntasach

Cineál Gabhdóra	Íogaireacht	CÉIM TÓGÁLA NA		AN CHÉIM OIBRÍOCH (Bliain 1)		Tábhacht
		Méid athraithe an	Tionchar	Méid athraithe an	Tionchar	
18 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
19 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
20 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
21 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
40 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
42 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
44 (An Mhí)	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
47 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
50 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
52 (An Mhí)	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach
77 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
80 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
85 (An Mhí)	Mór	Gan athrú	Gan tionchar	Gan athrú	Gan tionchar	Neamhshuntasach
86 (An Mhí)	Mór	Meánach	Measartha	Meánach	Measartha	Suntasach

Tábla 16.12: Radhairc ó ionaid réadmhaoine neamhfholaithe aonair

Radhairc ó ionaid réadmhaoine neamhfholaithe aonair						
Gabhdóir	Íogaireacht	Tógáil		Oibriú		Tábhacht
		Méid an athraithe	Tionchar	Méid an athraithe	Tionchar	
Ionaid réadmhaoine neamhfholaithe ónar féidir radhairc dhíreacha a fháil agus atá suite laistigh de 500 m ón bhforbairt	Mór	Idir Íseal/Diomaibhseach agus Ard	Idir beag-measartha agus Mór	Idir Íseal/Diomaibhseach agus Ard	Idir Measartha agus Mór	Suntasach
Ionaid réadmhaoine neamhfholaithe atá suite laistigh de 500 m - 1 km ón bhforbairt	Mór	Idir Diomaibhseach agus Meánach	Idir Diomaibhseach agus Measartha	Idir Diomaibhseach agus Meánach	Idir Diomaibhseach agus Measartha	Éagsúil ó thaobh suntasachta de, neamhshuntasach níos faide ná thart ar 600-800 m ar shiúl ón bhforbairt
Ionaid réadmhaoine neamhfholaithe atá suite laistigh de 1 km - 1.5 km ón bhforbairt	Mór	Idir Gan Tionchar agus Tionchar Diomaibhseach	Idir Gan Tionchar agus Tionchar Beag-measartha	Idir Gan Athrú agus Athrú Diomaibhseach	Idir Gan Tionchar agus Tionchar Beag-measartha	Neamhshuntasach
Ionaid réadmhaoine atá suite níos faide ná 1.5 km ón bhforbairt	Mór	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Diomaibhseach	Neamhshuntasach

16.6 Tionchar Trasteorann

114. Bunaithe ar na measúnuithe a rinneadh sa Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (Caibidil 13 – An Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc) agus san EIS (Caibidil 11 – An Tírdhreach in Imleabhar 3C agus in Imleabhar 3D), meastar nach dtiocfaidh ach idir tionchar diomaibhseach agus drochthionchar beag ó thaobh an tionchair trasteorann de, ach amháin i gcás an tionchair tírdhreacha (ar LCA Ardtailte Mhullaigh Aise) agus an tionchair amhairc (Amharcpointí 30 agus 31 sa cheantar de chuid SONI), go príomha mar gheall ar na gabhdóirí amhairc atá suite i ndlúthghaireacht don idirnascaire a bheartaítear. Beidh drochthionchar suntasach trasteorann teoranta do cheithre ionad réadmhaoine i gContae Ard Mhacha le linn na tógála, sa gheimhreadh i mbliain an choimisiúnaithe agus sa samhradh 15 bliana tar éis bhliain an choimisiúnaithe.
115. Cuirtear sonraí breise i láthair i gCaibidil 20 den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite agus i gCaibidil 11 (Rannán 11.9), Imleabhar 3C den EIS.

16.7 Conclúidí

116. Tá tionchar tírdhreacha agus amhairc mar thoradh dosheachanta ar líne lasnaide atá chomh fada leis an idirnascaire a bheartaítear agus atá den chineál céanna leis. Mar sin féin, rinneadh tréaniarracht sa phróisis teoraithe agus deartha chun an tionchar sin a sheachaint nó a laghdú an oiread agus is féidir. Bunaithe ar an mbreithniú mionsonraithe a rinneadh ar bhealaí eile, agus de bharr chineál an tionscadail bhonneagair seo, d'fhorbair na hiarratasóirí faoi seach bealach don idirnascaire a bheartaítear a íoslaghdaíonn an tionchar ar an tírdhreach agus ar acmhainn amhairc an limistéir a ndearnadh measúnú air.
117. Bhí roghnú bhealach agus láthair an idirnascaire a bheartaítear bunaithe ar na torthaí ó roinnt staidéir mhalartacha éagsúla ina ndearnadh scrúdú ar na srianta comhshaoil, teicniúla agus eacnamaíocha atá ann i measc na gconairí éagsúla bealaigh, ar roghanna don línebhealach agus ar shonraí dearaidh. Dhá mhórshrian comhshaoil a chuaigh i bhfeidhm ar roghnú na rogha conaire bealaigh, ar roghnú an línebhealaigh agus ar roghnú chomhpháirteanna an idirnascaire a bheartaítear ba ea an tionchar tírdhreacha agus an tionchar amhairc.
118. Ba iad na staidéir mhalartacha, mar sin, an príomhbhealach trínar maolaíodh tionchar buan oibríoch na líne lasnaide agus an fhostáisiúin. Cé go mbeadh an t-idirnascaire a bheartaítear ina bhun le roinnt drochthionchair, meastar go ndéanfaidh sé an damáiste is lú agus is féidir nuair a chuirtear é i gcomparáid le

- bealaí eile líne lasnairde agus le dearáí eile túir laitíse a scrúdaíodh mar chuid de na staidéir mhalartacha.
119. D'fhéach teorú mionsonraithe na líne leis an oiriúint is fearr don tírdhreach a bhaint amach ach úsáid a bhaint as tírghné agus fásra agus aithint a dhéanamh ag an am céanna ar na srianta teicniúla a bhaineann le líne lasnairde a thógáil agus a oibriú.
120. Beidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe laistigh de cheantar ar ceantar talmhaíochta é go príomha agus a chuimsíonn cnoic réchnocacha ísle, gleannta éadroma agus páirceanna struchtúracha, a bhfuil fála sceanach mothracha agus roinnt mhaith crann fásta acu go minic.
121. Tar éis na tógála, fanfaidh na túir agus na línte lasnairde mar ghnéithe suntasacha amhairc sa tírdhreach.
122. Le himeacht ama, fásfaidh aon fhásra a gearradh siar de bharr oibreacha tógála arís agus éireoidh aon chur ionaid nua bunaithe. Is gníomhaíochtaí a dhéanfar uaireanta iad glanadh fásra a d'fhéadfadh titim ar an líne lasnairde, cigireachtaí ginearálta agus aon deisiúcháin. Mar sin féin, laghdófar an leibhéal gníomhaíochta sa tírdhreach go mór chuig an méid riachtanach is lú.
123. Laghdóidh bearta maolaithe an tionchar amhairc a bhainfidh le fostáisiún Turleenan a bheartaítear agus déanfar coillearnach atá dúchasach den chuid is mó a athchur go trom ar na claífoirt, ar na bundaí talún agus ar an mbóthar isteach mar thoradh orthu. Le himeacht ama, de réir mar a fhásann an tírdhreach maolaithe, laghdófar radhairc ar an bhfostáisiún agus luífidh an fostáisiún isteach sa timpeallacht tírdhreacha áitiúil.
124. Tugtar le fios sa bhreithmheas tírdhreacha go mbeidh drochthionchar suntasach ar an tírdhreach i roinnt codanna den limistéar a ndearnadh measúnú air. Beidh drochthionchar suntasach ar an taitneamhacht amhairc a fhaightear i roinnt mhaith láithreacha ó laistigh den limistéar láithreach a leanann an línebhealach. Beag beann ar na conclúidí sin, áfach, meastar nach dtiocfaidh meath suntasach ar thírdhreach ná ar acmhainn amhairc an limistéir mheasúnaithe i gcoitinne feadh an idirnascaire a bheartaítear. Dá bhrí sin, tá an tionchar iomlán ar thaitneamhachtaí tírdhreacha agus amhairc tríd is tríd teoranta do na gabhdóirí/limistéir sin atá an-ghar do na túir agus don líne lasnairde.

17. Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí

17.1 Réamhrá

1. Sa chaibidil seo, féachtar ar thionchar carnach a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an idirnascaire a bheartaítear agus forbairtí eile, mar aon leis an idirghníomhaíocht idir cineálacha tionchair fhéideartha ar an gcomhshaoil a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an idirnascaire a bheartaítear. Leagtar an chaibidil seo amach in dhá phríomhrannán – Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí Tionchair.
2. Is í an chaibidil ábhartha den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a foilsíodh ná Caibidil 19 (Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí Tionchair) agus is í caibidil ábhartha den EIS ná Caibidil 10 (Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí Tionchair) d'Imleabhar 3B.

17.2 Tionchar Carnach

17.2.1 Modheolaíocht

3. In Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts as well as Impact Interactions (Treoirínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair a Mheasúnú) (CE, 1999) ón gCoimisiún Eorpach, tagraítear do na nithe seo a leanas sa bhreithniú a dhéantar ar thionchar carnach:
4. **Tionchar Carnach:** Na cineálacha tionchair a thagann chun cinn mar gheall ar athruithe incriminteacha de bharr gníomhaíochtaí roimhe seo, gníomhaíochtaí reatha nó gníomhaíochtaí atá réasúnta inmheasta i gcomhar leis an idirnascaire a bheartaítear, mar shampla:
 - Méadú incriminteach ar an torann ó roinnt forbairtí ar leith;
 - Éifeacht chomhcheangailte ó chineálacha tionchair aonair éagsúla e.g. torann, deannach agus tionchar ó thaobh amhairc de ar ghabhdóir áirithe amháin; agus,
 - Roinnt forbairtí a bhfuil tionchar neamshuntasach acu leo féin ach a bhfuil tionchar carnach acu le chéile e.g. d'fhéadfaí go mbeadh tionchar neamshuntasach ag baint le forbairt ghalgfchúrsa, ach d'fhéadfaí go mbeadh tionchar carnach ag an ngalfchúrsa sin ar an éiceolaíocht agus ar an tírdhreach áitiúil dá bhféachfaí air i gcomhar le roinnt galfchúrsaí eile in aice láimhe.

5. Don Chomhthuarascáil Chomhshaoil (JER) seo, úsáidtear faisnéis atá in Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts (Treoirlínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha a Mheasúnú) ón AE (1999).
6. Chun críocha an idirnascaire a bheartaítear, tá na nithe seo a leanas i measc na gcatagóirí d'fhorbairtí eile atá san áireamh sa mheasúnú ar thionchar carnach:
 - Gach forbairt líne lasnairde atá sa phróiseas pleanála faoi láthair agus a bhféadfadh tionchar carnach a bheith aici leis an idirnascaire a bheartaítear; agus,
 - Aon cheadanna pleanála (lena n-áirítear na cinn sin i gcomhair forbairtí líne lasnairde) a deonaíodh agus atá fós ar marthain agus a bhféadfadh tionchar suntasach carnach suntasach a bheith acu leis an idirnascaire a bheartaítear.
7. Rinneadh breithniú ar na línte lasnairde seo a leanas a beartaíodh mar chuid den mheasúnú ar an tionchar carnach.
 - Tionscadal atreisithe gréasáin 110 kV idir an Tamhnach Mhór agus an Ómaigh (cead pleanála formheasta). Is é atá ann sin líne leictreachais lasnairde 110 kV atá 50 km ar fhad agus fostáisiún leictreachais a ritheann idir fostáisiúin NIE na Tamhnaí Móire (Dún Geanainn) agus fostáisiún NIE na hÓmaí faoi láthair. Ag an bpointe is gaire, tá fostáisiún na Tamhnaí Móire suite thart ar 4.7 km siar ó thuaidh ón idirnascaire a bheartaítear. Ag an bpointe is gaire, tá an líne idir an Tamhnach Mhór agus an Ómaigh suite thart ar 1.6 km ar shiúl ón idirnascaire a bheartaítear;
 - An Fostáisiún amach anseo i gCóngaracht Dhún an Rí: cuimsítear an fostáisiún amach anseo (nach bhfuil mar chuid den idirnascaire a bheartaítear) faoin mbreithmheas ar an tionchar carnach don idirnascaire a bheartaítear. Díritear air sin ar leibhéal straitéiseach toisc nach bhfuil nádúr cruinn ná láthair chruinn na forbartha sin soiléir, seachas sa mhéid go mbeadh láthair chuí d'fhostáisiún idirmheánach agus nithe gaolmhara cóngarach do phointe trasghearrtha na forbartha thuaidh-theas a bheartaítear agus na líne lasnairde thoir-thiar 220 kV idir Coillín an Triain agus Lú, gar do Dhún an Rí, Contae an Chabháin;
 - Líne lasnairde cheadaithe 38 kV atá 12 km ar fad idir fostáisiún Shearcóige (an Cabhán) agus fostáisiún Thulaigh na Malradh (Muineachán). Níl sí tógtha go fóill ach trasnaíonn an líne lasnairde í idir stráice 169 agus stráice 174;

- Líne lasnairde cheadaithe 38 kV ó stáisiún sa Lios Dubh go Coillidh Chairn, Contae Mhuineacháin. Nascfar í le feirm ghaoithe cheadaithe in aice leis an Lios Dubh, Contae Mhuineacháin; agus
 - Ciorcad 110 kV idir Fostáisiún 110 kV an Mhuilinn Chearr, Contae na hIarmhí, agus Stáisiún 110 kV Chionn Átha Gad i mBaile Fearainn Choill Ó Scillín, Contae na Mí. Agus í 24 km ar fhad, tá an líne lasnairde seo a bheartaítear lonnaithe i gContae na hIarmhí agus i gContae na Mí agus tá sí suite thart ar 31 km ón idirnascaire a bheartaítear ag an bpointe is gaire.
8. Leagtar amach in **Aguisín B** den Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo forbairtí ceadaithe eile agus forbairtí eile a bheartaítear a bhféadfadh tionchar carnach suntasach a bheith acu i gcomhar leis an idirnascaire a bheartaítear agus atá san áireamh leis an measúnú ar an tionchar carnach.

17.2.2 Measúnú ar an Tionchar Carnach

17.2.2.1 Daonra (Socheacnamaíocht, Turasóireacht agus Úsáid Talún)

9. Tá sé measta nach bhfuil aon fhorbairtí eile ann a d'fhéadfadh tionchar carnach suntasach a imirt ar an bpobal agus ar úsáid talún, talmhaíocht san áireamh. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an achar atá na forbairtí eile ar shiúl agus mar gheall ar scála agus ar chineál na bhforbairtí eile sin.
10. Tá sé cinnte, mar sin, gur Neamhshuntasach atá an tionchar carnach ar an bpobal agus ar úsáid talún.
11. Tá sé cinnte nach bhfuil aon fhorbairtí eile ann a d'fhéadfadh tionchar carnach suntasach a imirt ar an tsocheacnamaíocht sa cheantar mar gheall ar an achar atá na forbairtí eile ar shiúl agus mar gheall ar scála agus ar chineál na bhforbairtí eile sin. Dá bhrí sin, is Neamhshuntasach atá an tionchar sin.

17.2.2.2 Sócmhainní Ábhartha

12. Tá sé cinnte nach mbeidh aon tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear ar fhóntais, ar dhramhaíl, ar theileachumarsáid ná ar shócmhainní eitleachta; agus tá sé measta gur Neamhshuntasach a bheidh an tionchar carnach le forbairtí eile.

17.2.2.3 EMF

13. De bharr chineál na Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMF), ní dócha go mbeidh aon tionchar carnach le forbairtí eile. Tioctaidh EMF as an tionscadal idir an

Tamhnach Mhór agus an Ómaigh, as na tionscadail i nDún an Rí agus Searcóg, an tionscadail idir an Lios Dubh agus Coillidh Chairn agus an tionscadal idir an Muileann gCearr agus Cionn Átha Gad. Mar sin féin, is de réir caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta i leith Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha a oibreoidh gach ceann de na tionscadail, lena n-áirítear an t-idirnascaire a bheartaítear agus na línte atá ann cheana. Ina theannta sin, tá sé measta nach dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach as ceann ar bith de na tionscadail.

14. Tá sé cinnte, mar sin, gur Neamhshuntasach atá an tionchar carnach féideartha ar Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha.

17.2.2.4 Trácht

15. Mar thoradh ar uainiú na tógála, ar na bealaí tógála a bheartaítear ar dóigh go n-úsáidfear iad agus ar achair gheografacha ó na limistéir oibre, ní dócha go mbeidh aon tionchar carnach suntasach ann i measc na dtionscadal eile líne lasnairde nó fostáisiúin a ndearnadh measúnú orthu agus an idirnascaire a bheartaítear. Mar thoradh ar achair gheografacha agus ar na bealaí tógála a bheartaítear ar dóigh go n-úsáidfear iad chun teacht ar na limistéir oibre, níl na tionscadail eile thiomanta a ndearnadh measúnú orthu den scála ná den chineál a chruthódh tionchar suntasach iompair.
16. Tá sé cinnte gur Neamhshuntasach atá an tionchar carnach féideartha tráchta.

17.2.2.5 Torann

17. Mar thoradh ar an achar idir forbairtí sainaitheanta a d'fhéadfadh tionchar carnach torainn a imirt agus an t-idirnascaire a bheartaítear, tá sé measta nach dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach torainn chun cinn. Dá réir sin, táthar den tuairim gur Neamhshuntasach a bheadh an tionchar carnach torainn.

17.2.2.6 Éiceolaíocht

18. Cinneadh sa bhreithmheas ar na tionscadail líne lasnairde a bheartaítear (lena n-áirítear an t-idirnascaire a bheartaítear) go n-imreofaí tionchar ar líon beag éan geimhrithe (ealaí agus géanna) agus nach mbeadh an tionchar sin suntasach. Agus bearta caighdeánacha maolaithe i bhfeidhm ag an dá forbairt, ní bheidh aon tionchar carnach suntasach ann ar éin gheimhrithe. Tríd is tríd, tá sé cinnte nach mbeidh aon tionchar carnach suntasach éiceolaíochta ann i measc na líne lasnairde eile, na dtionscadal fostáisiúin agus an idirnascaire a bheartaítear.
19. Mar thoradh ar chineál agus ar scála na bhforbairtí eile sainaitheanta, tá sé cinnte nach dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach éiceolaíochta chun cinn.

20. Ar na cúiseanna sin, tá sé measta gur Neamhshuntasach atá an tionchar carnach féideartha ar an éiceolaíocht.

17.2.2.7 Ithir

21. Is le suíomhanna ar leith a bhaineann tionchar an idirnascaire a bheartaítear ar ithreacha, ar gheolaíocht agus ar screamhuisce agus beadh an tionchar sin teoranta don cheantar in aice láithreach leis na túir a bheartaítear. Táthar den tuairim nach bhfuil ceann ar bith de na forbairtí eile ina riosca suntasach do na tosca talún agus/nó screamhuisce. Tá na forbairtí sin suite sách ar siúl ón idirnascaire a bheartaítear, rud a choisceann aon tionchar carnach. Dá bharr sin, ní chuirfidh na forbairtí eile leis an tionchar féideartha ar na tosca talún agus screamhuisce. Dá réir sin, táthar den tuairim gur Neamhshuntasach a bheadh an tionchar carnach ar na hithreacha agus ar na tosca geolaíochta agus screamhuisce.

17.2.2.8 Uisce

22. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach chun cinn ach amháin le linn chéim na tógála. Le linn na céime sin, táthar ag súil go rachaidh forbairt eile amháin nó níos mó i bhfeidhm ar shruthchúrsa a bhféadfadh tógáil an idirnascaire a bheartaítear dul i bhfeidhm air freisin. Ní dócha go mbeidh aon tionchar ag na forbairtí eile ar na sruthchúrsaí céanna. Ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach acu ar na sruthchúrsaí ach oiread. Ina theannta sin, leagadh bearta maolaithe atá láidir agus éifeachtach amach sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo agus, a luaithe a chuirfear i bhfeidhm iad, beifear in ann rith chun srutha agus doirteadh ó láithreán tógála an idirnascaire a bheartaítear a sheachaint. Mar an gcéanna, ní suntasach a bheidh an tionchar carnach fadtéarmach ar ghréasáin hidrigeolaíochta toisc nach suntasach a bheidh aon athruithe a sainaitníodh.
23. Ó thaobh riosca tuilte de, táthar den tuairim nach dtiocfaidh aon tionchar carnach chun cinn mar thoradh ar scála an tionscadail, ar thuilemhána a sheachaint agus ar na bearta caighdeánacha maolaithe ar dóigh dóibh a bheith i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is Neamhshuntasach an tionchar carnach ar an riosca tuilte.
24. I gcás na dtograí eile forbartha atá ann i gcomharsanacht na líne lasnairde a bheartaítear, cinnteoidh an maolú a bheartaítear gur Neamhshuntasach a bheidh an tionchar carnach.

17.2.2.9 Tosca Aeir agus Aeráide

25. Ní dócha go mbeidh aon tionchar carnach suntasach ann ar chaighdeán an aeir i measc na dtionscadal eile líne lasnairde agus fostáisiúin agus an idirnascaire a bheartaítear. Tá sé sin amhlaidh mar thoradh ar uainiú dóchúil na tógála, ar scála

na n-oibreacha a bheartaítear, ar bhearta tionscalchaighdeánacha maolaithe agus ar achair gheografacha ó na limistéir oibre.

26. Tá sé measta nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ar thosca aeráide ag ceann ar bith de na tionscadail a ndearnadh measúnú orthu ná ag an idirnascaire a bheartaítear agus nach mbeidh tionchar carnach acu ach oiread. Táthar den tuairim gur Neamhshuntasach a bheadh an tionchar carnach ar an aer.

17.2.2.10 Oidhreacht Chultúrtha

27. Níor sainaitníodh aon fhorbairtí a d'fhéadfadh tionchar carnach suntasach a imirt ar oidhreacht chultúrtha. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar fhad, ar scála agus ar nádúr na bhforbairtí eile. Dá bhrí sin, meastar gur Neamhshuntasach a bheadh an tionchar carnach.

17.2.2.11 An Tírdhreach

28. Sainaitníodh sa mheasúnú ar an tionchar carnach tírdhreacha agus amhairc go bhfuil roinnt forbairtí ann a d'fhéadfadh tionchar carnach a imirt leis an idirnascaire a bheartaítear, is iad sin:

- Tionscadal atreisithe gréasáin 110 kV idir an Tamhnach Mhór agus an Ómaigh;
- Tithe Éanlaith Chlóis (Uimh. Iarratais M/2010/0717/F);
- Tuirbíní gaoithe a bheartaítear i dTaobh Urchair (Contae na Mí), Raragh (Contae an Chabháin) agus i gcomharsanacht an Leasa Dhuibh, Contae Mhuineacháin (ar a dtugtar Feirm Ghaoithe an tSean-Mhuilinn);
- Fostáisiún amach anseo i nDún an Rí; agus,
- Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear.

29. Tá sé cinnte go mbeadh méaduithe beaga ó thaobh méide de i roinnt de na hacmhainní tírdhreacha agus amhairc nuair a bhreithnítear an t-idirnascaire a bheartaítear i gcomhar leis an líne idir an Tamhnach Mhór agus an Ómaigh agus leis na Tithe Éanlaith Chlóis (Uimh. Iarratais M/2010/0717/F). Mar sin féin, ní bheadh aon tionchar suntasach breise ná carnach.
30. Tíocfaidh tionchar carnach tírdhreacha chun cinn de bharr thógáil na gcúig thuirbín gaoithe a bheartaítear ag Taobh Urchair, rud a chuirfidh le saintréith thionsclaithe an tírdhreacha tuaithe sa cheantar seo ó dheas agus soir ó shliabh Lochán Leagha. Tíocfaidh tionchar carnach tírdhreacha chun cinn freisin de bharr thógáil na dtuirbíní

a bheartaítear in Raragh agus sa Lios Dubh. Sonrófar tionchar den chineál céanna ach tionchar níos airde i gcóngarachtaí Fheirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a bheartaítear i gContae na Mí. Faightear sonraí breise i gCaibidil 11, **Imleabhar 3D** den EIS.

31. D'fhéadfadh tionchar carnach ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de teacht chun cinn nuair a thógtar fostáisiún amach anseo ag pointe trasnaithe an idirnascaire a bheartaítear agus líne lasnairde 220 kV Flagford Lough gar do Dhún an Rí. Beidh an tionchar carnach ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ag brath ar láthair chruinn an fhostáisiúin, ach is dócha go mbeidh tionchar suntasach áitiúil i gceist tar éis a thógála. Laghdófar an tionchar sin de réir mar a éireoidh tionchar folaithe an phlandaithe níos éifeachtaí.

17.3 Idirghníomhaíochtaí Tionchair

17.3.1 Modheolaíocht

32. Don Chomhthuarascáil Chomhshaoil (JER) seo, úsáidtear faisnéis atá in *Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts (Treoirlínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha a Mheasúnú)* ón AE (1999). Is idirghníomhach atá an tionchar sin den chuid is mó. Tagann idirghníomhaíocht an tionchair ón difear comhcheangailte a dhéanann roinnt cineálacha éagsúla tionchair comhshaoil a bhaineann le hábhar ar leith do ghabhdóir/d'acmhainn aonair. Mar shampla, is féidir le tionchar tírdhreacha, amhairc agus éiceolaíochta teacht as crainn a bhaint, nó is féidir le tionchar torainn agus amhairc dul i bhfeidhm ar ghabhdóir cónaitheach aonair. Is féidir le tionchar carnach teacht chun cinn freisin as cineálacha éagsúla tionchair a bhaineann le hábhar aonair ar ghabhdóir, mar shampla, an tionchar carnach amhairc ar ghabhdóir aonair a thagann as fásra a bhaint agus as túr leictreachais a thógáil.
33. Is é atá sna measúnuithe sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo (Caibidlí 4 – 17) ná measúnú ar an tionchar carnach suntasach ar dóigh dó teacht as an idirnascaire a bheartaítear amháin. Rinneadh comhordú breithmheasa idir speisialtóirí i rith an phróisis measúnaithe le cinntiú go ndearnadh an tionchar idirghníomhach ag éirí as an bhforbairt a bheartaítear amháin a shainaithint agus a mheasúnú agus, nuair ba chúig, gur sainaithníodh bearta maolaithe. Tuairiscítear an tionchar sin sna caibidlí ar leith, nuair is ábhartha.
34. Rinneadh suntasacht dhóchúil an tionchair chomhcheangailte idirghaolmhair sin a mheas laistigh de na caibidlí measúnaithe ar leith.

35. Is iad seo a leanas na príomhchineálacha tionchair idirghníomhach:
- Éiceolaíocht agus Uisce – d’fhéadfadh tionchar idirghníomhach teacht chun cinn ar an gcomhshaoil uisce dromchla. D’fhéadfadh tionchar féideartha ar speiceas uisceach a bheith i gceist leis, tionchar a mbeadh bearta maolaithe ag teastáil ina leith;
 - Éiceolaíocht agus Tírdhreach – d’fhéadfadh tionchar idirghníomhach teacht chun cinn mar thoradh ar chailliúint gnáthóg (fálta sreach, crainn, féarach, etc);
 - Oidhreacht Chultúrtha agus Tírdhreach – d’fhéadfadh tionchar idirghníomhach teacht chun cinn ar shaintréithe tírdhreacha sócmhainní oidhreachta cultúrtha agus ar shuíomh sócmhainní oidhreachta cultúrtha; agus,
 - Socheacnamaíocht, Turasóireacht agus Tírdhreach – tionchar idirghníomhach a thagann as an tionchar amhairc, áit a bhfuil áiteanna cónaithe agus taitneamhachtaí suite an-ghar don idirnascaire a bheartaítear.

17.4 Conclúidí

36. Rinneadh measúnú ar thionchar carnach suntasach an idirnascaire a bheartaítear ar dóigh dó a bheith ann le forbairtí eile. Is é atá sa mheasúnú freisin ná achoimre ar thionchar idirghníomhach an idirnascaire a bheartaítear i measc ábhair mheasúnaithe.
37. Is é atá sna caibidlí measúnaithe sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo (Caibidlí 4 – 17) ná measúnú ar an tionchar idirghníomhach suntasach ar dóigh dó teacht as an idirnascaire a bheartaítear. Rinneadh comhordú idir speisialtóirí measúnaithe i rith an phróisis measúnaithe le cinntiú go ndearnadh an tionchar idirghníomhach ag éirí as an idirnascaire a bheartaítear a shainathint agus a mheasúnú agus, nuair ba chúil, a mhaolú.
38. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú ar thionchar carnach idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus forbairtí eile sainathint a dhéanamh ar fhorbairtí beartaithe eile nár tógadh go fóill. Bhí sé sin ina chúis le tionscadail eile líne lasnaide a bheith á sainathint. Áirítear le forbairtí eile freisin seideanna sicíní agus tuirbíní gaoithe a bheartaítear.
39. Den chuid is mó, tuarfar gur Neamhshuntasach a bheidh an tionchar carnach. Mar sin féin, beidh tionchar carnach suntasach tírdhreacha agus amhairc ar leith ag

gabháil leis an idirnascaire a bheartaítear agus leis na tuirbíní gaoithe a bheartaítear ag Taobh Urchair, Raragh, Feirm Ghaoithe an tSean-Mhuilinn (an Lios Dubh), Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin agus leis an bhfostáisiún a bheidh ann sa todhchaí i nDún an Rí.

18. Conclúidí

18.1 An Pobal – Socheacnamaíocht

1. Rinneadh measúnú ar an tionchar dóchúil le linn chéim na tógála agus na céime oibríche araon. Tiocfaidh caiteachas suntasach caipitil as céim na tógála. Is dóchúil go ndéanfaidh sé tairbhe don limistéar a ndearnadh measúnú air agus don mhórlimistéar maidir leis an trealamh a cheannófar, leis an bhfostaíocht agus le tionchar indíreach (e.g. cóiríocht d'oibrithe tógála agus caiteachas sna tionscail fáilteachais).
2. Meastar gurb é teorú na líne lasnairde a bheartaítear an rogha iomlán is fearr ar fad i measc an iliomad roghanna a breithníodh ar feadh an phróisis forbartha. Maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar thaitneamhachtaí an daonra reatha agus an daonra a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú, cuireadh an príomhbheart maolaithe isteach i gcéim an deartha tríd an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar diúltach suntasach socheacnamaíoch.
3. Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúchán a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann, agus beidh na buntáistí sin le sonrú sa dá dhlínse.

18.2 An Pobal – Turasóireacht

4. Ní bheidh an tionchar ar thurasóireacht díreach toisc nach gcuirfidh an t-idirnascaire a bheartaítear isteach go fisiciúil ar láithreacha turasóirí ar bith. Táthar ag súil leis go mbeidh an tionchar diúltach teoranta do thionchar tógála ó thaobh torainn agus tráchta de, tionchar ar an timpeallacht ag suíomhanna oidhreachta cultúrtha, agus tionchar ar an tírdhreach agus tionchar amhairc. Ní bheidh tionchar mór turasóireachta le sonrú de bhrí tionchar amhairc agus tionchar cultúrtha ag suíomhanna tábhachtacha turasóireachta, lena n-áirítear Teach Argory, Eamhain Mhacha, an Bhinn Bhorb, Slí Mhuineacháin, Mainistir Bheighthí agus Slí Thiomána Ghleann na Bóinne.

18.3 An Pobal – Úsáid Talún

5. Den chuid is mó, is ar ghabháltais aonair a rachaidh an ghníomhaíocht tógála a bhaineann leis an idirnascaire a bheartaítear i bhfeidhm le linn thréimhse na tógála.

Go ginearálta, is sealadach a bheidh an cur isteach ar fhiontair feirme de bharr gníomhaíochtaí tógála agus ní bheidh tionchar iarmharach le sonrú. Beidh idir tionchar iarmharach gearrthéarmach agus meántéarmach ar thart ar 124 ha talún in áiteanna ina bhfuil damáiste don ithir réamh-mheasta agus damáiste don talamh ar an gclos stórála ábhar tógála 1.4 ha i gCarraig Mhachaire Rois mar gheall ar an ngníomhaíocht tógála. Beidh limistéar 22.2 heicteár ag teastáil le haghaidh fhostáisiún Turleenan agus na n-oibreacha gaolmhara. Beidh limistéar 22.2 heicteár ag teastáil le haghaidh fhostáisiún Turleenan agus na n-oibreacha gaolmhara. D'fhéadfaí úsáid talmhaíochta a bhaint as an gcuid is mó den 22.2 heicteár arís tar éis chéim na tógála. Measadh, áfach, nach bhféadfaí úsáid talmhaíochta a bhaint as an limistéar 22.2 heicteár agus bheadh sé sin ina thionchar mór/ina thionchar ollmhór. Beidh tionchar iarmharach le sonrú mar gheall ar an srian ar úsáid talún ag bun na dtúr (10.5 ha) agus beidh na túir ina gconstaic ar oibríochtaí innealra. Glanfar thart ar 14.8 ha d'fhoraoiseacht tráchtála faoin idirnascaire a bheartaítear agus cóngarach dó. Riosca sábháilteachta teoranta breise ar fheirmeacha a bheidh i láithreach na líne lasnairde agus d'fhéadfadh sí srian a chur le roinnt foirgnimh thalmhaíochta a thógáil.

6. Beidh an tionchar iarmharach Do-Airithe nó Beag ar 95% de na dáileachtaí talún feadh an idirnascaire a bheartaítear. Tá sé cinn is fiche de Dhrochthionchar Measartha (4.5%) réamh-mheasta. Tá trí cinn de Dhrochthionchar Mór (0.5% den iomlán) réamh-mheasta agus tiocfaidh Drochthionchar Mór / Ollmhór (0.1% den iomlán) aníos ag suíomh an fhostáisiúin in Turleenan, Co. Thír Eoghain.
7. Ag féachaint don limistéar measartha⁴¹ beag mar a mbeidh tionchar díreach ar thógáil talún, tionchar teorannú talún (ag bun na dtúr) agus tionchar damáiste talún le sonrú, agus ag féachaint do chineál gearrthéarmach an tionchair tógála agus don réamh-mheas nach n-athróidh úsáid talún go suntasach faoi na línte lasnairde agus cóngarach dóibh, is Do-Airithe atá an tionchar san iomlán.

18.4 Sócmhainní Ábhartha

8. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.
9. Mar chuid den EIA, cuireadh comhairliúchán fairsing ar siúl leis na húdaráis atá freagrach as tarchur a bhaineann le raidió (raidió baile agus raidió tráchtála), le

⁴¹ Is ionann achar na 669 dáileacht talún feadh an idirnascaire a bheartaítear agus thart ar 9,380 ha. Is ionann an t-achar ar a dtéann tionchar díreach amach (10.55 ha + 22.2 ha + 124 ha + 1.4 ha + 14.8 ha) agus 1.8% den achar iomlán.

teilifís, le heitlíocht agus leis na seirbhísí éigeandála a bhfuil sócmhainní teileachumarsáide acu.

10. Níor dhírigh comhairlithe teileachumarsáide nó eitlíochta aird ar aon agóidí ná ar aon tionchar féideartha. Is í an chonclúid nach mbeidh aon tionchar suntasach ar shócmhainní teileachumarsáide nó eitlíochta mar thoradh ar an idirnascaire a bheartaítear.
11. Comhlíonfaidh an t-idirnascaire a bheartaítear gach ceanglas um chomhoiriúnacht leictreamaighnéad mar a leagtar amach sa reachtaíocht.
12. Cuirfear bearta maolaithe chun feidhme ag céim na tógála agus ag an gcéim oibríoch chun tionchar ar shócmhainní ábhartha sa timpeallacht ghlactha a íoslaghdú nó a dhíbirt. Déanfar na bearta maolaithe a chuirtear san áireamh san EIS agus san ES Comhdhlúite a chur chun feidhme mar chuid den bhainistiú comhshaoil. Trí chloí leis na bearta maolaithe, cinnteofar nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an idirnascaire a bheartaítear.
13. Meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach ag oibriú an idirnascaire a bheartaítear ar shócmhainní ábhartha. Ní bheidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chonstaic maidir le haerárthaí, go háirithe iad sin ag obair in Aerpháirc Bhaile Átha Troim. Dheimhnigh an IAA go mbeadh an t-idirnascaire a bheartaítear faoi bhun an dromchla teorannaithe constaicí d'Aerpháirc Bhaile Átha Troim.

18.5 EMF

14. Tugtar faisnéis sa chaibidil seo ar leibhéal ríofa de EMF ar minicíocht rí-íseal ar féidir a bheith ag súil leo gar don líne tharchuir 400 kV a bheartaítear agus tugtar achoimre ar thorthaí taighde eolaíoch a rinneadh chun an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le EMF ar minicíocht rí-íseal a imscrúdú. Tugtar achoimre inti ar chonclúidí athbhreithnithe agus treoirlínte um nochtadh arna bhforbairt ag gníomhaireachtaí eolaíochta agus sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint agus léirítear trí ríomhanna go gcloíonn an t-idirnascaire a bheartaítear leis na treoirlínte ábhartha um nochtadh. Tugtar aghaidh san fhaisnéis sin ar cheanglais rialála agus tugtar freagraí ar shaincheisteanna a d'ardaigh páirtithe leasmhara le linn an chomhairliúcháin phoiblí.
15. Táirgfidh na línte tarchuir a bheartaítear a oibríonn ag 400 kV, le haghaidh fhormhór a bhfaid, lena n-áirítear feadh an fhaid ar fad i dTuaisceart Éireann, uasrémse leictreach 50 Hz atá thart ar 7.9 kV/m agus uasrémse maignéadach atá thart ar 47.9 μ T faoin líne tharchuir. Maidir leis an gcuid ghearr (idir Túr 118 agus Túr 121 in Éirinn) a iompraítear ar thúir thrasuímh, beidh na huasréimsí comhionann le thart

ar 8.0 kV/m agus 48.5 μ T. Maidir leis an gcuid ghearr (idir Túr 402 agus Túr 410) a iompraítear ar na túir chiorcaid dhúbailte reatha⁴², beidh na huasréimsí comhionann le thart ar 7.1 kV/m agus 41.6 μ T.

16. I staidéir a rinneadh le breis agus 30 bliain anuas, rinne taighdeoirí i ndisciplíní eolaíochá éagsúla staidéir chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le nochtadh do EMF. Áirítear sna staidéir sin staidéir eipidéimeolaíochta agus staidéir saotharlainne ar dhaoine, ainmhithe, fíocháin, agus cealla. Níl sé de chonclúid ag gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta gur guais sláinte é nochtadh do EMFanna ar minicíocht rí-íseal ag na leibhéil atá le sonrú inár saol ó lá go lá. Cé gur tuairiscíodh i gcuid de na staidéir eipidéimeolaíochta go bhfuil baint staitistiúil idir nochtadh fadtéarmach níos airde ar an meán do réimsí maighnéadacha agus leicéime in aois an pháiste, go háirithe, ní féidir teagmhas, earráid chórasach, agus maolú faoi fhachtóirí eile a chur as an áireamh mar mhínte. Ina theannta sin, ní thacaítear le bunús bitheolaíoch don bhaint staitistiúil sin le staidéir a bhain le nochtadh saoil ainmhithe saotharlainne do réimsí maighnéadacha. Ar an gcaoi chéanna, níor deimhníodh i staidéir ar chealla agus fíocháin sásra ina bhféadfadh tionchar dochrach a bheith ag réimsí maighnéadacha laga ELF a fheicimid go minic inár dtimpeallacht trí ailse a thosú nó a chur chun cinn.
17. Rinne go leor eagraíochtaí eolaíochta agus sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta, cosúil leis an WHO, IARC, ICNIRP, agus PHE sa Ríocht Aontaithe athbhreithniú ar an litríocht eolaíoch atá ann chun na rioscaí féideartha sláinte a eascraíonn as an nochtadh forleathan seo do EMF a mheasúnú. Tar éis an t-athbhreithniú grinn is cuimsithí ar an litríocht eolaíoch maidir leis an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le EMF, rinne an WHO an ráiteas seo a leanas ‘*Bunaithe ar athbhreithniú grinn le déanaí ar an litríocht eolaíoch, bhí sé de chonclúid ag an WHO nach ndeimhnítear le fianaise reatha go bhfuil aon iarmhairtí sláinte ó nochtadh do leibhéal íseal de réimsí leictreamaighnéadacha*’ [aistriúchán neamhoifigiúil] (WHO, 2013).
18. Mhol an ICNIRP treoirlínte um nochtadh atá bunaithe ar an eolaíocht chun an pobal agus oibrithe a chosaint ón tionchar is eol atá ag EMFanna a tharlaíonn ag ardleibhéal nochtá, cosúil le spreagadh néaróg agus matán agus briogadh de bharr micreathurraingí. Ionchorpraítear sna treoirlínte tosca móra sábháilteachta lena chinntiú go mbeidh nochtadh ceadaithe i bhfad níos ísle ná an tairseach is ísle le

⁴² Maidir leis an 2.8 km deireanach go Fostáisiún Fhearann na Coille, iompraítear an t-idirnascaire a bheartaítear ar thúir chiorcaid dhúbailte reatha. Tá líne lasnairde na Seansráide-Fhearann na Coille atá ann cheana féin suiteáilte ó dheas ó na túir sin. Ní bhaintear úsáid as an taobh thuaidh faoi láthair agus, mar sin de, féadtar é a úsáid le haghaidh an idirnascaire a bheartaítear.

haghaidh tionchar bitheolaíoch deimhnithe a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach. Chinn an ICNIRP freisin go bhfuil an fhianaise ó staidéir ina raibh nochtadh faoi na treoilíní sin agus ó staidéir de thorthaí sláinte fadtéarmacha “*ró-lag chun an bunús a chruthú le haghaidh treoilíní um nochtadh.*” [aistriúchán neamhoifigiúil] Sna treoilíní a d'fhorbair an ICNIRP cruthaítear an bunús le haghaidh Mholadh an AE (1999/519/CE) ina leagtar síos treoilíní do bhallstáit maidir le teorainn a chur ar nochtadh an phobail do EMFanna in áiteanna ina gcaitheann daoine go leor ama. Is é Moladh an AE an treoilíne infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn araon.

19. Léirítear sna ríomhanna de EMFanna a tugadh thuas gur faoi theorainneacha noхта (bunsrianta) an AE (1999) atá leibhéil uasta an réimse a tháirgfeadh an líne 400 kV a bheartaítear, nach dtáirgfí iad ach go neamh-mhinic, dá dtáirgfí iad ar chor ar bith i ndáiríre.
20. In Éirinn, moladh bearta réamhchúramacha ar chostas íseal a chur san áireamh d'fhonn nochtadh do EMFanna i ndearadh suímh nó líneach a íoslaghdú (DCMNR, 2007; WHO, 2007b) agus a leanadh i gcás an idirnascaire seo a bheartaítear (i.e. tithe cónaithe a sheachaint an oiread agus is féidir agus EMFanna a íoslaghdú trí phasáil optamach na líne tarchuir nuair a thacaítear léi ar struchtúir ciorcaid dhúbailte). I dTuaisceart Éireann, sonraítear i mbeartas na bearta réamhchúramacha ar leith le leanúint agus ní mór iad a leanúint.
21. Mar achoimre, fiú amháin na leibhéil uasta EMF ón líne 400 kV a bheartaítear, tá siad fós níos ísle ná treoilíní EMF na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus an AE. Nuair a rinneadh athbhreithnithe údarásacha ar an taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMFanna agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMFanna.

18.6 Trácht

22. Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch an idirnascaire a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach, beidh níos mó tráchta ann mar gheall ar chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó.
23. A bhúí le cineál an idirnascaire a bheartaítear, beidh roinnt suíomhanna tógála ar leith ann i rith chéim na tógála. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir.

Teastaíonn 362 bealach isteach sealadach ón ngréasán bóithre poiblí leis an idirnascaire a bheartaítear a thógáil.

24. In ainneoin mhéid an idirnascaire a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí, an méid ama a thógfaidh sé chun struchtúir aonair a thógáil. Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse sách gearr.
25. Mar thoradh ar thógáil an fhostáisiúin a bheartaítear in Turleenan, Contae Thír Eoghain, ar an síneadh leis an bhfostáisiún atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí agus ar na hoibríochtaí ag na clóis stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear, a bheidh suite ag Eastát Tionsclaíochta Carn, Craigavon agus soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin chomh maith, beidh líon níos mó feithiclí ann thar thréimhsí níos faide ach ní bheidh brú ar an ngréasán bóithre de thoradh ar na sruthanna tráchta sin.
26. Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Mar thoradh ar na bearta maolaithe a mholtar, déanfar íoslaghdú nó díothú ar an tionchar iarmharach maidir leis an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil i dtaca leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus chaighdeán an aeir, agus ní bheidh sé suntasach.
27. Ullmhófar Plean um Bainistiú Trácht Tógála sula dtosófar ar na hoibríochtaí tógála. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála an idirnascaire a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir.
28. Beidh iompróir 20 acastóir ag teastáil chun trí chlaochladán a mbeidh meáchan de thart ar 222 tonna iontu a iompar go mall ó Chalafort an Phointe go dtí an Maigh. Beidh trí thuras ag teastáil agus tógfaidh gach turas suas le seacht n-uaire agus beidh cur isteach ar an trácht ann de bharr dúnadh bóithre sealadach agus de bharr an tráchta mhallghluaiste.
29. Mar gheall ar chasadh géar atá ann i sráidbhaile an Mhaí, beidh gá leis na claochladáin a aistriú le craein ón iompróir 20 acastóir go leantóir féinghluaiste níos lú. Chun é sin a dhéanamh, dúnfar an B106 i lár chearnóg an Mhaí agus beidh córas atreoraithe i bhfeidhm sa chuid thuaidh agus sa chuid theas den chearnóg. Cruthóidh sé sin cur isteach ar an trácht agus cineálacha tionchair amhairc agus thorainn. Cuirfidh sé isteach ar an ngnáthúsáid a bhaintear as sráidbhaile an Mhaí

freisin. Teastóidh dhá lá in aghaidh an turais, agus sé lá san iomlán, ón aistriú sin. Déanfar na trí thuras riachtanacha ar leithligh ó chéile chun an cur isteach a laghdú an oiread agus is féidir.

30. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm agus poibleofar iompar an chlaochladáin chun eolas a thabhairt do dhaoine agus chun cabhrú leis an gcur isteach a laghdú an oiread agus is féidir. I measc na mbearta maolaithe, beidh tionlacain phóilíní ann, cuirfear comharthaí cuí ar fáil maidir le bealaí malartacha agus le malairtí slí, agus ní thabharfar faoi oibreacha ach amháin le linn solas lae. D'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar measartha gearrthéarmach ann ar úsáideoirí bóithre. Ní bheidh aon tionchar fadtéarmach ann ar chríochnú an iompair.

18.7 Torann

31. Rinneadh suirbhéanna fairsinge torainn thart ar línebhealach na líne lasnairde a bheartaítear agus suíomh an fhostáisiúin a bheartaítear chun na leibhéil torainn atá ann cheana a dhearbhu. Tá an comhshaoil ina mbeidh an t-idirnascaire sa tuath den chuid is mó agus léiríonn na leibhéil torainn chúlra agus torainn thimpeallaigh é sin.
32. Rinneadh na leibhéil torainn fhéideartha ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch den idirnascaire a bheartaítear a mheasúnú.
33. Tá sé tuartha go dtiocfaidh na leibhéil astaíochtaí torainn is airde ón idirnascaire a bheartaítear as torann na tógála ón bhfostáisiún in Turleenan, ó shíneadh an fhostáisiúin i bhFearann na Coille agus ó thógáil na líne lasnairde. Tionchar gearrthréimhseach agus teoranta a bheidh sa tionchar seo, áfach. Soláthraítear bearta maolaithe chun an tionchar féideartha 'cáis is measa' ó thorann na tógála a laghdú agus ceanglófar ar an gconraitheoir idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil agus le cónaitheoirí le linn thréimhse an chonartha. Rinneadh measúnú ar chlós stórála sealadach le haghaidh ábhar tógála a thógáil agus a oibriú i ngar do Charraig Mhachaire Rois agus cuireadh bearta maolaithe ar fáil ar mhaithe le tionchar féideartha torainn agus creathaidh an 'cáis is measa' a laghdú. Tá sé tuartha nach mbeidh tionchar iarmharach suntasach ann.
34. Tá sé tuartha nach mbeidh tionchar iarmharach thorann agus chreathadh na tógála ina n-iomláine i ndiaidh na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm suntasach.
35. Beidh an líne tharchuir faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Trí bhíthin maolaithe, fógrófar iniúchtaí héileacaptair roimh ré i nuachtáin áitiúla agus trí chomhairliúcháin le húinéirí talún. Ba cheart go ndéanfaí an t-ardú socair ar an leibhéal torainn de réir mar a thagann an héileacaptar i bhfoisceacht aon phointe ar leith (le linn dó an línebhealach a leanúint) aon ghné iontais de thús an torainn héileacaptair a íoslaghdú. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon

tionchar suntasach torainn, mar thoradh ar chineál gearrthéarmach agus neamhbhuan an tsuirbhé bhliantúil agus mar thoradh ar an réamhfhógra a thabharfar d'úinéirí talún.

36. Nuair a bheidh sé críochnaithe, ní bheidh ach torann corónach eadrannach agus torann claochladáin/gléasra leanúnach i gceist maidir le tionchar torainn línebhealach na líne lasnairde, na dtúr agus an fhostáisiúin a bheartaítear le linn na céime oibríche ag an bhfostáisiún. Ní bheidh aon tionchar creathaidh ar ghabhdóirí íogaire maidir leis an idirnascaire a bheartaítear le linn na céime oibríche.
37. Rinneadh astaíochtaí torainn na líne agus an fhostáisiúin a réamh-mheas agus a mheasúnú agus níor beartaíodh maolú ar bith i gcomhair astaíochtaí torainn a thioctadh as céim oibríoch na ngnéithe sin. Tá na leibhéil réamh-mheasta faoi na leibhéil agus na spriocanna atá leagtha amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláine agus dá réir sin tá siad laistigh de theorainneacha inghlactha maidir le tionchar iarmharach torainn agus creathaidh.
38. Tá sé measta, dá bhrí sin, nach mbeidh an t-idirnascaire a bheartaítear ina chúis le haon tionchar suntasach torainn agus creathaidh.

18.8 Éiceolaíocht (Flóra agus Fána)

39. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.
40. Ní bheidh drochthionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar ghnáthóga/speicis Eorpacha agus/nó Náisiúnta atá faoi chosaint i gceachtar dlínse; mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar phobail áitiúla fána faoi chosaint.
41. Cuirfear na bearta maolaithe sin chun feidhme ag céim na tógála agus na hoibríochta chun tionchar sainaitheanta a íoslaghdú nó a dhíbirt. In áiteanna ina n-íoslaghdaítear an tionchar, leagtar an tionchar iarmharach sin amach.
42. Rinneadh measúnú ar an leibhéal tionchair iarmharaigh ó thaobh an tionscadail ar fad de agus is é an tionchar is airde ná drochthionchar beag ar fhálta sceach / ar chrannteorainneacha, ar éin gheimhrithe (an Eala Ghlórach) agus ar éin ghoir (an Pilibín). Meastar gach tionchar eile a bheith diomaibhseach.

18.9 Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

43. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear maidir leis na coinníollacha talún, geolaíochta agus hidrigeolaíochta de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.
44. Mar gheall ar nádúr fhorbairt na líne tarchuir, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha geolaíoch is mó (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) a bhaineann leis an bhforbairt. Cuirfear bearta maolaithe chun feidhme ag céim na tógála chun tionchar a íoslaghdú nó a dhíbirt.
45. Tá an fho-ithir faoin idirnascaire a bheartaítear comhdhéanta den chuid is mó de shil-leagain tille neamhshórtáilte agus tá dornán dríodair bhoga lena n-áirítear sil-leagain mhóna agus ghláracha feadh an idirnascaire a bheartaítear freisin. Beidh tionchar ag céim na tógála den idirnascaire a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus as tochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus as na tochailtí atá ag teastáil le haghaidh fhostáisiúin Turleenan.
46. Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaithníodh móin shlán ag aon láthair thúir feadh an línebhealaigh, lena n-áirítear Portach an Chaisil. Dá réir sin, meastar nach mbeadh aon drochthionchar ag na tochailtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil an idirnascaire a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
47. Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar chúrsaí geolaíochta agus screamhuisce in Éirinn ná i dTuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, táthar den tuairim nach mbeadh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an idirnascaire a bheartaítear ar ithreacha, ar an ngeolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol hidrigeolaíoch áitiúil. Táthar ag tuar gur Do-Airithe a bheidh aon tionchar ar ithreacha agus ar gheolaíocht.

18.10 Uisce

48. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.
49. Beidh tionchar ag céim na tógála den idirnascaire a bheartaítear ar an uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí tochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr.

50. Mar gheall ar nádúr fhorbairt na líne tarchuir, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó a bhaineann leis an bhforbairt. Le linn na tógála, d'fhéadfadh an tionchar féideartha ar an gcomhshaoil uisce bunúsach éirí as doirteadh breosla de thaisme, mura mbeadh maolú ann. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ag céim na tógála chun an tionchar ar ghnéithe a taifeadh roimhe seo a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt agus chun aon ghnéithe nach eol ar thángthas orthu le linn na tógála a réiteach.
51. Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina n-aithnítear go bhfuil tuilemhánna agus bruacha abhann iontu a sheachaint nuair is féidir. Níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaoil uisce mar gheall ar chéim na tógála den líne lasnairde a bheartaítear.
52. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaoil uisce áitiúil mar thoradh ar na bearta maolaithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm. Táthar ag tuar gur fadtéarmach agus Do-Airithe a bheidh an tionchar ar an gcomhshaoil uisce.

18.11 Tosca Aeir agus Aeráide

53. D'fhéadfadh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma a bheith ag an idirnascaire a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin.
54. Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála a chur i bhfeidhm agus tar éis bearta maolaithe iomchuí a chur chun feidhme.
55. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar chaighdeán an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin.
56. Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar chaighdeán an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.

18.12 Oidhreacht Chultúrtha

57. Rinneadh measúnú ar an idirnascaire a bheartaítear de réir cheanglais Threoir an EIA agus na reachtaíochta faoi seach is infheidhmithe i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

58. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ag céim na tógála chun an tionchar ar ghnéithe a taifeadadh roimhe seo a íoslaghdú agus/nó a dhíbirt agus chun aon ghnéithe nach eol ar thángthas orthu le linn na tógála a réiteach.
59. Cé nach mbeidh tionchar fisiceach díreach ag an idirnascaire a bheartaítear ar iarsmaí seasta aon suíomhanna seandálaíochta nó gnéithe ailtireachta atá ar eolas, beidh an tionchar sin aige ar roinnt tírdhreacha diméine. Fuarthas amach go mbeadh tionchar suntasach aige ar cheann de na tírdhreacha diméine, Brittas. Beidh idir thionchar measartha agus diúltach ag an tionscadal ar 3 shuíomh diméine eile ó thaobh suímh de.
60. Gach seans go mbeidh tionchar suntasach ar shuíomh roinnt gnéithe. Mar achoimre beidh 24 thionchar measartha diúltach, 7 dtionchar idir measartha agus diúltach mór agus 6 thionchar diúltach shuntasacha ar shuíomhanna seandálaíochta. Chomh maith leis sin beidh 3 thionchar measartha diúltach agus 1 tionchar idir mheasartha agus diúltach mór ar shuíomhanna ailtireachta.
61. Ní bheidh tionchar ag an idirnascaire a bheartaítear ar na suíomhanna eile go léir sa timpeallacht ina mbeidh siad nó is tionchar beag diúltach a bheidh i gceist.

18.13 An Tírdhreach

62. Tá tionchar tírdhreacha agus amhairc mar thoradh dosheachanta ar líne lasnairde atá chomh fada leis an idirnascaire a bheartaítear agus atá den chineál céanna leis. Mar sin féin, rinneadh tréaniarracht sa phróisis teoraithe agus deartha chun an tionchar sin a sheachaint nó a laghdú an oiread agus is féidir. Bunaithe ar an mbreithniú mionsonraithe a rinneadh ar bhealaí eile, agus de bharr chineál an tionscadail bhonneagair seo, d'fhorbair na hiarratasóirí faoi seach bealach don idirnascaire a bheartaítear a chruthóidh an tionchar is lú ar an tírdhreach agus ar acmhainn amhairc an limistéir a ndearnadh measúnú air.
63. Bhí roghnú bhealach agus láthair an idirnascaire a bheartaítear bunaithe ar na torthaí ó roinnt staidéir mhalartacha éagsúla ina ndearnadh scrúdú ar na srianta comhshaoil, teicniúla agus eacnamaíochta atá ann i measc na gconairí éagsúla bealaigh, ar roghanna don línebhealach agus ar shonraí dearaidh. Dhá mhórshrian comhshaoil a chuaigh i bhfeidhm ar roghnú na rogha conaire bealaigh, ar roghnú an línebhealaigh agus ar roghnú chomhpháirteanna an idirnascaire a bheartaítear ba ea an tionchar tírdhreacha agus an tionchar amhairc.
64. Ba iad na staidéir mhalartacha, mar sin, an príomhbhealach trínar maolaíodh tionchar buan oibríoch na líne lasnairde agus an fhostáisiúin.

65. D'fhéach treorú mionsonraithe na líne leis an oiriúint is fearr don tírdhreach a bhaint amach ach úsáid a bhaint as tírghné agus fásra agus aithint a dhéanamh ag an am céanna ar na srianta teicniúla a bhaineann le líne lasnairde a thógáil agus a oibriú.
66. Beidh an t-idirnascaire a bheartaítear lonnaithe laistigh de cheantar ar ceantar talmhaíochta é go príomha agus a chuimsíonn cnoic réchnocacha ísle, gleannta éadroma agus páirceanna struchtúracha, a bhfuil fála sceaigh mothracha agus roinnt mhaith crann fásta acu go minic.
67. Tar éis na tógála, fanfaidh na túir agus na línte lasnairde mar ghnéithe suntasacha amhairc sa tírdhreach.
68. Le himeacht ama, fásfaidh aon fhásra a gearradh siar de bharr oibreacha tógála arís agus éireoidh aon chur ionaid nua bunaithe. Is ar bhonn tréimhsiúil a thabharfar faoi ghlanadh fásra a d'fhéadfadh titim ar an líne lasnairde, faoi chigireachtaí ginearálta agus faoi aon deisiúcháin. Mar sin féin, laghdófar an leibhéal gníomhaíochta sa tírdhreach go mór chuig an méid riachtanach is lú.
69. Laghdóidh bearta maolaithe an tionchar amhairc a bhainfidh le fostáisiún Turleenan a bheartaítear agus déanfar coillearnach atá dúchasach den chuid is mó a athchur go trom ar na claífoirt, ar na bundaí talún agus ar an mbóthar isteach mar thoradh orthu. Le himeacht ama, de réir mar a fhásann an tírdhreach maolaithe, laghdófar radhairc ar an bhfostáisiún agus luífidh an fostáisiún isteach sa timpeallacht tírdhreacha áitiúil.
70. Tugtar le fios sa bhreithmheas tírdhreacha go mbeidh drochthionchar suntasach ar an tírdhreach i roinnt codanna den limistéar a ndearnadh measúnú air. Beidh drochthionchar suntasach ar an taitneamhacht amhairc a fhaightear i roinnt mhaith láithreacha ó laistigh den limistéar láithreach a leanann an línebhealach. Beag beann ar na conclúidí sin, áfach, meastar nach dtiocfaidh meath suntasach ar thírdhreach ná ar acmhainn amhairc an limistéir mheasúnaithe i gcoitinne feadh an idirnascaire a bheartaítear. Dá bhrí sin, tá an tionchar iomlán ar thaitneamhachtaí tírdhreacha agus amhairc tríd is tríd teoranta do na gabhdóirí/limistéir sin atá anghar do na túir agus don líne lasnairde.

18.14 Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí

71. Rinneadh measúnú ar thionchar carnach suntasach an idirnascaire a bheartaítear ar dóigh dó a bheith ann le forbairtí eile. Is é atá sa mheasúnú freisin ná achoimre ar thionchar idirghníomhach an idirnascaire a bheartaítear i measc ábhair mheasúnaithe.

72. Is é atá sna caibidlí measúnaithe sa Chomhthuarascáil Chomhshaoil seo (Caibidlí 4 – 17) ná measúnú ar an tionchar idirghníomhach suntasach ar dóigh dó teacht as an idirnascaire a bheartaítear. Rinneadh comhordú idir speisialtóirí measúnaithe i rith an phróisis measúnaithe le cinntiú go ndearnadh an tionchar idirghníomhach ag éirí as an idirnascaire a bheartaítear a shainaithint agus a mheasúnú agus, nuair ba chúí, a mhaolú.
73. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú ar thionchar carnach idir an t-idirnascaire a bheartaítear agus forbairtí eile sainaithint a dhéanamh ar fhorbairtí beartaithe eile nár tógadh go fóill. Bhí sé sin ina chúis le tionscadail eile líne lasnairde a bheith á sainaithint. Áirítear le forbairtí eile freisin seideanna sicíní agus tuirbíní gaoithe a bheartaítear.
74. Den chuid is mó, tuartar gur Neamhshuntasach a bheidh an tionchar carnach. Mar sin féin, beidh tionchar carnach suntasach tírdhreacha agus amhairc ar leith ag gabháil leis an idirnascaire a bheartaítear agus leis na tuirbíní gaoithe a bheartaítear ag Taobh Urchair, Raragh, Feirm Ghaoithe an tSean-Mhuilinn (an Lios Dubh), Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin agus leis an bhfostáisiún a bheidh ann sa todhchaí i nDún an Rí.

Aguisín A: Comparáid idir Struchtúr JER agus ES Comhdhlúite agus EIS

Is é cuspóir na Comhthuarascála Comhshaoil seo ná tuarascáil a chur ar fáil ina gclúdaítear an tionscadal ar fad agus ina ndéantar measúnú ar an tionchar foriomlán a bheidh ag an tionscadal, ar aon dul le Treoircháipéis Trasteorann an CE (2013). Is féidir tuilleadh faisnéise ar an idirnascaire a bheartaítear a léamh san ES Comhdhlúite agus san EIS a foilsíodh don idirnascaire a bheartaítear. Cuireadh an tábla thíos ar fáil chun críocha tagartha.

Caibidil na Comhthuarascála Comhshaoil	Forbhreathnú	Caibidlí den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (2013)	Caibidlí den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (2014)
Achoimre Neamhtheicniúil	Achoimre ar an gComhthuarascáil Chomhshaoil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
1 – Réamhrá	Forbhreathnú ginearálta ar an tuarascáil.	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
2 – Cur Síos agus Cuspóir an Tionscadail	Achoimre ar Riachtanas an Tionscadail agus Cur Síos ar an Tionscadal.	3 – Riachtanas 5 – Cur Síos ar an Tionscadal	2 – An Gá Straitéiseach atá leis an Tionscadal (Iml. 3B) 6 – Cur Síos ar an idirnascaire a bheartaítear (Iml. 3B) 7 – Tógáil (Iml. 3B)
3 – Roghanna Eile	Achoimre ar an Suíomh agus na Roghanna Eile Teicneolaíocha measúnaithe i gcomhair an idirnascaire a bheartaítear.	4 – Roghanna Eile	4 – Breithniú ar Roghanna Eile – Teicneolaíocht (Iml. 3B) 5 – Breithniú ar Roghanna Eile – Treorú (Iml. 3B)
4 – An Pobal – Socheacnamaíocht	Achoimre ar na torthaí do gach sainábhar measúnaithe don tionscadal iomlán.	15 – Socheacnamaíocht	2 – Daoine (Socheacnamaíocht) (Iml. 3C agus 3D)
5 – An Pobal – Turasóireacht		15 – Socheacnamaíocht	4 – Daoine (Turasóireacht agus Taitneamhacht) (Iml. 3C agus 3D)
6 – An Pobal – Úsáid Talún		14 – Taitneamhacht Phobail agus Úsáid Talún	2 – Daoine (Pobal agus Eacnamaíoch) (Iml. 3C agus 3D) 3 – Daoine (Úsáid Talún) (Iml. 3C agus 3D)
7 – Sócmhainní Ábhartha		5 – Cur Síos ar an Tionscadal 16 – Teileachumarsáid agus Sócmhainní Eitlíochta	13 – Sócmhainní Ábhartha (Ginearálta) (Iml. 3C agus 3D)
8 – EMF		7 – EMF	8 – EMF (Ginearálta) (Imleabhar 3B) 5 – Daoine (EMF) (Iml. 3C agus 3D)

Caibidil na Comhthuarascála Comhshaoil	Forbhreathnú	Caibidíl den Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (2013)	Caibidíl den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (2014)
9 – Trácht	Achoimre ar na torthaí san ES agus san EIS do gach sainábhar measúnaithe don tionscadal iomlán.	18 – Iompar (Aguisín le Caibidil 7 den ES Comhdhlúite: Measúnú ar an mBealach Tarlaithé)	14 – Sócmhainní Ábhartha (Trácht) (Iml. 3C agus 3D)
10 – Torann		11 – Torann	9 – Aer (Torann) (Iml. 3C agus 3D)
11 – Éiceolaíocht (Fána agus Flóra)		10 – Éiceolaíocht	6 – Flóra agus Fána (Iml. 3C agus 3D)
12 – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht		9 – Ithreacha, Geolaíocht (agus Screamhuisce)	7 – Ithreacha agus Geolaíocht (Iml. 3C agus 3D)
13 – Uisce		8 – An Comhshaoil Uisce 9 – (Ithreacha, Geolaíocht agus) Screamhuisce 17 – Measúnú ar Riosca Tuile	8 – Uisce (Iml. 3C agus 3D)
14 – Tosca Aeir agus Aeráide		6 – Scópáil agus Comhairliúchán (Aguisín le Caibidil 9 den ES Comhdhlúite: Aer agus an tAthru Aeráide)	10 agus 11 – Aer (Caighdeán agus Aeráid) (Iml. 3C agus 3D)
15 – Oidhreacht Chultúrtha		12 – Oidhreacht Chultúrtha	15 – Sócmhainní Ábhartha (Oidhreacht Chultúrtha) (Iml. 3C agus 3D)
16 – An Tírdhreach		13 – An Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc	12 – An Tírdhreach (Iml. 3C agus 3D)
17 – Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí		19 – Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí Tionchair (Aguisín le Caibidil 6 den ES Comhdhlúite: Measúnú ar an Tionchar Carnach)	9 – Saincheisteanna Trasteorann (Iml. 3B) 10 – Idirghníomhaíocht Tionchair agus Tionchar Carnach (Iml. 3B) 16 – Idirchaidreamh Idir Tosca Comhshaoil (Iml. 3C agus 3D)
18 – Conclúidí	Achoimre ar na torthaí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach

NB: Chuir SONI an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (2015) le chéile. Tá sé mar aidhm aige tuilleadh faisnéise timpeallachta a chur ar fáil mar thaca ag na hiarratais phleanála le haghaidh Idirmascaire Thír Eoghain – an Chabháin. Is ceart an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite a léamh i dteannta an Ráitis Timpeallachta Comhdhlúite mar go dtugann sé tuilleadh faisnéise agus go nglacann sé ionad roinnt den fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana.

Aguisín B: Iarratais Dheimhnithe Phleanála atá san áireamh sa Mheasúnú ar an Tionchar Carnach

Bunaithe ar an bpróiseas scópála roghnúcháin, rinneadh breithniú ar na hiarratais dheimhnithe phleanála seo a leanas mar chuid den measúnú ar an tionchar carnach (feic an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite [Fíor 19.1] agus an EIS le haghaidh láithreacha):

Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite:

- M/2011/0652/F 1 thuirbín gaoithe 50 kW a bhfuil a mhol 36.5 m ar airde a thógáil chun freastal ar ghnó feirme;
- M/2008/0797/F 1 thuirbín gaoithe a thógáil;
- M/2010/0412/F Beartaítear tuirbín gaoithe GAIA (11 kW) a shuiteáil ar chrann 18 m ar airde de chineál túir laitíse;
- M/2010/0589/F Tuirbín gaoithe bán 11 kW atá 24.8 m ar airde agus a bhfuil túr cruach galbhánaithe laitíse air a thógáil lena úsáid phríobháideach;
- M/2011/0465/F Tuirbín gaoithe a thógáil (airde mhoil: 32.3 m; lanna: 30 m);
- M/2010/0913/F Tuirbín Gaoithe (50 kW ar a Mhéad) a bhfuil a Thúr 30 m ar airde a thógáil;
- M/2009/0940/F Beartaítear 1 tuirbín gaoithe GAIA 11 kW a thógáil (túr laitíse atá 18.3 m ar airde a thógáil);
- M/2008/0464/F Beartaítear tuirbín gaoithe (10 kW) atá 24 m ar Airde a thógáil lena úsáid phríobháideach;
- O/2011/0364/F Beartaítear tuirbín gaoithe a thógáil, a bhfuil a mhol 30 m ar airde agus a bhfuil a rótar 30 m ar trastomhas agus a bhfuil aschur uasta nach mó ná 250 kW aige;
- O/2006/1142/F Tuirbín gaoithe atá 33 m ar airde a thógáil;
- O/2010/0406/F Tuirbín gaoithe 50 kW a shuiteáil ar chrann cruach saorsheasaimh atá 36.6 m ar airde;
- O/2010/0646/F Beartaítear tuirbín gaoithe nua 20 kW a shuiteáil ar chrann atá 18 m ar airde;
- O/2011/0195/F Tuirbín gaoithe aonair 250 kW a thógáil, a bhfuil a thúr 40 m ar airde (55 m go dtí an soc) agus a bhfuil seomra rialaithe ag gabháil leis;
- O/2007/0796/F 1 thuirbín gaoithe a thógáil, atá 33 m ar airde agus a bhfuil oibreacha suímh ag gabháil leis;
- O/2010/0212/F Mias tarchuir raidió atá 600 mm a chur suas ar chuaille cruach atá daingnithe d'aghaidh reatha foirgnimh;
- O/2007/0374/F Tuirbín gaoithe cruthaithe 6 kW atá 15 m ar airde a thógáil lena úsáid phríobháideach ag 90 Bóthar Clay, an Chéide;
- O/2007/0449/F Tuirbín gaoithe 6 kW atá 15 m ar airde a thógáil lena úsáid phríobháideach agus talmhaíochta ag 44 Bóthar Tievenamara;
- O/2011/0401/F Beartaítear 2 sheid éanlaith chlóis saor-raoin a thógáil, a bhfuil 4 araid bheathaithe ag gabháil leo;
- O/2011/0539/F Seid éanlaith chlóis a athsholáthar, a bhfuil 2 araid bheathaithe ag gabháil léi chun freastal ar 35,000 cearc ubh-bhreithe i gcásanna feabhsaithe;

- O/2011/0412/F Beartaítear stór gineadóra a thógáil do sheid éanlaith chlóis saor-raoin agus d'araid bheathaithe (leasaíodh an scéim chun 6 chuas scoite a chuimsiú);
 - M/2012/0340/F Beartaítear 2 sheid éanlaith chlóis feirme, 4 araid bheathaithe agus foirgneamh coimhdeach a thógáil, ina bhfuil coire bithmhaise, gineadóir cúltaca, oifig agus áiseanna gléasta (beidh 25,850 sicín i ngach seid éanlaith chlóis), a thógáil;
 - O/2012/0234/F 1 teach sicíní a thógáil (22,600 éan – sicíní cuibhrithe ardleasa);
 - O/2003/0276/A4 Beartaítear teach sicíní nua a thógáil;
 - O/2010/0490/F Beartaítear stór gineadóra a thógáil do sheid éanlaith chlóis saor-raoin agus d'araid bheathaithe;
 - M/2010/0717/F Beartaítear 2 theach éanlaith chlóis (a bhfuil 23,000 sicín i ngach ceann acu), 4 araid bheathaithe agus oifig, áiseanna gléasta agus foirgneamh gineadóra a thógáil;
 - M/2008/0143/F Beartaítear teach sicíní a thógáil (chuaigh cead pleanála in éag i mí na Bealtaine 2013);
 - O/2009/0807/F 1 theach sicíní orgánacha saor-raoin a thógáil;
 - O/2009/0805/F 1 theach sicíní orgánacha saor-raoin a thógáil;
 - O/2009/0804/F Teach cearc a thógáil;
 - M/2010/0487/F Beartaítear seid bhreise éanlaith chlóis saor-raoin agus araid bheathaithe (ina mbeidh 6,000 cearc ubh-bhreithe saor-raoin) a thógáil;
 - 10416 (Tagairt Phleanála Chomhairle Contae Mhuineacháin) Ceithre thuirbín gaoithe a bhfuil a moil 85 m ar airde agus forbairt ghaolmhar (athdheartar san iarratas pleanála seo an fheirm ghaoithe cheadaithe a deonaíodh ar an suíomh faoi thagairt chlárúcháin 04/1207/ABP tag. PL18.218484);
 - 10480 (Tagairt Phleanála Chomhairle Contae Mhuineacháin) 1) foirgnimh feirme a scartáil; (2) aonad éanlaith chlóis agus stór uibheacha a thógáil; (3) umar coinneála agus dhá araid bheathaithe a shuiteáil; agus,
 - 11358 (Tagairt Phleanála Chomhairle Contae Mhuineacháin) Dara teach tógála éanlaith chlóis a thógáil.
-

EIS:

UIMHIR THAGARTHA AN IARRATAIS PLEANÁLA	ÚDARÁS PLEANÁLA	AINM AN IARRATASÓR A	FORBAIRT	SEOLADH AN TOGRA	CINNEADH / STÁDAS	DÁTA AN CHEADAITHE DEIRIDH
09447	Comhairle Chontae an Chabháin	Líonraí BSL	Líne lasnairde 38 kV a thógáil ó stáisiún 38 kV reatha Shearcóige	Shinan, Searcóg agus trasna bhailte fearainn Lecks, Chroithlí, Lios Dhroim Sceach, agus go dtí pointe ag Lisdrumfad, Searcóg	Cead a bhfuil coinníollacha leis	22/07/2010
09561	Comhairle Contae Mhuineacháin	Líonraí BSL	Líne lasnairde 38 kV a thógáil ó stáisiún 38 kV reatha Shearcóige	Shinan, Searcóg agus trasna bhailte fearainn Lecks, Chroithlí, Lios Dhroim Sceach, agus go dtí pointe ag Lisdrumfad, Searcóg	Cead a bhfuil coinníollacha leis	23/06/2010
PL17.PA0013	Comhairle Chontae na Mí	College Proteins	Gléasra Bithmhaise Cumhachta is Teasa in Éineacht (CHP)	Bóthar an Choláiste, an Obair, Contae na Mí	Cead a bhfuil coinníollacha leis	28/02/2013
PL25.VA0013	Comhairle Contae na hIarmhí agus Comhairle Chontae na Mí	EirGrid	Ciorcad 110 kV a bheartaítear ó Stáisiún 110 kV an Mhuilinn Chearr, Co. na hIarmhí, go dtí Stáisiún 110 kV Chionn Átha Gad ag baile fearainn Choill Ó Scillín, Contae na Mí	Contae na hIarmhí agus Contae na Mí	Cead a bhfuil coinníollacha leis	10/01/2013
PL17.PA0026	Comhairle Chontae na Mí	Indaver Ireland Limited	Leasuithe ar cheadanna reatha don Ghléasra Fuinneamh Dramhaíola	Baile Chearráin, Damhliag, Contae na Mí	Cead a bhfuil coinníollacha leis	04/02/2013
10485, 12306, 13125, 13206 agus 13207	Comhairle Contae Mhuineacháin	Forbairtí Fuinnimh Gaeltech, Teo.	Tagairt Chlárúcháin 10485: 8 dtuirbín gaoithe a bhfuil a mol 70 m ar airde a thógáil (dá dtagraítear sa tuarascáil seo freisin mar Fheirm Ghaoithe an tSean-Mhuilinn).	Na bailte fearainn seo: Carraig an Tí, Ceathrú an tSosaidh, an Lios Dubh, Loch Morn, Corrdhoire Bán, an Ghréach, Droim	Uile ceadaithe le coinníollacha	Tagairt Chlárúcháin 10485: 20/11/2011 Tagairt

UIMHIR THAGARTHA AN IARRATAIS PLEANÁLA	ÚDARÁS PLEANÁLA	AINM AN IARRATASÓR A	FORBAIRT	SEOLADH AN TOGRA	CINNEADH / STÁDAS	DÁTA AN CHEADAITHE DEIRIDH
			<p>Tagairt Chlárúcháin 12306: Leasuithe ar Thagairt Chlárúcháin 10485.</p> <p>Tagairt Chlárúcháin 13125: Tuirbín gaoithe aonair a bhfuil a mhol 80 méadar ar airde.</p> <p>Tagairt Chlárúcháin 13206: Líne lasnairde 38 kV ó stáisiún sa Lios Dubh go fostáisiún i gCoillidh Chairn, Contae Mhuineacháin.</p> <p>Tagairt Chlárúcháin 13207: fostáisiún nua feirm ghaoithe 38 /20 kV agus oibreacha gaolmhara sa Lios Dubh, Contae Mhuineacháin.</p>	Laighean, Droim gColbha Uachtarach, an Sián, Tulaigh Charrach, Doire Fhialáin, an Muire Gearr, an Mhaoldromainn, Tulaigh Sceire agus Coillidh Chairn.		<p>Chlárúcháin 12306: 27/11/2012</p> <p>Tagairt Chlárúcháin: 13125:17/07/2013</p> <p>Tagairt Chlárúcháin 13206: 13/01/2014</p> <p>Tagairt Chlárúcháin 13207: 30/09/2013</p>
O9/270 /PL02 .236608	Comhairle Chontae an Chabháin	PWWP Developments Limited	Feirme ghaoithe ina bhfuil suas le seacht dtuirbín, crann ainéimiméadrachta, fostáisiún leictreach, rianta rochtana, cáblaí faoi thalamh agus oibreacha coimhdeacha.	Raragh agus Corrinshigo, Dún an Rí, Contae an Chabháin.	Cead a bhfuil coinníollacha leis	15/11/2010
Ka / 120679	Comhairle Chontae na Mí	SSE Renewables Ireland Ltd.	Cúig cinn de thuirbíní gaoithe a bhfuil a mol suas le 80 m ar airde agus a bhfuil a rótar suas le 82.5 m ar leithead agus nach airde an struchtúr iomlán ná 121.25 m, limistéar le haghaidh claochladáin agus crann tógála in aice le gach tuirbín, cáblaí leictreachais agus cumarsáide	Taobh Urchair agus Agheragh, Tierworker, Ceanannas.	Ceadaithe	06/06/2013

UIMHIR THAGARTHA AN IARRATAIS PLEANÁLA	ÚDARÁS PLEANÁLA	AINM AN IARRATASÓR A	FORBAIRT	SEOLADH AN TOGRA	CINNEADH / STÁDAS	DÁTA AN CHEADAITHE DEIRIDH
			faoi thalamh ag nascadh na dtuirbíní, rianta inmheánacha ar an suíomh, crann meitéareolaíochta buan 80 m ar airde, oibreacha draenála, fostáisiún agus trealamh gaolmhar agus foirgneamh rialála le córas cóireála fuíolluisce agus oibreacha gaolmhara.			
PA0038	An Bord Pleanála	Feirm Ghaoithe na Mí Thuaidh	<p>3 bhraisle feirm ghaoithe a thógáil, ina gcuimseofar, i measc nithe eile: 46 tuirbíní gaoithe a bheidh 169 méadar ar airde ar a mhéad agus bunsraitheanna tuirbín gaolmhara, limistéir chruasheasta agus draenáil; 1 chrann meitéareolaíochta (80 méadar ar airde); fostáisiún 110 kV; 6 cinn de phoill charta; bealaí isteach agus rianta nua ar an suíomh; cáblaí idir na tuirbíní agus an fostáisiún ar an láthair agus an fostáisiún atá ann cheana in Gorman; agus na hoibreacha forbartha suímh uile atá gaolmhar.</p> <p>Tá sonraí faoin bhforbairt a bheartaítear, lena n-áirítear EIS, le fáil ar www.emlaghwindfarm.ie.</p>	Contae na Mí Tá sé lonnaithe i ngarchomharsanacht an Idirnascaire Thuaidh-Theas 400 kV idir Túr 282 agus Túr 2950. Feic an Ráiteas Tionchair Timpeallachta.	Cuireadh iarratas ar cheadú pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála an 6 Deireadh Fómhair 2014.	Neamhbhainteach

UIMHIR THAGARTHA AN IARRATAIS PLEANÁLA	ÚDARÁS PLEANÁLA	AINM AN IARRATASÓR A	FORBAIRT	SEOLADH AN TOGRA	CINNEADH / STÁDAS	DÁTA AN CHEADAITHE DEIRIDH
Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Céim II den nasc iarnróid idir Baile Átha Cliath agus an Uaimh. Bhí an tOrdú Iarnróid críochnaithe den chuid ba mhó, ach cuireadh siar é nuair a foilsíodh <i>Infrastructure and Capital Investment 2012–2016: Medium Term Exchequer Framework (Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitil 2012-2016: Creatlach Meántearma Státchiste)</i> i mí na Samhna 2011	Nasc iarnróid idir Baile Átha Cliath agus an Uaimh.	Ar feitheamh	Neamhbhainteach
Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)	Cuarbhealach Laighean (LOR) – i gcóngaracht Bhaile Átha Troim	Féidearthacht / Ar feitheamh		Neamhbhainteach
Neamhbhainteach	Comhairle Chontae an Chabháin agus Comhairle Chontae na Mí	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)	Cuid de bhóthar an N3 a fheabhsú / a athsholáthar	Ó láthair lonnaithe ó dheas den teorainn idir Contae an Chabháin agus Contae na Mí (i mbaile fearainn Derver, Contae na Mí), go dtí láthair iomchuí ar an ngréasán reatha idir bailte fearainn Dhroim Rúisc agus Chill na Leice, Droichead an Bhuitléaraigh, Contae an Chabháin, fad slí féideartha 46 km	Ar fionraí	Neamhbhainteach

UIMHIR THAGARTHA AN IARRATAIS PLEANÁLA	ÚDARÁS PLEANÁLA	AINM AN IARRATASÓR A	FORBAIRT	SEOLADH AN TOGRA	CINNEADH / STÁDAS	DÁTA AN CHEADAITHE DEIRIDH
2. Neamhbhainteach	Comhairle Contae Lú agus Comhairle Chontae na Mí	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)	Cuimsítear le seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia an N52 4.48 km de charrbhealach singil a thosaíonn laistiar de Bhaile Átha Fhirdhia agus a théann soir chuig bóthar an N2 ó thuaidh ó Bhaile Átha Fhirdhia. Áirítear leis an scéim dhá áit trasnaithe thar abhainn, thar an Níth agus thar Abhainn an Ghearraidh, acomhal fiartha ag bóthar Silver Hill agus T-acomhal le bóthar Bhaile Mhoilin.	Ó thuaidh ó Bhaile Átha Fhirdhia, Contae Lú	Céim phleanála	Neamhbhainteach
Neamhbhainteach	Comhairle Contae Mhuineacháin	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)	Uasghrádú ar thart ar 28 km den N2 i dtuaisceart Chontae Mhuineacháin idir sráidbhaile Chluain Tiobrad agus an teorainn le Contae Thír Eoghain.	Cluain Tiobrad go dtí an teorainn le Contae Thír Eoghain.	Ar fionraí	Neamhbhainteach

Aguisín C: Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin (2013)

NB Mar fhreagra ar an Dréachtchomhad Iarratais a cuireadh isteach (Nollaig 2014), a raibh Dréacht-Chomhthuarascáil Chomhshaoil ag gabháil leis, d'iarr an Bord Pleanála (le litir dar dáta an 16 Nollaig 2014) “go gcuirfí an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite arna thaisceadh i gcomhar le hiarratais phleanála don chuid sin den fhorbairt a bheartaítear i dTuaisceart Éireann ar fáil agus go mbeadh sé ag gabháil leis an gComhthuarascáil Chomhshaoil mar Aguisín”.

Dá bhrí sin, tá an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (ES Comhdhlúite) curtha san áireamh ag EirGrid agus SONI mar Aguisín C den Chomhthuarascáil Chomhshaoil (JER) seo. Tá an Chomhthuarascáil Chomhshaoil á cur faoi bhráid na n-údarás pleanála in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon. In imthosca inar cuireadh an ES Comhdhlúite isteach chuig Planning NI cheana féin, níor cuireadh an ES Comhdhlúite leis an leagan den JER a leagadh faoi bhráid Planning NI toisc go mbeadh sé sin ina dhúbailt nach gá ar thuarascáil a cuireadh isteach agus a ndearnadh comhairliúchán uirthi i dTuaisceart Éireann roimhe sin.

.

Aguisín D: An tAguisín le Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin (2015)

NB Mar fhreagra ar an Dréachtchomhad Iarratais a cuireadh isteach (Nollaig 2014), a raibh Dréacht-Chomhthuarascáil Chomhshaoil ag gabháil leis, d'iarr an Bord Pleanála (le litir dar dáta an 16 Nollaig 2014) “go gcuirfí an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite arna thaisceadh i gcomhar le hiarratais phleanála don chuid sin den fhorbairt a bheartaítear i dTuaisceart Éireann ar fáil agus go mbeadh sé ag gabháil leis an gComhthuarascáil Chomhshaoil mar Aguisín”.

Dá bhrí sin, tá an tAguisín leis an Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (ES Comhdhlúite) curtha san áireamh ag EirGrid agus SONI mar Aguisín D den Chomhthuarascáil Chomhshaoil (JER) seo. Tá an Chomhthuarascáil Chomhshaoil á cur faoi bhráid na n-údarás pleanála in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon. In imthosca inar cuireadh an tAguisín leis an ES Comhdhlúite isteach chuig Planning NI cheana féin, níor cuireadh an tAguisín leis an ES Comhdhlúite leis an leagan den JER a leagadh faoi bhráid Planning NI toisc go mbeadh sé sin ina dhúbailt nach gá ar thuarascáil a cuireadh isteach agus a ndearnadh comhairliúchán uirthi i dTuaisceart Éireann roimhe sin.